**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0147/2023**

14.4.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1315/2013
(COM(2021)0812 – C9-0472/2021 – 2021/0420(COD))

An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht

Rapóirtéir: Barbara Thaler, Dominique Riquet

*Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

*Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

# CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ....................................................................................................234

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA.................................................................................................................237

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT RÉIGIÚNACH...............................................298

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ................................................................352

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH......353

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1315/2013**
**(COM(2021)0812 and COM(2022)0384 – C9-0472/2021 – 2021/0420(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0812) agus an togra leasaithe (COM(2020)0384),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 172 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0472/2021),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Seanad na Fraince , faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2021 [1],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ... [2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0147/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[1] IO C 290, 29.7.2022, lch. 120.
[2] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Leagan an Straitéis um an tSoghluaisteacht ***Inbhuanaithe*** agus ***Chliste***[15] clocha míle amach chun ***conair*** an chórais iompair Eorpaigh ***a léiriú*** ionsar ghnóthú na gcuspóirí a bhaineann le soghluaisteacht inbhuanaithe, ***cliste*** agus athléimneach. Beartaítear léi gur cheart ***go dtiocfadh*** méadú 50 % ar ***scar*** margaidh an tráchta lasta iarnróid ***faoi 2030*** agus go ***méadódh sé faoi dhó air faoi 2050; go dtiocfadh*** méadú 25 % ar ***scar*** margaidh an ***iompar*** ar uiscebhealaí intíre agus ***ar an loingseoireacht ghearrthurais faoi 2030*** agus méadú 50 % faoi ***2050; go méadódh*** an trácht ar iarnróid ardluais ***faoi dhó faoi 2030*** agus faoi thrí ***faoi 2050; go mbeadh*** ar a laghad 30 milliún ***carranna*** astaíochtaí nialasacha agus ***80 000 trucailí*** astaíochtaí nialasacha ***á n-oibriú*** ar bhóithre an Aontais ***faoi 2030***, agus gur ***feithiclí*** astaíochtaí nialasacha ***na carranna, veain, busanna*** agus ***na feithiclí tromshaothair nua uile, nach mór, faoi 2050; go mbeadh*** an taisteal slua sceidealta faoi bhun 500 km neodrach ó thaobh carbóin de ***faoi 2030*** laistigh den Aontas; ***go mbeadh*** ar a laghad ***100 cathair*** aeráidneodrach san Eoraip ***faoi 2030***. | (3) Leagan an Straitéis um an tSoghluaisteacht ***Inbhuanaithe***[15] agus ***Chliste*** clocha míle amach chun ***léiriú a thabhairt ar chonair*** an chórais iompair Eorpaigh ionsar ghnóthú na gcuspóirí a bhaineann le soghluaisteacht inbhuanaithe, ***chliste*** agus athléimneach. Beartaítear léi gur cheart méadú 50 % ***a theacht*** ar ***sciar*** margaidh an tráchta lasta iarnróid ***faoi 2030*** agus go ***ndéanfaí é sin a dhúbailt faoi 2050; gur cheart*** méadú 25 % ***a theacht*** ar ***sciar*** margaidh an ***iompair*** ar uiscebhealaí intíre agus ***na loingseoireachta gearrthurais faoi 2030*** agus méadú 50 % ***faoi 2050; gur cheart méadú*** faoi ***dhó a theacht ar*** an trácht ar iarnróid ardluais ***faoi 2030*** agus ***méadú*** faoi thrí ***faoi 2050; gur cheart*** ar a laghad 30 milliún ***gluaisteán*** astaíochtaí nialasacha agus ***80,000 trucail*** astaíochtaí nialasacha ***a bheith i bhfeidhm*** ar bhóithre an Aontais ***faoi 2030***, agus gur ***cheart beagnach gach carr, veain agus bus agus gach feithicil nua tromshaothair a bheith ina bhfeithiclí*** astaíochtaí nialasacha agus ***ísle faoi 2050; gur cheart*** an taisteal slua sceidealta faoi bhun 500 km ***a bheith*** neodrach ó thaobh carbóin de ***faoi 2030*** laistigh den Aontas; ***gur cheart*** ar a laghad ***100 cathair*** aeráidneodrach ***a bheith*** san Eoraip ***faoi 2030***. |
| [15] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future | [15] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future |

| | |
|---|---|
| [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste– iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí] COM/2020/789 final. | [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste– iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí] COM/2020/789 final. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Le cur i gcrích an ghréasáin ***tras-Eorpaigh*** iompair cuirtear na dálaí ***is gá*** ar bun, ó thaobh an bhunúis bonneagair de, ***lenar féidir cur le hinbhuanaitheacht, inacmhainneacht agus cuimsitheacht*** na modhanna iompair uile, roghanna malartacha inbhuanaithe a chur ar fáil go forleathan i gcóras iompair ilmhódach, agus na dreasachtaí cearta a sholáthar chun an t-aistriú a bhrú chun cinn, go suntasach trí aistriú cóir a áirithiú, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i Moladh (AE) [...] ón gComhairle an [...] maidir le haistriú cóir ionsar an aeráidneodracht a áirithiú. | (4) Le cur i gcrích an ghréasáin ***thras-Eorpaigh*** iompair cuirtear na dálaí ***cumasúcháin*** ar bun, ó thaobh an bhunúis bonneagair de, ***lena lamháiltear do*** na modhanna iompair uile ***i ngach réigiún de chuid an Aontais a bheith níos inbhuanaithe***, ***níos inacmhainne agus cuimsithí, chun*** roghanna malartacha inbhuanaithe a chur ar fáil go forleathan i gcóras iompair ilmhódach, agus na dreasachtaí cearta a sholáthar chun an t-aistriú a bhrú chun cinn, go suntasach trí aistriú cóir a áirithiú, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i Moladh (AE) [...] ón gComhairle an [...] maidir le haistriú cóir ionsar an aeráidneodracht a áirithiú. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Pleanáil, forbairt agus oibriú an ghréasáin ***tras-Eorpaigh*** iompair, ba cheart foirmeacha inbhuanaithe iompair a ***bheith indéanta dá mbua, ba cheart*** foráil a dhéanamh ***leo maidir le*** réitigh iompair ilmhódacha agus ***idir-inoibrithe*** fheabhsaithe agus ***maidir le comhtháthú ilmhódach*** feabhsaithe ***sa slabhra*** lóistíochta ***iomlán, rudaí a rannchuideodh*** | (5) ***Le*** pleanáil, forbairt agus oibriú an ghréasáin ***thras-Eorpaigh*** iompair, ba cheart foirmeacha inbhuanaithe iompair a ***chumasú,*** foráil a dhéanamh ***do*** réitigh iompair ilmhódacha agus ***idir-inoibritheacha*** fheabhsaithe agus ***do chomhtháthú*** feabhsaithe ***idirmhódúil an tslabhra*** lóistíochta ***ina iomláine, agus an t-iarnród mar chnámh droma aige, lena*** |

| | |
|---|---|
| le feidhmiú rianúil an mhargaidh ***aonair*** trí na ***hartairí is gá*** a chruthú le haghaidh sreabha rianúla iompair paisinéirí agus lasta ar fud an Aontais. ***Maille leis*** sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an ngréasán an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a ***threisiú*** tríd an inrochtaineacht agus an nascacht a áirithiú ***le haghaidh*** réigiúin uile an Aontais, lena n-áirítear nascacht níos fearr ***le haghaidh*** na réigiún is forimeallaí agus réigiúin ***eile atá*** iargúlta, ***imeallacha***, ***nó sléibhtiúil nó ar réigiúin tuaithe nó oileáin iad,*** chomh maith le limistéir ***is*** tearc daonra. Ba cheart, ***freisin, soghluaisteacht*** shábháilte inbhuanaithe ***gan uaim na n-earraí*** agus ***na ndaoine***, ***dá éagsúla iad, a bheith indéanta de bhua fhorbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair,*** agus ba cheart ***di*** rannchuidiú le tuilleadh fáis eacnamaíoch agus ***tuilleadh iomaíochta i gcomhthéacs domhanda***, trí idirnaisc agus idir-inoibritheacht idir ***na*** gréasáin iompair ***náisiúnta a bhunú*** ar bhealach ***inbhuanaithe a bheidh*** tíosach ar acmhainní. | ***rannchuidítear, dá bhrí sin,*** le feidhmiú rianúil an mhargaidh ***inmheánaigh*** trí na ***príomhbhealaí*** a chruthú ***atá riachtanach*** le haghaidh sreabha rianúla iompair paisinéirí agus lasta ar fud an Aontais***, agus trí naisc iompair gan uaim a bhunú le tíortha comharsanacha***. ***Ina theannta*** sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an ngréasán an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a ***neartú*** tríd an inrochtaineacht agus an nascacht a áirithiú ***i gcás*** réigiúin uile an Aontais, lena n-áirítear nascacht níos fearr ***idir*** na réigiún is forimeallaí agus ***na*** réigiúin iargúlta, ***tuaithe***, ***oileánacha, fhorimeallacha agus shléibhtiúla*** chomh maith le limistéir ***inar*** tearc ***an*** daonra. Ba cheart ***freisin don fhorbairt ar an ngréasán thras-Eorpach iompair soghluaisteacht rianúil***, shábháilte ***agus*** inbhuanaithe ***earraí*** agus ***daoine ina n-éagsúlacht uile a chumasú***, agus ba cheart ***don fhorbairt sin*** rannchuidiú ***a dhéanamh*** le tuilleadh fáis eacnamaíoch agus ***iomaíochais sa pheirspictíocht dhomhanda***, trí idirnaisc agus idir-inoibritheacht ***a chur ar bun*** idir gréasáin ***náisiúnta*** iompair ar bhealach ***atá*** tíosach ar acmhainní ***agus inbhuanaithe***. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an ngréasán tras-Eorpach iompair comhtháthú idirmhódúil an tslabhra lóistíochta ina iomláine a bhaint amach, agus idirnascadh á dhéanamh go héifeachtúil in iompar lasta agus go háirithe le nóid uirbeacha. Ba cheart don ghréasán aistriú chuig slabhraí lóistíochta inbhuanaithe a éascú, lena n-áirítear an t-iompar sa mhíle deireanach a dhícharbónú, i gcomhréir le spriocanna comhshaoil agus aeráide an Aontais a*** |

***bhaineann le hiompar.***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) I ngeall ar an bhfás ar mhéid an tráchta tá méadú tagtha ar an bplódú san iompar idirnáisiúnta. Chun soghluaisteacht idirnáisiúnta na bpaisinéirí agus na n-earraí a áirithiú, ba cheart ***acmhainn*** an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus úsáid na ***hacmhainne*** sin a bharrfheabhsú agus, ***nuair is*** gá, ***iad a fhairsingiú*** trí scrogaill ***bhonneagair*** a bhaint agus ***bearnaí a líonadh áit a mbíonn naisc bhonneagair*** in easnamh laistigh de na Ballstáit agus eatarthu, agus, i gcás inarb iomchuí, le tíortha comharsanacha, agus an chaibidlíocht ***leantach leis na*** tíortha ***arb*** iarrthóirí ***iad*** agus ***na*** tíortha ***a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí*** á cur ***san áireamh***. | (6) I ngeall ar an bhfás ar mhéid an tráchta tá méadú tagtha ar an bplódú san iompar idirnáisiúnta. Chun soghluaisteacht idirnáisiúnta na bpaisinéirí agus na n-earraí a áirithiú, ba cheart ***athléimneacht agus acmhainneacht*** an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus úsáid na ***hacmhainneachta*** sin a bharrfheabhsú agus, ***i gcás inar*** gá, ***a leathnú*** trí scrogaill ***sa bhonneagar*** a bhaint agus ***an bhearna atá ann de dheasca na nasc bonneagair atá*** in easnamh laistigh de na Ballstáit agus eatarthu ***a dhúnadh***, agus, i gcás inarb iomchuí, le tíortha comharsanacha, agus an chaibidlíocht ***leanúnach le*** tíortha ***is*** iarrthóirí agus ***le*** tíortha ***is iarrthóirí ionchasacha*** á cur ***i gcuntas***. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Bonneagar atá ann ***cheana atá sa ghréasán*** tras-Eorpach iompair den chuid is mó. Chun cuspóirí an bheartais nua maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a ***bhaint amach*** go hiomlán, ba cheart ceanglais aonfhoirmeacha maidir leis an mbonneagar a leagan síos. | (7) Bonneagar atá ***cheana*** ann ***is ea an gréasán*** tras-Eorpach iompair den chuid is mó. Chun cuspóirí an bheartais nua maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a ***ghnóthú*** go hiomlán, ba cheart ceanglais aonfhoirmeacha maidir leis an mbonneagar ***agus lena chothabháil*** a leagan síos. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Ba cheart an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus a chothú trí bhonneagar nua ***iompair*** a chruthú, trí ***chothabháil agus uasghrádú ar an mbonneagar*** atá ann cheana***,*** agus trí bhearta lena ***gcuirtear*** a úsáid ***ar bhealach a bheidh*** tíosach ar acmhainní chun cinn. | (8) Ba cheart an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus a chothú trí bhonneagar ***iompair*** nua ***cliste agus inbhuanaithe*** a chruthú, trí ***bhonneagar*** atá ann cheana ***a chothabháil*** agus ***a uasghrádú agus*** trí bhearta lena ***ndéantar*** a úsáid ***atá*** tíosach ar acmhainní ***agus a athléimneacht a chur*** chun cinn. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Chun bonneagar iompair ***d'ardcháilíocht*** agus éifeachtúil a chur i gcrích sna modhanna uile, ba cheart slándáil agus sábháilteacht na ***bpaisinéirí*** agus ***na ngluaiseachtaí*** lasta, an ***difear d'***athrú aeráide agus tionchar an athraithe aeráide agus na nguaiseacha nádúrtha agus na dtubaistí de dhéantús an duine ***a d'fhéadfadh a bheith ann*** ar bhonneagar agus ***ar an*** inrochtaineacht ***do na húsáideoirí*** iompair uile, go háirithe i réigiúin ***atá faoi thionchar faoi leith ó iarmhairtí diúltacha*** an athraithe aeráide, ***ba cheart an méid sin ar fad*** a chur san áireamh ***i bhforbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh*** iompair. | (10) Chun bonneagar iompair ***ardcháilíochta*** agus éifeachtúil ***agus athléimneach*** a chur i gcrích sna modhanna uile, ba cheart slándáil agus sábháilteacht na ***ngluaiseachtaí paisinéirí*** agus lasta, an ***rannchuidiú leis an*** athrú aeráide agus tionchar an athraithe aeráide agus na nguaiseacha nádúrtha ***a d'fhéadfadh a bheith ann*** agus na dtubaistí de dhéantús an duine ar bhonneagar agus inrochtaineacht ***i gcás na n-úsáideoirí*** iompair uile, go háirithe i réigiúin ***a ndéanann tionchair dhiúltacha*** an athraithe aeráide ***difear go háirithe dóibh***, a chur san áireamh ***agus an gréasán tras-Eorpach*** iompair ***á fhorbairt***. ***Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a fheabhsú, go háirithe maidir le forbairtí geopholaitiúla ar dócha go mbeidh siad ina gcúis le suaitheadh tráchta agus le suaitheadh sa slabhra soláthair.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10 a) Ba cheart don ghréasán tras-Eorpach iompair rannchuidiú le hinrochtaineacht mhéadaithe an iompair ar fud an Aontais i gcás gach úsáideora, go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, agus ba cheart dó an bhochtaineacht iompair a chomhrac freisin.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10 b) Baineann saincheisteanna inscne leanúnacha le hearnáil iompair na hEorpa, a mhéid a bhaineann le hanailís a dhéanamh ar an iompar, le húsáid an iompair agus le dálaí na n-oibrithe iompair. Ba cheart na sonraí a bhailítear a bhaineann leis an ngréasán tras-Eorpach iompair, i gcás inarb ábhartha i nóid uirbeacha, a bheith imdhealaithe de réir inscne chun a gcruinneas a mhéadú maidir le patrúin soghluaisteachta agus riachtanais éagsúla na n-úsáideoirí uile a shainaithint agus chun lucht déanta beartas a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr agus bonneagar agus seirbhísí á bpleanáil. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghné na hinscne chun rochtain chomhionann ar sheirbhísí agus ar bhonneagar a áirithiú, amhail an úsáid a bhaintear as spásanna páirceála sábháilte agus slána, chomh maith le hidirdhealú inscne a mhaolú, bacainní ar fhostaíocht na mban a bhaint agus comhionannas inscne agus éagsúlacht in earnáil an iompair a mhéadú, lena rannchuidítear freisin le héifeachtúlacht*** |

***mhargadh an tsaothair.***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Agus tionscadail leasa choitinn á bpleanáil, á soláthar agus á gcur chun feidhme acu, ba cheart do na Ballstáit agus do thionscnóirí eile tionscadal aird chuí a thabhairt ar Threoir (AE) 2021/1187 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16]. | (11) Agus tionscadail leasa choitinn á bpleanáil, á soláthar agus á gcur chun feidhme acu, ba cheart do na Ballstáit agus do thionscnóirí eile tionscadal aird chuí a thabhairt ar Threoir (AE) 2021/1187 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] ***(an 'Treoir TEN-T Cliste'), chun moilleanna ar chur chun feidhme tionscadal a sheachaint, go háirithe maidir le tionscadail trasteorann agus naisc atá in easnamh, lena n-áirithítear, dá bhrí sin, cur i gcrích tráthúil an ghréasán tras-Eorpaigh iompair***. |
| [16] Treoir (AE) 2021/1187 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***7 Iúil 2021*** maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích (TEN) (IO L 258, 20.7.2021, lch. 1). | [16] Treoir (AE) 2021/1187 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***7 Iúil 2021*** maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích (TEN) (IO L 258, 20.7.2021, lch. 1). |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12 a) Le linn pleanáil bhonneagair, ba cheart do na Ballstáit agus do thionscnóirí eile tionscadal aird chuí a thabhairt ar chothabháil, ar a riachtanais agus ar a costais thar shaolré an tionscadail bonneagair. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé cothabháil a dhéanamh ar mhaithe le dea-fheidhmiú*** |

***na ngréasán iompair, ba cheart an ceanglas sin a bheith ina réamhchoinníoll chun cistiú a fháil faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] (SCE).***

______________________

***[1a] Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38).***

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) I bhfianaise shíorathrú riachtanais bhonneagair an Aontais agus na spriocanna dícharbónaithe, ***Chonclúidí na Comhairle Eorpaí*** ó mhí ***Iúil 2020 ina leagtar amach gur*** cheart ***do chaiteachas*** an Aontais a bheith ***i gcomhréir*** le cuspóirí Chomhaontú Pháras***,*** agus an ***phrionsabail*** 'gan dochar suntasach a dhéanamh', de réir bhrí ***Airteagal 17*** den Rialachán ***Tacsanomaíochta[17]***, ba cheart ***measúnú a dhéanamh ar thionscadail*** leasa choitinn chun a áirithiú go bhfuil ***an*** beartas TEN-T comhleanúnach le cuspóirí ***bheartais*** iompair, ***chomhshaoil*** agus aeráide an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit agus do thionscnóirí eile tionscadal measúnuithe comhshaoil a dhéanamh ar phleananna agus ar thionscadail agus ba cheart measúnú 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a bheith san áireamh iontu ar bhonn na ***treoraíochta is déanaí a bheidh ar fáil*** agus an dea-chleachtais. I gcásanna ina ***ndéanfaí*** dochar suntasach do chuspóir | (13) I bhfianaise shíorathrú riachtanais bhonneagair an Aontais agus na spriocanna dícharbónaithe, ***ba cheart measúnú a dhéanamh ar na Conclúidí ón gComhairle Eorpach*** ó mhí ***Iúil 2020, ar dá réir ba*** cheart ***caiteachas*** an Aontais a bheith ***comhsheasmhach*** le cuspóirí Chomhaontú Pháras agus ***leis*** an ***bprionsabal*** 'gan dochar suntasach a dhéanamh', de réir bhrí ***Airteagal 17*** den Rialachán ***maidir le Tacsanomaíocht[17]***, ba cheart ***tionscadail*** leasa choitinn ***a mheasúnú*** chun a áirithiú go bhfuil beartas TEN-T comhleanúnach le cuspóirí ***bheartas*** iompair, ***comhshaoil*** agus aeráide an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit agus do thionscnóirí eile tionscadal measúnuithe comhshaoil a dhéanamh ar phleananna agus ar thionscadail agus ba cheart ***an*** measúnú 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a bheith san áireamh iontu ar bhonn na ***treorach*** agus an dea-chleachtais ***is déanaí atá ar fáil***. I gcásanna ina |

comhshaoil nó aeráide ***de thairbhe tionscadal leasa choitinn a chur chun feidhme***, ba cheart roghanna malartacha réasúnta a ***bhreathnú***.

***ndéanann cur chun feidhme tionscadail leasa choitinn*** dochar suntasach do chuspóir comhshaoil nó aeráide, ba cheart roghanna malartacha réasúnta a ***mheas, agus aird ar leith á tabhairt ar mhodhanna malartacha iompair, agus go háirithe nuair a rannchuidíonn an tionscadal le hinrochtaineacht agus nascacht a áirithiú do na réigiúin is forimeallaí, iargúlta, tuaithe, oileánacha, imeallacha agus sléibhtiúla***. ***Ba cheart na measúnuithe comhshaoil sin a dhéanamh i ndlúth-chomhlíonadh leis an tráthchlár a leagtar síos i dTreoir TEN-T Cliste.***

---

[17] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

[17] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart tionscadail bhonneagair faoi Rialachán TEN-T a bheith athléimneach ***in aghaidh*** na dtionchar diúltach a d’fhéadfadh a bheith ann ón athrú aeráide, trí mheasúnú leochaileachta agus riosca aeráide, lena n-áirítear trí bhearta oiriúnaithe ábhartha. ***Na tionscadail*** nach mór measúnú ar an ***tionchar ar an*** gcomhshaol a dhéanamh ***i dtaca leo, ba cheart iad*** a bheith faoi réir díonadh ***ó thaobh na haeráide de*** agus ba cheart costais na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ***tionchair thairbheacha*** na mbeart maolaithe aeráide a chomhtháthú ***sa mheasúnú*** costais is tairbhe. Ba cheart an díonadh ***ó thaobh na haeráide de*** a dhéanamh ar bhonn an dea-chleachtais | (14) Ba cheart tionscadail bhonneagair faoi Rialachán TEN-T a bheith athléimneach ***i leith*** na dtionchar diúltach a d’fhéadfadh a bheith ann ón athrú aeráide, trí mheasúnú leochaileachta agus riosca aeráide, lena n-áirítear trí bhearta oiriúnaithe ábhartha. ***Ba cheart do thionscadail*** nach mór measúnú ***tionchair*** ar an gcomhshaol a dhéanamh ***ina leith*** a bheith faoi réir díonadh ***ar an athrú aeráide*** agus ba cheart ***dóibh*** costais na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ***éifeachtaí dearfacha*** na mbeart maolaithe aeráide a chomhtháthú ***san anailís*** costais is tairbhe ***ar bhonn saolré, lena n-áirítear tionchair chéim na tógála***. Ba cheart an díonadh ***ar an athrú aeráide*** a dhéanamh |

agus na ***treoraíochta*** is déanaí a bheidh ar ***fáil***[18] . Rannchuidíonn sé sin ***le*** rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide ***agus*** measúnuithe leochaileachta agus oiriúnaithe maidir leis an athrú aeráide a chomhtháthú i gcinntí infheistíochta agus pleanála faoi bhuiséad an Aontais.

[18] Commission Notice - Technical guidance on the climate proofing of infrastructure in the period 2021-2027 [Fógra ón gCoimisiún - Treoraíocht theicniúil maidir le himdhíonadh an bhonneagair ó thaobh aeráide de sa tréimhse 2021-2027 (IO C 373, 16.9.2021, lch. 1).

ar bhonn an dea-chleachtais agus na ***treorach*** is ***fearr agus is*** déanaí a bheidh ar ***fáil***[#]. Rannchuidíonn sé sin ***leis na*** rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide ***mar aon le*** measúnuithe leochaileachta agus oiriúnaithe maidir leis an athrú aeráide a chomhtháthú i gcinntí infheistíochta agus pleanála faoi bhuiséad an Aontais.

[18] Commission Notice - Technical guidance on the climate proofing of infrastructure in the period 2021-2027 [Fógra ón gCoimisiún - Treoraíocht theicniúil maidir le himdhíonadh an bhonneagair ó thaobh aeráide de sa tréimhse 2021-2027 (IO C 373, 16.9.2021, lch. 1).

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ba cheart sainiú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bheith bunaithe ar mhodheolaíocht chomhchoiteann thrédhearcach agus ba cheart gurbh é an leibhéal is airde den phleanáil bonneagair san Aontas. Ba cheart é a bheith ilmhódach, sin le rá, ba cheart dó na modhanna iompair uile agus a naisc a chuimsiú, chomh maith le córais ábhartha bainistíochta faisnéise tráchta agus iompair. | (17) Ba cheart sainiú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bheith bunaithe ar mhodheolaíocht chomhchoiteann ***agus*** thrédhearcach agus ba cheart gurbh é an leibhéal is airde den phleanáil bonneagair san Aontas ***é***. Ba cheart é a bheith ilmhódach, ***is é*** sin le rá, ba cheart dó na modhanna iompair uile agus a naisc a chuimsiú, chomh maith le córais ábhartha bainistíochta faisnéise tráchta agus iompair***, agus ba cheart a áireamh ann freisin modhanna iompair áitiúla a bhaineann le moirfeolaíocht an limistéir, amhail iompar cábla-bhealaigh agus iompar de loch***. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18 a) Feidhmíonn an bonneagar iompair mar ghréasán, is féidir, dá bhrí sin, le neamh-chomhréireacht nó neamh-inoibritheacht coda bige de, cur isteach ar éifeachtúlacht agus ar iomaíochas an chórais ina iomláine agus cosc a chur ar thairbhe iomlán a bhaint as an ngréasán. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, na codanna straitéiseacha sin a shainaithint, go háirithe le haghaidh tionscadail trasteorann agus naisc atá in easnamh agus a mheas gurb é a mbaint amach phráinneach an tosaíocht is airde.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Ba cheart an gréasán cuimsitheach a bheith feistithe le bonneagar breoslaí ***ionadúla a bheidh leormhaith*** chun a áirithiú go ***dtugann sé tacaíocht éifeachtach don*** aistriú ***go*** soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, i gcomhréir leis na ***clocha míle*** a leagtar síos sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste. | (21) Ba cheart an gréasán cuimsitheach a bheith feistithe ***go leordhóthanach*** le bonneagar breoslaí ***malartacha*** chun a áirithiú go ***dtacóidh sé go héifeachtach leis an*** aistriú ***chuig*** soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha ***agus ísle***, i gcomhréir leis na ***garspriocanna*** a leagtar síos sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ba cheart an croíghréasán, ar sprioc-am dó 2030, agus an croíghréasán ***breisithe***, ar sprioc-am dó 2040, a bheith ***ina bhfondúireacht*** ag an ngréasán iompair inbhuanaithe ilmhódach, ***ós é atá i*** | (24) Ba cheart an croíghréasán, ar sprioc-am dó 2030, agus an croíghréasán ***leathnaithe***, ar sprioc-am dó 2040, a bheith ***mar bhunús*** ag an ngréasán iompair inbhuanaithe ilmhódach, ***arb ionann é*** |

***gceist iontu*** na nóid agus na naisc is tábhachtaí ***agus is straitéisí sa*** ghréasán tras-Eorpach iompair ***ó thaobh*** riachtanais tráchta ***de***. Ba cheart dóibh forbairt an ghréasáin chuimsithigh ***iomláin*** a spreagadh agus ***é a chur ar a chumas don*** Aontais a ***chuid gníomhaíochtaí a dhíriú*** ar na comhpháirteanna den ghréasán tras-Eorpach iompair is airde ***breisluach Eorpach***, go háirithe ***na stráicí*** trasteorann, ***na*** naisc in easnamh, pointí ***nasctha*** ilmhódacha***,*** agus scrogaill mhóra.

***agus*** na nóid agus na naisc is tábhachtaí ***ó thaobh straitéise de den*** ghréasán tras-Eorpach iompair ***de réir*** riachtanais tráchta. Ba cheart dóibh forbairt an ghréasáin chuimsithigh ***ina iomláine*** a spreagadh agus ***gníomhaíocht an*** Aontais a ***chumasú chun díriú*** ar na comhpháirteanna ***sin*** den ghréasán tras-Eorpach iompair ***a bhfuil an breisluach Eorpach*** is airde ***acu***, go háirithe ***codanna*** trasteorann, naisc ***atá*** in easnamh, pointí ***ceangail*** ilmhódacha agus scrogaill mhóra. ***Ba cheart, ina leith sin, dlús a chur le tógáil línte iarnróid nua i réigiúin trasteorann i gcás lasta agus paisinéirí araon d'fhonn an trácht lasta iarnróid ar leibhéal an Aontais a mhéadú go heaspónantúil.***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24 a) I bhfianaise an dul chun cinn atá á dhéanamh faoi láthair maidir le gréasán TEN-T a chur i gcrích, is cosúil nach bhfuil spriocdháta 2030 chun an croíghréasán a thabhairt chun críche indéanta. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, a mheas gurb é tabhairt chun críche an chroíghréasáin an tosaíocht is airde, agus ba cheart dóibh a ndícheall a dhéanamh é a bhaint amach sula dtabharfar na gréasáin leathnaithe agus chuimsitheacha chun críche. Ba cheart an tosaíocht sin a léiriú sna huirlisí infheistíochta agus sna hionstraimí cistiúcháin ar leibhéal an Aontais, go háirithe i gcás SCE, i bhfianaise a bhuiséid theoranta i gcoibhneas leis na riachtanais infheistíochta.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(25) Ba cheart caighdeáin áirithe a ***bhaineann leis*** an gcroíghréasán ***a chur i bhfeidhm maidir leis an gcroíghréasán breisithe*** agus ***leis*** an ngréasán cuimsitheach ***freisin*** chun ***sochair gréasáin iomlána*** a bhaint ***amach, an*** idir-inoibritheacht idir ***na cineáil ghréasáin*** a mhéadú agus chun ***gníomhaíocht bhreise a chur ar a gcumas*** do na ***modhanna iompair is inbhuanaithe, é sin trí bhíthin tuilleadh digitithe*** agus ***réitigh theicneolaíochta eile freisin***.

*Leasú*

(25) Ba cheart caighdeáin áirithe ***den chroíghréasán atá ann cheana*** a ***leathnú chuig*** an gcroíghréasán ***leathnaithe*** agus ***chuig*** an ngréasán cuimsitheach chun ***tairbhe iomlán*** a bhaint ***as an ngréasán, chun*** idir-inoibritheacht idir ***cineálacha gréasáin*** a mhéadú agus chun ***tuilleadh gníomhaíochta a chumasú trí chineálacha iompair níos inbhuanaithe, lena n-áirítear trí dhigitiú ardfhorbartha agus réitigh theicneolaíocha eile. Is den ríthábhacht pleanáil shoiléir iontaofa a sholáthar*** do na ***sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht (TSI) ar mhaithe le cobhsaíocht rialála, deimhneacht dhlíthiúil*** agus ***chun infheistíochtaí sa Chóras Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) a scaoileadh***.

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(26) ***Ba*** cheart ***gan*** díolúintí ó na ceanglais ***bonneagair*** is infheidhme maidir leis an gcroíghréasán, an gcroíghréasán ***breisithe*** agus an ngréasán cuimsitheach a bheith ***ar fáil*** ach amháin i gcásanna ***ina dtugtar údar cuí*** agus faoi réir coinníollacha áirithe. Ba cheart a áireamh ar na cásanna sin cásanna nach féidir údar cuí a thabhairt i leith infheistíochta, nó ina bhfuil srianta geografacha sonracha nó srianta fisiceacha móra, mar shampla sna réigiúin is forimeallaí agus i réigiúin eile atá iargúlta, imeallach, nó sléibhtiúil nó ar réigiúin oileáin iad nó i limistéir is tearc daonra, nó i gcás gréasáin atá scartha go hiomlán nó go páirteach.

*Leasú*

(26) ***Níor*** cheart díolúintí ó na ceanglais ***bhonneagair*** is infheidhme maidir leis an gcroíghréasán, ***leis*** an gcroíghréasán ***leathnaithe*** agus ***leis*** an ngréasán cuimsitheach a bheith ***indéanta*** ach amháin i gcásanna ***cuí-réasúnaithe*** agus faoi réir coinníollacha áirithe. Ba cheart a áireamh ar na cásanna sin cásanna nach féidir údar cuí a thabhairt i leith infheistíochta, nó ina bhfuil srianta geografacha sonracha nó srianta fisiceacha móra, mar shampla sna réigiúin is forimeallaí agus i réigiúin eile atá iargúlta, imeallach, nó sléibhtiúil nó ar réigiúin oileáin iad nó i limistéir is tearc daonra, nó i gcás gréasáin atá scartha go hiomlán nó go páirteach. ***Agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar iarraidh***

***na mBallstát ar dhíolúine, tabharfaidh sé aird chuí ar fheidhmiú agus ar chomhtháthú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair ina iomláine, agus go háirithe ar fheidhmiú codanna nasctha i dtíortha comharsanachta agus ar fheidhmiú na gConairí Iompair Eorpacha. Níor cheart díolúintí a dheonú ach go heisceachtúil agus, i gcás inarb infheidhme, ba cheart a mheas go bhfuil siad teoranta ó thaobh ama de.***

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Ba cheart an gréasán ***bonneagar taobh*** talún, arna mbunú tríd an gcroíghréasán, an gcroíghréasán ***breisithe*** agus an ngréasán cuimsitheach, a bheith comhtháite leis an ***toise muirí*** den ghréasán tras-Eorpach iompair. ***Chun na críche*** sin, ba cheart Spás Muirí ***Eorpach*** fíor-inbhuanaithe cliste ***athléimneach*** gan uaim a chruthú. Ba cheart dó comhpháirteanna ***bonneagair muirí*** uile an ***ghréasáin thras-Eorpaigh*** iompair a chuimsiú. | (27) Ba cheart an gréasán ***bonneagair thaobh na*** talún, arna mbunú tríd an gcroíghréasán, an gcroíghréasán ***leathnaithe*** agus an ngréasán cuimsitheach, a bheith comhtháite leis an ***ngné mhuirí*** den ghréasán tras-Eorpach iompair. ***Chuige*** sin, ba cheart Spás ***Eorpach*** Muirí ***atá*** fíor-inbhuanaithe***,*** cliste***,*** gan uaim ***agus athléimneach*** a chruthú. Ba cheart dó ***na*** comhpháirteanna uile an ***bhonneagair mhuirí den ghréasán tras-Eorpach*** iompair a chuimsiú***, agus aird ar leith á tabhairt ar na hoileáin agus ar na réigiúin is forimeallaí***. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28 a) Tá ról lárnach ag na calafoirt mhuirí freisin i nascacht iompair, lóistíocht, trádáil agus comhtháthú, agus tá tábhacht ag roinnt leo freisin do shlabhraí soláthair éigeandála,*** |

| | |
|---|---|
| | ***athléimneacht, gnéithe geopholaitiúla agus uathriail straitéiseach an Aontais. Ba cheart, dá bhrí sin, ar mhaithe lena gcuimsiú sa ghréasán tras-Eorpach iompair, calafoirt a mheas freisin, de réir an cháis, ó thaobh a mbreisluacha ard Eorpaigh agus a n-ábharthachta geostraitéisí de don mhargadh inmheánach Eorpach agus do chosaint an Aontais.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Ba cheart do na ***Conairí Iompair Eorpacha*** na sreabha ***tráchta fad-achair*** is tábhachtaí a chumhdach, ba cheart gurb ***é a bheidh*** iontu ***aiseanna*** iompair ***ilmhódacha Eorpacha barrthábhachtacha*** bunaithe ar chodanna den ghréasán tras-Eorpach iompair, ***ba cheart*** iad a bheith ilmhódach agus ***ar oscailt do na modhanna*** iompair ***uile*** a chumhdaítear sa Rialachán seo agus ***ba cheart dóibh síneadh thar*** dhá theorainn ar a laghad***,*** agus trí mhodh iompair ar a laghad a bheith ***san*** áireamh iontu. | (31) Ba cheart do ***Chonairí Iompair*** na ***hEorpa*** na sreabha ***iompair fadraoin*** is tábhachtaí a chumhdach, ***leis an iarnród mar chnámh droma, agus*** ba cheart gurb ***éard a bheadh*** iontu ***príomhais ilmhódacha*** iompair ***Eorpaigh, atá*** bunaithe ar chodanna den ghréasán tras-Eorpach iompair, iad a bheith ilmhódach agus ***oscailte do chuimsiú gach modha*** iompair a chumhdaítear sa Rialachán seo agus dhá theorainn ar a laghad ***a thrasnú*** agus trí mhodh iompair ar a laghad a bheith ***i gceist leo, agus féadfaidh tíortha comharsanachta a bheith ar*** áireamh iontu ***freisin***. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Chun an gréasán tras-Eorpach iompair a bhunú ar bhealach comhordaithe tráthúil, lena ***bhféadfaí*** na héifeachtaí gréasáin a uasmhéadú, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann a áirithiú go | (32) Chun an gréasán tras-Eorpach iompair a bhunú ar bhealach comhordaithe tráthúil, lena ***bhféadfar*** na héifeachtaí gréasáin a uasmhéadú, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann a áirithiú go |

| | |
|---|---|
| ***nglactar*** na bearta is iomchuí ***le go gcríochnófar na*** tionscadail leasa choitinn ***a bhaineann leis an gcroíghréasán***, an ***gcroíghréasán breisithe*** agus an ***ngréasán cuimsitheach*** faoi na ***sprioc-amanna a leagtar amach faoi seach, eadhon*** 2030, 2040 ***agus 2050. Chun na críche*** sin, ba cheart do na Ballstáit ***comhleanúnachas na bpleananna*** iompair agus infheistíochta ***náisiúnta*** leis na tosaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán seo agus i bpleananna oibre na gComhordaitheoirí Eorpacha a ***áirithiú***. | ***ndéanfar*** na bearta is iomchuí ***chun*** tionscadail leasa choitinn ***an chroíghréasáin***, an ***chroíghréasáin leathnaithe*** agus an ***ghréasáin chuimsithigh a thabhairt chun críche*** faoi na ***spriocdhátaí áirithe*** 2030, 2040 ***agus 2050 faoi seach. Chuige*** sin, ba cheart do na Ballstáit ***a áirithiú go bhfuil na pleananna náisiúnta*** iompair agus infheistíochta ***comhleanúnach*** leis na tosaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán seo agus i bpleananna oibre na gComhordaitheoirí Eorpacha***. Níor cheart tionscadail pleananna náisiúnta nach bhfuil ailínithe le cuspóirí iompair an Aontais*** a ***mheas mar thosaíocht chun cistí de chuid an Aontais a fháil***. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Tá breisluach Eorpach ag baint le tionscadail leasa choitinn chun an ***gréasán*** tras-Eorpach iompair ***a fhorbairt atá*** i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, ***nó cuireann*** siad le gréasán Eorpach ardcháilíochta ***idir-inoibrithe*** ilmhódach, ***rud a mhéadaíonn an*** inbhuanaitheacht, ***an*** comhtháthú, ***an*** éifeachtúlacht nó ***na sochair*** d'úsáideoirí. ***Is airde fós*** an breisluach Eorpach ***más toradh air, i dteannta an luacha a d'fhéadfadh an Ballstát féin atá i gceist a bhaint as, feabhsuithe móra ar na*** naisc iompair nó ***na sreabha*** iompair idir ***Bhallstáit*** nó idir Ballstát agus tríú tír. Ba cheart ***go mbeadh*** tionscadail trasteorann ***den sórt*** sin ina n-ábhar d'idirghabháil ag an Aontas ar bhonn tosaíochta chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. | (34) Tá breisluach Eorpach ag baint le tionscadail leasa choitinn chun ***forbairt a dhéanamh ar*** an ***ngréasán*** tras-Eorpach iompair i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, ***toisc go rannchuidíonn*** siad le gréasán Eorpach ardcháilíochta***, idir-inoibritheach, athléimneach agus*** ilmhódach, ***lena méadaítear*** inbhuanaitheacht, comhtháthú, éifeachtúlacht nó ***tairbhí*** d'úsáideoirí. ***Ina leith sin, ba cheart innéacs nascachta ilmhódaigh a fhorbairt chun*** an ***méadú ar nascacht agus ar ilmhódúlacht do thionscadail bonneagair iompair a thomhas. Tá an*** breisluach Eorpach ***níos airde má thagann feabhas suntasach ar*** naisc iompair nó ***ar shreabha*** iompair idir ***na Ballstáit*** nó idir Ballstát agus tríú tír***, sa bhreis ar an luach a d'fhéadfadh a bheith ann don Bhallstát faoi seach***. Ba cheart ***do na*** tionscadail trasteorann sin ***a bheith*** ina n-ábhar d'idirghabháil ag an Aontas ar bhonn tosaíochta chun a áirithiú go |

| | |
|---|---|
| | gcuirfear chun feidhme iad. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Ba cheart do na Ballstáit agus do thionscnóirí eile ***tionscadal*** a áirithiú go ***gcuirfear*** measúnuithe ar thionscadail leasa choitinn ***i gcrích*** go héifeachtúil agus ***moilleadóireacht nach gá á seachaint***. | (35) Ba cheart do na Ballstáit agus do thionscnóirí eile ***tionscadail*** a áirithiú go ***ndéanfar*** measúnuithe ar thionscadail leasa choitinn go héifeachtúil***, lena seachnaítear moilleanna neamhriachtanacha*** agus ***lena n-urramaítear an t- amchlár a leagtar síos i dTreoir TEN-T Cliste***. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35 a) Faoi chuimsiú an chreata dhlíthiúil i gcuid mhaith de na Ballstáit, tugtar tosaíocht do chatagóirí áirithe tionscadal ar bhonn a dtábhachta straitéisí. Buntréith de chuid na tosaíochta is ea amlínte níos giorra, nósanna imeachta comhuaineacha nó simplithe nó tréimhsí teoranta ama le haghaidh achomharc. Nuair a fhoráiltear go dtabharfar tosaíocht den sórt sin laistigh de chreat dlíthiúil náisiúnta, ba cheart feidhm a bheith aige go huathoibríoch i leith tionscadail leasa choitinn faoin Rialachán seo. Ba cheart do na Ballstáit a bhfuil an tosaíocht sin in easnamh ina gcreataí dlíthiúla náisiúnta ceann a chur ar bun do thionscadail leasa choitinn maidir le TEN-T.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ba cheart ***tionscadail*** leasa choitinn a lorgaítear cistiú ón Aontas ina leith a bheith faoi réir measúnú costais ***is*** tairbhe socheacnamaíoch bunaithe ar mhodheolaíocht aitheanta, agus na sochair agus na costais ábhartha don tsochaí, don gheilleagar, don aeráid agus don chomhshaol ***á gcur san áireamh chomh maith*** leis an gcur chuige saolré. Ba cheart measúnú ***na gcostas*** agus ***na tairbhí*** a bhaineann leis an aeráid agus an gcomhshaol a bheith bunaithe ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéantar de bhun ***Threoir 2011/92/AE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21]. | (36) Ba cheart ***do thionscadail*** leasa choitinn a lorgaítear cistiú ón Aontas ina leith a bheith faoi réir measúnú costais ***agus*** tairbhe socheacnamaíoch bunaithe ar mhodheolaíocht aitheanta, agus na sochair***, an chothromaíocht chríochach*** agus na costais ***is*** ábhartha don tsochaí, don gheilleagar, don aeráid agus don chomhshaol ***mar aon*** leis an gcur chuige saolré ***á gcur san áireamh ann***. Ba cheart ***don Choimisiún modheolaíocht chomhchoiteann a leagan síos le haghaidh*** measúnú ***costais is tairbhe socheacnamaíoch ar thionscadail lena gcumasaítear breithmheas trédhearcach*** agus ***comparáideach ar thograí tionscadail éagsúla faoi mheasúnuithe saolré agus tosaíocht á tabhairt do thionscadail bunaithe ar*** a ***mbreisluach Eorpach. Ba cheart an measúnú ar chostais agus ar thairbhí a*** bhaineann leis an aeráid agus ***leis*** an gcomhshaol a bheith bunaithe ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéantar de bhun ***Threoir 2011/92/AE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21] ***agus ba cheart an measúnú sin a bheith i gcomhréir leis an tráthchlár a leagtar síos i dTreoir TEN-T Cliste***. |
| [21] ***Treoir 2011/92/AE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle na ***13 Nollaig 2011*** maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe i ndáil leis an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1). | [21] ***Treoir 2011/92/AE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle na ***13 Nollaig 2011*** maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe i ndáil leis an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1). |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) ***D'fhonn*** rannchuidiú ***leis na*** spriocanna laghdaithe ***um aeráid sa Chomhaontú Glas*** don Eoraip***, lena bhféachtar*** le laghdú 90 % ***a dhéanamh in astaíochtaí gáis cheaptha teasa faoi 2050***, ba cheart ***measúnú a dhéanamh ar bhearta*** chun ***maolú a dhéanamh ar an tionchar gáis cheaptha*** teasa ***atá ag tionscadail*** leasa choitinn i bhfoirm bonneagar iompair ***atá*** nua, ***a fhadaítear nó a uasghrádaítear***. | (37) ***Chun*** rannchuidiú ***le*** spriocanna laghdaithe ***aeráide an Chomhaontaithe Ghlais*** don Eoraip ***maidir*** le ***hastaíochtaí gás ceaptha teasa a*** laghdú 90 % ***faoi 2050***, ba cheart ***bearta a chur san áireamh*** chun ***tionchair gás ceaptha*** teasa ***na dtionscadal*** leasa choitinn ***a mhaolú*** i bhfoirm bonneagar iompair nua, ***leathnaithe nó uasghrádaithe***. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Is gá comhar le tríú tíortha, lena n-áirítear tíortha comharsanacha, chun nascacht agus idir-inoibritheacht a áirithiú idir gréasáin bhonneagair an Aontais agus na dtíortha sin. I bhfianaise an mhéid sin, agus i gcás inarb iomchuí, ba cheart don Aontas tionscadail leasa choitinn a chur chun cinn ***leis na tíortha sin***, agus ***é á mheasúnú*** agus ***á*** áirithiú ***aige*** go gcomhlíontar cuspóirí agus ceanglais an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair chun idir-inoibritheacht ghréasán an Aontais a áirithiú. | (38) Is gá comhar le tríú tíortha ***a bheith ann***, lena n-áirítear tíortha comharsanacha, chun nascacht agus idir-inoibritheacht a áirithiú idir gréasáin bhonneagair an Aontais agus na dtíortha sin. I bhfianaise an mhéid sin, agus i gcás inarb iomchuí, ba cheart don Aontas tionscadail leasa choitinn a chur chun cinn, agus ***measúnú a dhéanamh*** agus ***a*** áirithiú ***freisin*** go gcomhlíontar cuspóirí agus ceanglais an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair chun idir-inoibritheacht***, leanúnachas agus dícharbónú*** ghréasán an Aontais a áirithiú. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(38 a) Tá dúshlán athléimneacht an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair tugtha agus tá sé á thriail ag an tionchar*** |

***tubaisteach atá ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. De dheasca an fhogha sin, tá athrú ó bhonn tagtha ar an timpeallacht gheopholaitiúil, lena léirítear leochaileacht an Aontais i leith imeachtaí suaiteacha gan choinne lasmuigh de theorainneacha an Aontais. Leis na mhórthionchair a imrítear leis ar na margaí domhanda, amhail slándáil an tsoláthair dhomhanda bia, tá sé tugtha chun suntais nach féidir breathnú ar an margadh inmheánach ná ar ghréasán iompair an Aontais ina n-aonar a mhéid a bhaineann le beartas an Aontais a mhúnlú. Tá gá níos géire ná riamh le naisc níos fearr a bheith ann le tíortha comhpháirtíochta comharsanachta an Aontais.***

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(38 b) I bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil nua sin, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2022 dar teideal An action plan for EU-Ukraine Solidarity Lanes to facilitate Ukraine's agricultural export and bilateral trade with the EU [Plean gníomhaíochta do Lánaí Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÚcráine chun onnmhairiú talmhaíochta agus trádáil dhéthaobhach na hÚcráine leis an Aontas a éascú], sainaithnítear roinnt mórdhúshláin bonneagair iompair nach mór don Aontas agus dá thíortha comharsanachta a réiteach chun tacú le geilleagar agus téarnamh na hÚcráine, chun go mbeidh earraí talmhaíochta agus earraí eile in ann an tAontas agus margaí an domhain a shroicheadh, agus chun a áirithiú go gcuirfear feabhas mór ar an*** |

***nascacht leis an Aontas i gcás onnmhairí agus allmhairí araon. Chun nascacht mhéadaithe leis an Aontas a thairiscint, moladh sa Teachtaireacht sin measúnú a dhéanamh ar leathnú na gConairí Iompair Eorpacha chuig an Úcráin agus chuig Poblacht na Moldóive.***

***(féach togra leasaithe CE - pointe 2)***

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(38 c) I ngeall ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus ar an seasamh a ghlac an Bhealarúis sa choinbhleacht sin, níl an comhar atá idir an tAontas agus an Rúis agus an Bhealarúis i réimse bheartas TEN-T iomchuí ná chun leasa an Aontais. Ba cheart, dá bhrí sin, deireadh a chur le gréasán TEN-T sa dá thríú tír sin. Dá réir sin, níl ardtosaíocht a thuilleadh ag naisc thrasteorann fheabhsaithe leis an Rúis ná leis an mBealarúis ar chríoch na mBallstát. Tá naisc ann faoi láthair idir an Fhionlainn, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin agus an Pholainn leis an dá thríú tír sin. Chun a léiriú gur lú an tosaíocht a bhaineann leis na naisc sin a fhorbairt agus a nuashonrú, ba cheart na mílte deiridh de na nasic thrasteorann uile leis an Rúis agus leis an mBealarúis a áirítear sa chroíghréasán faoi láthair a íosghrádú ón gcroíghréasán chuig an ngréasán cuimsitheach nach bhforáiltear ina leith ach spriocdháta níos déanaí maidir le cur chun feidhme, eadhon 2050. I gcás aistriú chuig an daonlathas sa Bhealarúis, áfach, bheadh sé ina ardtosaíocht naisc thrasteorann na tíre leis an Aontas a thógáil agus a fheabhsú i gcomhréir leis an bplean cuimsitheach le haghaidh na Bealarúise daonlathaí, lena*** |

***n-áirítear tríd an tír a athchuimsiú sa Rialachán.***

***(féach togra leasaithe CE - pointe 3)***

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(38 d) Tá sé léirithe leis an gcomhthéacs freisin a thábhachtaí atá naisc iompair gan uaim laistigh de chríoch an Aontais agus le tríú tíortha comharsanachta. Le leithead rianta iarnróid atá éagsúil ón leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm, cuirtear isteach go mór ar idir-inoibritheacht na ngréasán iarnróid ar fud an Aontais agus tá tionchar aige fiú ar iomaíochas na ngréasán iarnróid iargúlta sin. Níor cheart, dá bhrí sin, línte iarnróid nua a thógáil ach amháin de réir leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a bhfuil gréasán éagsúil leithead rianta acu measúnú a dhéanamh ar ascnamh línte reatha na gConairí Iompair Eorpacha. Níor cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin i leith na hÉireann toisc go bhfuil a gréasán iompair, i ngeall ar a staid oileánach, scoite go hiomlán ó aon nasc thaobh na talún ar chríoch an Aontais.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) Chun claochlú na hearnála iompair | (39) Chun claochlú na hearnála iompair |

| | |
|---|---|
| go córas fíor-ilmhódach seirbhísí soghluaisteachta inbhuanaithe agus cliste a chur i gcrích, ba cheart don Aontas gréasán iompair ardcháilíochta a thógáil ina gcomhlíonann na seirbhísí iarnróid an t-íosluas líne. Tá ***acmhainneacht mhór*** ag iompar iomaíoch na bpaisinéirí d'iarnród ó thaobh dhícharbónú an iompair de. Is gá gréasán iarnróid ardluais comhleanúnach ***idir-inoibrithe Eorpach*** a fhorbairt lena ***nascfar príomhchathracha*** agus ***mórchathracha*** na ***hEorpa. Má chomhlánaítear na*** línte ardluais atá ann cheana le línte paisinéirí ar ***íosluas*** líne 160 km/u, ba cheart go ***ngnóthófaí*** éifeachtaí gréasáin, gréasán níos comhleanúnaí**,** agus ***méadú ar*** líon ***na bpaisinéirí a bhíonn*** ag taisteal d'iarnród. ***Éascófar freisin, de bhua gréasán*** ardfheidhmíochta a ***bheith curtha*** i gcrích, ***forbairt*** agus ***cur*** chun úsáide ***múnlaí leithdháilte acmhainne nua nó éagsúla***, mar shampla ***amchláir seirbhísí de réir eatraimh atá indéanta de bhua thionscnamh Timetable Redesign*** (TTR) ***[Athdhearú na nAmchlár]***. | go córas fíor-ilmhódach seirbhísí soghluaisteachta inbhuanaithe agus cliste a chur i gcrích, ba cheart don Aontas gréasán iompair ardcháilíochta a thógáil ina gcomhlíonann na seirbhísí iarnróid an t-íosluas líne. Tá ***ceann de na hacmhainneachtaí is mó*** ag iompar iomaíoch na bpaisinéirí d'iarnród ó thaobh dhícharbónú an iompair de. Is gá gréasán iarnróid ardluais ***Eorpach atá*** comhleanúnach ***agus idir-inoibritheach*** a fhorbairt lena ***nasctar a phríomhchathracha*** agus ***a mhórchathracha, a bhfuil maoiniú leordhóthanach ag teastáil ina leith. Ach*** na línte ardluais atá ann cheana ***a chomhlánú*** le línte paisinéirí ar ***luas íosta*** líne 160 km/u, ba cheart go ***mbeadh*** éifeachtaí gréasáin, gréasán níos comhleanúnaí agus líon ***méadaithe paisinéirí*** ag taisteal d'iarnród ***mar thoradh air sin***. ***Ba cheart bonneagar dériain a mholadh le haghaidh bonneagar iarnróid atá thíos le scrogaill. Trí líonra*** ardfheidhmíochta a ***thabhairt*** i gcrích, ***éascófar freisin múnlaí nua nó múnlaí éagsúla de leithdháileadh acmhainneachta a fhorbairt*** agus ***a chur*** chun úsáide, mar shampla ***tráthchláir seirbhíse eatramhaí arna gcumasú leis an tionscnamh Athdhearadh na nAmchlár*** (TTR). |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Ba cheart gréasán lasta iarnróid ***ar fud na hEorpa a bheidh*** níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos iontaofa a bhunú chun rannchuidiú le hiomaíochas an iompair ***traschórais***. Ba cheart an bonneagar le haghaidh iompar iarnróid traschórais agus bonneagar na gcríochfort a uasghrádú chun a áirithiú gur d'iarnród, | (40) Ba cheart gréasán lasta iarnróid níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos iontaofa a bhunú ***ar fud na hEorpa*** chun rannchuidiú le hiomaíochas an iompair ***ilmhódaigh agus an iompair chomhcheangailte***. Ba cheart an bonneagar le haghaidh iompar iarnróid traschórais agus bonneagar na gcríochfort a |

d'uiscebhealaí intíre agus de loingseoireacht ghearrthurais is mó a dhéantar an t-iompar ilmhódach agus go ***bhfuil aon chéim*** tosaigh agus/nó ***dheiridh den turas a dhéantar*** de bhóthar ***a ghaire*** is féidir.

uasghrádú chun a áirithiú gur d'iarnród, d'uiscebhealaí intíre agus de loingseoireacht ghearrthurais is mó a dhéantar an t-iompar ilmhódach agus go ***mbeidh aon chéimeanna*** tosaigh agus/nó ***deiridh a dhéanfar*** de bhóthar ***chomh gearr agus*** is féidir.

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Ós rud é go bhfuil an ***Córas Eorpach*** um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) ***á imscaradh níos gasta***, agus go bhfuil pleananna glactha ag roinnt Ballstát ***cheana*** ERTMS a imscaradh ar a ***ngréasán*** náisiúnta iarnróid ***iomlán faoi 2040***, is gá an ***t-athrú ó bhonn*** seo a ***thabhairt*** san áireamh agus ***sprioc-am*** níos uaillmhianaí a leagan síos ***le haghaidh imscaradh ERTMS ar an ngréasán*** cuimsitheach. | (41) Ós rud é go bhfuil ***gá le dlús a chur le himscaradh*** an ***Chórais Eorpaigh*** um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) ***san Eoraip***, ***idir threalamh ar bord*** agus ***trealamh taobh riain, agus é á aithint ag an am céanna*** go bhfuil pleananna glactha ***cheana féin*** ag roinnt Ballstát ***chun*** ERTMS a imscaradh ar a ***ngréasáin*** náisiúnta iarnróid ***ar fad faoi 2040***, is gá an ***dul chun cinn mall go dtí*** seo a ***chur*** san áireamh agus ***spriocdháta*** níos uaillmhianaí ***maidir le himscaradh ERTMS*** a leagan síos ***don ghréasán*** cuimsitheach. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Ba cheart ERTMS a imscaradh ***go*** leanúnach ní hamháin ar an gcroíghréasán, ar an gcroíghréasán breisithe agus ar an ngréasán cuimsitheach, lena n-áirítear sna nóid uirbeacha, ach ar bhealaí rochtana ***go dtí*** críochfoirt ilmhódacha freisin. Dá bhua seo féadfar oibríochtaí a dhéanamh le ERTMS amháin agus ***cuideofar le cás*** gnó na ngnóthas iarnróid. | (42) Ba cheart ERTMS a imscaradh ***ar bhealach*** leanúnach ***agus ba cheart é a bheith sioncronaithe idir trealamh ar bord agus trealamh taobh riain,*** ní hamháin ar an gcroíghréasán, ar an gcroíghréasán breisithe agus ar an ngréasán cuimsitheach, lena n-áirítear sna nóid uirbeacha, ach ar bhealaí rochtana ***chuig*** críochfoirt ilmhódacha freisin. ***Ciallaíonn*** |

***sioncrónaithe cur chuige comhordaithe ó thaobh ama agus áite de idir feidhmiú céimneach bonneagair agus feidhmiú céimneach aonad traenacha ar bord.*** Dá bhua seo féadfar oibríochtaí a dhéanamh le ERTMS amháin agus ***cuirfear borradh faoi chás*** gnó na ngnóthas iarnróid. ***Níor cheart, in imthosca ar bith, é a bheith indéanta do thionscadal iarnróid nua nach bhfuil imscaradh ERTMS á phleanáil aige maoiniú a fháil ó chistí an Aontais.***

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Ós rud é go ***rannchuidíonn*** imscaradh ERTMS ***atá bunaithe ar raidió*** le díothú na rialacha náisiúnta a dhéanann difear don oibríocht, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú ***nach*** n-imscarfar ***ach*** ERTMS ***atá bunaithe ar raidió ó 2025*** agus go mbeidh an gréasán tras-Eorpach iompair ***iomlán*** feistithe le ERTMS ***atá bunaithe ar raidió*** faoi ***2050***. | (43) Ós rud é go ***ndéanann*** imscaradh ERTMS ***rannchuidiú sa bhreis*** le díothú na rialacha náisiúnta a dhéanann difear don oibríocht, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú ***go*** n-imscarfar ERTMS ***go hiomlán ó 2025 ar aghaidh*** agus go mbeidh an gréasán tras-Eorpach iompair ***ina iomláine*** feistithe le ERTMS ***faoi 2050. Ós rud é go bhfuil gealladh*** faoi ***theicneolaíocht an Chórais Cumarsáide Soghluaiste Iarnróid don Todhchaí (FRMCS) ó thaobh cháilíocht na seirbhíse agus chostas an imlonnaithe de, ba cheart tionscnaimh forbartha a chur i gcrích chun gur féidir é a úsáid amach anseo***. ***D'fhéadfaí teicneolaíochtaí spáis a úsáid freisin chun imscaradh níos tapúla agus níos saoire a bhaint amach.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Ba cheart imscaradh ERTMS a cheangal le sprioc-am rialála ***le haghaidh*** dhíchoimisiúnú ***na gcóras de rang B cois iarnróid***, ionas gurb é ERTMS an ***córas*** comharthaíochta ***amháin*** a úsáidfear sna Ballstáit. Le díchoimisiniú na gcóras ***de rang B cois iarnróid gnóthóidh bainisteoirí*** bonneagair ***coigilteas cothabhála mór, nó tá costas ard*** agus ***castacht mhór ag baint le*** ERTMS a imscaradh agus córais ***cois iarnróid breise*** a choinneáil ***le*** tréimhse fhada. Ba cheart ***na*** córais ***de rang B a bhaint*** ar bhealach comhordaithe ***agus tréimhse aistrithe*** leordhóthanach a ***bheith ann, faoi 2040, a chuirfidh ar a gcumas do na gnóthais iarnróid ullmhúchán a dhéanamh faoi chomhair an athraithe*** agus an straitéis ***aistrithe*** is oiriúnaí a ghlacadh. Ós rud é gur córas é ERTMS, ***ní mór é a imscaradh go sioncronaithe cois iarnróid*** agus ar bord***,*** agus ní ***ghnóthaítear sochair uile*** an chórais ach nuair a bhíonn ***na*** traenacha agus taobh ***na ráillí*** araon feistithe. | (44) Ba cheart imscaradh ERTMS a cheangal le sprioc-am rialála ***chun córais aicme B taobh riain a*** dhíchoimisiúnú, ionas gurb é ERTMS an ***t-aon chóras*** comharthaíochta a úsáidfear sna Ballstáit. Le díchoimisiniú na gcóras ***aicme B taobh riain beidh coigilteas suntasach cothabhála ann do bhainisteoirí*** bonneagair***, ós rud é go bhfuil sé an-chostasach*** agus ***casta*** ERTMS a imscaradh agus córais ***bhreise taobh riain*** a choinneáil ***ar feadh*** tréimhse fhada. Ba cheart ***deireadh a chur le*** córais ***aicme B*** ar bhealach comhordaithe ***le hidirthréimhse*** leordhóthanach***, faoi 2040, lena gcuirfí ar chumas na ngnóthas iarnróid an t-athrú*** a ***réamh-mheas*** agus an straitéis ***ascnaimh*** is oiriúnaí a ghlacadh. Ós rud é gur córas é ERTMS, ***tá gá le himlonnú sioncrónaithe taobh riain*** agus ar bord ***araon*** agus ní ***dhéantar tairbhí iomlána*** an chórais ***lena n- áirítear sochair sábháilteachta, a fhíorú*** ach ***amháin*** nuair a bhíonn traenacha agus taobh ***riain*** araon feistithe. ***Is maith is féidir leis an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA), i ndlúthchomhar leis an gcomhordaitheoir tosaíochta cothrománach agus an chomhairle ó Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA) á cur san áireamh, rannchuidiú le cur chun feidhme comhsheasmhach, sioncronaithe agus forleathan ERTMS.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(44a) Tá saolré ionchais trealaimh iarnróid, lena n-áirítear ERTMS, thart ar*** |

| | |
|---|---|
| | ***30 bliain ar an meán, a bhfuil tréimhse fhada amúchta i gceist leis le haghaidh infheistíochtaí, ar mórchritéar eacnamaíoch é maidir le comhardú na n-idirbheart a chuirtear i gcrích cé gurb ionann é agus bac ar athnuachan trealaimh. Cuireann an t-athrú rialta ar shonraíochtaí teicniúla na hidir-inoibritheachta teorainn le saolré an trealaimh ar bhealach dothuartha do ghníomhaithe an iarnróid agus, is féidir leis, dá réir sin, a bheith ina dhíspreagadh don infheistíocht. Is gá, dá bhrí sin, go mbeadh claonadh i dtreo staid cobhsaíochta normataí i gceist leis agus, nuair is féidir, ais-chomhoiriúnacht na leaganacha córais éagsúla a cheadú.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(44 b) Cé go leagtar síos spriocanna uaillmhianacha sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Chliste agus Inbhuanaithe ó thaobh líonra ardluais de, lena ndéantar trácht iarnróid ardluais a dhúbailt faoi 2030 agus lena ndéantar é a mhéadú faoi thrí faoi 2050, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Rialachán seo freisin feabhas a chur ar nascacht ardluais iarnróid idir príomhchathracha agus cathracha móra na hEorpa, go háirithe trí naisc iarnróid ardluais atá in easnamh a chur i gcrích sa chroíghréasán agus sa chroíghréasán leathnaithe.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(44 c) Mar chomhlánú ar thraenacha ardluais, is bealach inbhuanaithe iad traenacha oíche chun taisteal trasteorann a dhéanamh idir cathracha na hEorpa, agus leas á bhaint as bonneagar iarnróid atá ann cheana. Ionas go ndéanfar a lánacmhainneacht ar fud an Aontais a bhaint amach, is gá go n-ionchorprófar go cuí leis an mbainistíocht acmhainneachta an gá sonrach atá le sliotáin taistil idirnáisiúnta agus go n-áiritheofar cómhaireachtáil bharrfheabhsaithe idir traenacha lasta agus traenacha oíche.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(44 d) Tá roinnt spriocanna leagtha síos ag an Aontas dó féin maidir le hearraí a aistriú ó bhóthar go hiarnród. Agus bailchríoch á cur ar chroíghréasán TEN-T in 2030, meastar go mbeidh bonneagar ardacmhainneachta ar fáil don Aontas ar deireadh, lena gcuirfí ar a chumas an sprioc a leagtar amach sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Chliste agus Inbhuanaithe a bhaint amach. Mar sin féin, tá sé dúshlánach an bonneagar ardacmhainneachta Eorpach sin a bhainistiú sa chóras reatha de 25 bhainisteoir bonneagair náisiúnta a mhéid a bhaineann le hoibríochtaí trasteorann. Ós rud é go bhfuil níos mó ná 50 % d'oibríochtaí lasta iarnróid ag trasnú teorainn náisiúnta amháin ar a laghad cheana féin, fágadh gur scrogall suntasach ó thaobh acmhainneachta de a bhí sa chóras oidhreachta lena ndéantar bainistíocht ar an mbonneagar. Chun an fhadhb sin a réiteach, tá gá le cur chuige*** |

| | |
|---|---|
| | ***Eorpach agus, dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh i dtaobh togra a thíolacadh maidir le córas Eorpach um bainistiú tráchta iarnróid ar cheart dó a bheith freagrach as oibríochtaí traenach trasteorann agus ar cheart an t-údarás a bheith aige oibríochtaí trasteorann gan uaim ar an ngréasán tras-Eorpach iompair a ráthú.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) ***Is*** saintréith í de chuid na n-uiscebhealaí intíre san Eoraip hidreamhoirfeolaíocht ilchineálach ***a thagann salach*** ar fheidhmíocht chomhleanúnach ***ar*** na stráicí uiscebhealaigh uile. ***Is féidir le*** dálaí aeráide agus aimsire ***tionchar mór*** a imirt ar uiscebhealaí intíre ***agus*** go háirithe ar stráicí ***a ritheann go saor***. Chun trácht idirnáisiúnta iontaofa a áirithiú, agus an hidreamhoirfeolaíocht agus an reachtaíocht chomhshaoil is infheidhme á n-urramú, ba cheart hidreamhoirfeolaíocht shonrach gach uiscebhealaigh (mar shampla aibhneacha ***a ritheann go saor*** nó aibhneacha rialaithe) a chur san áireamh, chomh maith le cuspóirí na mbeartas comhshaoil agus bithéagsúlachta. Ba cheart cur chuige ***den sórt*** sin a ***bhreathnú ar leibhéil na n-abhantrach***. | (45) Saintréith í de chuid na n-uiscebhealaí intíre san Eoraip ***is ea*** hidreamhoirfeolaíocht ilchineálach ***lena gcuirtear srian*** ar fheidhmíocht chomhleanúnach ***i gcás*** na stráicí uiscebhealaigh uile. ***D'fhéadfadh*** dálaí aeráide agus aimsire ***mórthionchar*** a imirt ar uiscebhealaí intíre***,*** go háirithe ar stráicí ***saorshreafa***. Chun trácht idirnáisiúnta iontaofa a áirithiú, agus an hidreamhoirfeolaíocht agus an reachtaíocht chomhshaoil is infheidhme á n-urramú, ba cheart hidreamhoirfeolaíocht shonrach gach uiscebhealaigh (mar shampla aibhneacha ***saorshreafa*** nó aibhneacha rialaithe) a chur san áireamh, chomh maith le cuspóirí na mbeartas comhshaoil agus bithéagsúlachta. Ba cheart ***an*** cur chuige sin a ***mheas ar leibhéal na conaire nó na habhantraí agus, i gcás inar gá, ba cheart é a bheith saincheaptha do leibhéal níos mionsonraithe, go háirithe ar leibhéal stráice an uiscebhealaigh***. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(45a) Ba cheart stádas maith loingseoireachta a shainiú le saintréithe nádúrtha na n-abhantrach saorshreafa agus níor cheart aon mhór-idirghabhálacha nua ná oibreacha dreidireachta, a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar an mbithéagsúlacht, a spreagadh ar mhaithe le hinseoltacht a chumasú.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(45 b) Ba cheart stádas maith loingseoireachta a shainiú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, leis na coimisiúin um loingseoireacht abhann.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(45 c) Ba cheart éifeachtúlacht níos fearr na n-oibríochtaí iompair tráchtála trasteorann ar uiscebhealaí intíre a spreagadh, lena n-áirítear malartuithe sonraí a fhorbairt chun sásraí comhair a chumasú idir na Ballstáit, amhail Bainisteoirí Uiscebhealaí Intíre.*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(45 d) Ba cheart aird ar leith a thabhairt agus bonneagar nua uiscebhealaí intíre á thógáil chun bacainní a d'fhéadfadh a bheith ar nascacht aibhneacha saorshreafa agus chun cailliúint na bithéagsúlachta a sheachaint.*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (46) Ós rud é ***gurb iad na calafoirt muirí*** pointí iontrála agus imeachta bhonneagar talún an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, tá ról tábhachtach acu mar nóid ilmhódacha trasteorann a ***fheidhmíonn*** ní hamháin mar mhoil iompair ach mar thairseacha freisin le haghaidh na trádála agus le haghaidh braislí tionsclaíocha agus ***moil*** fuinnimh, mar shampla ***i dtaca*** le himscaradh ***na bhfearas*** gaoithe amach ón gcósta. | (46) Ós rud é ***gur*** pointí iontrála agus imeachta ***iad na calafoirt mhuirí do*** bhonneagar talún an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, tá ról tábhachtach acu mar nóid ilmhódacha trasteorann a ***fhónann*** ní hamháin mar mhoil iompair ach mar thairseacha freisin le haghaidh na trádála agus le haghaidh braislí tionsclaíocha agus ***mar mhoil*** fuinnimh ***ar bhonn méadaitheach***, mar shampla ***maidir*** le himscaradh ***suiteálacha*** gaoithe amach ón gcósta. ***Ba cheart sineirgí idir an gréasán tras-Eorpach iompair agus na gréasáin thras-Eorpacha fuinnimh a mhéadú. Fad agus atá creat oscailte agus cobhsaí d'infheisteoirí bunriachtanach chun calafoirt mhuirí Eorpacha a fhorbairt, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar infheistíochtaí sna calafoirt sin ós rud é go bhfuil ról straitéiseach acu maidir le slándáil agus uathriail straitéiseach an Aontais.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Is de bhóthar a iompraítear trí cheathrú den iompar lasta intíre iomlán san Aontas (ar bhonn na dtona-ciliméadair a chuirtear i gcrích) agus thart faoi 90 % den iompar paisinéirí intíre iomlán (ar bhonn ***méid*** iomlán na gciliméadar paisinéara). I bhfianaise ***thábhacht an iompair*** de bhóthar agus an ***ghealltanais an tsábháilteacht*** ar bhóithre a fheabhsú i gcomhréir ***leis an gcloch*** mhíle ***sa Straitéis*** um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, is gá an bonneagar bóthair a fheabhsú ó thaobh na sábháilteachta de. | (48) Is de bhóthar a iompraítear trí cheathrú den iompar lasta intíre iomlán san Aontas (ar bhonn na dtona-ciliméadair a chuirtear i gcrích) agus thart faoi 90 % den iompar paisinéirí intíre iomlán (ar bhonn ***líon*** iomlán na gciliméadar paisinéara). I bhfianaise ***a thábhachtaí atá an iompar*** de bhóthar agus an ***tiomantas i dtaobh sábháilteacht*** ar bhóithre a fheabhsú i gcomhréir ***le cloch*** mhíle ***na Straitéise*** um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, is gá an bonneagar bóthair a fheabhsú ó thaobh na sábháilteachta de***, agus é a chur in oiriúint do chaighdeáin inbhuanaitheachta agus digiteála lena n-áirithítear na caighdeáin sábháilteachta is airde***. ***Is den ríthábhacht feabhas a chur ar an tsábháilteacht oibríochtúil le linn shaolré an bhonneagair leochaileach, go háirithe bonneagar a bhfuil leochaileachtaí ag baint leis (i.e. tolláin, droichid) chun bonneagar bóthair d'ardchaighdeán a ráthú sa ghréasán tras-Eorpach iompair.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(48 a) Chun rochtain ar shaoráidí scíthe leordmhaithe a ráthú do thiománaithe gairmiúla, ba cheart do na Ballstáit a seacht ndícheall a dhéanamh líon leordhóthanach de limistéir pháirceála shábháilte agus shlána a imscaradh d'fheithiclí tráchtála feadh an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair ina iomláine san Aontas.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(48 b) Chun laghdú suntasach a dhéanamh ar na cásanna d'amanna feithimh fíorfhada ag teorainneacha i gcás iompar lasta de bhóthar, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh i dtaobh togra a thíolacadh chun amanna feithimh ag teorainneacha i gcás iompar lasta de bhóthar a laghdú go suntasach trí uastréimhse chaighdeánach uile-Aontais a thabhairt isteach chun feithiclí tromshaothair a phróiseáil agus a rialú ag teorainneacha an Aontais. Ba cheart é a bheith d'aidhm aige tréimhse ama 1 nóiméad ar an meán a bhaint amach chun feithiclí tromshaothair atá cláraithe san Aontas a phróiseáil agus a rialú.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(48 c) Ba cheart don Choimisiún agus do na gníomhaireachtaí freagracha gach beart atá ar fáil dóibh a dhéanamh chun oibríochtaí trasteorann a chumasú le haghaidh gach modha iompair ar ghréasán TEN-T gan aon bhriseadh míchuí ar chúiseanna riaracháin, oibríochtúla, sábháilteachta, teicniúla ná idir-inoibritheachta. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit dul i mbun pléití iltaobhacha, arna n-éascú ag Comhordaitheoir na conaire faoi seach, chun díospóidí a bhaineann le hoibríochtaí trasteorann i gcás gach modha iompair ar ghréasán TEN-T a réiteach. Ba cheart don Chomhordaitheoir freagrach aon díospóid a chur in iúl go bliantúil do Pharlaimint*** |

***na hEorpa agus do na Parlaimintí náisiúnta lena mbaineann.***

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(48 d) Maidir le measúnú ar shábháilteacht ar bhóithre ar fud an ghréasáin, ba cheart do na Ballstáit gach cuid den ghréasán bóithre a chumhdaítear le Treoir 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] aicmiú i dtrí chatagóir ar a laghad. Níor cheart díolúine ó na ceanglais maidir le bonneagar iompair a dheonú ach amháin má aicmítear an bóthar laistigh de na catagóirí a áirithíonn ardleibhéal sábháilteachta.*** |
| | ***[1a] Treoir 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le sábháilteacht bonneagair bhóithre a bhainistiú (IO L 319, 29.11.2008, lch. 59).*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) Ba cheart don ghréasán tras-Eorpach iompair ilmhódúlacht éifeachtúil a áirithiú chun go bhféadfar roghanna módacha níos fearr agus níos inbhuanaithe a dhéanamh ***le haghaidh paisinéirí*** agus lasta agus chun go bhféadfar méideanna móra a chomhdhlúthú ***i gcás*** aistrithe ***fad-achair***. Ba cheart ról ***barrthábhachtach*** a bheith ag na críochfoirt ilmhódacha chun | (49) Ba cheart don ghréasán tras-Eorpach iompair ilmhódúlacht éifeachtúil a áirithiú chun go bhféadfar roghanna módacha níos fearr agus níos inbhuanaithe a dhéanamh ***do phaisinéirí*** agus ***do*** lasta agus chun go bhféadfar méideanna móra a chomhdhlúthú ***le haghaidh*** aistrithe ***thar achair fhada, go háirithe d'iarnród***. Ba cheart ról ***lárnach*** a bheith ag na |

| | |
|---|---|
| an cuspóir sin a bhaint amach. | críochfoirt ilmhódacha chun an cuspóir sin a bhaint amach. ***Ba mhórbhac a bhí sa phoncúlacht neamhleor ar an ilmhódúlacht a bheith ina rogha tharraingteach d'iompar lasta agus paisinéirí. Le bainistiú éifeachtúil ar shreabha tráchta agus leis an méadú ar acmhainneacht an bhonneagair, cuirfear ar chumas an iompair d'iarnród ról iomlán a ghlacadh maidir le feidhmiú shlabhra an iompair idirmhódúil a fheabhsú.*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 49 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(49a) Beidh gá le méadú ar thrácht paisinéirí agus ar líon na bpaisinéirí ar chonairí TEN-T. Ba cheart eispéaras saoráideach a bheith ag paisinéirí agus iad ag cuardach, ag roghnú agus ag ceannach a gcuid seirbhísí iompair, lena n-áirítear trí thicéadú ilmhódach.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 50**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (50) Tá ról tábhachtach ag ***na*** nóid uirbeacha ***sa ghréasán*** tras-Eorpach iompair mar ***phointe túis nó ceann*** scríbe deiridh ('***an*** míle deireanach') ***le haghaidh*** paisinéirí agus lasta ***atá ag bogadh*** ar an ngréasán tras-Eorpach iompair***,*** agus is pointí aistrithe iad laistigh de mhodhanna iompair ***éagsúla*** agus ***idir na modhanna sin***. Ba cheart a áirithiú nach ***dtiocfaidh*** scrogaill ***acmhainne*** ná nascacht ghréasáin ***easnamhach*** laistigh de na nóid uirbeacha | (50) Tá ról tábhachtach ag nóid uirbeacha ***maidir leis an ngréasán*** tras-Eorpach iompair mar ***thúsphointe nó mar cheann*** scríbe deiridh ('míle deireanach') ***i gcás*** paisinéirí agus lasta ***a ghluaiseann*** ar an ngréasán tras-Eorpach iompair agus is pointí aistrithe iad laistigh de mhodhanna ***éagsúla*** iompair ***nó eatarthu,*** agus ***chuig iompar áitiúil agus réigiúnach***. Ba cheart a áirithiú nach ***mbeidh*** scrogaill ***acmhainneachta*** ná nascacht ghréasáin |

***salach*** a thuilleadh ar an ilmhódúlacht ***ar an ngréasán tras-Eorpach*** iompair.

***neamhleor*** laistigh de na nóid uirbeacha ***ina mbac*** a thuilleadh ar an ilmhódúlacht ***feadh an ghréasáin thras-Eorpaigh*** iompair. ***Ba cheart do nóid uirbeacha an méadú ar sciar módach na modhanna iompair inbhuanaithe a spreagadh freisin, amhail iompar poiblí nó modhanna gníomhacha.***

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) Ba cheart do na nóid uirbeacha, mar chreat aonair éifeachtach chun dul i ngleic le dúshláin na soghluaisteachta uirbí, Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (***PSUI***) a fhorbairt, ar plean fadtéarmach lánchuimsitheach soghluaisteachta lasta agus paisinéirí é le haghaidh an limistéir uirbigh fheidhmiúil iomláin. Ba cheart cuspóirí, spriocanna agus táscairí ***a bheith ann atá mar bhonn*** taca ***ag feidhmíocht*** an chórais iompair uirbigh faoi láthair agus ***amach anseo***, ar a laghad maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, plódú, ***timpistí*** agus gortuithe, ***cion*** módach agus ***rochtain*** ar sheirbhísí soghluaisteachta, chomh maith le sonraí maidir le ***haerthruailliú*** agus truailliú torainn. | (51) Ba cheart do na nóid uirbeacha, mar chreat aonair éifeachtach chun dul i ngleic le dúshláin na soghluaisteachta uirbí, Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (***SUMP***) a fhorbairt, ar plean fadtéarmach lánchuimsitheach soghluaisteachta lasta agus paisinéirí é le haghaidh an limistéir uirbigh fheidhmiúil iomláin. Ba cheart ***comhordú agus comhchuibhiú SUMPanna a spreagadh. Ba cheart a áireamh ann*** cuspóirí, spriocanna agus táscairí ***lena gcuirtear bonn*** taca ***faoi fheidhmíocht*** an chórais iompair uirbigh ***mar atá sé*** faoi láthair agus ***mar a bheidh sa todhchaí***, ar a laghad***,*** maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, plódú, ***tionóiscí*** agus gortuithe, ***sciar*** módach agus ***inrochtaineacht*** ar sheirbhísí soghluaisteachta, ***lena n-áirítear d'úsáideoirí soghonta bóithre agus do dhaoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe,*** chomh maith le sonraí maidir le ***truailliú aeir*** agus truailliú torainn ***i gcathracha***. ***Ba cheart na sonraí a bhailítear a bheith imdealaithe bunaithe ar aois, inscne agus míchumas, i gcás inar féidir, chun a áirithiú go bhfuil na sonraí ionadaíoch do na húsáideoirí uile agus dá riachtanais agus dá bpatrúin soghluaisteachta éagsúla, chomh maith le breithniú cuí a dhéanamh ar thionchar éagsúil an*** |

***iompair agus an bhonneagair iompair ar an daonra.***

***[22] Moladh coincheap an SUMP den chéad uair i bpacáiste an Aontais um an tsoghluaiseacht uirbeach, 2013 (COM(2013)913 final, Iarscríbhinn I)***

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (52) Ba cheart do na Ballstáit clár náisiúnta tacaíochta ***PSUI*** a bhunú a mbeidh sé d'aidhm aige úsáid ***PSUInna*** a chur chun cinn agus an comhordú idir réigiúin, cathracha agus bailte a fheabhsú. Ba cheart dó tacú le réigiúin agus le limistéir uirbeacha chun ***PSUInna*** ardcháilíochta a fhorbairt agus an faireachán agus an mheastóireacht ar chur chun feidhme ***PSUInna*** a threisiú trí bhearta reachtacha, treoraíocht, fothú acmhainní, cúnamh, agus, b'fhéidir, tacaíocht airgeadais. | (52) Ba cheart do na Ballstáit clár náisiúnta tacaíochta ***SUMP*** a bhunú a mbeidh sé d'aidhm aige úsáid ***SUMPanna*** a chur chun cinn agus an comhordú idir réigiúin, cathracha agus bailte a fheabhsú. Ba cheart dó tacú le réigiúin agus le limistéir uirbeacha chun ***SUMPanna*** ardcháilíochta a fhorbairt agus an faireachán agus an mheastóireacht ar chur chun feidhme ***SUMPanna*** a threisiú trí bhearta reachtacha, treoraíocht, fothú acmhainní, cúnamh, agus, b'fhéidir, tacaíocht airgeadais. ***Ba cheart don Choimisiún a bheith ábalta liosta na nód uirbeach in Iarscríbhinn II a thabhairt cothrom le dáta arna iarraidh sin do Bhallstát, le comhaontú roimhe sin ó na nóid uirbeacha in éineacht leis an gConair Iompair Eorpach lena mbaineann, d'fhonn cothromaíocht chríochach a fheabhsú agus dlús a chur leis an aistriú chuig soghluaisteacht níos inbhuanaithe.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 52 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(52 a) Ba cheart do gach Ballstát clár tacaíochta náisiúnta SUMP a chur ar bun agus pointe teagmhála náisiúnta SUMP a ainmniú arb é is aidhm dó rialachas a neartú agus úinéireacht, pleanáil agus glacadh beartas soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe ar fud na tíre a mhéadú, agus comhordú i measc réigiún, cathracha agus bailte a fheabhsú. Ba cheart don phointe teagmhála náisiúnta treoir náisiúnta a fhorbairt maidir le pleanáil soghluaisteachta uirbí bunaithe ar na Treoirlínte SUMP Eorpacha, cúnamh teicniúil agus tacaíocht shaineolach a sholáthar chun SUMPanna a ullmhú agus a chur chun feidhme, faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn, athbhreithniú agus comhairle a chur ar fáil chun feabhas a chur ar cháilíocht SUMPanna laistigh dá mBallstát. Ba cheart dóibh freisin líonra náisiúnta na gcathracha, na réigiún agus na mbailte a chur chun cinn chun piarfhoghlaim a chothú agus dea-chleachtais a scaipeadh, cláir oiliúna a chur chun feidhme agus feachtais chumarsáide a bhaineann le SUMPanna a eagrú agus a chomhordú.*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 52 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(52 b) Trí mhodhanna gníomhacha i nóid uirbeacha a chur chun cinn, rannchuidítear le spriocanna aeráide an Aontais a ghnóthú, feabhsaítear an tsláinte phoiblí, laghdaítear plódú, cuirtear réiteach an mhíle deiridh ar fáil do phaisinéirí agus cuirtear tairbhí eacnamaíocha ar fáil. Dá bhrí sin, agus bonneagar iompair nua á phleanáil,*** |

| | |
|---|---|
| | ***chomh maith le hoibreacha cothabhála agus uasghrádaithe i leith an bhonneagair atá ann cheana, i nóid uirbeacha, ba cheart bonneagair modha ghníomhaigh, lena n-áirítear bonneagair siúil agus rothaíochta, a chur san áireamh.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 54**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (54) ***Cuidíonn*** na seirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha le ***feabhsú chomhtháthú*** na modhanna iompair éagsúla trí roinnt tairiscintí ***iompar*** a chomhcheangal in aon tairiscint amháin. Ba cheart***, trína thuilleadh forbartha orthu, rannchuidiú chun*** gnáis a bhogadh i dtreo na modhanna is inbhuanaithe, ***eadhon an*** iompar poiblí agus modhanna gníomhacha amhail ***an*** siúl agus an ***rothaíocht***. | (54) ***Cabhraíonn*** na seirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha le ***comhtháthú*** na modhanna iompair éagsúla ***a fheabhsú*** trí roinnt tairiscintí ***iompair*** a chomhcheangal in aon tairiscint amháin. Ba cheart ***go rannchuideodh a bhforbairt bhreise le*** gnáis a bhogadh i dtreo na modhanna is inbhuanaithe, iompar poiblí agus modhanna gníomhacha amhail siúl agus ***rothaíocht, agus leas iomlán a bhaint as tairbhí a bhaineann le 'Soghluaisteacht mar Sheirbhís'. Thairis sin, ba cheart pleanáil bonneagair uirbigh a fhorbairt i gcomhréir le caighdeáin*** an ***Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre***. ***Ba cheart caighdeáin maidir le sábháilteacht bonneagair rothaíochta agus siúil a fhorbairt chun an t-aistriú chuig modhanna iompair níos inbhuanaithe a mhéadú.*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 55 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(55a) Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an Rialachán seo bonneagar úrscothach a chruthú, ba cheart an gréasán tras-*** |

| | |
|---|---|
| | ***Eorpach iompair a fheistiú leis na córais TFC is gá, lena bhféadfaí seiceálacha rioscabhunaithe spriocdhírithe a thabhairt isteach, agus cigireachtaí neamh-idirdhealaitheacha éadadhaill agus gan pháipéar bunaithe ar rochtain ar shonraí digiteacha fíor-ama faoi thiománaithe, oibreoirí, feithiclí tráchtála agus lasta. Ba cheart na seiceálacha agus cigireachtaí uile sin a dhéanamh ar bhealach atá go hiomlán neamh-idirdhealaitheach.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 57**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (57) Is gá ***pleanáil*** leormhaith ***le haghaidh an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Ciallaíonn sé sin,*** freisin, ceanglais shonracha a chur chun feidhme ar fud an ghréasáin ó thaobh bonneagair, córais TFC, trealaimh agus seirbhísí de, lena n-áirítear na ceanglais maidir le ***cur in úsáid*** an bhonneagair breoslaí ***ionadúla*** mar a shainítear i Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ***ionadúla]***. Is gá, dá bhrí sin, cur chun úsáide ***iomchuí*** agus comhbheartaithe na ***riachtanas*** sin a áirithiú ar fud na hEorpa le haghaidh gach modha iompair agus le haghaidh a n-idirnasc ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus ***lastall de sin***, chun na tairbhí a bhaineann le héifeacht an ghréasáin a fháil agus chun go bhféadfar oibríochtaí iompair éifeachtúla tras-Eorpacha ***fad-achair*** a dhéanamh. Chun cur chun úsáide na mbreoslaí ***ionadúla*** a áirithiú ar fud ghréasán bóithre iomlán an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair i gcomhréir leis na spriocanna a leagtar síos le Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ***ionadúla]***, ba cheart tagairtí do 'chroíghréasán' i | (57) Is gá ***an gréasán tras-Eorpach iompair a phleanáil go*** leormhaith***. Áirítear air sin*** freisin, ceanglais shonracha a chur chun feidhme ar fud an ghréasáin ó thaobh bonneagair, córais TFC, trealaimh agus seirbhísí de, lena n-áirítear na ceanglais maidir le ***feidhmiú céimneach*** an bhonneagair breoslaí ***malartacha*** mar a shainítear i Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ***malartacha]***[23]. Is gá, dá bhrí sin, cur chun úsáide ***leormhaith*** agus comhbheartaithe na ***gceanglas*** sin a áirithiú ar fud na hEorpa le haghaidh gach modha iompair agus le haghaidh a n-idirnasc ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus ***níos faide i gcéin***, chun na tairbhí a bhaineann le héifeacht an ghréasáin a fháil agus chun go bhféadfar oibríochtaí iompair éifeachtúla ***agus inbhuanaithe*** tras-Eorpacha ***fadraoin*** a dhéanamh. Chun cur chun úsáide na mbreoslaí ***malartacha*** a áirithiú ar fud ghréasán bóithre iomlán an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair i gcomhréir leis na spriocanna a leagtar síos le Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí |

Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ***ionadúla]*** a fhorléiriú mar thagairtí do 'chroíghréasán' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo. Ba cheart tagairtí do 'ghréasán cuimsitheach' i Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ***ionadúla]*** a fhorléiriú mar thagairtí do 'chroíghréasán breisithe' agus do 'ghréasán cuimsitheach' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo.

[23] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L [...]).

***malartacha]***, ba cheart tagairtí do 'chroíghréasán' i Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ***malartacha]*** a fhorléiriú mar thagairtí do 'chroíghréasán' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo. Ba cheart tagairtí do 'ghréasán cuimsitheach' i Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ***malartacha]*** a fhorléiriú mar thagairtí do 'chroíghréasán breisithe' agus do 'ghréasán cuimsitheach' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo.

[23] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L [...]).

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 58**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (58) Ba cheart don ghréasán tras-Eorpach ***iompar*** an bunús a sholáthar le ***húsáid mhórscála na dteicneolaíochtaí*** nua agus ***na nuálaíochta***, amhail an bonneagar 5G, ***rud a d'fhéadfadh cuidiú*** le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fhoriomlán na hearnála iompair Eorpaí agus ar an ***acmhainn*** chun ***freastal ar shreabha*** paisinéirí slána trí ***mheáin*** éifeachtúla, chun ***cur le tarraingt na bpaisinéirí ar mhodhanna*** iompair poiblí nó ***glasa***, agus ***chun*** a lorg carbóin a laghdú. Rannchuideoidh an méid sin le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus, an tráth céanna, rannchuideoidh sé leis an gcuspóir slándáil fuinnimh an Aontais a mhéadú. ***D'fhonn*** na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart go gcuirfí feabhas ar infhaighteacht na mbreoslaí ***ionadúla*** ar | (58) Ba cheart don ghréasán tras-Eorpach ***iompair*** an bunús a sholáthar le ***haghaidh teicneolaíochtaí agus nuálaíocht*** nua ***a chur in úsáid ar mórscála, lena lamhháiltear do shonraí fíor-ama*** agus ***d'fhaisnéis a mhalartú***, amhail an bonneagar 5G, ***lenar féidir cabhrú*** le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fhoriomlán na hearnála iompair Eorpaí agus ar an ***acmhainneacht*** chun ***sreabha*** paisinéirí slána ***a chumasú*** trí ***úsáid a bhaint as modhanna*** éifeachtúla, chun ***modhanna*** iompair poiblí nó ***modhanna iompair níos glaise a dhéanamh níos tarraingtí do phaisinéirí***, agus a lorg carbóin a laghdú. Rannchuideoidh an méid sin le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus, an tráth céanna, rannchuideoidh sé leis an gcuspóir ***i dtaobh*** slándáil fuinnimh an Aontais a mhéadú. |

fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair.

***Chun*** na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart go gcuirfí feabhas ar infhaighteacht na mbreoslaí ***malartacha*** ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair.

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 59**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (59) Ba cheart líon leordhóthanach pointí ***athluchtaithe gasta*** le haghaidh feithiclí ***earraí éadroma*** agus ***troma atá inrochtana*** ag an bpobal a imscaradh ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Ba cheart**,** leis ***an aidhm sin, lán-nascacht*** trasteorann a áirithiú ***agus a chur ar a gcumas do na feithiclí leictreacha bheith i gcúrsaíocht ar fud an Aontais***. Tá sé le háirithiú ag spriocanna ***ar bhonn achair le haghaidh an ghréasáin thras-Eorpaigh*** iompair, mar a shainítear i Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ***ionadúla]***, go mbeidh clúdach íosta leordhóthanach de phointí athluchtaithe leictreacha ar fud phríomhghréasáin bóithre an Aontais. | (59) Ba cheart líon leordhóthanach pointí ***mearluchtaithe agus athbhreoslaithe hidrigine*** le haghaidh feithiclí ***saothair éadroim*** agus ***tromshaothair a bhfuil rochtain*** ag an bpobal ***orthu*** a imscaradh ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Ba cheart ***é a bheith mar aidhm*** leis ***sin nascacht*** trasteorann ***iomlán*** a áirithiú. Tá sé le háirithiú ag spriocanna ***acharbhunaithe maidir leis an ngréasán tras-Eorpach*** iompair, mar a shainítear i Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ***malartacha]***, go mbeidh clúdach íosta leordhóthanach de phointí athluchtaithe leictreacha ***agus agus athbhreoslaithe hidrigine*** ar fud phríomhghréasáin bóithre an Aontais. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 60**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (60) Ba cheart an bonneagar athluchtaithe atá inrochtana ag an bpobal ***ar an ngréasán tras-Eorpach*** iompair mar a shainítear i Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ***ionadúla]*** a chomhlánú le ceanglais maidir le himscaradh an bhonneagair ***athluchtaithe*** sna críochfoirt ilmhódacha agus le | (60) Ba cheart an bonneagar athluchtaithe ***agus athbhreoslaithe hidrigine*** atá inrochtana ag an bpobal ***feadh an ghréasáin tras-Eorpaigh*** iompair mar a shainítear i Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ***malartacha]*** a chomhlánú le ceanglais maidir le himscaradh an bhonneagair |

haghaidh na mol paisinéirí ilmhódach, chun deiseanna athluchtaithe a sholáthar le haghaidh trucailí fadraoin agus iad á luchtú nó á ndíluchtú nó nuair ***a bhíonn*** an tiománaí ag ***glacadh sosa***, nó le haghaidh busanna i moil paisinéirí ilmhódacha. Chun ***an tsaorchúrsaíocht*** a áirithiú, i gcás ina bhfaigheann na críochfoirt nó na moil ***paisinéirí*** tacaíocht ón Aontas nó tacaíocht phoiblí, ba cheart an rochtain ***orthu*** chun ***críocha*** luchtaithe a bheith ar bhonn cothrom, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, ***ionas go seachnófar gaibhnithe*** margaidh ***ar mhaithe le fiontair faoi leith*** nó saobhadh iomaíochta ***féideartha***. Ba cheart praghsanna a chinneadh ar bhonn trédhearcach neamh-idirdhealaitheach le haghaidh na ngnóthas ***údaraithe*** nó na ndaoine uile, i gcás ina n-úsáidtear cistiú ón Aontas nó cistiú poiblí agus an bonneagar ***luchtaithe*** á thógáil.

***chomhfhreagraigh*** sna críochfoirt ilmhódacha agus le haghaidh na mol paisinéirí ilmhódach, chun deiseanna athluchtaithe ***agus athbhreoslaithe hidrigine*** a sholáthar le haghaidh trucailí fadraoin agus iad á luchtú nó á ndíluchtú nó nuair ***atá*** an tiománaí ag ***tógáil scíthe***, nó le haghaidh busanna i moil paisinéirí ilmhódacha. Chun ***saorchúrsaíocht*** a áirithiú, i gcás ina bhfaigheann na críochfoirt nó na moil ***phaisinéirí*** tacaíocht ón Aontas nó tacaíocht phoiblí, ba cheart an rochtain chun ***críoch*** luchtaithe ***agus athbhreoslaithe hidrigine*** a bheith ar bhonn cothrom, ***inacmhainne,*** trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, ***chun gaibhniú*** margaidh ***d'fhiontair shonracha*** nó saobhadh iomaíochta ***a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint***. Ba cheart praghsanna a chinneadh ar bhonn trédhearcach ***agus*** neamh-idirdhealaitheach le haghaidh na ngnóthas nó na ndaoine ***údaraithe*** uile, i gcás ina n-úsáidtear cistiú ón Aontas nó cistiú poiblí agus an bonneagar á thógáil.

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 61 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(61 a) Ba cheart do na Ballstáit tástáil leochaileachta aeráide agus chomhshaoil agus measúnú riosca a dhéanamh ar an mbonneagar criticiúil iompair atá acu cheana agus foráil a dhéanamh maidir leis na bearta uile is gá chun feidhmiú fadtéarmach na ngréasán tras-Eorpach iompair a áirithiú agus athléimneacht na ngréasán tras-Eorpach iompair a mhéadú.*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 62**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (62) Ba cheart do na Ballstáit, agus bonneagar á phleanáil acu, ag breathnú dóibh ar an taithí maidir le bainistíocht na ngéarchéimeanna le linn phaindéim COVID-19[25] agus chun ***suaite*** tráchta agus teagmhais a sheachaint ***amach anseo***, slándáil agus athléimneacht an bhonneagair iompair ***in aghaidh*** an athraithe aeráide, na nguaiseacha nádúrtha, na dtubaistí de dhéantús an duine, agus ***suaite*** eile ***a chuirfeadh*** isteach ar fheidhmiú chóras iompair an Aontais a chur san áireamh. Chun na críche sin, ba cheart línte atreoraithe tábhachtacha a ***bheith sna Conairí Iompair Eorpacha freisin, línte is féidir a úsáid*** i gcás ***plódú*** nó fadhbanna eile ar na príomhbhealaí. Ina theannta sin, mar gheall ar nádúr ilmhódach na gConairí, is féidir ***le*** modh amháin ionad ***modha*** eile ***a dhéanamh*** i gcás éigeandálaí. | (62) Ba cheart do na Ballstáit, agus bonneagar á phleanáil acu, ag breathnú dóibh ar an taithí maidir le bainistíocht na ngéarchéimeanna le linn phaindéim COVID-19[25] agus chun ***suaitheadh*** tráchta agus teagmhais a sheachaint ***sa todhchaí***, slándáil agus athléimneacht an bhonneagair iompair ***i leith*** an athraithe aeráide, na nguaiseacha nádúrtha, na dtubaistí de dhéantús an duine, ***na n-athruithe geopholaitiúla*** agus ***suaitheadh*** eile ***lena gcuirtear*** isteach ar fheidhmiú chóras iompair an Aontais a chur san áireamh. Chun na críche sin, ba cheart ***deireadh a chur le scrogaill atá ann cheana agus ba cheart*** línte atreoraithe tábhachtacha ***ar féidir úsáid*** a ***bhaint astu*** i gcás ***plódaithe*** nó fadhbanna eile ar na príomhbhealaí ***a áireamh leis na Conairí Iompair Eorpacha freisin***. Ina theannta sin, mar gheall ar nádúr ilmhódach na gConairí, is féidir modh amháin ***a chur in*** ionad ***modh*** eile i gcás éigeandálaí. |
| [25] Communication on the implementation of the Green Lanes under the Guidelines for border management measures to protect health and ensure the availability of goods and essential services [Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme na Lánaí Glasa faoi na Treoirlínte maidir le bearta bainistithe teorainneacha chun an tsláinte a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh fáil ar earraí agus seirbhísí riachtanacha]; C(2020)1897 final (IO C 96 I, 24.3.2020, lch. 1) agus Communication of ***28 October 2020*** from the Commission to the European Parliament, the European Council and the Council on 'upgrading the transport Green Lanes to keep the economy going during the COVID-19 pandemic resurgence' [Teachtaireacht ón gCoimisiún | [25] Communication on the implementation of the Green Lanes under the Guidelines for border management measures to protect health and ensure the availability of goods and essential services [Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme na Lánaí Glasa faoi na Treoirlínte maidir le bearta bainistithe teorainneacha chun an tsláinte a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh fáil ar earraí agus seirbhísí riachtanacha]; C(2020)1897 final (IO C 96 I, 24.3.2020, lch. 1) agus Communication of ***28 October 2020*** from the Commission to the European Parliament, the European Council and the Council on 'upgrading the transport Green Lanes to keep the economy going during the COVID-19 pandemic resurgence' [Teachtaireacht ón gCoimisiún |

| | |
|---|---|
| chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle an ***28 Deireadh Fómhair 2020*** maidir le 'huasghrádú na Lánaí Glasa iompair chun an geilleagar a choinneáil ag imeacht le linn athbheochan phaindéim COVID-19']; COM(2020) 685 final. | chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle an ***28 Deireadh Fómhair 2020*** maidir le 'huasghrádú na Lánaí Glasa iompair chun an geilleagar a choinneáil ag imeacht le linn athbheochan phaindéim COVID-19']; COM(2020) 685 final. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 62 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(62 a) Ba cheart do na Ballstáit 'Lánaí Glasa' a bhunú, i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis na Comhordaitheoirí Eorpacha, chun éifeachtúlacht agus feidhmiú na mbonneagar iompair a áirithiú le haghaidh sreabhadh tráchta earraí riachtanacha agus daoine i gcás éigeandála.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 63**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (63) Rannpháirtíocht na ngnóthas, lena n-áirítear gnóthais atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nádúrtha tríú tír nó gnóthais tríú tír, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe i dtríú tír, ***is féidir leis sin*** cur le luas chur i gcrích an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Mar sin féin, faoi chúinsí sonracha, gnóthais atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nádúrtha tríú tír nó gnóthais tríú tír a bheith rannpháirteach i dtionscadail leasa choitinn nó a bheith ag ranncuidiú leo, ***d'fhéadfadh sé*** an tslándáil ***agus*** an t-ord poiblí san Aontas a chur i mbaol. Gan | (63) ***Is é an bonneagar iompair cnámh droma an gheilleagair agus na sochaí ina iomláine, tá cuid acu ríthábhachtach chun dea-fheidhmiú feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha a áirithiú, agus dá bhrí sin, is colún den neamhspleáchas straitéiseach san Aontas é. Sa chomhthéacs sin, is féidir le*** rannpháirtíocht na ngnóthas, lena n-áirítear gnóthais atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nádúrtha tríú tír nó gnóthais tríú tír, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe i dtríú tír, cur le luas chur i gcrích an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Mar sin féin, faoi |

dochar don sásra comhair de bhun Rialachán (AE) 2019/452[26] agus sa bhreis ar an sásra sin, is gá breis feasachta ar an rannpháirtíocht nó ar an rannchuidiú sin ***ionas go bhféadfaidh*** na húdaráis poiblí idirghabháil ***má fheictear*** gur dócha go ndéanfaidh sé difear don tslándáil nó don ord poiblí san Aontas agus mura dtagann an rannpháirtíocht nó an rannchuidiú faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2019/452.

[26] Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha eachtracha isteach san Aontas a scagadh (IO L 79I , 21.3.2019, lch. 1).

chúinsí sonracha, ***d'fhéadfadh*** gnóthais atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nádúrtha tríú tír nó gnóthais tríú tír a bheith rannpháirteach i dtionscadail leasa choitinn nó a bheith ag rannchuidiú leo, an tslándáil***,*** an t-ord poiblí ***nó an uathriail straitéiseach*** san Aontas a chur i mbaol. ***Tá méadú ag teacht ar infheistíochtaí, leasanna agus láithreacht cuideachtaí atá faoi úinéireacht tríú tíortha sa bhonneagar straitéiseach Eorpach - agus uaireanta fiú bonneagar míleata - amhail calafoirt, aerfoirt agus críochfoirt coimeádán. Leis an méadú sin ar an láithreacht ón iasacht sa bhonneagar straitéiseach Eorpach tá an baol ann go mbainfear an bonn ó athléimneacht ár nAontais. Dá bhrí sin, go háirithe i bhfianaise na staide nua slándála ar ár mór-roinn, tá sé ríthábhachtach go nglacfaidh an tAontas, ar bhonn tosaíochta, cur chuige docht straitéiseach i dtreo fhorbairt agus athbhreithniú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus go gcuirfidh sé cosc ar aon láithreacht tríú tír ar dócha go ndéanfaidh sé difear don tslándáil nó don ord poiblí san Aontas.*** Gan dochar don sásra comhair de bhun Rialachán (AE) 2019/452[26] agus sa bhreis ar an sásra sin, is gá breis feasachta ar an rannpháirtíocht nó ar an rannchuidiú sin ***a bheith ann chun ligean do*** na húdaráis poiblí idirghabháil ***a dhéanamh más léir*** gur dócha go ndéanfaidh sé difear don tslándáil nó don ord poiblí san Aontas agus mura dtagann an rannpháirtíocht nó an rannchuidiú faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2019/452.

[26] Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha eachtracha isteach san Aontas a scagadh (IO L 79I , 21.3.2019, lch. 1).

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 64**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (64) Cé go bhfuil an phríomhfhreagracht chothabhála ar na Ballstáit agus go mbeidh fós, tá sé tábhachtach go ndéanfar cothabháil chuí ar an ngréasán tras-Eorpach iompair, agus é tógtha, chun ardcháilíocht seirbhísí a áirithiú. Ba cheart cur chuige saolré a leanúint agus tionscadail bhonneagair á bpleanáil agus á soláthar. | (64) Cé go bhfuil an phríomhfhreagracht chothabhála ar na Ballstáit agus go mbeidh fós, tá sé tábhachtach go ndéanfar cothabháil chuí ar an ngréasán tras-Eorpach iompair, agus é tógtha, chun ardcháilíocht seirbhísí a áirithiú. Ba cheart cur chuige saolré a leanúint agus tionscadail bhonneagair á bpleanáil agus á soláthar***, agus ba cheart é a chur san áireamh chun cistiú a fháil ó SCE*. ***Ba cheart oibreacha cothabhála a dhéanamh i gcomhréir le Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/2075 ón gCoimisiún.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 66**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (66) Ba cheart do Chonairí Iompair ***Eorpacha cuidiú*** le bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a fhorbairt ***sa tslí is go dtabharfar*** aghaidh ar scrogaill, go ***gcuirfear le naisc trasteorann*** agus ***go bhfeabhsófar an*** éifeachtúlacht agus ***an*** inbhuanaitheacht. Ba cheart dóibh ***cuidiú*** leis an gcomhtháthú trí chomhar críochach ***níos fearr***. Ba cheart aghaidh a thabhairt leo, freisin, ar chuspóirí beartais iompair níos leithne agus an idir-inoibritheacht, an comhtháthú módach agus oibríochtaí ilmhódacha a éascú. Ba cheart an cur chuige conaire a bheith trédhearcach agus soiléir agus níor cheart costais riaracháin breise nó ualaí riaracháin breise a bheith ann de thairbhe bhainistíocht na gconairí sin. | (66) Ba cheart do Chonairí Iompair ***na hEorpa cabhrú*** le bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a fhorbairt ***ar bhealach a thabharfaidh*** aghaidh ar scrogaill, ***ar an ualach riaracháin, ar naisc thrasteorann a fheabhsú,*** go ***háirithe i gcás iarnróid,*** agus ***ar*** éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht ***a fheabhsú***. Ba cheart dóibh ***rannchuidiú*** leis an gcomhtháthú trí chomhar críochach ***feabhsaithe, lena n-áirítear le tíortha comharsanachta***. Ba cheart aghaidh a thabhairt leo, freisin, ar chuspóirí beartais iompair ***ar bhonn*** níos leithne agus an idir-inoibritheacht, an comhtháthú módach agus oibríochtaí ilmhódacha a éascú. Ba cheart an cur chuige conaire a bheith trédhearcach agus soiléir agus níor cheart costais riaracháin breise nó ualaí riaracháin breise a bheith ann de thairbhe bhainistíocht na gconairí sin. ***Ba cheart do na*** |

***Comhordaitheoirí Iompair Eorpacha spreagadh a thabhairt freisin chun struchtúir bainistíochta comhtháite a bhunú, lena n-áirítear comhfhiontair, arb é is aidhm dóibh dlús a chur le cur chun feidhme tionscadal bonneagair trasteorann.***

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 67**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (67) ***Ba cheart do Chomhordaitheoirí Eorpacha,*** i gcomhaontú leis an mBallstát lena mbaineann, cur chun feidhme comhordaithe na gConairí Iompair Eorpacha agus an dá thosaíocht chothrománacha, ***eadhon*** ERTMS agus an ***Spás Muirí Eorpach,*** a éascú. Ba cheart dóibh bearta a éascú chun an struchtúr rialachais ceart a dhearadh agus chun na hinfheistíochtaí tosaíochta a shainaithint ar feadh na gConairí Iompair Eorpacha agus maidir leis an dá thosaíocht chothrománacha. | (67) I gcomhaontú leis an mBallstát lena mbaineann, ***agus tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na tíortha comharsanachta lena mbaineann, ba cheart do na Comhordaitheoirí Eorpacha*** cur chun feidhme comhordaithe na gConairí Iompair Eorpacha agus an dá thosaíocht chothrománacha, ERTMS agus an ***Spáis Mhuirí Eorpaigh*** a éascú. Ba cheart dóibh bearta a éascú chun an struchtúr rialachais ceart a dhearadh agus chun na hinfheistíochtaí tosaíochta a shainaithint ar feadh na gConairí Iompair Eorpacha agus maidir leis an dá thosaíocht chothrománacha. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 69**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (69) Ba cheart pleananna oibre na gComhordaitheoirí Eorpacha a úsáid chun ***an*** comhar a chur chun cinn ***idir na páirtithe leasmhara uile, chun*** an chomhlántacht le gníomhaíochtaí na ***mBallstát*** agus na mbainisteoirí bonneagair ***a threisiú,*** agus go háirithe ***chun*** na garspriocanna agus na tosaíochtaí ***maidir le*** | (69) Ba cheart pleananna oibre na gComhordaitheoirí Eorpacha a úsáid chun comhar ***idir na geallsealbhóirí ábhartha uile*** a chur chun cinn***, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, geallsealbhóirí ábhartha ó thíortha comharsanachta. Ba cheart dóibh*** an chomhlántacht ***a neartú*** le gníomhaíochtaí na ***n-údarás poiblí*** agus na |

| | |
|---|---|
| ***hinfheistíochtaí*** a leagan síos. Ba cheart don Choimisiún***, ar bhonn na bpleananna oibre,*** gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ***leagfar*** amach na tosaíochtaí maidir le pleanáil an ***bhonneagair agus leis an gcistiú***. | mbainisteoirí bonneagair agus go háirithe na garspriocanna agus na tosaíochtaí ***le haghaidh infheistíochtaí*** a leagan síos. ***Bunaithe ar na pleananna oibre,*** ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ***leagtar*** amach na tosaíochtaí maidir le pleanáil ***bonneagair agus cistiú sna Ballstáit. Ní féidir maoiniú ón Aontas a dheonú mura n-urramaítear na tosaíochtaí atá leagtha síos ar*** an ***leibhéal Eorpach***. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 69 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(69 a) Chun sócmhainní tréigthe a sheachaint sna Ballstáit, mar gheall ar mhoilleanna suntasacha ar thionscadail TEN-T i dtíortha comharsanachta, ba cheart don Choimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar phleanáil, tús agus cur i gcrích obair na dtionscadal ar na gréasáin, mar a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme. Ba cheart don Choimisiún tuarascálacha bliantúla a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na bParlaimintí náisiúnta. I gcás moilleanna suntasacha, is é sin moilleanna ar faide iad ná 2 bhliain, ba cheart don Choimisiún tús a chur láithreach le nósanna imeachta um shárú.*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 69 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(69 b) Féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach comhoibriú le heagraíochtaí*** |

***idirnáisiúnta ábhartha, amhail an Comhphobal Iompair arna bhunú faoin gConradh um Chomhphobal Iompair[1a] i réimse an iompair de bhóthar, d'iarnród, d'uiscebhealaí intíre agus de mhuiriompar, chomh maith leis an ngréasán iompair a fhorbairt idir an tAontas Eorpach agus Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa.***

______________

***[1a] IO L 278, 27.10.2017, lch. 3.***

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 69 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(69 c) Bunaithe ar na pleananna oibre, ba cheart don Aontas a bheith ábalta comhaontuithe ardleibhéil a thabhairt i gcrích leis na tíortha comharsanachta lena mbaineann, lena leagtar amach na tosaíochtaí maidir le pleanáil bonneagair agus cistiú ar a gcríoch.*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 70**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (70) Is é an córas idirghníomhach faisnéise geografaí agus ***teicniúla don ghréasán tras-Eorpach*** iompair ***(TENtec) a sholáthraíonn*** bonn teicniúil na léarscáileanna lena sonraítear an gréasán tras-Eorpach iompair. | (70) Is é an córas idirghníomhach faisnéise geografaí agus ***teicniúil*** iompair ***a dhéanann*** bonn teicniúil na léarscáileanna lena sonraítear an gréasán tras-Eorpach iompair ***a sholáthar don ghréasán tras-Eorpach(TENtec), ina soláthraítear bonn teicniúil na léarscáileanna lena léirítear forbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair d'fhonn na spriocanna deiridh comhfhreagracha a léirítear in Iarscríbhinn I agus sna liostaí*** |

***d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a ghnóthú***.

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 70 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(70 a) Is é is aidhm don tsoghluaisteacht mhíleata rialacha a chomhchuibhiú ar fud na mBallstát agus féachaint an bhféadfaí cur chuige sibhialta-míleata ('dé-úsáid') i leith forbairt bonneagair a fhiosrú chun cosaint agus athléimneacht an Aontais a threisiú.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 71 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(71 a) Tá sé deimhnithe ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine go bhfuil géarghá le neartú a dhéanamh ar chumas an Aontais fórsaí míleata a bhogadh ar an scála agus luas is gá agus dlús a chur leis na hiarrachtaí chun feabhas suntasach a chur ar an tsoghluaisteacht mhíleata. Mar atá tugtha chun suntais ag 'Chompás Straitéiseach an Aontais Eorpaigh don tSlándáil agus don Chosaint' a ghlac an Chomhairle an 21 Márta 2022,- Le haghaidh Aontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a rannchuidíonn leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta – ní mór don Aontas bonneagar iompair dé-úsáide a neartú ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair chun gluaiseacht mhear rianúil pearsanra mhíleata, ábhair agus trealaimh le haghaidh imscaradh*** |

| | |
|---|---|
| | ***oibríochtúil agus freachnaimh oibríochtúla a chur chun cinn, lena n-áirítear iompar daonnúil, agus an rómhaorlathas a laghdú go suntasach trí nósanna imeachta riaracháin simplithe aonfhoirmeacha, go háirithe maidir le ceanglais chustaim. Tá buiséad tiomnaithe ann do thionscadail bonneagair iompair dé-úsáide faoi SCE don tréimhse 2021-2027 (SCE II). Mar sin féin, ba cheart an leithdháileadh buiséid teoranta don tSoghluaisteacht Mhíleata, arb ionann é agus buiséad EUR 1,69 billiún, mar a glacadh in 2020, a mhéadú go mór agus go mear chun gréasán TEN-T a oiriúnú don tírdhreach geopholaitiúil nua agus chun úsáid dhéach shibhialta agus chosanta ar fud an Aontais a fheabhsú.*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 72**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (72) Chun an chomhsheasmhacht idir na treoirlínte agus ***clárphleanáil*** na n-ionstraimí ábhartha airgeadais atá ar fáil ar leibhéal an Aontais a uasmhéadú, ba cheart do chistiú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair an Rialachán seo a chomhlíonadh agus ba cheart é a bheith bunaithe, go háirithe, ar Rialachán (AE) Uimh. 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle. Sa bhreis air*** sin, ba cheart***, maidir le cistiú*** an ghréasáin***, tosú freisin ó na hionstraimí cistithe*** agus ***maoinithe*** a sholáthraítear faoi ***reachtaíocht*** Aontais ***eile***, lena n-áirítear InvestEU, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Beartas Comhtháthaithe, Fís Eorpach, agus ionstraimí ***maoinithe*** eile arna mbunú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. Ionas gur féidir tionscadail leasa choitinn a mhaoiniú, ba cheart tagairtí i Rialachán | (72) Chun an chomhsheasmhacht idir na treoirlínte agus ***clársceidealú*** na n-ionstraimí ábhartha airgeadais atá ar fáil ar leibhéal an Aontais a uasmhéadú, ba cheart do chistiú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair an Rialachán seo a chomhlíonadh agus ba cheart é a bheith bunaithe, go háirithe, ar Rialachán (AE) Uimh. 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[29]***. Ina theannta*** sin, ba cheart ***do chistiú*** an ghréasáin ***tógáil ar ionstraimí cistiúcháin*** agus ***maoiniúcháin*** a sholáthraítear faoi ***dhlí eile de chuid an*** Aontais, lena n-áirítear InvestEU, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Beartas Comhtháthaithe, Fís Eorpach, ***an Ciste Nuálaíochta,*** agus ionstraimí ***maoiniúcháin*** eile arna mbunú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. Ionas gur féidir tionscadail leasa choitinn a mhaoiniú, ba cheart tagairtí i Rialachán |

| | |
|---|---|
| (AE) 2021/1153 do ‘ardáin ilmhódacha lóistíochta’, ‘mótarbhealaí na farraige’ agus ‘feidhmchláir theileamaitice’ a fhorléiriú, faoi seach, mar thagairtí do ‘chríochfoirt lasta ilmhódacha’, ‘Spás Muirí Eorpach’ agus ‘córais TFC le haghaidh iompair’ mar a shainmhínítear sa Rialachán seo. Chun na críche céanna, ba cheart tagairtí do ‘***chroíghréasán***’ i ***Rialachán*** (AE) 2021/1153 a fhorléiriú mar thagairtí ***a fholaíonn*** ‘croíghréasán ***breisithe***’ mar a shainmhínítear sa Rialachán seo. | (AE) 2021/1153 do ‘ardáin ilmhódacha lóistíochta’, ‘mótarbhealaí na farraige’ agus ‘feidhmchláir theileamaitice’ a fhorléiriú, faoi seach, mar thagairtí do ‘chríochfoirt lasta ilmhódacha’, ‘Spás Muirí Eorpach’ agus ‘córais TFC le haghaidh iompair’ mar a shainmhínítear sa Rialachán seo. Chun na críche céanna, ba cheart tagairtí do ‘***ghréasán cuimsitheach***’ i ***Rialachán*** (AE) 2021/1153 a fhorléiriú mar thagairtí ***lena n-áirítear*** ‘croíghréasán ***leathnaithe***’ mar a shainmhínítear sa Rialachán seo***, mura bhfuil a chroíghréasán tugtha chun críche cheana féin ag Ballstát***. |
| [29] Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38). | [29] Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38). |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 73 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(73 a) Is léir nach leor buiséad reatha na Saoráide um Chónascadh na hEorpa 2021-2027 (SCE II) i bhfianaise riachtanais na hearnála iompair atá ag dul i méid agus an chomhthéacs gheopholaitiúil nua chomh maith leis na ceanglais fheabhsaithe maidir le bonneagar TEN-T. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit deiseanna nua cistiúcháin a fhiosrú agus clár uaillmhianach a thiocfaidh i gcomharbacht ar SCE II don CAI tar éis-2027 a phleanáil, le cistiú treisithe. Ba cheart cistiú cuí a dhéanamh ar SCE III agus ba cheart é a mhéadú go suntasach,*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus ba cheart clúdach 'iompar seachtrach' tiomnaithe a áireamh ann chun comhar le tríú tíortha a mhéadú ó thaobh tionscadail trasteorann agus imscaradh bonneagair de.*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 73 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(73 b) Ba cheart buiséad méadaithe agus acmhainní méadaithe a léiriú agus a bheith i gcomhréir leis an méadú ar inniúlachtaí agus ar róil na ngníomhaireachtaí Eorpacha ábhartha, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Eorpach Iarnróid.*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 73 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(73 c) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil acmhainní agus tacaíocht leordhóthanach ag na Comhordaitheoirí Eorpacha chun na cúraimí a leagtar síos dóibh sa reachtaíocht seo a chomhlíonadh: Go háirithe le raon feidhme méadaithe róil na gcomhordaitheoirí agus a bhfreagrachtaí trasteorann, ba cheart don Choimisiún buiséad agus pearsanra leordhóthanach a leithdháileadh ar na Comhordaitheoirí Eorpacha.*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 74 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(74 a) Is éard atá i gceist le nóid iompair (calafoirt, aerfoirt agus nóid uirbeacha) a áirítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II ná gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm. Chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar agus chun pleanáil straitéiseach fhadtéarmach a chumasú, tá sé riachtanach an gréasán a choinneáil chomh cobhsaí agus is féidir agus eisiaimh a sheachaint, trína mbreisluach Eorpach don mhargadh inmheánach agus a n-ábharthacht gheostraitéiseach maidir le cosaint an Aontais a chur san áireamh.*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 77**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (77) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir ***le cur*** chun feidhme ***an Rialacháin seo***, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún ***a mhéid a bhaineann*** le gníomhartha cur chun feidhme lena sonraítear leibhéil uisce ***tagartha*** agus ***ceanglais íosta de réir abhantraí*** (dea-stádas loingseoireachta), lena sainítear eintiteas ***aonar um thógáil agus bainistíocht tionscadal*** bonneagair trasteorann leasa choitinn, lena mbunaítear modheolaíocht le haghaidh na sonraí ***soghluaisteachta uirbí a bheidh*** le bailiú ag na Ballstáit***, le*** gníomhartha cur chun feidhme le haghaidh gach plean oibre ***a bhaineann leis na Conairí*** Iompair Eorpacha agus ***leis*** an dá thosaíocht chothrománacha, le ***haghaidh cur chun feidhme stráicí*** sonracha den Chonair ***Iompar*** Eorpach ***nó le haghaidh cur*** chun feidhme ***ceanglas sonrach*** bonneagair | (77) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir ***leis an Rialachán seo a chur*** chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún ***maidir*** le gníomhartha cur chun feidhme lena sonraítear leibhéil ***tagartha*** uisce agus ***íoscheanglais in aghaidh na conaire, in aghaidh na habhantraí nó in aghaidh na stráice uiscebhealaigh*** (dea-stádas loingseoireachta), lena sainítear eintiteas ***aonair chun tionscadail*** bonneagair trasteorann leasa choitinn ***a thógáil agus a bhainistiú***, lena mbunaítear modheolaíocht le haghaidh na sonraí ***maidir*** le ***soghluaisteacht uirbeach atá le*** bailiú ag na Ballstáit ***agus*** gníomhartha cur chun feidhme le haghaidh gach plean oibre ***de chuid na gConairí*** Iompair Eorpacha agus an dá thosaíocht chothrománacha, ***chomh maith*** le ***codanna*** sonracha den Chonair ***Iompair*** Eorpach ***a chur*** chun feidhme ***nó*** |

| | |
|---|---|
| iompair de chuid ***na Conaire*** Iompair ***Eorpaí*** nó na dtosaíochtaí cothrománacha. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32]. | ***chun ceanglais shonracha*** bonneagair iompair de chuid ***an Chonair*** Iompair ***Eorpaigh*** nó na dtosaíochtaí cothrománacha ***a chur chun feidhme***. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32]. |
| ___________________ | ___________________ |
| [32] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). | [32] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair faoi mar a ***thaispeántar*** é sna léarscáileanna a leagtar amach in ***Iarscríbhinn I. Is éard atá sa ghréasán*** tras-Eorpach iompair bonneagar iompair, lena ***gcuimsítear*** bonneagar chun breoslaí ***ionadúla*** a imscaradh***,*** córais TCF le haghaidh an iompair ***chomh maith le bearta lena gcuirtear chun cinn bainistiú éifeachtúil bonneagair den sórt sin*** agus ***úsáid éifeachtúil bhonneagair den sórt sin*** agus ***lena gceadaítear seirbhísí iompair inbhuanaitheacha*** agus ***éifeachtúla a bhunú agus a oibriú***. | 1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair faoi mar a ***léirítear*** é sna léarscáileanna a leagtar amach in ***Iarscríbhinn I. Cuimsítear leis an ngréasán*** tras-Eorpach iompair bonneagar iompair, lena ***n-áirítear*** bonneagar chun breoslaí ***malartacha*** a imscaradh ***agus*** córais TCF le haghaidh an iompair ***de réir Threoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa*** agus ***ón gComhairle*** agus ***Threoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa*** agus ***ón gComhairle faoi seach***. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (e) ciallaíonn ‘scrogall’ ***bacainn fisiceach***, teicniúil, feidhmiúil, oibríochtúil nó riaracháin a ***dtarlaíonn cliseadh*** an chórais dá ***thoradh***, ar ***cliseadh é a mbíonn tionchar aige ar leanúnachas sreabha*** fadraoin nó trasteorann; | (e) ciallaíonn ‘scrogall’ ***bac fisiciúil***, teicniúil, feidhmiúil, oibríochtúil nó riaracháin ***as*** a ***dtagann briseadh*** an chórais***, plódú nó tréimhsí neamhghníomhaíochta i gceachtar den*** dá ***threo tráchta***, ***nó bristeacha athfhillteacha*** ar ***shreabha*** fadraoin nó trasteorann; |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe f**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (f) ciallaíonn ‘nód uirbeach’ limistéar uirbeach ina bhfuil eilimintí bhonneagar iompair an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, amhail calafoirt lena n-áirítear críochfoirt, aerfoirt, stáisiúin iarnróid, críochfoirt busanna, ***ardáin*** agus saoráidí ***lóistíochta*** agus críochfoirt lasta atá suite sa limistéar uirbeach ***agus*** máguaird, nasctha le heilimintí eile den bhonneagar sin agus leis an mbonneagar ***don trácht*** réigiúnach agus áitiúil; | (f) ciallaíonn ‘nód uirbeach’ limistéar uirbeach ***feidhmiúil*** ina bhfuil eilimintí ***de*** bhonneagar iompair an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, amhail calafoirt lena n-áirítear críochfoirt ***paisinéirí***, aerfoirt, stáisiúin iarnróid, críochfoirt busanna, ***bonneagar do mhodhanna gníomhacha, moil*** agus saoráidí ***ilmhódacha lasta, críochfoirt athluchtaithe traenach*** agus críochfoirt lasta***,*** atá suite sa limistéar uirbeach ***nó*** máguaird, nasctha le heilimintí eile den bhonneagar sin agus leis an mbonneagar ***do thrácht*** réigiúnach agus áitiúil ***agus uirbeach paisinéirí agus lasta***; |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe k**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (k) ciallaíonn ‘idir-inoibritheacht’ an ***cumas atá ag an mbonneagar i modh iompair***, lena n-áirítear ***na coinníollacha*** uile ***rialúcháin***, ***teicneolaíochta agus oibríochta,*** lena n-áirítear bonneagar digiteach i modh ***iompair*** nó i ndeighleog, | (k) ciallaíonn ‘idir-inoibritheacht’ ***cumas*** an ***bhonneagair***, lena n-áirítear ***dálaí rialála, teicniúla, riaracháin agus oibríochtúla*** uile ***an bhonneagair***, lena n-áirítear bonneagar digiteach i modh nó i ndeighleog ***iompair***, ***agus idir modhanna*** |

| | |
|---|---|
| ***ligean*** do shreabha tráchta agus faisnéise sábháilte ***atá*** gan bhriseadh***, ar sreabha iad a bhaineann*** na leibhéil feidhmíochta is gá ***don bhonneagar sin nó don mhodh sin amach***; | ***éagsúla, chun lamháil*** do shreabha tráchta agus faisnéise ***atá*** sábháilte ***agus*** gan bhriseadh ***a cheadú lena mbaintear amach*** na leibhéil feidhmíochta is gá ***le haghaidh an mhodha nó na deighleoige bonneagair sin***; |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe l**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (l) ciallaíonn 'mol ilmhódach ***paisinéirí***' pointe nasctha idir dhá mhodh iompair le haghaidh paisinéirí ***ar a laghad***, ina n-áirithítear faisnéis taistil, rochtain ar iompar poiblí agus aistrithe idir modhanna, lena n-áirítear stáisiúin Pháirceála agus Taistil agus modhanna gníomhacha, agus a fheidhmíonn mar chomhéadan ***idir*** nóid uirbeacha agus gréasáin iompair ***níos faide***; | (l) ciallaíonn 'mol ***paisinéirí*** ilmhódach' pointe nasctha idir dhá mhodh iompair ***ar a laghad*** le haghaidh paisinéirí, ina n-áirithítear faisnéis taistil, rochtain ar iompar poiblí agus aistrithe idir modhanna, lena n-áirítear stáisiúin Pháirceála agus Taistil agus modhanna gníomhacha, agus a fheidhmíonn mar chomhéadan ***laistigh de*** nóid uirbeacha agus gréasáin iompair ***fad-achair agus eatarthu***; |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe m**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (m) ciallaíonn 'críochfort lasta ilmhódach' struchtúr atá feistithe chun trasloingsiú idir dhá mhodh iompair ar a laghad nó idir dhá chóras dhifriúla iarnróid, agus chun ***lasta*** a stóráil go sealadach, amhail críochfoirt i gcalafoirt intíre nó mhuirí, in aerfoirt ***maille*** le críochfoirt iarnróid, lena n-áirítear ardáin lóistíochta ilmhódaí dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/1153; | (m) ciallaíonn 'críochfort lasta ilmhódach' struchtúr atá feistithe chun trasloingsiú ***a chur i gcrích*** idir dhá mhodh iompair ar a laghad nó idir dhá chóras dhifriúla iarnróid ***nó báirse***, agus chun ***lastas*** a stóráil go sealadach, amhail críochfoirt i gcalafoirt intíre nó mhuirí, in aerfoirt ***mar aon*** le críochfoirt iarnróid, lena n-áirítear ardáin lóistíochta ilmhódaí dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/1153; |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe n**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(n) ciallaíonn 'ardán lóistíochta' limistéar atá nasctha go díreach le bonneagar iompair an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair lena n-áirítear críochfort lasta amháin ar a laghad, agus lenar féidir gníomhaíochtaí lóistíochta a dhéanamh;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe p**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (p) ciallaíonn 'modhanna gníomhacha' daoine nó earraí a iompar, trí mhodhanna gan inneall, bunaithe ar ghníomhaíocht choirp an duine; | (p) ciallaíonn 'modhanna gníomhacha' daoine nó earraí a iompar, trí mhodhanna gan inneall, bunaithe ar ghníomhaíocht choirp an duine ***nó trí mheascán de mhótar leictreach agus cumhacht an duine***; |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe q**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (q) ciallaíonn 'córais TFC ***le haghaidh iompair***' córais agus feidhmchláir ***theicneolaíochta*** faisnéise agus cumarsáide a úsáideann teicneolaíochtaí ***faisnéise, cumarsáide,*** loingseoireachta nó suite/logánaithe, lenar féidir na sonraí agus an fhaisnéis a phróiseáil, a stóráil agus a mhalartú ***is gá*** chun bonneagar, soghluaisteacht agus trácht ***a bhainistiú go héifeachtach*** ar an ngréasán tras-Eorpach iompair, faisnéis ábhartha a thuairisciú do na húdaráis agus seirbhísí breisluacha a | (q) Ciallaíonn 'córais TFC ***don iompar***' córais agus feidhmchláir ***teicneolaíochta*** faisnéise agus cumarsáide a úsáideann ***faisnéis, cumarsáid,*** teicneolaíochtaí loingseoireachta nó suite/logánaithe, ***lena n-áirítear teicneolaíochtaí spásbhunaithe,*** lenar féidir na sonraí agus an fhaisnéis ***is gá*** a phróiseáil, a stóráil agus a mhalartú chun bonneagar, soghluaisteacht agus trácht ar an ngréasán tras-Eorpach iompair ***a bhainistiú go héifeachtach***, ***chun*** faisnéis |

sholáthar do shaoránaigh, do ***lastóirí*** agus d'oibreoirí, lena n-áirítear córais chun an gréasán a úsáid ***go hathléimneach, go*** slán ***sábháilte***, fónta ó thaobh an chomhshaoil de agus éifeachtúil ó thaobh ***toillte*** de. Áirítear orthu sin córais, teicneolaíochtaí agus seirbhísí dá dtagraítear i bpointí (r) go (x) agus féadfar a áireamh orthu freisin feistí ar bord a bhfuil comhpháirteanna comhfhreagracha bonneagair acu;

ábhartha a thuairisciú do na húdaráis agus ***chun*** seirbhísí breisluacha a sholáthar do shaoránaigh, do ***sheoltóirí*** agus d'oibreoirí, lena n-áirítear córais chun an gréasán a úsáid ***ar bhealach athléimneach, sábháilte,*** slán, fónta ó thaobh an chomhshaoil de agus éifeachtúil ó thaobh ***acmhainneachta*** de. Áirítear orthu sin córais, teicneolaíochtaí agus seirbhísí dá dtagraítear i bpointí (r) go (x) agus féadfar a áireamh orthu freisin feistí ar bord a bhfuil comhpháirteanna comhfhreagracha bonneagair acu;

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe v**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) ciallaíonn '***Córas Bainistíochta*** Aerthráchta / Seirbhísí ***Aerloingseoireachta' (Córas BAT/SAL) córais*** agus ***comhdhamhnaí a úsáidtear chun bainistiú aerthráchta nó seirbhísí aerloingseoireachta, nó iad araon, a sholáthar***; | (v) ciallaíonn '***Bainistíocht*** Aerthráchta ***(ATM)' comhiomlánú na bhfeidhmeanna agus*** seirbhísí ***aerbheirthe, talamhbhunaithe*** agus ***spásbhunaithe (seirbhísí aerthráchta, bainistiú aerspáis agus bainistíocht na sreibhe aerthráchta) a bhfuil gá leis chun gluaiseacht shábháilte agus éifeachtúil aerárthach a áirithiú le linn chéimeanna uile na n-oibríochtaí***; |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe w**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (w) ciallaíonn '***an*** Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid' (ERTMS) an córas a ***shainmhínítear in*** Iarscríbhinn***, pointe 2.2,*** a ghabhann le Rialachán (AE) ***2016/919 ón gCoimisiún***[38]; | (w) ciallaíonn 'Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid' (ERTMS) an córas a ***shainítear i bpointe 2.2 den*** Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) ***2016/91938***[38] ***ón gCoimisiún, agus i gcomhthéacs spriocdhátaí cur chun feidhme, tagraíonn sé don dá chuid den*** |

| | |
|---|---|
| | ***ERTMS atá ann cheana: ETCS agus GSM-R/GPRS/FRMCS***; |
| [38] Rialachán (AE) Uimh. 2016/2014 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras 'um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht' an chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh ( IO L 158, 15.6.2014, lch. 1). | [38] Rialachán (AE) Uimh. 2016/2014 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras 'um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht' an chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh ( IO L 158, 15.6.2014, lch. 1). |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe x**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (x) ciallaíonn 'ERTMS atá bunaithe ar raidió' ***ERTMS*** ar leibhéal 2 nó ar leibhéal 3 a úsáideann raidió chun ***údaráis a dhul chuig an*** traein de bhun Rialachán (AE) ***2016/919 ón gCoimisiún***[39]; | (x) ciallaíonn 'ERTMS atá bunaithe ar raidió' ***an feidhmchlár ETCS*** ar leibhéal 2 nó ar leibhéal 3 ***maidir leis an gcóras rialaithe traenach atá bunaithe ar raidió ar féidir é*** a ***úsáid le córas aicme B nó gan é agus le comharthaí taobh riain nó gan iad agus a*** úsáideann raidió ***(GSM-R/GPRS/FRMCS)*** chun ***gach malartú sonraí a bhaineann le sábháilteacht agus neamhshábháilteacht idir rian agus*** traein ***a chur ar aghaidh*** de bhun Rialachán (AE) ***2016/919***[39] ***ón gCoimisiún***; |
| [39] Rialachán (AE) Uimh. 2016/2014 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le 'fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht' an chórais iarnróid san Aontas Eorpach (IO L 158, 12.12.2014, lch. 1). | [39] Rialachán (AE) Uimh. 2016/2014 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le 'fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht' an chórais iarnróid san Aontas Eorpach (IO L 158, 12.12.2014, lch. 1). |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe y a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ya) ciallaíonn 'abhainn shaorsruthach' abhainn a thacaíonn le nascacht uisce, dríodair, cothaithach, ábhair agus orgánach laistigh den chóras abhann agus leis na tírdhreacha máguaird, i ngach ceann de na ceithre thoise seo a leanas: fadachar (an nascacht idir taobh thuas agus taobh thíos na habhann); cliathánach (an nascacht leis an tuilemhá agus leis na limistéir bhruachánacha); ingearach (an nascacht le screamhuisce agus leis an atmaisféar); agus séasúrach (an nascacht atá bunaithe ar shéasúracht floscaí);*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe z**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (z) ciallaíonn 'calafort muirí' limistéar talún agus uisce atá comhdhéanta de bhonneagar agus de threalamh den chineál sin a cheadaíonn, go príomha, glacadh le soithí ***uisce-iompartha***, iad a luchtú agus a dhíluchtú, earraí a stóráil, na hearraí sin a ghlacadh agus a sheachadadh agus paisinéirí, criú agus daoine eile a bhordáil agus a dhíbhordáil agus aon bhonneagar eile atá riachtanach d'oibreoirí iompair laistigh de limistéar an chalafoirt; | (z) ciallaíonn 'calafort muirí' limistéar talún agus uisce atá comhdhéanta de bhonneagar agus de threalamh den chineál sin a cheadaíonn, go príomha, glacadh le soithí ***muirghabhála***, iad a luchtú agus a dhíluchtú, earraí a stóráil, na hearraí sin a ghlacadh agus a sheachadadh agus paisinéirí, criú agus daoine eile a bhordáil agus a dhíbhordáil agus aon bhonneagar eile atá riachtanach d'oibreoirí iompair laistigh de limistéar an chalafoirt; |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (aa) ciallaíonn 'loingseoireacht ghearrthurais' gluaiseacht lastais agus | (aa) ciallaíonn 'loingseoireacht ghearrthurais' gluaiseacht lastais agus |

| | |
|---|---|
| paisinéirí ar ***an bhfarraige*** idir calafoirt atá suite in uiscí geografacha Ballstát nó idir calafort atá suite in uiscí ***Ballstát*** agus calafort atá suite in uiscí tríú tír ***chomharsanachta*** a bhfuil ***imeallbhord*** aici ar ***uiscí teorann na bhfarraigí iata de chuid an Aontais***; | paisinéirí ar ***muir*** idir calafoirt atá suite in uiscí geografacha ***i mBallstát amháin nó i roinnt*** Ballstát nó idir calafort atá suite in uiscí ***na mBallstát*** agus calafort atá suite in uiscí tríú tír ***comharsanachta*** a bhfuil ***cósta*** aici ar ***na farraigí atá ar theorainn le huiscí Ballstáit amháin nó níos mó***; |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe aj**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (aj) ciallaíonn 'cothabháil' gníomhaíochtaí nach mór a dhéanamh go rialta***,*** go tréimhsiúil ***nó i gcásanna éigeandála chun a bheith in ann úsáid a bhaint as an tsócmhainn*** le linn a ***saolré seirbhíse ionchasach leis an leibhéal céanna seirbhíse*** agus sábháilteachta, i gcomhréir leis an Rialachán seo; | (aj) ciallaíonn 'cothabháil' gníomhaíochtaí ***agus oibreacha*** nach mór a dhéanamh go rialta ***nó*** go tréimhsiúil ***agus é mar aidhm leis riocht agus cumas an bhonneagair atá ann cheana a chothabháil*** le linn a ***shaolré chun ardleibhéal seirbhísí*** agus sábháilteachta ***a áirithiú***, i gcomhréir leis an Rialachán seo; |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe an a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(an a) ciallaíonn 'cinneadh údarúcháin tionscadail' an cinneadh nó sraith cinntí, a d'fhéadfadh a bheith de chineál riaracháin, a ghlacann údarás nó údaráis Ballstáit go comhuaineach nó i ndiaidh a chéile, gan údaráis achomhairc riaracháin agus bhreithiúnacha a áireamh, faoi chóras dlí náisiúnta agus faoi dhlí riaracháin náisiúnta lena gcinntear cibé atá tionscnóir tionscadail i dteideal an tionscadal ar an limistéar geografach lena mbaineann ar an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur chun feidhme nó nach bhfuil, gan dochar d'aon chinneadh arna dhéanamh i*** |

| | |
|---|---|
| | ***gcomhthéacs nós imeachta achomhairc riaracháin nó bhreithiúnaigh i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/1187 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘Treoir TEN-T Cliste’);*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe an b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(an b) ciallaíonn ‘údarás ainmnithe’ an t-údarás arb é pointe teagmhála an tionscnóra tionscadail é agus a éascaíonn próiseáil éifeachtúil agus struchtúrtha nósanna imeachta um dheonú ceadanna i gcomhréir le Treoir (AE) 2021/1187 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (“Treoir TEN-T Cliste”);*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe an c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(an c) ciallaíonn ‘bonneagar criticiúil’ sócmhainn, córas nó cuid de chóras a úsáidtear chun críoch iompair agus atá suite i mBallstát amháin nó níos mó atá fíor-riachtanach chun feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha, sláinte, sábháilteacht, slándáil, cosanta leas eacnamaíoch nó sóisialta na ndaoine a chothabháil, agus a mbeidh tionchar suntasach ag a bhriseadh nó a scriosadh i mBallstát mar thoradh ar an mainneachtain na feidhmeanna sin a chothabháil;*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe an d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(an d) ciallaíonn 'EuroVelo' líonra Eorpach na mbealaí rothaíochta fadraoin a thrasnaíonn agus a nascann mór-roinn na hEorpa, lena n-áirítear an 17 mbealach EuroVelo sa ghréasán;*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe an e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(an e) ciallaíonn 'innéacs nascachta gréasáin' innéacs lena léirítear an leibhéal comhtháthaithe a bhaintear amach trí úsáid a bhaint as seirbhísí ar gach gréasán iompair agus lena léirítear a n-acmhainneacht, atá comhdhéanta d'innéacsanna ualaithe nascachta do na príomhmhodhanna iompair lena sainaithnítear comhsheasmhacht, cáilíocht, rochtain neamh-idirdhealaitheach do gach rannpháirtí sa mhargadh, éagsúlacht na tairisceana chomh maith leis na féidearthachtaí idirmhódúlachta idir modhanna iompair.*** |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe an f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(an f) ciallaíonn 'moill shuntasach' tionscadail, caighdeáin oibríochtúla agus theicniúla ar an ngréasán, lárnach, fairsing agus cuimsitheach a bhfuil moill níos mó ná dhá bhliain orthu i ndáil leis na spriocdhátaí cur chun feidhme a*** |

***leagtar síos sa Rialachán seo, agus sna gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear ann;***

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leis an ngréasán tras-Eorpach iompair, neartófar comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach an Aontais agus cuirfear le cruthú limistéir Eorpaigh iompair aonair a bheidh inbhuanaithe, éifeachtúil agus athléimneach, agus a mhéadóidh na sochair dá úsáideoirí agus a thacóidh le fás uileghabhálach. Léireoidh sé breisluach Eorpach trí chur leis na cuspóirí a leagtar síos sna ceithre chatagóir seo a leanas: | 2. Leis an ngréasán tras-Eorpach iompair, neartófar comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach an Aontais agus cuirfear le cruthú limistéir Eorpaigh iompair aonair a bheidh ***iomaíoch,*** inbhuanaithe, éifeachtúil agus athléimneach, agus a mhéadóidh na sochair dá úsáideoirí agus a thacóidh le fás uileghabhálach. Léireoidh sé breisluach Eorpach trí chur leis na cuspóirí a leagtar síos sna ceithre chatagóir seo a leanas: |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn i gcomhréir le spriocanna ábhartha an Aontais maidir le laghdú $CO_2$; | (i) soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha ***agus ísle*** a chur chun cinn i gcomhréir le spriocanna ábhartha an Aontais maidir le laghdú ***ar*** $CO_2$; |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe a – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) úsáid níos fearr modhanna iompair níos inbhuanaithe a chumasú, lena n-áirítear trí ghréasán paisinéirí ***iarnróid*** fad- | (ii) úsáid níos fearr modhanna iompair níos inbhuanaithe a chumasú, lena n-áirítear trí ***fhorbairt bhreise a dhéanamh*** |

| | |
|---|---|
| achair ***a fhorbairt a thuilleadh*** ar ardluas agus ***gréasán*** lasta iarnróid idir-inoibritheach go hiomlán, gréasán iontaofa loingseoireachta intíre agus gearrthurais muiriompair ar fud an Aontais; | ***ar*** ghréasán ***iarnróid*** paisinéirí fad-achair ***atá idir -inoibritheach go hiomlán agus*** ar ardluas agus ***ar ghréasán*** lasta iarnróid idir-inoibritheach go hiomlán, gréasán iontaofa loingseoireachta intíre agus gearrthurais muiriompair ***do phaisinéirí agus le haghaidh lasta*** ar fud an Aontais; |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe a – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) ***costais sheachtracha*** a laghdú, lena n-áirítear na costais sin a bhaineann leis an gcomhshaol, leis an tsláinte, le plódú agus le tionóiscí; | (iv) ***seachtrachtaí diúltacha*** a laghdú, lena n-áirítear na costais sin a bhaineann leis an gcomhshaol, leis an ***aeráid, leis an*** tsláinte, le plódú agus le tionóiscí; |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe a – pointe v a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(v a) rannchuidiú le teicneolaíochtaí dícharbónaithe a imscaradh, lena n-áirítear trí bhonneagar breoslaí malartacha, agus sineirgí a bharrfheabhsú le Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a];*** |
| | ***[1a] Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lch.*** |

| | |
|---|---|
| | ***45).*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe a – pointe v b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(v b) bonneagar modhanna gníomhacha a chur chun cinn;*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) inrochtaineacht agus nascacht gach réigiúin den Aontas, ***lena n-áirítear*** réigiúin atá forimeallach agus réigiúin eile atá iargúlta, oileánach, cúlánta agus sléibhtiúil, chomh maith le limistéir inar tearc an daonra; | (i) inrochtaineacht agus nascacht gach réigiúin den Aontas, ***aird ar leith á tabhairt ar na*** réigiúin atá forimeallach agus réigiúin eile atá iargúlta, oileánach, cúlánta agus sléibhtiúil, chomh maith le limistéir inar tearc an daonra; |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe b – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) na bearnaí atá i gcáilíocht bhonneagair ***idir*** na Ballstáit ***a laghdú***; | (ii) na bearnaí atá i gcáilíocht bhonneagair ***a laghdú agus acmhainneacht an ghréasáin a mhéadú ag an am céanna, laistigh de*** na Ballstáit ***agus eatarthu***; |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe b – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) comhordú éifeachtúil agus idirnasc idir bonneagar iompair le haghaidh ***tráchta*** fadraoin ar thaobh amháin, agus le haghaidh ***tráchta réigiúnaigh*** agus áitiúil ***agus seirbhís iompair i nóid uirbeacha*** ar an taobh eile, i ***gcás tráchta paisinéirí agus lasta araon***; | (iii) ***i gcás trácht paisinéirí agus lasta araon,*** comhordú éifeachtúil agus idirnasc idir bonneagar iompair le haghaidh ***trácht*** fadraoin ar thaobh amháin, agus le haghaidh ***trácht réigiúnach*** agus áitiúil ar an taobh eile ***chun seirbhísí iompair a fheabhsú***, ***lena n-áirítear*** i ***nóid uirbeacha***; |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe b – pointe iv a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iv a) córais dhigiteacha idir-inoibritheacha Eorpacha chun na gréasáin modhanna iompair uile a bhainistiú;*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe b – pointe iv b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iv b) treoiruimhir na comhcheangailte gréasáin a mhéadú;*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe c – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ***dheireadh*** a chur le ***bonneagar scrogall*** agus an bhearna a líonadh idir na naisc atá in easnamh, laistigh de na bonneagair iompair agus ag pointí ceangail | (i) ***deireadh*** a chur le ***scrogaill bhonneagair*** agus an bhearna a líonadh idir na naisc atá in easnamh, laistigh de na bonneagair iompair agus ag pointí ceangail |

| | |
|---|---|
| eatarthu ***sin araon***, laistigh de chríocha na mBallstát agus ***eatarthu***; | eatarthu, laistigh de chríocha na mBallstát agus ***idir na Ballstáit, agus nascadh, i gcás inarb iomchuí, le tríú tíortha comharsanachta***; |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe c – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) idir-inoibritheacht ***na ngréasán*** iompair náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil; | (iii) idir-inoibritheacht ***gréasán*** iompair ***Eorpach,*** náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ***trí rialacha agus caighdeáin chomhchoiteanna theicniúla agus oibríochtúla Eorpacha, ceanglais maidir le trealamh teicniúil, deimhniúchán foirne, lena n-áirítear teanga aonair uile-Aontais a úsáid le haghaidh iompar iarnróid trasteorann***; |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe c – pointe vii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(vii a) leas iomlán a bhaint as toilleadh an ghréasáin iarnróid;*** |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe c – pointe vii b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(vii b) cláir chothabhála leanúnacha agus éifeachtúla;*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe c – pointe vii c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(vii c) comhordú níos fearr ar oibreacha bonneagair idir na Ballstáit do thionscadail trasteorann;*** |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe c – pointe vii d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(vii d) deireadh a chur le háiteanna ina bhfuil scrogaill, go háirithe i gcás naisc trasteorann;*** |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) inrochtaineacht úsáideoirí a áirithiú do riachtanais soghluaisteachta agus iompair na n-úsáideoirí agus na riachtanais sin a chomhlíonadh, agus riachtanais daoine i gcásanna leochaileachta á gcur san áireamh go háirithe, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus daoine a chónaíonn i réigiúin iargúlta, lena n-áirítear na réigiúin agus na hoileáin is forimeallaí; | (i) inrochtaineacht úsáideoirí a áirithiú do riachtanais soghluaisteachta agus iompair na n-úsáideoirí agus na riachtanais sin a chomhlíonadh, agus riachtanais daoine i gcásanna leochaileachta á gcur san áireamh go háirithe, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus daoine a chónaíonn i réigiúin iargúlta, lena n-áirítear na réigiúin agus na hoileáin is forimeallaí***, agus i limistéir thuaithe agus i limistéir inar tearc an daonra, agus, ar an gcaoi sin, bochtaineacht soghluaisteachta a chosc agus a mhaolú***;***;*** |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) ***chaighdeáin*** atá slán, sábháilte agus ar ardcháilíocht a áirithiú ***d'***iompar paisinéirí agus lasta araon, ***lena n-áirítear cáilíocht seirbhísí do na húsáideoirí***; | (ii) ***caighdeáin*** atá slán, sábháilte agus ar ardcháilíocht a áirithiú***, lena n-áirítear cáilíocht na seirbhísí do na húsáideoirí, i gcás*** iompar paisinéirí agus lasta araon, ***chomh maith le dálaí maithe oibre d'oibrithe***; |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d – pointe v**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) stóinseacht an bhonneagair a áirithiú, go háirithe maidir le ***stráicí*** trasteorann; | (v) stóinseacht an bhonneagair a áirithiú, go háirithe maidir le ***scrogaill*** trasteorann ***agus bonneagar criticiúil***; |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d – pointe vi a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(vi a) a áirithiú, i gcás inarb ábhartha, go ndéanfar codanna den ghréasán tras-Eorpach iompair a oiriúnú le haghaidh dé-úsáid an bhonneagair chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shibhialtacha agus chosanta araon, agus aird ar leith á tabhairt ar phríomhbhealaí a bhfuil tábhacht gheostraitéiseach ag baint leo don Aontas;*** |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d – pointe vi b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(vi b) tacú le soghluaisteacht rianúil san Aontas trí chomhchaighdeáin theicniúla agus oibríochtúla an bhonneagair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go docht;*** |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d – pointe vi c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(vi c) córais choiteanna dhigiteacha agus idir-inoibritheacha Eorpacha a áirithiú le haghaidh faisnéis do phaisinéirí agus ticéadú agus iompar lasta a chomhordú;*** |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d – pointe vi d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(vi d) soláthar na sonraí is gá chun líonraí a bhainistiú go digiteach a áirithiú;*** |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d – pointe vi e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(vi e) cothabháil leormhaith a áirithiú lena n-áiritheofar cáilíocht an bhonneagair iompair, agus lena n-uasmhéadófar an luach saolré ar airgead a infheistítear sa bhonneagar;*** |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gréasán atá tíosach ar acmhainní agus cosaint an chomhshaoil | Gréasán ***athléimneach*** atá tíosach ar acmhainní agus cosaint an chomhshaoil |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) comhrialacha Eorpacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun comhthionscadail a chur chun feidhme, go háirithe i gcodanna trasteorann;*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) comhtháthú agus idirnascadh bonneagair a bharrfheabhsú; | (b) comhtháthú agus idirnascadh bonneagair a bharrfheabhsú ***chun ilmhódúlacht a chothú***; |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) ***sineirgí*** a d'fhéadfadh a bheith ann le gréasáin eile a chur san áireamh, go háirithe na gréasáin thras-Eorpacha | (f) a d'fhéadfadh a bheith ann le gréasáin eile a chur san áireamh, ***lena n-áirítear modhanna gníomhacha,*** go |

| | |
|---|---|
| fuinnimh nó teileachumarsáide; | háirithe na gréasáin thras-Eorpacha fuinnimh nó teileachumarsáide ***lena n-áirítear an eangach leictreach iomlán chun comhsheasmhacht a áirithiú idir pleanáil bonneagair athluchtaithe agus pleanáil eangaí faoi seach***; ***sineirgí le líonra nó líonra EuroVelo a shainaithnítear i gCeanglais Mhíleata an Aontais Eorpaigh maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata;*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) bonneagar glas, inbhuanaithe agus athléimneach ó thaobh ***aeráide*** de a fhorbairt a bheidh deartha chun an tionchar diúltach ar shláinte na saoránach atá ina gcónaí timpeall an ghréasáin, ar an gcomhshaol agus ar dhíghrádú ***na n-éiceachóras a íoslaghdú***; | (g) bonneagar glas, inbhuanaithe agus athléimneach ó thaobh ***na haeráide*** de a fhorbairt***, lena n-áirítear bonneagar atá tiomnaithe do mhodhanna gníomhacha,***a bheidh deartha chun an tionchar diúltach ar shláinte na saoránach atá ina gcónaí timpeall an ghréasáin, ar an gcomhshaol***, ar thruailliú aeir*** agus ***torainn, agus*** ar dhíghrádú ***éiceachóras***; |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) aird iomchuí a thabhairt ar athléimneacht an ghréasáin iompar agus a ***bhonneagar*** maidir le haeráid atá ag athrú chomh maith le guaiseacha nádúrtha nó tubaistí de dhéantús an duine, chomh maith le suaitheadh a chuirfear ar bun d'aonturas, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin; | (h) aird iomchuí a thabhairt ar athléimneacht an ghréasáin iompar agus a ***bhonneagair chriticiúil*** maidir le haeráid atá ag athrú chomh maith le guaiseacha nádúrtha***, athruithe geopholaitiúla*** nó tubaistí de dhéantús an duine, chomh maith le suaitheadh a chuirfear ar bun d'aonturas, ***lena n- áirítear ag daoine nádúrtha nó gnóthais ó thríú tíortha,*** d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin; ***tabharfar aird ar leith ar bhonneagar criticiúil, chun*** |

***soláthar a áirithiú i dtráth an tsuaite;***

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuirfear measúnú comhshaoil ar phleananna agus ar thionscadail i gcrích i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE[49] ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE[50], 2001/42/CE[51], 2002/49/CE[52], 2009/147/CE[53] agus 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54]. I gcás na dtionscadal leasa choitinn nach bhfuil an measúnú comhshaoil déanta ina leith fós ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart a áireamh ann freisin measúnú ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. | 3. Cuirfear measúnú comhshaoil ar phleananna agus ar thionscadail i gcrích i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE[49] ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE[50], 2001/42/CE[51], 2002/49/CE[52], 2009/147/CE[53] agus 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54]. I gcás na dtionscadal leasa choitinn nach bhfuil an measúnú comhshaoil déanta ina leith fós ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart a áireamh ann freisin measúnú ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. ***Déanfar na measúnuithe comhshaoil sin i ndlúth-chomhlíonadh an tráthchláir uasta a leagtar síos i dTreoir TEN-T Cliste.*** |
| [49] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7). | [49] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7). |
| [50] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1). | [50] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1). |
| [51] Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30). | [51] Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30). |
| [52] Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an | [52] Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an |

| | |
|---|---|
| 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 189, 18.7.2002, lch. 12). | 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 189, 18.7.2002, lch. 12). |
| [53] Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7). | [53] Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7). |
| [54] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle na 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe i ndáil leis an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1). | [54] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle na 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe i ndáil leis an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1). |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Is é a bheidh sa chroíghréasán breisithe na codanna sin den ghréasán tras-Eorpach iompair a ***fhorbrófar*** mar ábhar tosaíochta chun na cuspóirí a bhaint amach d'fhonn an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt. | 3. Is é a bheidh sa chroíghréasán breisithe na codanna sin den ghréasán tras-Eorpach iompair a ***fhorbróidh na Ballstáit*** mar ábhar tosaíochta chun na cuspóirí a bhaint amach d'fhonn an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt. ***Chun na spriocdhátaí uile a chomhlíonadh, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh tosaíocht ag tabhairt chun críche an chroíghréasáin thar chur i gcrích na gcroíghréasán agus na ngréasán cuimsitheach leathnaithe;*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Arna iarraidh sin do Bhallstát nó do Bhallstáit lena mbaineann, i gcásanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh an Coimisiún díolúintí ó cheanglais phointe b a dheonú*** |

***le haghaidh tionscadal sonrach a mheastar a bheith riachtanach chun an tsoghluaisteacht mhíleata is gá a áirithiú ar fud an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 47a den Rialachán seo.***

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuimsíonn tionscadal leasa choitinn a thimthriall iomlán, lena n-áirítear staidéir indéantachta agus nósanna imeachta ceada, tógáil, oibriú agus meastóireacht. | 3. Cuimsíonn tionscadal leasa choitinn a thimthriall iomlán, lena n-áirítear staidéir indéantachta agus nósanna imeachta ceada, tógáil, oibriú ***(lena n-áirítear cothabháil)*** agus meastóireacht. |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta ***ar fad*** is gá chun a áirithiú go ***gcomhlíonfaidh*** na tionscadail ***na rialacha agus na nósanna imeachta*** ábhartha ***ar leibhéal*** an Aontais agus ***ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe gníomhartha dlí an Aontais maidir*** leis an ***gcomhshaol, cosaint aeráide, sábháilteacht, slándáil, iomaíocht, státchabhair, soláthar poiblí, sláinte phoiblí agus inrochtaineacht maille le reachtaíocht maidir le neamh-idirdhealú***. | 4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta ***uile*** is gá chun a áirithiú go ***ndéanfar*** na tionscadail ***i gcomhréir le dlí*** ábhartha an Aontais agus leis an ***dlí náisiúnta ábhartha***. |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar na Ballstáit, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, eintiteas amháin a bhunú chun tionscadail bhonneagair trasteorann leasa choitinn a thógáil agus a bhainistiú. Beidh stádas breathnóra ag an gComhordaitheoir Eorpach ábhartha ar an mbord bainistíochta nó maoirseachta nó ar an dá eintiteas aonair sin. | 5. Féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar na Ballstáit, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, eintiteas amháin a bhunú chun tionscadail bhonneagair trasteorann leasa choitinn a ***phleanáil, a*** thógáil agus a bhainistiú. Beidh stádas breathnóra ag an gComhordaitheoir Eorpach ábhartha ar an mbord bainistíochta nó maoirseachta nó ar an dá eintiteas aonair sin. |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcoinneofar na tionscadail ar bhealach ina gcuirfidh siad an leibhéal céanna seirbhíse agus sábháilteachta ar fáil, agus go n-áiritheofar acmhainneacht leordhóthanach, ar feadh a saolré.*** |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 b. Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun leanúnachas san infheistíocht le haghaidh tionscadal leasa choitinn iompair a áirithiú. I gcás ina ndéanfar infheistíocht a scor nó a laghdú, tabharfaidh na Ballstáit údar cuí don Choimisiún lena gcinneadh, bunaithe ar anailís shocheacnamaíoch costais is tairbhe.*** |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 c. I gcás inarb ann do nósanna imeachta sonracha um dheonú ceadanna le haghaidh tionscadail tosaíochta faoin dlí náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar tionscadail leasa choitinn ar cuid den chroíghréasán iad a láimhseáil faoi na nósanna imeachta sin, sna cásanna ina bhforáiltear don chóir sin sa reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis na cineálacha comhfhreagracha bonneagair iompair agus sa chaoi a ndéantar é sin. Chun nósanna imeachta riaracháin éifeachtúla a áirithiú maidir le tionscadail leasa choitinn, áiritheoidh tionscnóirí tionscadail agus gach údarás lena mbaineann go ndéanfar na tionscadail sin a láimhseáil ar an mbealach is gasta is féidir ó thaobh an dlí de.*** |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 d. Faoin... [6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] bunóidh an Coimisiún, trí ghníomh cur chun feidhme, modheolaíocht chomhchuibhithe le haghaidh anailís chostais/sochair shocheacnamaíoch na dtionscadal leasa choitinn dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 5b den Airteagal seo. Leis an modheolaíocht sin, beifear in ann breithmheas trédhearcach agus comparáideach a dhéanamh ar thograí tionscadail éagsúla faoi mheasúnuithe saolré, lena n-áirítear tosaíocht a thabhairt do thionscadail i dtéarmaí*** |

***breisluacha Eorpaigh, go háirithe maidir le codanna trasteorann, naisc atá in easnamh, nascphointí ilmhódacha agus scrogaill.***

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) fairsingiú bheartas an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair go tríú tíortha a chur chun cinn; | (a) fairsingiú bheartas an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair go tríú tíortha a chur chun cinn***, lena n-áirítear chun bonneagar breoslaí malartacha a imscaradh***; |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***muiriompar*** a éascú agus bealaí loingseoireachta gearrthurais a chur chun cinn le tríú tíortha***.*** | (e) ***an t-iompar muirí*** a éascú agus bealaí loingseoireachta gearrthurais a chur chun cinn le tríú tíortha***, lena n-áirítear tríú tíortha atá gar go díreach do na réigiúin is forimeallaí san Aontas;*** |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(h a) iompar iarnróid le tríú tíortha a éascú.*** |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Sa chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CMA) 2028-2035 eile, cruthófar clúdach buiséid a bheidh tiomnaithe do 'iompar seachtrach' in SCE III, chun comhar le tríú tíortha a mhéadú ó thaobh tionscadail trasteorann agus imlonnú bonneagair de. Beidh an t-imchlúdach airgeadais nua sin cothrom le 30 % ar a laghad de mhéid chlár reatha SCE agus soláthrófar é faoi Cheannteideal 5 (Slándáil agus Cosaint) agus faoi Cheannteideal 6 (an Chomharsanacht agus an domhan) de CAI.*** |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is éard a bheidh sa chroíghréasán agus sa chroíghréasán breisithe na codanna sin den ghréasán cuimsitheach a dhéanfar a fhorbairt mar ábhar tosaíochta chun cuspóirí bheartas an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bhaint amach. Déanfar tagairtí ***do*** 'croíghréasán' i Rialachán (AE) 2021/1153 a fhorléiriú mar thagairtí ***a fholaíonn*** 'croíghréasán' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo. Déanfar tagairtí don 'croíghréasán' i Rialachán (AE) [...] [maidir le bonneagar breoslaí malartacha a imscaradh] a fhorléiriú mar thagairtí do 'croíghréasán' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo é. Déanfar tagairtí do 'gréasán cuimsitheach' i Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí iomadúla] a fhorléiriú mar thagairtí do 'chroíghréasán méadaithe' agus do 'gréasán cuimsitheach' mar a | 2. Is éard a bheidh sa chroíghréasán agus sa chroíghréasán breisithe na codanna sin den ghréasán cuimsitheach a dhéanfar a fhorbairt mar ábhar tosaíochta chun cuspóirí bheartas an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bhaint amach. ***Na tagairtí do 'ghréasán cuimsitheach' i Rialachán (AE) 2021/1153. forléireofar iad mar thagairtí a fholaíonn 'croíghréasán leathnaithe' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo, go dtí go mbeidh a chroíghréasán tugtha chun lánchríche ag Ballstát. A luaithe a bheidh a chroíghréasán tugtha chun críche ag Ballstát,*** déanfar tagairtí ***don*** 'croíghréasán' i Rialachán (AE) 2021/1153 a fhorléiriú mar thagairtí ***lena n-áirítear*** 'croíghréasán ***leathnaithe***' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo. Déanfar tagairtí don 'croíghréasán' i Rialachán (AE) [...] [maidir le bonneagar breoslaí |

shainmhínítear sa Rialachán seo.

malartacha a imscaradh] a fhorléiriú mar thagairtí do 'croíghréasán' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo é. Déanfar tagairtí do 'gréasán cuimsitheach' i Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí iomadúla] a fhorléiriú mar thagairtí do 'chroíghréasán méadaithe' agus do 'gréasán cuimsitheach' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo.

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta iomchuí maidir leis na Conairí Eorpacha Iompair a bheidh le forbairt chun forálacha an Rialacháin seo a chomhlíonadh, faoin 31 Nollaig 2030 maidir lena mbonneagar ar cuid den chroíghréasán é, mura sonraítear a mhalairt, agus faoin 31 Nollaig 2040 dá mbonneagar ar cuid den chroíghréasán breisithe é, mura sonraítear a mhalairt. | 2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta iomchuí maidir leis na Conairí Eorpacha Iompair a bheidh le forbairt chun forálacha an Rialacháin seo a chomhlíonadh, faoin 31 Nollaig 2030 maidir lena mbonneagar ar cuid den chroíghréasán é, mura sonraítear a mhalairt ***sa Rialachán seo***, agus faoin 31 Nollaig 2040 dá mbonneagar ar cuid den chroíghréasán breisithe é, mura sonraítear a mhalairt ***sa Rialachán seo***. |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***gníomhaíocht*** iompair lasta agus paisinéirí ***a mhéadú trí*** mhodhanna iompair níos inbhuanaithe d'fhonn astaíochtaí GCT ó iompar a laghdú; | (a) ***sciar na gníomhaíochta*** iompair lasta agus paisinéirí ***de*** mhodhanna iompair níos inbhuanaithe ***a mhéadú*** d'fhonn astaíochtaí GCT ***agus truailliú*** ó iompar a laghdú; |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) inrochtaineacht agus nascacht ***níos fearr*** a áirithiú do réigiúin uile an Aontais agus comhtháthú críochach agus sóisialta á chur san áireamh ***chomh maith le*** cás sonrach na réigiún is forimeallaí agus réigiúin iargúlta, oileánacha, fhorimeallacha agus shléibhtiúla chomh maith le limistéir inar tearc an daonra; | (b) inrochtaineacht agus nascacht ***fheabhsaithe*** a áirithiú do réigiúin uile an Aontais agus comhtháthú críochach agus sóisialta á chur san áireamh ***ag an am céanna, agus go háirithe*** cás sonrach na réigiún is forimeallaí agus réigiúin iargúlta, oileánacha, fhorimeallacha agus shléibhtiúla ***eile*** chomh maith le limistéir inar tearc an daonra; |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) ***bearnaí*** a líonadh ***sna*** naisc atá in easnamh agus ***deireadh a chur le scrogaill***, go háirithe i ***stráicí*** trasteorann; | (d) ***an bhearna*** a líonadh ***idir*** naisc atá in easnamh agus ***scrogaill a bhaint***, go háirithe i ***ndáil le codanna*** trasteorann ***nó naisc thrasteorann de réir bhrí Rialachán (AE) 2021/1153***; |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) an bonneagar ***is gá*** a imscaradh ***chun*** cúrsaíocht rianúil feithiclí astaíochtaí nialasacha a ***áirithiú***; | (e) an bonneagar ***riachtanach*** a imscaradh ***lena n-áirithítear*** cúrsaíocht rianúil feithiclí***, soithí agus aerárthaí*** astaíochtaí nialasacha ***agus astaíochtaí ísle*** a ***úsáideann breoslaí malartacha mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí iomadúla]***; |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) úsáid éifeachtúil agus inbhuanaithe an bhonneagair a chur chun cinn agus, más gá, an toilleadh a mhéadú; | (f) úsáid éifeachtúil***, rianúil*** agus inbhuanaithe an bhonneagair a chur chun cinn agus, más gá, an toilleadh a mhéadú; |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) bonneagar atá ann cheana a choinneáil oibríochtúil agus a cháilíocht a ***fheabhsú nó*** a chothabháil ó thaobh ***shábháilteacht***, ***shlándáil,*** éifeachtúlacht an chórais iompair agus oibríochtaí iompair, athléimneacht ***aeráide*** agus tubaistí, feidhmíocht chomhshaoil, agus leanúnachas ***sreabha*** tráchta; | (g) ***an*** bonneagar atá ann cheana a choinneáil oibríochtúil agus a cháilíocht a ***bharrfheabhsú,*** a chothabháil***, achomhdhlúthú agus a uasghrádú*** ó thaobh ***sábháilteachta***, ***slándála,*** éifeachtúlacht an chórais iompair agus oibríochtaí iompair, athléimneacht ***an bhonneagair chriticiúil chomh maith le hathléimneacht ó thaobh na haeráide*** agus ***ó thaobh*** tubaistí ***de***, feidhmíocht chomhshaoil, agus leanúnachas ***sreafaí*** tráchta; |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) cáilíocht na seirbhísí agus na gcoinníollacha sóisialta d'oibrithe iompair a fheabhsú, inrochtaineacht do na húsáideoirí uile, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus daoine eile i gcásanna leochaileachta; | (h) cáilíocht na seirbhísí agus na gcoinníollacha sóisialta d'oibrithe iompair a fheabhsú, inrochtaineacht do na húsáideoirí uile, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus daoine eile i gcásanna leochaileachta***, bochtaineacht soghluaisteachta a chosc agus a mhaolú***; |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(h a) cur chun feidhme agus dian-fhorfheidhmiú na gcomhchaighdeán oibríochtúil agus teicniúil a áirithiú;*** |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) córais TFC ***don iompar*** a chur chun feidhme agus a imscaradh. | (i) córais TFC a chur chun feidhme agus a imscaradh ***le haghaidh iompair agus forfheidhmiú digiteach a chumasú***. |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i a) a áirithiú go bhforchoimeádfar toilleadh leordhóthanach do phaisinéirí agus lasta iarnróid ar na conairí, le cion cothrom do gach ceann acu, tar éis na Conairí Lasta Iarnróid a chomhtháthú i gConairí Iompair na hEorpa;*** |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe i b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i b) sineirgí a lorg i ngach modh iompair, lena n-áirítear modhanna*** |

***gníomhacha, agus bacainní ar shoghluaisteacht ghníomhach a bhaint agus an bonneagar á uasghrádú nó á nuathógáil;***

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe i c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i c) an bonneagar a oiriúnú, i gcás inar gá, don dé-úsáid chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shibhialtacha agus chosanta araon, agus aird ar leith á tabhairt ar bhonneagar straitéiseach an Aontais;*** |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe i d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i d) bonneagar nua a thabhairt cothrom le dáta agus, i gcás inarb ábhartha, a thógáil, go háirithe chun acmhainn a mhéadú le haghaidh modhanna iompair níos inbhuanaithe i gcomhréir le mír 1 pointe (a) den Airteagal seo.*** |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) rannchuidiú le laghdú astaíochtaí nialasacha iompair agus le slándáil mhéadaithe fuinnimh trí úsáid feithiclí agus soithí astaíochtaí nialasacha agus ***úsáid*** | (a) rannchuidiú le laghdú astaíochtaí nialasacha iompair agus le slándáil mhéadaithe fuinnimh trí úsáid feithiclí agus soithí astaíochtaí nialasacha agus |

| | |
|---|---|
| breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a chur chun cinn, trí bhonneagar breoslaí malartacha comhfhreagracha a imscaradh; | ***astaíochtaí ísle agus*** breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a chur chun cinn, trí bhonneagar breoslaí malartacha comhfhreagracha a imscaradh ***i gcomhréir le Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha]***; |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) éifeachtaí diúltacha iompar idirthurais iarnróid agus iompar idirthurais de bhóthar ar limistéir uirbeacha a mhaolú; | (b) éifeachtaí diúltacha iompar idirthurais iarnróid agus iompar idirthurais de bhóthar ar limistéir uirbeacha ***agus tuaithe*** a mhaolú; |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) rochtain chomhionann ar bhonneagar TEN-T a áirithiú do gach rannpháirtí sa mhargadh.*** |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d b) laghdú suntasach ar amanna feithimh teorann d'iompar lasta de bhóthar;*** |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe d c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d c) dlús a chur le tógáil 'línte tógála nua réamh-mheasta' i gcodanna trasteorann, trí bhainistíocht eintitis aonair agus trí nós imeachta mear, d'fhonn an trácht lasta iarnróid a mhéadú;*** |

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe d d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d d) athléimneacht an ghréasáin a mhéadú, agus béim á leagan ar bhonneagar criticiúil agus ar bhonneagar dé-úsáide;*** |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) gréasán lasta iarnróid ***a fheidhmíonn go hiomlán*** agus atá idir-inoibritheach go hiomlán ***a fhorbairt*** ar fud an Aontais; | (a) gréasán lasta iarnróid ***ardfheidhmíochta*** agus ***rianúil*** atá idir-inoibritheach go hiomlán ar fud an Aontais ***a fhorbairt***; |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) córas bonneagair rianúil intíre, eitlíochta agus muirí a fhorbairt; | (c) córas bonneagair rianúil intíre, eitlíochta agus muirí a fhorbairt ***do*** |

| | |
|---|---|
| | ***phaisinéirí agus le haghaidh lasta***; |

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) gréasán bóithre sábháilte agus slán a fhorbairt, ina mbeidh bonneagair breoslaí malartacha leordhóthanacha; | (d) gréasán bóithre sábháilte agus slán a fhorbairt, ina mbeidh bonneagair breoslaí malartacha leordhóthanacha***, agus limistéir pháirceála trucailí atá sábháilte agus slán***; |

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) forbairt ar réitigh ***fheabhsaithe*** ilmhódacha agus idir-inoibritheacha iompair; | (e) forbairt ar réitigh ilmhódacha agus idir-inoibritheacha iompair; |

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) an bonneagar ***is gá*** a imscaradh ***chun*** cúrsaíocht rianúil feithiclí astaíochtaí nialasacha a ***áirithiú.*** | (g) an bonneagar ***riachtanach*** a imscaradh ***lena n-áirithítear*** cúrsaíocht rianúil feithiclí***, soithí agus aerárthaí*** astaíochtaí nialasacha ***agus astaíochtaí ísle*** a ***úsáideann breoslaí malartacha mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí iomadúla];*** |

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(g a) córais TFC a úsáid ar gach modh ar an líonra chun úsáid éifeachtúil an bhonneagair a áirithiú;*** |

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe g b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(g b) feabhas a chur ar na naisc idir an gréasán tras-Eorpach iompair agus gréasáin bhonneagair na dtíortha comharsanacha, chomh maith le feabhas a chur ar bhonneagar tras-Eorpach iompair ar chríoch tíortha comharsanachta.*** |

**Leasú 185**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) Faoin... [dáta sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], críochnóidh an Coimisiún staidéar maidir le gach ceann de Phríomhchathracha an Aontais, de mhórchathracha roghnaithe agus de limistéir uirbeacha a nascadh le gréasán líne ardluais iarnróid. Déanfar an staidéar a fhorbairt i gcomhar leis na Ballstáit a rachaidh i gcomhairle leis na geallsealbhóirí, agus go háirithe le bainisteoirí bonneagair iarnróid. Sainaithneofar sa staidéar na hionstraimí airgeadais chun tógáil an ghréasáin a mhaoiniú. Beidh conclúidí an staidéir mar bhonn ag na Ballstáit chun gréasán*** |

| | |
|---|---|
| | ***ardluais Eorpach a fhorbairt.*** |

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(f a) bonneagar a bhaineann le saoráidí breoslaí malartacha, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí iomadúla];*** |

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Maidir le bonneagar iarnróid an ghréasáin chuimsithigh***, lena n-áirítear naisc dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 14(1), áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas*** faoin 31 Nollaig 2050: | 2. ***Áiritheoidh na Ballstáit*** maidir le bonneagar iarnróid an ghréasáin chuimsithigh faoin 31 Nollaig 2050: |

**Leasú 188**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go mbeidh sé leictrithe ***go hiomlán*** maidir le rianta líne agus, a mhéid is gá d'oibríochtaí na dtraenacha leictreacha, maidir le taobhlaigh***;*** | (a) go mbeidh sé leictrithe maidir le rianta líne agus, a mhéid is gá d'oibríochtaí na dtraenacha leictreacha, maidir le taobhlaigh***.*** |

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) go soláthrófar leithead rianta ainmniúil le haghaidh línte iarnróid nua ar fad 1435 mm ach amháin i gcásanna inar leathnú ar ghréasán atá sa líne nua ag a bhfuil a leithead rianta éagsúil ó leithead rianta na bpríomhlínte iarnróid san Aontas Eorpach agus ar líne í atá scoite ó na príomhlínte iarnróid sin;*** | ***scriosta*** |

***(féach togra leasaithe CE — pointe 6)***

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe d – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ar línte rianta dúbailte, gur féidir 50 % ar a laghad de chonairí traenach na dtraenacha lasta, agus dhá chonair traenach ar a laghad san uair agus sa treo, a leithdháileadh ar thraenacha lasta arb é 740 m ar a laghad a bhfad; | (i) ar línte rianta dúbailte, gur féidir 50 % ar a laghad de chonairí traenach na dtraenacha lasta, agus dhá chonair traenach ar a laghad san uair agus sa treo, a leithdháileadh ar thraenacha lasta arb é 740 m ar a laghad a bhfad; ***chun oibríochtaí trasteorann rianúil a áirithiú, déanfar na conairí traenach sin a ailíniú dá réir;*** |

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe lena n-áirítear cúiseanna cost-éifeachtúlachta na seirbhíse, féadfaidh an Coimisiún díolúintí don ghréasán cuimsitheach i leith na gceanglas faoi mhír 2, an chéad fhomhír, pointí (a), (d) agus (e) a dheonú trí*** |

***bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar anailís costais is tairbhe shocheacnamaíoch agus ar mheasúnú ar an tionchar ar idir-inoibritheacht. Comhlíonfaidh díolúine ceanglais Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], déanfar í a chomhordú agus a chomhaontú leis an mBallstát comharsanachta nó leis na Ballstáit chomharsanachta i gcás inarb infheidhme;***

---

***[1a] Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44).***

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Gan dochar don dara fomhír de mhír 2, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar an ceanglas a leagtar amach i mír 2, pointe (a), ar bhonneagar iarnróid an ghréasáin chuimsithigh, amhail ón 1 Nollaig 2040, i gcás líne nua a thógáil.*** |

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Beidh feidhm ag na díolúintí seo a leanas:*** | 3. ***Díolmhaítear gréasáin iargúlta ó na ceanglais faoi mhír 2.*** |
| | ***(féach togra leasaithe CE — pointe 6)*** |

| | |
|---|---|
| ***(a) díolmhaítear gréasáin iargúlta ó na ceanglais faoi mhír 2, pointí (a), (c), (d) agus (e);*** | ***scriosta*** |
| ***(b) arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh an Coimisiún díolúintí eile a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i leith na gceanglas dá dtagraítear i mír 2. Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar anailís costais is tairbhe shocheacnamaíoch agus ar mheasúnú ar an tionchar ar idir-inoibritheacht. Comhlíonfaidh díolúine ceanglais Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58], déanfar í a chomhordú agus a chomhaontú leis an mBallstát comharsanachta nó leis na Ballstáit chomharsanachta i gcás inarb infheidhme.*** | ***scriosta*** |

***[58] Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44).***

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit ***go ndéanfaidh*** bonneagar iarnróid an chroíghréasáin ***breisithe, lena n-áirítear naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d),*** faoin 31 Nollaig 2040 ***an méid seo a leanas***: | 2. Áiritheoidh na Ballstáit ***maidir le*** bonneagar iarnróid an chroíghréasáin ***leathnaithe*** faoin 31 Nollaig 2040: |

**Leasú 195**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2 – pointe -a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) go mbeidh sé leictrithe go hiomlán maidir le rianta líne agus, a mhéid is gá d'oibríochtaí na dtraenacha leictreacha, maidir le taobhlaigh;*** |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointí (***a) go*** (e)***, agus an luas líne íosta oibríochta 100 km/h atá i bhfeidhm i gcás na dtraenacha lasta ar línte lasta an chroíghréasáin breisithe;*** | (a) go gcomhlíonann ***sé*** na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointí (***c),*** (***d) agus (***e) |
| | ***(féach togra leasaithe CE — pointe 7)*** |

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) gur féidir luas líne íosta oibríochtúil 100 km/u a bheith i bhfeidhm i gcás traenacha lasta ar línte lasta an chroíghréasáin breisithe;*** |

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2 – pointe b**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
| --- | --- |
| ***(b) go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointe (a) agus pointe (b), ar línte paisinéirí an chroíghréasáin breisithe;*** | ***scriosta*** |
| | ***(féach togra leasaithe CE — pointe 7)*** |

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2 – fomhír 1 (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
| --- | --- |
| | ***Arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, lena n-áirítear cúiseanna le cost-éifeachtúlacht na seirbhíse, féadfaidh an Coimisiún díolúintí a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i ndáil leis na ceanglais a leagtar amach sa mhír seo, cé is moite de na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15, mír 2, pointí (c) agus (d). Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar anailís costais is tairbhe shocheacnamaíoch agus ar mheasúnú ar an tionchar ar idir-inoibritheacht. Comhlíonfaidh díolúine ceanglais Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, déanfar í a chomhordú agus a chomhaontú leis an mBallstát comharsanachta nó leis na Ballstáit chomharsanachta i gcás inarb infheidhme.*** |

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
| --- | --- |
| | ***2 a. Gan dochar do mhír 2, an dara fomhír, áiritheoidh na Ballstáit go*** |

***gcomhlíonfar an ceanglas a leagtar amach i mír 2, pointe (-a), ar bhonneagar iarnróid an chroíghréasáin leathnaithe, amhail ón 31 Nollaig 2030, i gcás líne nua a thógáil.***

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit ***go ndéanfaidh*** bonneagar iarnróid an chroíghréasáin***, lena n-áirítear naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d),*** faoin 31 Nollaig 2030 ***an méid seo a leanas***: | 3. Áiritheoidh na Ballstáit ***maidir le*** bonneagar iarnróid an chroíghréasáin faoin 31 Nollaig 2030: |

**Leasú 202**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3 – pointe -a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) go mbeidh sé leictrithe go hiomlán maidir le rianta líne agus, a mhéid is gá d'oibríochtaí na dtraenacha leictreacha, maidir le taobhlaigh;*** |

**Leasú 203**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointí (***a) go*** (d)***, agus an luas líne íosta oibríochta 100 km/u atá i bhfeidhm i gcás traenacha lasta ar línte lasta an chroíghréasáin***; | (a) go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointí (***c) agus*** (d); |

| | |
|---|---|
| | ***(féach togra leasaithe CE — pointe 7)*** |

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) gur féidir luas líne íosta oibríochtúil 100 km/u a bheith i bhfeidhm i gcás traenacha lasta ar línte lasta an chroíghréasáin;*** |

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointe (a) agus pointe (b), ar línte paisinéirí an chroíghréasáin;*** | ***scriosta*** |
| | ***(féach togra leasaithe CE — pointe 7)*** |

**Leasú 206**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) gur féidir luas líne íosta 160 km/u a bheith i bhfeidhm i gcás traenacha paisinéirí ar línte paisinéirí an chroíghréasáin;*** |

**Leasú 207**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe ina bhfuil tionchar ag srianta sonracha geografacha nó fisiceacha suntasacha ar Bhallstát a chuireann cosc ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa mhír seo, pointí (ab) agus (ba), ar na línte iarnróid ar an gcroíghréasán, féadfaidh an Coimisiún díolúintí a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i ndáil leis na ceanglais sin.*** |

**Leasú 208**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar an ceanglas a leagtar amach i mír 3, pointe (-a), ar bhonneagar iarnróid an chroíghréasáin, amhail ón 31 Nollaig 2025, i gcás líne nua a thógáil.*** |

**Leasú 209**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh bonneagar iarnróid an chroíghréasáin, lena n-áirítear naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), an méid seo a leanas faoin 31 Nollaig 2040: | 4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh bonneagar iarnróid an chroíghréasáin, lena n-áirítear naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), an méid seo a leanas faoin 31 Nollaig 2040: |

**Leasú 210**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) go gcomhlíonfaidh sé ceanglas phointe (c) de mhír 2, ar línte paisinéirí an chroíghréasáin.*** | ***scriosta*** |
| | ***(féach togra leasaithe CE — pointe 7)*** |

**Leasú 211**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 4 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo lena n-áirítear cúiseanna cost-éifeachtúlachta na seirbhíse, féadfaidh an Coimisiún díolúintí ón gceanglas a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar anailís costais is tairbhe shocheacnamaíoch agus ar mheasúnú ar an tionchar ar idir-inoibritheacht. Comhlíonfaidh díolúine ceanglais Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus déanfar í a chomhordú agus a chomhaontú leis an mBallstát comharsanachta nó leis na Ballstáit chomharsanachta i gcás inarb infheidhme.*** |

**Leasú 212**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Beidh feidhm ag na díolúintí seo a leanas:*** | 5. ***Díolmhaítear gréasáin iargúlta ó na ceanglais faoi mhíreanna 2, 3 agus 4;*** |

| | |
|---|---|
| ***(a) díolmhaítear gréasáin iargúlta ó na ceanglais faoi mhíreanna 2, 3 agus 4;*** | ***scriosta*** |
| ***(b) arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh an Coimisiún díolúintí eile a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i leith na gceanglas dá dtagraítear i mír 2 go mír 4. Beidh aon díolúine bunaithe ar anailís costais is tairbhe shocheacnamaíoch agus ar mheasúnú ar an tionchar ar an idir-inoibritheacht. Comhlíonfaidh díolúine ceanglais Threoir (AE) 2016/797, agus déanfar í a chomhordú agus a chomhaontú leis an mBallstát comharsanachta nó leis na Ballstáit chomharsanachta más infheidhme.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 213**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh na naisc bhonneagair iarnróid dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), ceanglais Airteagal 15(2):*** <br> ***- maidir leis an gcroíghréasán faoin 31 Nollaig 2030;*** <br> ***- ar an gcroíghréasán leathnaithe faoin 31 Nollaig 2040; agus*** <br> ***- maidir leis an ngréasán cuimsitheach faoin 31 Nollaig 2050.*** <br> ***Arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo lena n-áirítear cúiseanna cost-éifeachtúlachta na seirbhíse, féadfaidh an Coimisiún díolúintí i ndáil leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointí (a) agus (e) a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar anailís costais is tairbhe shocheacnamaíoch agus ar*** |

***mheasúnú ar an tionchar ar idir-inoibritheacht. Comhlíonfaidh díolúine ceanglais Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, déanfar í a chomhordú agus a chomhaontú leis an mBallstát comharsanachta nó leis na Ballstáit chomharsanachta i gcás inarb infheidhme;***

***Arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo ina gcuireann srianta sonracha geografacha nó fisiceacha suntasacha cosc ar an bhforáil sin, féadfaidh an Coimisiún díolúintí ón gceanglas a leagtar amach in Airteagal 15(2), pointe (d) a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.***

**Leasú 214**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16a – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún arna leasú le COM(2022)384* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh aon bhonneagar iarnróid nua den ghréasán cuimsitheach, den ***ghréasán*** leathnaithe agus den chroíghréasán, lena n-áirítear naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), foráil maidir le leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm. Meastar go gcomhlíontar an ceanglas sin nuair is féidir le traenacha leithead rianta 1 435 mm gluaiseacht ar an mbonneagar. Chun críoch an Airteagail seo, ciallaíonn bonneagar nua iarnróid aon bhonneagar nach ***bhfuil tús curtha le hoibreacha tógála*** ina leith ***ar dháta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***seo***. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh aon bhonneagar iarnróid nua den ghréasán cuimsitheach, den ***chroíghréasán*** leathnaithe agus den chroíghréasán, lena n-áirítear naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), foráil maidir le leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm. Meastar go gcomhlíontar an ceanglas sin nuair is féidir le traenacha leithead rianta 1 435 mm gluaiseacht ar an mbonneagar. Chun críoch an Airteagail seo, ciallaíonn bonneagar nua iarnróid aon bhonneagar nach ***ndearnadh an cinneadh údarúcháin*** ina leith***, dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir (AE) 2021/1187 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an... [dáta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***seo]***.<br><br>***(féach togra leasaithe CE — pointe 8)*** |

**Leasú 215**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16a – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún arna leasú le COM(2022)384* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Na Ballstáit a bhfuil gréasán iarnróid ***acu***, nó cuid de ***ghréasán iarnróid***, a bhfuil leithead rianta ***aige atá bunoscionn le*** leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm, ***tarraingeoidh*** siad ***suas, dhá bhliain*** ar a dhéanaí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***seo, plean*** aistrithe na línte iarnróid atá ann cheana ***sna Conairí*** Iompair ***Eorpacha le haistriú*** chuig leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm. Déanfar plean aistrithe ***den sórt*** sin a chomhordú leis na Ballstáit comharsanachta a mbaineann an t-aistriú leo. | 2. Na Ballstáit ***ag*** a bhfuil gréasán iarnróid, nó cuid de, a bhfuil leithead rianta ***acu nach ionann é agus*** leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm, ***cuirfidh*** siad ***measúnú i gcrích, faoin,*** ar a dhéanaí***, ... [dáta dhá bhliain*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***seo], ina ndéantar measúnú ar inmharthanacht*** aistrithe ***ascnaimh*** na línte iarnróid atá ann cheana ***ar Chonairí*** Iompair ***na hEorpa*** chuig leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm. Déanfar ***an*** plean aistrithe sin a chomhordú leis ***an mBallstát nó*** na Ballstáit comharsanachta a mbaineann an t-aistriú leo.<br>***(féach togra leasaithe CE — pointe 8)*** |

**Leasú 216**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16a – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún arna leasú le COM(2022)384* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Féadfaidh*** na Ballstáit na línte iarnróid nach ***n-aistreofar iad*** chuig leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm ***a shainaithint sa phlean aistrithe***. Beidh measúnú costais is tairbhe socheacnamaíoch sa phlean aistrithe lena dtabharfar údar leis an gcinneadh gan na línte iarnróid a aistriú chuig leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm agus beidh measúnú ar an tionchar ar idir-inoibritheacht ann freisin. | 3. ***Bunaithe ar an measúnú faoi mhír 2, déanfaidh*** na Ballstáit ***plean imirce a tharraingt suas, bliain amháin ar a dhéanaí tar éis an measúnú a chríochnú, ina dtabharfar údar sa phlean aistrithe leis*** na línte iarnróid nach ***n-aistreoidh*** chuig leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm. Beidh measúnú costais is tairbhe socheacnamaíoch sa phlean aistrithe lena dtabharfar údar leis an gcinneadh gan na línte iarnróid a aistriú chuig leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach 1 435 mm |

agus beidh measúnú ar an tionchar ar idir-inoibritheacht ***agus leanúnachas an ghréasáin iarnróid*** ann freisin. ***I gcás ranna trasteorann, déanfar an iarraidh ar dhíolúine a chomhordú agus a chomhaontú leis an mBallstát comharsanachta.***

***(féach togra leasaithe CE — pointe 8)***

**Leasú 217**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16a – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún arna leasú le COM(2022)384* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áireofar na tosaíochtaí don phleanáil bonneagair agus infheistíochta a bhaineann leis an bplean imirce sa chéad phlean oibre de chuid an Chomhordaitheora Eorpaigh do Chonair Iompair Eorpach a bhfuil leithead rianta acu atá éagsúil ó leithead rianta ainmniúil caighdeánach na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 53. | 4. Áireofar na tosaíochtaí don phleanáil bonneagair agus infheistíochta a bhaineann leis an bplean imirce sa chéad phlean oibre de chuid an Chomhordaitheora Eorpaigh do Chonair Iompair Eorpach a bhfuil leithead rianta acu atá éagsúil ó leithead rianta ainmniúil caighdeánach na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 53. |
| | ***(féach togra leasaithe CE — pointe 8)*** |

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Tá ERTMS feistithe; | (a) Tá ERTMS feistithe***, agus ag an am céanna áirithítear imscaradh ERTMS sioncrónaithe agus comhchuibhithe cois riain agus ar bord***; |

**Leasú 219**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh bonneagar iarnróid an chroíghréasáin, an chroíghréasáin leathnaithe agus an ghréasáin chuimsithigh, lena n-áirítear naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), feistithe le ERTMS ***raidióbhunaithe*** faoin 31 Nollaig ***2050***. | 4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh bonneagar iarnróid an chroíghréasáin, an chroíghréasáin leathnaithe agus an ghréasáin chuimsithigh, lena n-áirítear naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), feistithe le ERTMS faoin 31 Nollaig ***2040***. |

**Leasú 220**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ERTMS atá ***bunaithe ar raidió*** á imscaradh ar bhonneagar iarnróid an chroíghréasáin, an chroíghréasáin bhreisithe agus an ghréasáin chuimsithigh, lena n-áirítear naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), amhail ón 31 Nollaig 2025, i gcás ina dtógfar líne nua nó ina ndéanfar uasghrádú ar an gcóras comharthaíochta. | 5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ERTMS atá á imscaradh ar bhonneagar iarnróid an chroíghréasáin, an chroíghréasáin bhreisithe agus an ghréasáin chuimsithigh, lena n-áirítear naisc dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointe (d), amhail ón 31 Nollaig 2025, i gcás ina dtógfar líne nua nó ina ndéanfar uasghrádú ar an gcóras comharthaíochta. |

**Leasú 221**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***6.*** Arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh an Coimisiún díolúintí a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i leith na gceanglas dá dtagraítear i mír 1 go mír 5. ***Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar anailís costais is tairbhe shocheacnamaíoch agus ar mheasúnú ar an tionchar ar idir-inoibritheacht. Comhlíonfaidh díolúine ceanglais Threoir*** | ***I gcás gréasáin iargúlta,*** arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh an Coimisiún díolúintí a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i leith na gceanglas dá dtagraítear i mír 1 go mír 5. |

***(AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59], déanfar í a chomhordú agus a chomhaontú leis an mBallstát comharsanachta nó leis na Ballstáit chomharsanachta i gcás inarb infheidhme.***

[59] Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44).

[59] Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44).

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6 a. Cuirfidh na Ballstáit na páirtithe lena mbaineann ar an eolas go tráthúil faoi imscaradh ERTMS roimh imscaradh taobh riain ETCS agus roimh dhíchoimisiúnú na gcóras d'aicme B.*** |

**Leasú 223**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6 b. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht (STI CCS agus STI INF) a ailíniú leis an Rialachán seo, rud a chiallaíonn go ndéanfar forálacha a ailíniú agus go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach iad.*** |

**Leasú 224**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 6 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6 c. Breithneoidh an Coimisiún, laistigh de dhá bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, togra reachtach a sholáthar chun Córas comhchuibhithe um Bainistiú Tráchta Iarnróid a bhunú chun oibríochtaí trasteorann ar an ngréasán tras-Eorpach iompair a fheabhsú.*** |

**Leasú 225**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2030, nach gcuirfidh cáilíocht na seirbhísí arna soláthar ag bainisteoirí bonneagair do ghnóthais iarnróid, ceanglais theicniúla agus oibríochtúla maidir le húsáid bonneagair agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe teorann cosc ar fheidhmíocht oibríochtúil na seirbhísí iompair lasta d'iarnród feadh línte lasta iarnróid na gConairí Iompair Eorpacha na spriocluachanna seo a leanas a chomhlíonadh: | 1. Áiritheoidh na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2030, nach gcuirfidh cáilíocht na seirbhísí arna soláthar ag bainisteoirí bonneagair do ghnóthais iarnróid ***agus d'oibreoirí críochfoirt***, ceanglais theicniúla***, riaracháin*** agus oibríochtúla maidir le húsáid bonneagair agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe teorann cosc ar fheidhmíocht oibríochtúil na seirbhísí iompair lasta d'iarnród feadh línte lasta iarnróid na gConairí Iompair Eorpacha na spriocluachanna seo a leanas a chomhlíonadh: |

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás gach stráice trasteorann inmheánach de chuid an Aontais, ní rachaidh am cónaithe na dtraenacha lasta uile a thrasnaíonn an teorainn thar 15 | (a) i gcás gach stráice trasteorann inmheánach de chuid an Aontais, ní rachaidh am cónaithe na dtraenacha lasta uile a thrasnaíonn an teorainn thar 15 |

| | |
|---|---|
| nóiméad ***ar an meán***. Ciallaíonn aga stoptha traenach ar stráice trasteorann an t-am idirthurais breise iomlán is féidir a chur síos do thrasnú teorann a bheith ann, beag beann ar na bunchúiseanna, amhail rialuithe agus nósanna imeachta póilíneachta teorann nó cúinsí de chineál bonneagair, oibríochtúil, teicniúil agus riaracháin, gan an t-am a chur san áireamh nach féidir a chur síos don trasnú teorann, amhail nósanna imeachta oibríochtúla a dhéantar i saoráidí atá suite i ngaireacht don trasnú teorann ach nach bhfuil baint dhíreach acu leis; | nóiméad. Ciallaíonn aga stoptha traenach ar stráice trasteorann an t-am idirthurais breise iomlán is féidir a chur síos do thrasnú teorann a bheith ann, beag beann ar na bunchúiseanna, amhail rialuithe agus nósanna imeachta póilíneachta teorann nó cúinsí de chineál bonneagair, oibríochtúil, teicniúil agus riaracháin, gan an t-am a chur san áireamh nach féidir a chur síos don trasnú teorann, amhail nósanna imeachta oibríochtúla a dhéantar i saoráidí atá suite i ngaireacht don trasnú teorann ach nach bhfuil baint dhíreach acu leis; |

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) 90 % ar a laghad de na traenacha paisinéirí a thrasnaíonn teorainn amháin ar a laghad de Chonair Iompair Eorpach ag sroicheadh a gceann scríbe, nó ag teorainn sheachtrach an Aontais má tá a gceann scríbe lasmuigh den Aontas, ag an am atá sceidealaithe dóibh nó le moill is lú ná 30 nóiméad.*** |

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh na Ballstáit na comhaontuithe conarthacha dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir 2012/34/AE a mhodhnú, de réir mar is iomchuí, agus déanfaidh siad bearta iomchuí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 chun na spriocluachanna a leagtar amach i bpointe (a) agus i bpointe (***b***) den chéad mhír a | 2. Déanfaidh na Ballstáit na comhaontuithe conarthacha dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir 2012/34/AE a mhodhnú, de réir mar is iomchuí, agus déanfaidh siad bearta iomchuí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 chun na spriocluachanna a leagtar amach i bpointe (a)***, (b)*** agus i bpointe (***ba***) den chéad mhír |

| | |
|---|---|
| chomhlíonadh. | a chomhlíonadh. |

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Áiritheoidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí iarnróid go léir, go ndéanfar córas bainistithe acmhainne digití a fhorbairt faoin 31 Nollaig 2025 lena gcuirfear ar chumas oibreoirí paisinéirí agus lasta bealach traenach trasteorann a chur in áirithe ar fud roinnt Ballstát. Is í an Ghníomhaireacht Eorpach Iarnróid a oibreoidh an córas bainistithe acmhainne. Déanfaidh na Ballstáit an córas maidir leis na Conairí Iompair Eorpacha, croíghréasáin agus croíghréasáin leathnaithe a chur in úsáid go hiomlán faoin 31 Nollaig 2027.*** |

**Leasú 230**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe -a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún (togra leasaithe)* | *Leasú* |
|---|---|
| (***a***) aistriú chuig leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach (1 435 mm); | (***-a***) aistriú chuig leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach (1 435 mm); |

**Leasú 231**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) sábháilteacht ***chrosairí*** comhréidhe | (b) sábháilteacht ***crosairí*** comhréidhe a |

| | |
|---|---|
| a fheabhsú; | fheabhsú***, agus i gcás inarb iomchuí, iad a thiontú ina n-uasbhealaí nó a dtolláin iarnróid***; |

**Leasú 232**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) nuair is iomchuí, bonneagar iompair iarnróid a nascadh le bonneagar chalafoirt na n-uiscebhealaí intíre; | (c) nuair is iomchuí, bonneagar iompair iarnróid a nascadh le bonneagar chalafoirt na n-uiscebhealaí intíre ***agus bonneagair calafort muirí, mar aon le bonneagar aerfort***; |

**Leasú 233**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt agus a imscaradh le haghaidh iarnróid, lena bhforbraítear go háirithe obair Chomhghnóthas Shift2Rail agus Chomhghnóthas Iarnróid na hEorpa, go háirithe oibríocht traenach uathoibríoch, ardbhainistiú tráchta, agus nascacht dhigiteach do phaisinéirí bunaithe ar ERTMS agus cúpláin uathoibríocha dhigiteacha chomh maith le nascacht 5G; | (e) teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt agus a imscaradh le haghaidh iarnróid, lena bhforbraítear go háirithe obair Chomhghnóthas Shift2Rail agus Chomhghnóthas Iarnróid na hEorpa, go háirithe oibríocht traenach uathoibríoch, ***lena n-áirítear tástáil ar shiúntadh uathoibrithe agus ar stádas coscánaithe uathoibrithe,*** ardbhainistiú tráchta, agus nascacht dhigiteach do phaisinéirí ***agus le haghaidh lasta*** bunaithe ar ERTMS agus cúpláin uathoibríocha dhigiteacha chomh maith le nascacht 5G; |

**Leasú 234**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) agus bonneagar iarnróid á thógáil nó á ***uasghrádú***, leanúnachas agus inrochtaineacht chonairí na gcoisithe agus na gcosán rothaíochta a áirithiú d'fhonn na modhanna gníomhacha iompair a chur chun cinn; | (f) agus bonneagar iarnróid á thógáil nó á ***mhór-uasghrádú***, leanúnachas agus inrochtaineacht chonairí na gcoisithe agus na gcosán rothaíochta a áirithiú d'fhonn na modhanna gníomhacha iompair a chur chun cinn; |

**Leasú 235**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) teicneolaíochtaí breoslaí malartacha nuálacha a fhorbairt d'iarnróid, amhail ***hidrigin do*** stráicí atá díolmhaithe ón gceanglas leictriúcháin**.** | (g) teicneolaíochtaí breoslaí malartacha nuálacha a fhorbairt d'iarnróid, amhail ***traenacha faoi thiomáint hidrigine nó ceallraí, le haghaidh*** stráicí atá díolmhaithe ón gceanglas leictriúcháin***, i gcás inar bunaíodh inmharthanacht eacnamaíoch na dtionscadal sin ar bhonn anailíse costais is tairbhe;*** |

**Leasú 236**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(g a) teicneolaíocht FRMCS a fhorbairt chun ERTMS a úsáid bunaithe ar theicneolaíocht satailíte;*** |

**Leasú 237**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe g b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(g b) aonaid thámhúla a fhorbairt do*** |

***chomhpháirt gheoshuíomhcháin ERTMS;***

**Leasú 238**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe g c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(g c) uasghrádú a dhéanamh ar an iarnród dériain i stráicí scrogaill a bhfuil bacainní toillte orthu;*** |

**Leasú 239**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) lochanna; | (c) lochanna ***agus murlaigh***; |

**Leasú 240**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) calafoirt intíre, lena n-áirítear bonneagar bunúsach calafoirt i bhfoirm imchuacha inmheánacha, ballaí cé, calaí cé, calaí, lamairní, duganna, ***cladáin***, cúl-líonta, míntíriú talún agus an bonneagar is gá le haghaidh oibríochtaí iompair laistigh de limistéar an chalafoirt agus lasmuigh de limistéar an chalafoirt; | (g) calafoirt intíre, lena n-áirítear bonneagar bunúsach calafoirt i bhfoirm imchuacha inmheánacha, ballaí cé, calaí cé, calaí, lamairní, duganna, ***cladán***, ***ardán,*** cúl-líonta, míntíriú talún agus an bonneagar is gá le haghaidh oibríochtaí iompair laistigh de limistéar an chalafoirt agus lasmuigh de limistéar an chalafoirt; |

**Leasú 241**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) trealamh gaolmhar; | (h) ***an*** trealamh gaolmhar ***dá dtagraítear i mír 2***; |

**Leasú 242**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) go bhfuil feistithe le saoráidí chun feidhmíocht chomhshaoil soithí i gcalafoirt a fheabhsú, ***lena n-áirítear*** saoráidí glactha, saoráidí díghháis, bearta laghdaithe torainn, bearta chun truailliú aeir agus uisce a laghdú. | (c) go bhfuil feistithe le saoráidí chun feidhmíocht chomhshaoil soithí i gcalafoirt a fheabhsú, ***amhail*** saoráidí glactha, saoráidí díghháis, bearta laghdaithe torainn, bearta chun truailliú aeir agus uisce a laghdú. |

**Leasú 243**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar gréasán na n-uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear naisc dá dtagraítear in Airteagal 20(1), pointe (e), a chothabháil chun loingseoireacht éifeachtúil, iontaofa agus shábháilte a chumasú d'úsáideoirí trí íoscheanglais uiscebhealaí agus íosleibhéil seirbhíse a áirithiú agus trí mheathlú na n-íoscheanglas sin nó aon cheann de na bunchritéir shainithe a ghabhann leo (Stádas Maith Loingseoireachta) a chosc. | 2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar gréasán na n-uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear naisc dá dtagraítear in Airteagal 20(1), pointe (e), a chothabháil chun loingseoireacht éifeachtúil, iontaofa agus shábháilte a chumasú d'úsáideoirí trí íoscheanglais uiscebhealaí agus íosleibhéil seirbhíse a áirithiú agus trí mheathlú na n-íoscheanglas sin***, agus trí chosaint agus cosc a chur ar mheathlú ar stádas reatha codanna den ghréasán a sháraíonn na híoscheanglais cheana féin,*** nó aon cheann de na bunchritéir shainithe a ghabhann leo (Stádas Maith Loingseoireachta) a chosc. |

**Leasú 244**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Go sonrach,*** áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas: | 3. Áiritheoidh na Ballstáit***, faoin 31 Nollaig 2030,*** an méid seo a leanas ***go háirithe***: |

**Leasú 245**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***G*** soláthróidh aibhneacha, canálacha, lochanna, calafoirt intíre agus a mbealaí rochtana doimhneacht ***cainéal*** inseolta ***2.5 m ar a laghad agus íosairde faoi dhroichid nach féidir a oscailt 5.25 m ar a laghad ag leibhéil uisce thagartha shainithe, a sháraíonn líon sainithe laethanta in aghaidh na bliana ar mheán staidrimh.*** | (a) ***go*** soláthróidh aibhneacha, canálacha, lochanna, ***murlaigh,*** calafoirt intíre agus a mbealaí rochtana doimhneacht ***cainéil*** inseolta ***2.5 m ar a laghad agus íosairde faoi dhroichid nach féidir a oscailt 5.25 m ar a laghad ag leibhéil tagartha uisce shainithe, a ndéantar iad a shárú ar líon sainithe laethanta in aghaidh na bliana ar mheán staidrimh. I gcás aon droichid nuathógtha nó athchóirithe nach féidir a oscailt, áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh airde an droichid sin thar airde an droichid is ísle san abhantrach.*** |

**Leasú 246**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar na leibhéil uisce tagartha a bhunú ar bhonn líon na laethanta in aghaidh na bliana ar a ndeachaigh an leibhéal uisce iarbhír thar an leibhéal uisce tagartha sonraithe. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrófar na leibhéil tagartha uisce dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo in | Déanfar na leibhéil uisce tagartha a bhunú ar bhonn líon na laethanta in aghaidh na bliana ar a ndeachaigh an leibhéal uisce iarbhír thar an leibhéal uisce tagartha sonraithe. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme***, a bheidh le leagan amach i ndlúthchomhar leis na Ballstáit sin agus, más infheidhme, i*** |

| | |
|---|---|
| aghaidh na habhantraí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). | ***gcomhairle le coimisiúin loingseoireachta aibhneacha arna mbunú le comhaontuithe idirnáisiúnta,*** lena sonrófar na leibhéil tagartha uisce dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo in aghaidh na ***conaire, in aghaidh na*** habhantraí ***nó in aghaidh an stráice uiscebhealaigh nuair is gá***. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). |

**Leasú 247**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus na leibhéil uisce thagartha á sonrú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh na ceanglais a leagtar amach i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta agus i gcomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích idir na Ballstáit. | Agus na leibhéil uisce thagartha á sonrú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh na ceanglais a leagtar amach i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta agus i gcomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích idir na Ballstáit***, lena n-áirítear sna rialacháin arna nglacadh ag na coimisiúin loingseoireachta abhann arna mbunú ag na coinbhinsiúin agus na comhaontuithe sin, agus rachaidh sé i gcomhairle le comhordaitheoirí Eorpacha na gconairí iompair Eorpacha lena mbaineann***. |

**Leasú 248**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 5 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena ***leagtar*** amach ceanglais lena gcomhlánaítear na híoscheanglais a bhunaítear i gcomhréir le pointe (a) ***de mhír (3)***, an dara fomhír, in aghaidh na habhantraí. D’fhéadfadh na ceanglais sin a | Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena ***leagfar*** amach ceanglais ***i gcomhar, i gcás inarb infheidhme, leis na coimisiúin um loingseoireacht abhann faoi seach,*** lena gcomhlánaítear na híoscheanglais a bhunaítear i gcomhréir le |

bheith bainteach go háirithe leis an méid seo a leanas:

***mír (3),*** pointe (a), an dara fomhír, in aghaidh na ***conaire, in aghaidh na*** habhantraí ***nó in aghaidh na roinne uiscebhealaí nuair is gá sin***. D'fhéadfadh na ceanglais sin a bheith bainteach go háirithe leis an méid seo a leanas:

**Leasú 249**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 5 – fomhír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) bonneagar fuinnimh ***ionadúil a úsáid*** chun rochtain uile-chonaire ar bhreoslaí malartacha a áirithiú; | (e) bonneagar fuinnimh ***iomadúil a imscaradh*** chun rochtain uile-chonaire ar bhreoslaí malartacha a áirithiú ***i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí iomadúla]***; |

**Leasú 250**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 5 – fomhír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) teicneolaíochtaí nua agus nuálaíocht le haghaidh breoslaí fuinnimh agus córais tiomána astaíochtaí nialasacha a thabhairt isteach agus a chur chun cinn**.** | (h) teicneolaíochtaí nua agus nuálaíocht le haghaidh breoslaí fuinnimh agus córais tiomána astaíochtaí nialasacha ***agus ísealcharbóin*** a thabhairt isteach agus a chur chun cinn***;*** |

**Leasú 251**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Áiritheoidh an Coimisiún cur chuige comhleanúnach maidir le cur i bhfeidhm an stádais mhaith loingseoireachta san Aontas agus féadfaidh | 6. Áiritheoidh an Coimisiún cur chuige comhleanúnach maidir le cur i bhfeidhm an stádais mhaith loingseoireachta san Aontas agus féadfaidh |

| | |
|---|---|
| sé treoirlínte a ghlacadh chuige sin. Agus na híoscheanglais maidir le míreanna (e) agus (f) á mbunú aige, áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfear ***i mbaol*** an idir-inoibritheacht idir abhantracha. | sé treoirlínte a ghlacadh chuige sin. Agus na híoscheanglais maidir le míreanna (e) agus (f) á mbunú aige, áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfear ***isteach go míchuí ar*** an idir-inoibritheacht idir ***conairí nó*** abhantracha. |

**Leasú 252**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) feabhas a chur ar an digiteáil agus ar phróisis uathoibrithe an bhonneagair agus an chabhlaigh, chomh maith le bonneagar cliste uiscebhealaí intíre a fhorbairt;*** |

**Leasú 253**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) nuachóiriú agus ***forbairt a dhéanamh ar thoilleadh an bhonneagair*** is gá le haghaidh oibríochtaí iompair laistigh de limistéar an chalafoirt**.** | (d) ***acmhainneacht an bhonneagair a*** nuachóiriú agus ***a leathnú, lena n-áirítear ionaid mhúrála agus scíthe agus na seirbhísí atá acu*** is gá le haghaidh oibríochtaí iompair ***agus soghluaisteachta*** laistigh de limistéar an chalafoirt ***agus lasmuigh de agus feadh an uiscebhealaigh;*** |

**Leasú 254**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) bearta a chur chun cinn agus a fhorbairt chun feabhas a chur ar | (e) bearta a chur chun cinn agus a fhorbairt chun feabhas a chur ar |

| | |
|---|---|
| fheidhmíocht chomhshaoil bhonneagar iompair agus iompair na n-uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear soithí ***a bhfuil*** astaíochtaí nialasacha agus ***astaíochtaí*** ísle ***ag baint leo*** agus bearta chun an tionchar ar dhobharlaigh agus ar an mbithéagsúlacht atá ag brath ar uisce a mhaolú, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha. | fheidhmíocht chomhshaoil bhonneagar iompair agus iompair na n-uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear soithí astaíochtaí nialasacha agus ísle ***a úsáideann breoslaí malartacha*** agus ***breoslaí in-athnuaite, chomh maith le soithí malartacha a bhfuil tionchar íseal acu agus*** bearta chun an tionchar ar dhobharlaigh agus ar an mbithéagsúlacht atá ag brath ar uisce a mhaolú, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha. |

**Leasú 255**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e a) modhanna a fhorbairt agus a imscaradh chun faireachán a dhéanamh ar dhálaí seolbhealaí;*** |

**Leasú 256**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e b) bonneagar modhanna gníomhacha a sholáthar taobh le huiscebhealaí;*** |

**Leasú 257**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe e c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e c) Faoin... [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], breithneoidh an Coimisiún an ndéanfaidh*** |

***sé creat reachtach a thíolacadh, a mbeidh togra reachtach ag gabháil leis más iomchuí, chun oibríocht iompair tráchtála trasteorann ar uiscebhealaí intíre a éascú, lena n-áirítear malartuithe sonraí a fhorbairt chun sásraí comhair a chumasú idir na Ballstáit;***

**Leasú 258**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe e d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e d) Áiritheoidh na Ballstáit go seachnófar le haon bhonneagar nua uiscebhealaí intíre, i gcás inar féidir, bac a d'fhéadfadh a bheith ar nascacht chomhréireach agus chliathánach aibhneacha saorshreafa agus ar chailliúint bithéagsúlachta.*** |

**Leasú 259**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanann an Spás Muirí Eorpach na comhpháirteanna muirí a ndéantar cur síos orthu i mír 2 a nascadh agus a chomhtháthú leis an ngréasán talún trí bhealaí loingseoireachta gearrthurais a chruthú nó a uasghrádú idir dhá chalafort mhuirí nó níos mó ar chríoch an Aontais nó idir calafort amháin nó níos mó ar chríoch an Aontais agus calafort ar chríoch tríú tír chomharsanachta a bhfuil cósta aici ar na farraigí iniata le huiscí iata an Aontais, agus trí chalafoirt mhuirí a fhorbairt ar chríoch an Aontais agus a naisc chúlchríche chun iompar éifeachtúil, inmharthana agus inbhuanaithe a sholáthar le modhanna eile iompair. | 1. Déanann an Spás Muirí Eorpach na comhpháirteanna muirí a ndéantar cur síos orthu i mír 2 a nascadh agus a chomhtháthú leis an ngréasán talún trí bhealaí loingseoireachta gearrthurais a chruthú nó a uasghrádú idir dhá chalafort mhuirí nó níos mó ar chríoch an Aontais nó idir calafort amháin nó níos mó ar chríoch an Aontais agus calafort ar chríoch tríú tír chomharsanachta a bhfuil cósta aici ar na farraigí iniata le huiscí iata an Aontais ***nó i limistéar geografach na réigiún is forimeallaí***, agus trí chalafoirt mhuirí a fhorbairt ar chríoch an Aontais agus a naisc chúlchríche chun iompar éifeachtúil, inmharthana agus inbhuanaithe a sholáthar |

| | |
|---|---|
| | le modhanna eile iompair. |

**Leasú 260**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) féadfar a áireamh, go háirithe, ar threalamh a bhaineann le bonneagar an iompair mhuirí trealamh chun trácht agus lasta a bhainistiú, chun éifeachtaí diúltacha a laghdú, lena n-áirítear éifeachtaí diúltacha comhshaoil, agus chun breoslaí malartacha a úsáid, mar aon le trealamh lena n-áirithítear inseoltacht ar feadh na bliana go léir, lena n-áirítear trealamh chun oighear a bhriseadh, trealamh le haghaidh suirbhéanna hidreolaíocha, agus trealamh le haghaidh dhreidireacht, chothabháil agus chosaint an chalafoirt agus bealaí isteach chuig an gcalafort. | (j) féadfar a áireamh, go háirithe, ar threalamh a bhaineann le bonneagar an iompair mhuirí trealamh chun trácht agus lasta a bhainistiú, chun éifeachtaí diúltacha a laghdú, lena n-áirítear éifeachtaí diúltacha comhshaoil, agus chun breoslaí malartacha a úsáid, mar aon le trealamh lena n-áirithítear inseoltacht ar feadh na bliana go léir, lena n-áirítear trealamh chun oighear a bhriseadh, trealamh le haghaidh suirbhéanna hidreolaíocha, agus trealamh le haghaidh dhreidireacht, chothabháil agus chosaint an chalafoirt agus bealaí isteach chuig an gcalafort. |

**Leasú 261**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3 – pointe k a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(k a) bonneagar dé-úsáide a úsáidtear chun críoch sibhialta agus míleata.*** |

**Leasú 262**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 4 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***tá an calafort muirí suite ar oileán agus*** tugann sé an t-aon phointe rochtana ar réigiún NUTS 3 sa ghréasán cuimsitheach; | (c) tugann sé an t-aon phointe rochtana ar réigiún NUTS 3 sa ghréasán cuimsitheach; |

**Leasú 263**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 4 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) tá sé ar áireamh sa liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn II mar gheall ar a thábhacht gheostraitéiseach don Aontas.*** |

**Leasú 264**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go nascfar calafoirt mhuirí an ghréasáin chuimsithigh leis an mbonneagar iarnróid agus bóithre agus, i gcás inar féidir, le huiscebhealaí intíre***, ach amháin i gcás ina gcoisceann srianta sonracha geografacha nó fisiceach nasc den sórt sin;*** | (a) go nascfar calafoirt mhuirí an ghréasáin chuimsithigh leis an mbonneagar iarnróid agus bóithre agus, i gcás inar féidir, le huiscebhealaí intíre |

**Leasú 265**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) nach mbeidh feidhm ag an gceanglas naisc iarnróid maidir le calafoirt mhuirí atá suite ar oileáin nach bhfuil gréasán iarnróid acu;*** |

**Leasú 266**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) go gcuirfidh aon chalafort muirí den ghréasán cuimsitheach a fhreastalaíonn ar thrácht lasta críochfort lasta ilmhódach amháin ar a laghad ar fáil a bheidh ar oscailt do gach oibreoir agus úsáideoir ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus go gcuirfidh sé muirir thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha i bhfeidhm. | (b) go gcuirfidh aon chalafort muirí den ghréasán cuimsitheach a fhreastalaíonn ar thrácht lasta críochfort lasta ilmhódach amháin ar a laghad ar fáil ***laistigh den chalafort nó ina chomharsanacht le nasc díreach iarnróid,*** a bheidh ar oscailt do gach oibreoir agus úsáideoir ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus go gcuirfidh sé muirir thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha i bhfeidhm. |

**Leasú 267**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) go bhfuil calafoirt mhuirí an ghréasáin chuimsithigh atá nasctha le huiscebhealaí intíre feistithe le hacmhainneacht láimhseála ***thiomanta*** do shoithí uiscebhealaí intíre. | (d) go bhfuil calafoirt mhuirí an ghréasáin chuimsithigh atá nasctha le huiscebhealaí intíre feistithe le hacmhainneacht láimhseála do shoithí uiscebhealaí intíre. |

**Leasú 268**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) Ainmneoidh na Ballstáit an t-eintiteas a bheidh freagrach as mír 2, pointí (a) agus (b) a chur chun feidhme, bunaithe ar struchtúr rialachais gach calafoirt agus ar struchtúr an ghréasáin iarnróid atá ann cheana i ngach calafoirt;*** |

**Leasú 269**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) rochtain mhuirí a uasghrádú, amhail tonnuisce, cainéil farraige, seolbhealaí, loic, dreidireacht ***chaipitil*** agus áiseanna loingseoireachta; | (a) rochtain mhuirí a uasghrádú, amhail tonnuisce, cainéil farraige, seolbhealaí, loic, dreidireacht agus áiseanna loingseoireachta; |

**Leasú 270**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) bonneagar bunúsach calafoirt a thógáil nó a uasghrádú, amhail imchuach inmheánacha, ballaí cé, bearta feistithe, lamairní, duganna, cladáin, cúl-líonta agus míntíriú talún; | (b) bonneagar bunúsach calafoirt a thógáil***, a chothabháil*** nó a uasghrádú, amhail imchuach inmheánacha, ***bonneagar breoslaí malartacha inbhuanaithe,***ballaí cé, bearta feistithe, lamairní, duganna, cladáin, cúl-líonta agus míntíriú talún; |

**Leasú 271**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) nuachóiriú agus forbairt a dhéanamh ar thoilleadh an bhonneagair iarnróid is gá le haghaidh oibríochtaí iompair laistigh de limistéar an chalafoirt.*** |

**Leasú 272**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) teicneolaíochtaí nua agus nuálaíocht le haghaidh breoslaí fuinnimh agus córais tiomána astaíochtaí nialasacha agus ísealcharbóin a thabhairt isteach agus | (d) teicneolaíochtaí nua agus nuálaíocht le haghaidh breoslaí fuinnimh agus córais tiomána astaíochtaí nialasacha agus ísealcharbóin***, lena n-áirítear córas*** |

a chur chun cinn***;***

***tiomána gaoithe,*** a thabhairt isteach agus a chur chun cinn***,***

**Leasú 273**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) soithí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle a chur chun cinn a fhónann agus a oibríonn naisc loingseoireachta gearrthurais, agus bearta a fhorbairt chun feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil an iompair mhuirí do chuairteanna ar chalafoirt ***nó*** do optamú shlabhra an tsoláthair i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha. | (g) soithí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle a chur chun cinn a fhónann agus a oibríonn naisc loingseoireachta gearrthurais, agus bearta a fhorbairt chun feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil an iompair mhuirí do chuairteanna ar chalafoirt ***agus*** do optamú shlabhra an tsoláthair i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha. |

**Leasú 274**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(g a) iompar farantóireachta a chur chun cinn mar mhodh inbhuanaithe iompair paisinéirí, lena n-áirítear i nóid uirbeacha, i gcás inarb infheidhme;*** |

**Leasú 275**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe g b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(g b) feabhas a chur ar bhonneagar d'fhonn sciar an lasta a mhéadú, lena n-áirítear do naisc loingseoireachta gearrthurais, a aistríonn ó iompar de*** |

***bhóthar agus ó aeriompar chuig iompar muirí nó uiscebhealaí intíre agus chuig iompar d'iarnród, chun costais dhiúltacha sheachtracha amhail astaíochtaí agus brú tráchta a laghdú;***

**Leasú 276**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe g c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(g c) feabhas a chur ar an rochtain ar na réigiúin is forimeallaí agus ar na réigiúin eile atá iargúlta, oileánach agus forimeallach.*** |

**Leasú 277**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe a – pointe x**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (x) tionchar maolaitheach an bhonneagair ar an gcomhshaol; | (x) tionchar maolaitheach an bhonneagair ar an gcomhshaol***, lena n-áirítear caomhnú fána nó teicneolaíochtaí maolaithe torainn***; |

**Leasú 278**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) naisc na gcríochfort lasta ***agus na n-ardán lóistíochta*** leis na modhanna eile sa ghréasán tras-Eorpach iompair***;*** | (e) naisc na gcríochfort lasta leis na modhanna eile sa ghréasán tras-Eorpach iompair**.** |

**Leasú 279**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(f a) bealaí rochtana agus an nasc leis an míle dheireanach le críochfoirt lasta ilmhódacha, lena n-áirítear bonneagar do mhodhanna gníomhacha.*** |

**Leasú 280**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go ndéanfar sábháilteacht an bhonneagair iompair de bhóthar a áirithiú, go ndéanfar faireachán uirthi, agus, nuair is gá, go ndéanfar í a fheabhsú i gcomhréir le Treoir 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62]; | (a) go ndéanfar sábháilteacht an bhonneagair iompair de bhóthar a áirithiú, go ndéanfar faireachán uirthi, agus, nuair is gá, go ndéanfar í a fheabhsú i gcomhréir le Treoir ***2019/1936 lena leasaítear Treoir*** 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62]; |
| [62] Treoir 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le sábháilteacht bonneagair bhóithre a bhainistiú (IO L 319, 29.11.2008, lch. 59). | [62] Treoir 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le sábháilteacht bonneagair bhóithre a bhainistiú (IO L 319, 29.11.2008, lch. 59). |

**Leasú 281**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) go ndéantar na bóithre a dhearadh, a thógáil, a uasghrádú agus a chothabháil leis na hábhair is éifeachtúla ó thaobh acmhainní de agus is díonaí ó thaobh na haeráide de;*** |

**Leasú 282**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Laistigh de bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, breithneoidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 6c den Treoir maidir le Sábháilteacht sa Bhonneagar Bóthair, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun sonraíochtaí comhchoiteanna a bhunú, a bhaineann le nósanna imeachta na mBallstát arb é is aidhm dóibh úsáid oibríochtúil a marcálacha bóthair agus a gcomharthaí bóthair a áirithiú, maidir le hinléiteacht agus inbhraiteacht éifeachtach marcálacha bóthair agus comharthaí bóthair do thiománaithe daonna agus do chórais uathoibrithe cúnaimh tiománaí. Áireofar sna sonraíochtaí sin íoscheanglais feidhmíochta maidir le hinfheictheacht agus staid na gcomharthaí tráchta, na gcomharthaí agus na marcálacha bóthair.*** |

**Leasú 283**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2 – pointe a – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go mbeidh an bóthar deartha, tógtha nó uasghrádaithe go speisialta do mhótarthrácht agus: | (a) go mbeidh an bóthar deartha, tógtha nó uasghrádaithe go speisialta do mhótarthrácht***, chomh maith le cothabháil leordhóthanach,*** agus: |

**Leasú 284**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) go mbeidh sé feistithe, ach amháin ag pointí speisialta nó go sealadach, le carrbhealaí ar leith don trácht ó dhá threo, scartha ó chéile le stiall dealaithe nach bhfuil beartaithe le haghaidh tráchta, nó ***go heisceachtúil,*** trí mhodhanna eile; | (i) go mbeidh sé feistithe, ach amháin ag pointí speisialta nó go sealadach, le carrbhealaí ar leith don trácht ó dhá threo, scartha ó chéile le stiall dealaithe nach bhfuil beartaithe le haghaidh tráchta, nó trí mhodhanna eile; ***lena ráthaítear an leibhéal céanna sábháilteachta;*** |

**Leasú 285**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) go mbeidh limistéir scíthe ar fáil ag achar nach mó ná 60 km ó chéile, lena gcuirtear spás páirceála leordhóthanach, trealamh sábháilteachta agus slándála ar fáil, agus saoráidí iomchuí, lena n-áirítear saoráidí sláintíochta, a fhreastalóidh ar riachtanais lucht saothair éagsúil; | (b) go mbeidh limistéir scíthe ar fáil ag achar nach mó ná 60 km ó chéile, lena gcuirtear spás páirceála ***inacmhainne agus*** leordhóthanach, trealamh sábháilteachta agus slándála ar fáil, agus saoráidí iomchuí, lena n-áirítear saoráidí sláintíochta, a fhreastalóidh ar riachtanais lucht saothair éagsúil; |

**Leasú 286**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) go mbeidh limistéir pháirceála atá sábháilte agus slán ar fáil ag achar 100 km ar a mhéad ó chéile, ina gcuirfear spás páirceála leordhóthanach ar fáil le haghaidh feithiclí tráchtála agus a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8(1), pointe (a) de Rialachán (AE) ***2020/1054***[69]; | (c) go mbeidh limistéir pháirceála atá sábháilte agus slán ar fáil***, faoin 31 Nollaig 2040,*** ag achar 100 km ar a mhéad ó chéile, ina gcuirfear spás páirceála leordhóthanach ar fáil le haghaidh feithiclí tráchtála agus a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8(1), pointe (a) de Rialachán (AE) ***2020/1054***; |
| [69] Rialachán (AE) 2020/1054 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) | [69] Rialachán (AE) 2020/1054 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) |

| | |
|---|---|
| Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann suíomh le tacagraif (IO L 249, 31.7.2020, lch. 1) | Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann suíomh le tacagraif (IO L 249, 31.7.2020, lch. 1) |

**Leasú 287**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Faoin... [sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], breithneoidh an Coimisiún togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le Limistéar Aonair Eorpach um Fhorfheidhmiú Digiteach (SEDEA) a chruthú, chun a chur ar chumas na n-údarás forfheidhmithe freagracha rialuithe spriocdhírithe neamh-idirdhealaitheacha rioscabhunaithe, cigireachtaí gan teagmháil agus cigireachtaí gan pháipéar a dhéanamh bunaithe ar rochtain ar shonraí digiteacha fíor-ama faoi thiománaithe gairmiúla, oibreoirí, feithiclí tráchtála agus lastas, lena n-áirítear córais rátála riosca a chomhchuibhiú, malartú leictreonach doiciméad maidir le tiománaithe a phostú trí chóras IMI, chomh maith le ceanglais rialachán eFTI a ionchorprú.*** |

**Leasú 288**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh an Coimisiún díolúintí ón gceanglas a leagtar amach i mír 2, pointe (a), a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, go háirithe i gcás nach rachaidh an dlús tráchta thar 10,000 feithicil in aghaidh an lae sa dá threo, nó nuair atá srianta sonracha geografacha nó suntasacha fisiceacha ann, fad is a áirithítear leibhéal iomchuí sábháilteachta. Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar anailís chostais/sochair agus shocheacnamaíocha, ar mheasúnú ar shrianta sonracha geografacha nó suntasacha fisiceacha agus/nó ar thionchair dhiúltacha fhéideartha ar an gcomhshaol agus ar an mbithéagsúlacht i dtaca le hinfheistíochtaí. | 4. Arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh an Coimisiún díolúintí ón gceanglas a leagtar amach i mír 2, pointe (a), a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, go háirithe i gcás nach rachaidh an dlús tráchta thar 10,000 feithicil in aghaidh an lae sa dá threo, nó nuair atá srianta sonracha geografacha nó suntasacha fisiceacha ann, fad is a áirithítear leibhéal iomchuí sábháilteachta. ***Tar éis chur chun feidhme iomlán na gcumas forfheidhmithe dhigitigh a bhaineann le Treoir 96/53/CE, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndíolmhófar na Ballstáit ó na ceanglais maidir leis na córais mheáigh-faoi-shiúl a thabhairt isteach nó a choinneáil, dá dtagraítear i mír 2, pointe (d) den Airteagal seo.*** Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar anailís chostais/sochair agus shocheacnamaíocha, ar mheasúnú ar shrianta sonracha geografacha nó suntasacha fisiceacha agus/nó ar thionchair dhiúltacha fhéideartha ar an gcomhshaol agus ar an mbithéagsúlacht i dtaca le hinfheistíochtaí. |

**Leasú 289**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh bonneagar bóithre an chroíghréasáin agus an chroíghréasáin bhreisithe na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 29(2), ***pointe*** (b)***,*** faoin 31 Nollaig 2030. | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh bonneagar bóithre an chroíghréasáin agus an chroíghréasáin bhreisithe na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 29(2), ***pointí*** (b) ***agus (c)*** faoin 31 Nollaig 2030. |

**Leasú 290**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh an Coimisiún díolúintí ón gceanglas a leagtar amach in Airteagal 29(2), pointe (a), a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, go háirithe i gcás nach dtéann an dlús tráchta thar 10,000 feithicil in aghaidh an lae sa dá threo, nó má tá srianta sonracha geografacha nó suntasacha fisiceacha ann, fad is ***a áirithítear leibhéal iomchuí*** sábháilteachta. Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar anailís chostais/sochair agus shocheacnamaíocha, ar mheasúnú ar shrianta sonracha geografacha nó suntasacha fisiceacha agus/nó ar thionchair dhiúltacha fhéideartha ar an gcomhshaol agus ar an mbithéagsúlacht i dtaca le hinfheistíochtaí. | 5. Arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh an Coimisiún díolúintí ón gceanglas a leagtar amach in Airteagal 29(2), pointe (a), a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, go háirithe i gcás nach dtéann an dlús tráchta thar 10,000 feithicil in aghaidh an lae sa dá threo, nó má tá srianta sonracha geografacha nó suntasacha fisiceacha ann, fad is ***go mbaineann na bóithre sin ardleibhéal*** sábháilteachta ***amach de réir na Treorach maidir le bainistiú sábháilteachta bonneagair (AE)2019/1936***. Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar anailís chostais/sochair agus shocheacnamaíocha, ar mheasúnú ar shrianta sonracha geografacha nó suntasacha fisiceacha agus/nó ar thionchair dhiúltacha fhéideartha ar an gcomhshaol agus ar an mbithéagsúlacht i dtaca le hinfheistíochtaí. |

**Leasú 291**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus a chur chun cinn, agus riachtanais úsáideoirí leochaileacha agus úsáideoirí bóithre maidir lena n-éagsúlacht go léir á gcur san áireamh, go háirithe daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe; | (a) sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus a chur chun cinn, agus riachtanais úsáideoirí leochaileacha agus úsáideoirí bóithre maidir lena n-éagsúlacht go léir á gcur san áireamh, go háirithe daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe***, agus forfheidhmiú cuí na reachtaíochta gaolmhaire a áirithiú ar bhonn trasteorann freisin***; |

**Leasú 292**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) teicneolaíochtaí nuálacha a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar chomhlíonadh chreat dlíthiúil an Aontais maidir le hiompar de bhóthar, lena n-áirítear uirlisí forfheidhmiúcháin cliste agus uathoibrithe agus bonneagar cumarsáide 5G; | (c) teicneolaíochtaí nuálacha a thabhairt isteach***, lena n-áirítear teicneolaíochtaí digiteacha,*** chun feabhas a chur ar chomhlíonadh chreat dlíthiúil an Aontais maidir le hiompar de bhóthar, lena n-áirítear uirlisí forfheidhmiúcháin cliste agus uathoibrithe agus bonneagar cumarsáide 5G***, chun tabhairt isteach réiteach agus córas cliste, amhail SEDEA, a éascú***; |

**Leasú 293**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) agus bonneagar ***bóithre*** á thógáil nó á uasghrádú, leanúnachas agus inrochtaineacht ***chonairí na gcoisithe*** agus ***na gcosán*** rothaíochta a áirithiú ***d'fhonn na*** modhanna gníomhacha iompair a chur chun cinn. | (d) agus bonneagar ***bóthair*** á thógáil nó á uasghrádú, ***bonneagar nasctha nó comhthreomhar le haghaidh soghluaisteacht ghníomhach á thógáil nó á uasghrádú ag an am céanna, agus*** leanúnachas agus inrochtaineacht ***conairí coisithe*** agus rothaíochta a áirithiú ***chun*** modhanna gníomhacha iompair a chur chun cinn. |

**Leasú 294**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) déantar foráil sa bhonneagar aeriompair maidir le soláthar réamhchóirithe aeir le haghaidh aerárthaí do-aistrithe. | (g) déantar foráil sa bhonneagar aeriompair ***ina bhfuil méid iomlán bliantúil tráchta paisinéirí de níos mó ná ceithre mhilliún paisinéir*** maidir le soláthar réamhchóirithe aeir le haghaidh |

| | |
|---|---|
| | aerárthaí do-aistrithe. |

**Leasú 295**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún, i gcásanna cuí-réasúnaithe, díolúintí a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na ceanglais a leagtar amach i mír 1, pointí (***a***)***, (b), (c)*** agus (g). Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar anailís chostais is tairbhe shocheacnamaíoch nó bainfidh sé leis na srianta sonracha geografacha nó suntasacha fisiceacha agus sa chás nach bhfuil córas iarnróid ar an gcríoch. | 2. Arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún, i gcásanna cuí-réasúnaithe, díolúintí a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na ceanglais a leagtar amach i mír 1, pointí (***b***) agus (g). Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar anailís chostais is tairbhe shocheacnamaíoch nó bainfidh sé leis na srianta sonracha geografacha nó suntasacha fisiceacha agus sa chás nach bhfuil córas iarnróid ar an gcríoch. |

**Leasú 296**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) inbhuanaitheacht a fheabhsú agus tionchair aeráide, comhshaoil agus torainn a mhaolú, go háirithe trí theicneolaíochtaí nua agus nuálaíocht, breoslaí malartacha, aerárthaí astaíochtaí ísealcharbóin agus astaíochtaí nialasacha agus bonneagar ísealcharbóin a thabhairt isteach. | (e) inbhuanaitheacht a fheabhsú agus tionchair aeráide, comhshaoil agus torainn a mhaolú, go háirithe trí theicneolaíochtaí nua agus nuálaíocht, breoslaí malartacha, aerárthaí astaíochtaí ísealcharbóin agus astaíochtaí nialasacha agus bonneagar ísealcharbóin a thabhairt isteach ***i gcomhréir le Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí iomadúla] agus Rialachán (AE) [...] [maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú don aeriompar inbhuanaithe].*** |

**Leasú 297**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Laistigh de 2 bhliain ó*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***seo***, déanfaidh na Ballstáit anailís mhargaidh agus anailís ionchasach ar chríochfoirt lasta ilmhódacha ar a gcríoch. Déanfar an méid seo a leanas, ar a laghad, leis an anailís sin: | ***Faoin ... [bliain amháin tar éis*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***seo]***, déanfaidh na Ballstáit anailís mhargaidh agus anailís ionchasach ar chríochfoirt lasta ilmhódacha ar a gcríoch. Déanfar an méid seo a leanas, ar a laghad, leis an anailís sin: |

**Leasú 298**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) scrúdú a dhéanamh ar shreafaí tráchta lasta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear sreabha tráchta lasta ***a iompraítear ar na bóithre***; | (a) scrúdú a dhéanamh ar shreafaí tráchta lasta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear sreabha tráchta lasta ***arna n-iompar de bhóthar, d'iarnród, d'aer agus d'uisce***; |

**Leasú 299**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le seoladóirí agus le hoibreoirí iompair agus lóistíochta a oibríonn ar a gcríoch. Cuirfidh siad torthaí an chomhairliúcháin sin san áireamh ina n-anailís. | Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le seoladóirí agus le hoibreoirí iompair agus lóistíochta a oibríonn ar a gcríoch***, chomh maith le heintitis ábhartha***. Cuirfidh siad torthaí an chomhairliúcháin sin san áireamh ina n-anailís. |

**Leasú 300**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ar bhonn na hanailíse faoi mhír 3, | 4. Ar bhonn na hanailíse faoi mhír 3, |

| | |
|---|---|
| forbróidh na Ballstáit plean gníomhaíochta maidir le gréasán de chríochfort lasta ilmhódacha a fhorbairt. Cuirfear torthaí na hanailíse agus an plean gníomhaíochta faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an anailís a thabhairt chun críche, maille le liosta de chríochfoirt iarnróid a mholann an Ballstát a chur le hIarscríbhinní I agus II. | forbróidh na Ballstáit plean gníomhaíochta maidir le gréasán de chríochfort lasta ilmhódacha a fhorbairt ***agus ainmneoidh siad an t-eintiteas a bheidh freagrach as an imscaradh***. Cuirfear torthaí na hanailíse agus an plean gníomhaíochta faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an anailís a thabhairt chun críche, maille le liosta de chríochfoirt iarnróid a mholann an Ballstát a chur le hIarscríbhinní I agus II. |

**Leasú 301**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go gceanglófar iad leis na modhanna iompair atá ar fáil sa limistéar, i gcás inar féidir***, ach amháin mura mbeidh údar leis sin i dtéarmaí costais-sochair socheacnamaíocha***; | (a) go gceanglófar iad leis na modhanna iompair atá ar fáil sa limistéar, i gcás inar féidir; |

**Leasú 302**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) go bhfeisteofar iad le stáisiún athluchtaithe amháin ar a laghad mar a shainmhínítear ***in Airteagal 2, pointe (43) de*** Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh ***bonneagar*** breoslaí ***malartacha]*** tiomnaithe ***chun freastal ar*** fheithiclí tromshaothair, faoin 31 Nollaig 2030; | (b) go bhfeisteofar iad le stáisiún athluchtaithe ***agus athbhreoslaithe*** amháin ar a laghad mar a shainmhínítear ***i*** Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh ***bonneagair*** breoslaí ***iomadúla], a úsáidfear le haghaidh hidrigine, atá*** tiomnaithe ***d'***fheithiclí tromshaothair, faoin 31 Nollaig 2030; |

**Leasú 303**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 1 – pointe c – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) soláthar sreabha faisnéise laistigh de chríochfort agus idir na modhanna iompair feadh an tslabhra lóistíochta agus an chríochfoirt. | (ii) soláthar sreabha faisnéise ***idir-inoibritheacha*** laistigh de chríochfort agus idir na modhanna iompair feadh an tslabhra lóistíochta agus an chríochfoirt. |

**Leasú 304**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit ar bhealach cóir neamh-idirdhealaitheach go mbeidh ***na*** críochfoirt lasta ilmhódacha dá dtagraítear in Airteagal 35(1) agus atá nasctha leis an ngréasán iarnróid in ann gach cineál aonaid lastála idirmhódaigh a láimhseáil, ***faoin 31 Nollaig 2030,*** má aicmítear na cineálacha aonaid lastála idirmhódach mar chríochfoirt idirmhódacha agus má dhéanann siad trasloingiú ingearach. | 2. Áiritheoidh na Ballstáit ar bhealach cóir neamh-idirdhealaitheach go mbeidh ***dóthain acmhainneachta trasloingsithe ag*** críochfoirt lasta ilmhódacha dá dtagraítear in Airteagal 35(1) agus atá nasctha leis an ngréasán iarnróid***, faoin 31 Nollaig 2030, agus go mbeidh siad*** in ann gach cineál aonaid lastála idirmhódaigh a láimhseáil, má aicmítear na cineálacha aonaid lastála idirmhódach mar chríochfoirt idirmhódacha agus má dhéanann siad trasloingiú ingearach. |

**Leasú 305**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Arna iarraidh sin ag Ballstát, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún díolúintí ó na hoibleagáidí faoi mhíreanna ***1*** go 4 a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcás nach féidir údar cuí a thabhairt d'infheistíochtaí i mbonneagar i dtéarmaí costais-sochair socheacnamaíocha, go háirithe nuair a bhíonn an críochfort suite i limistéar atá srianta ó thaobh spáis de. | 5. Arna iarraidh sin ag Ballstát, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún díolúintí ó na hoibleagáidí faoi mhíreanna ***2*** go 4 a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcás nach féidir údar cuí a thabhairt d'infheistíochtaí i mbonneagar i dtéarmaí costais-sochair socheacnamaíocha, go háirithe nuair a bhíonn an críochfort suite i limistéar atá srianta ó thaobh spáis de. |

**Leasú 306**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e a) forfheidhmiú digiteach dhlí ábhartha an Aontais a chumasú;*** |

**Leasú 307**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 1 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e b) bonneagar iompair ilmhódaigh a chur chun cinn lena n-éascaítear aistriú módach éifeachtach i dtreo modhanna iompair inbhuanaithe.*** |

**Leasú 308**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) 'naisc an chéad chiliméadair agus an chiliméadair dheireanaigh' idir na pointí rochtana sin agus chucu. | (c) 'naisc an chéad chiliméadair agus an chiliméadair dheireanaigh' idir na pointí rochtana sin agus chucu***, lena n-áirítear soghluaisteacht ghníomhach, iarnród éadrom agus bonneagar iompair phoiblí eile***. |

**Leasú 309**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go mbeidh bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe breoslaí malartacha ar | (a) go mbeidh bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe breoslaí malartacha ar |

| | |
|---|---|
| fáil, lena n-áirítear ***in ardáin lóistíochta*** agus don iompar poiblí i gcomhréir iomlán le ceanglais Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagar breoslaí malartacha]; | fáil, lena n-áirítear ***i gcríochfoirt lasta ilmhódacha*** agus don iompar poiblí i gcomhréir iomlán le ceanglais Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagar breoslaí malartacha]; |

**Leasú 310**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) go nglacfar plean soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (SUMP) i gcomhréir le hIarscríbhinn V lena n-áirítear, go sonrach, bearta chun na modhanna éagsúla iompair a chomhtháthú, chun ***an tsoghluaisteacht*** éifeachtúil astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn lena n-áirítear lóistíocht uirbeach ***inbhuanaithe***, chun aerthruailliú agus truailliú torainn a laghdú, agus ar plean é a chuireann ***sreabha*** iompair fad-achair tras-Eorpacha san áireamh; | (i) go nglacfar plean soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (SUMP) ***a mbeidh rochtain ag an bpobal air*** i gcomhréir le hIarscríbhinn V lena n-áirítear, go sonrach, bearta chun na modhanna éagsúla iompair a chomhtháthú, chun ***meastóireacht a dhéanamh ar a n-inacmhainneacht agus a n-inrochtaineacht d'úsáideoirí chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht soghluaisteachta, chun soghluaisteacht*** éifeachtúil astaíochtaí nialasacha ***agus ísle*** a chur chun cinn***,*** lena n-áirítear ***modhanna gníomhacha agus iompar poiblí, chomh maith le*** lóistíocht uirbeach ***astaíochtaí nialasacha agus ísle***, chun aerthruailliú agus truailliú torainn a laghdú, agus ar plean é a chuireann ***sreafaí*** iompair fad-achair tras-Eorpacha san áireamh; |

**Leasú 311**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe b – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) go mbaileofar sonraí maidir le soghluaisteacht uirbeach in aghaidh an nóid uirbigh a chlúdaíonn ar a laghad astaíochtaí gás ceaptha teasa, plódú, timpistí agus gortuithe, cion módach agus ***rochtain ar sheirbhísí*** soghluaisteachta, chomh maith le sonraí maidir le | (ii) go mbaileofar sonraí maidir le soghluaisteacht uirbeach in aghaidh an nóid uirbigh a chlúdaíonn ar a laghad astaíochtaí gás ceaptha teasa, plódú, timpistí agus gortuithe, cion módach agus ***inrochtaineacht agus inacmhainneacht na seirbhíse*** soghluaisteachta ***poiblí agus*** |

| | |
|---|---|
| ***haerthruailliú*** agus truailliú torainn, agus go gcuirfear na sonraí sin faoi bhráid an Choimisiúin. Ina dhiaidh sin cuirfear na sonraí sin isteach gach bliain; | ***príobháidí**, **lena n-áirítear d'úsáideoirí soghonta bóithre agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe,*** chomh maith le sonraí maidir le ***truailliú aeir*** agus truailliú torainn, agus go gcuirfear na sonraí sin faoi bhráid an Choimisiúin. ***I gcás inar féidir, ba cheart na sonraí a bhailítear a imdhealú de réir aoise, inscne agus míchumais.*** Ina dhiaidh sin cuirfear na sonraí sin isteach gach bliain; |

**Leasú 312**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe b – pointe ii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii a) go nglacfar bearta nithiúla lena gcothófar úsáid níos leithne uirlisí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus córas cliste iompair (CCI), a mbeidh rochtain oscailte acu ar na hoibreoirí uile, chun bealaí taistil barrfheabhsaithe a cheadú d'fheithiclí chun bainistiú sreafaí tráchta a fheabhsú, brú tráchta a laghdú, truailliú aeir agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, chomh maith le faisnéis fíor-ama maidir le bonneagar breoslaí malartacha a bheith ar fáil.*** |

**Leasú 313**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe b – pointe ii b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii b) measúnú agus cur síos ar réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais infheistíochta is gá chun na hoibleagáidí faoin Airteagal seo a chomhlíonadh agus chun scrogaill i nóid uirbeacha a chosc.*** |

**Leasú 314**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe c – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) i gcás iompair phaisinéirí: idirnascadh inbhuanaithe slán gan uaim idir iarnród, bóthar, aer, na modhanna gníomhacha iompair agus, de réir mar is iomchuí, bonneagar uiscebhealaí intíre agus muirí; | (i) i gcás iompair phaisinéirí: idirnascadh inbhuanaithe slán gan uaim idir iarnród, bóthar, aer, na modhanna gníomhacha iompair***, lena n-áirítear iompar poiblí*** agus, ***i gcás inar féidir, bonneagair EuroVelo, agus,*** de réir mar is iomchuí, bonneagar uiscebhealaí intíre agus ***bonneagar*** muirí; |

**Leasú 315**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe c – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) i gcás iompair phaisinéirí: cumas paisinéirí faisnéis a rochtain, turais a chur in áitithe agus íoc astu agus a dticéid a fháil trí sheirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha; | (ii) i gcás iompair phaisinéirí: cumas paisinéirí faisnéis a rochtain, turais a chur in áitithe agus íoc astu agus a dticéid a fháil trí sheirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha***, agus ticéadú aonair a chumasú, i gcás inar féidir, nuair atá oibreoirí éagsúla i gceist***; |

**Leasú 316**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe c – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) i gcás iompair lasta: idirnascadh inbhuanaithe slán gan uaim idir iarnróid, bóithre agus, de réir mar is iomchuí, bonneagar uiscebhealaí intíre, aeir agus muirí chomh maith le naisc iomchuí le ***hardáin*** agus saoráidí ***lóistíochta***; | (iii) i gcás iompair lasta: idirnascadh inbhuanaithe slán gan uaim idir iarnróid, bóithre agus, de réir mar is iomchuí, bonneagar uiscebhealaí intíre, aeir agus muirí chomh maith le naisc iomchuí le ***críochfoirt*** agus saoráidí ***ilmhódacha lasta, agus limistéir pháirceála trucailí atá*** |

| | |
|---|---|
| | ***sábháilte agus slán***; |

**Leasú 317**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe c – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) forbairt moil paisinéirí ilmhódacha chun naisc an chéad mhíle agus an mhíle dheireanaigh a éascú, naisc atá feistithe le stáisiún athluchtaithe amháin ar a laghad mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (43) de Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh ***bonneagar*** breoslaí ***malartacha]*** tiomnaithe chun freastal ar fheithiclí tromshaothair; | (iv) forbairt moil paisinéirí ilmhódacha chun naisc an chéad mhíle agus an mhíle dheireanaigh a éascú, naisc atá feistithe le stáisiún athluchtaithe ***agus athbhreoslaithe*** amháin ar a laghad mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (43) de Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh ***bonneagair*** breoslaí ***iomadúla], a úsáidfear le haghaidh hidrigine, atá*** tiomnaithe chun freastal ar fheithiclí tromshaothair; |

**Leasú 318**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) faoin 31 Nollaig 2040: críochfort lasta ilmhódach amháin ar a laghad a fhorbairt ***ionas*** go mbeidh ***acmhainneacht*** leordhóthanach trasloingsithe ann laistigh den nód uirbeach nó gar dó. | (d) faoin 31 Nollaig 2040: críochfort lasta ilmhódach amháin ar a laghad a fhorbairt ***a fhágfaidh*** go mbeidh ***toilleadh*** leordhóthanach trasloingsithe ann ***chun freastal ar riachtanais lóistíochta uirbí agus chun naisc míle deireanach*** laistigh den nód uirbeach nó gar dó ***a áirithiú, agus an fhéidearthacht ann go bhfreastalóidh críochfort amháin ar níos mó ná nód uirbeach amháin, má cheadaítear an toilleadh***. |

**Leasú 319**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, beidh cistiú ón Aontas le haghaidh tionscadal leasa choitinn a bhaineann le nóid uirbeacha coinníollach ar SUMPanna a ghlacadh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn V.*** |

**Leasú 320**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Glacfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná bliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear modheolaíocht le haghaidh na sonraí atá le bailiú ag na Ballstáit dá dtagraítear faoi phointe (ii) de mhír (b). Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). | 2. Glacfaidh an Coimisiún, ***i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus lena n-údaráis réigiúnacha agus áitiúla,*** tráth nach déanaí ná bliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear modheolaíocht le haghaidh na sonraí atá le bailiú ag na Ballstáit dá dtagraítear faoi phointe (ii) de mhír (b). ***Agus an méid sin á dhéanamh, cuirfear san áireamh infhaighteacht agus inrochtaineacht sonraí ar an leibhéal áitiúil, chomh maith le pleananna áitiúla agus réigiúnacha soghluaisteachta uirbí atá ann cheana.*** Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). |

**Leasú 321**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoin... Faoin... [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** |

***ainmneoidh na Ballstáit pointe teagmhála náisiúnta maidir le Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (SUMP) agus bunóidh siad clár náisiúnta SUMP a mbeidh sé mar aidhm leis tacú leis na nóid uirbeacha chun SUMPanna dá dtagraítear i bpointe (b), fophointe (i), a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Cuirfidh pointe teagmhála náisiúnta SUMP agus clár náisiúnta SUMP cúnamh teicniúil agus tacaíocht shaineolach ar fáil go háirithe chun SUMPanna a ullmhú agus a chur chun feidhme. Déanfaidh sé, i gcomhar leis an gCoimisiún, faireachán rialta ar chur chun feidhme cuí SUMPanna, ar dhul chun cinn i dtreo cuspóirí beartais earnála, lena n-áirítear dícharbónú, sábháilteacht ar bhóithre, comhleanúnachas le Pleananna Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inbhuanaithe agus um Ghníomhú ar son na hAeráide, le Pleananna um Lóistíocht Uirbeach Inbhuanaithe, agus le pleananna ábhartha eile. Cothóidh pointe teagmhála náisiúnta SUMP malartú dea-chleachtas idir nóid uirbeacha agus féadfaidh sé moltaí a eisiúint i gcás nach gcomhlíontar na híoscheanglais agus na híoschaighdeáin.***

**Leasú 322**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoin 31 Nollaig 2025 ar a dhéanaí, tíolacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina mbeidh caighdeáin sábháilteachta chomhchuibhithe maidir le bonneagar rothaíochta agus bonneagair iompair do choisithe.*** |

**Leasú 323**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun cinn a bhfuil baint acu le nóid uirbeacha, ***tabharfar aird,*** anuas ar na tosaíochtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 12 agus Airteagal 13, ***ar*** an méid seo a leanas: | Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun cinn a bhfuil baint acu le nóid uirbeacha, anuas ar na tosaíochtaí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 12 agus Airteagal 13, ***déanfar a áirithiú le nóid uirbeacha*** an méid seo a leanas: |

**Leasú 324**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) éifeachtaí diúltacha iompar idirthurais iarnróid agus iompar idirthurais de bhóthar ar limistéir uirbeacha a mhaolú, ***a bhféadfadh seachbhóithre a bheith ar áireamh ina leith***; | (b) éifeachtaí diúltacha iompar idirthurais iarnróid agus iompar idirthurais de bhóthar ar limistéir uirbeacha a mhaolú, ***go háirithe sna limistéir is mó atá buailte, lena n-áirítear comhtháthú an bhonneagair do mhodhanna gníomhacha laistigh de bhonneagar iarnróid agus bóthair nuathógtha nó uasghrádaithe, lena n-áirítear droichid***; |

**Leasú 325**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) iompar agus soghluaisteacht ***éifeachtúil ísealtorainn*** astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn, lena n-áirítear glasú na ***bhflítí*** uirbeacha; | (c) iompar agus soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha ***nó inbhuanaithe atá éifeachtúil agus ar thorann íseal*** a chur chun cinn, lena n-áirítear glasú na ***bhflíteanna*** uirbeacha; |

**Leasú 326**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) méadú ar chion módúil an iompair phoiblí agus na modhanna gníomhacha; | (d) méadú ar chion módúil an iompair phoiblí agus na modhanna gníomhacha***, lena n-áirítear trí pháirceáil shábháilte rothar a sholáthar ag stáisiúin traenach agus bus, le limistéir luchtaithe thiomnaithe do rothair leictreacha, chomh maith le bonneagar slán sábháilte do mhodhanna gníomhacha***; |

**Leasú 327**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e a) inrochtaineacht agus nascacht a mhéadú idir limistéir uirbeacha agus thuaithe, agus rochtain gan bhac ar iompar cliste, inbhuanaithe agus inacmhainne;*** |

**Leasú 328**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 – pointe e b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e b) naisc meitreo/iarnróid éadroim a mhéadú, i gcás inarb ábhartha, idir scrogaill idir dhá nód uirbeacha trasteorann.*** |

**Leasú 329**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 42 – mír 3 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(f a) maidir le SEDEA: gach uasghrádú bonneagair is gá chun malartú sonraí fíor-ama a chumasú idir feithiclí tráchtála agus údaráis forfheidhmithe.*** |

**Leasú 330**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh na Ballstáit tionscadail leasa choitinn ***a chur*** chun cinn, ar tionscadail iad a sholáthraíonn seirbhísí éifeachtúla iompair lasta a úsáideann bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus a chuidíonn le hastaíochtaí ***dé-ocsaíde carbóin*** agus iarmhairtí eile diúltacha comhshaoil a laghdú, agus arb í is aidhm dóibh: | 1. Cuirfidh na Ballstáit tionscadail leasa choitinn chun cinn, ar tionscadail iad a sholáthraíonn seirbhísí éifeachtúla iompair lasta a úsáideann bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus a chuidíonn le hastaíochtaí ***gás ceaptha teasa*** agus iarmhairtí eile diúltacha comhshaoil a laghdú, ***amhail truailliú aeir*** agus ***truailliú torainn, agus*** arb í is aidhm dóibh: |

**Leasú 331**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) naisc leis na codanna sin den Aontas is leochailí agus is iargúlta a fheabhsú, go háirithe na réigiúin is forimeallaí agus réigiúin iargúlta, oileánda, fhorimeallacha agus shléibhtiúla eile chomh maith le limistéir atá tearc i ndaoine. | (e) naisc leis na codanna sin den Aontas is leochailí agus is iargúlta a fheabhsú, go háirithe na réigiúin is forimeallaí agus réigiúin iargúlta, oileánda, fhorimeallacha agus shléibhtiúla eile chomh maith le limistéir atá tearc i ndaoine***, chun seirbhísí rialta minic a éascú***. |

**Leasú 332**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tacú le dícharbónú an iompair, agus é a chur chun cinn, trí aistriú chuig feithiclí, ***soithigh*** agus aerárthaí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle agus teicneolaíochtaí iompair eile atá nuálach agus inbhuanaithe ***amhail hyperloop***; | (a) tacú le dícharbónú an iompair, agus é a chur chun cinn, trí aistriú chuig feithiclí, ***soithí, innill féinghluaiste*** agus aerárthaí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle ***a chumhachtaítear le breoslaí malartacha*** agus ***in-athnuaite agus chuig*** teicneolaíochtaí iompair ***agus gréasáin*** eile atá nuálach agus inbhuanaithe; |

**Leasú 333**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) dálaí iomchuí a chruthú chun teicneolaíochtaí inbhuanaithe atá ag teacht chun cinn, amhail oibríochtaí uathoibrithe traenach, feithiclí uathrialaitheacha, ladrainn paisinéirí agus lasta, a chur chun cinn agus a chur in úsáid chun ceannaireacht an Aontais ar na teicneolaíochtaí sin a choimirciú agus chun infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí a spreagadh sa bhonneagar is gá le haghaidh modhanna nua soghluaisteachta, amhail oibríochtaí ladrainn uirbeacha an mhíle dheireanaigh, conairí ardaithe rothaíochta, traenacha maglev agus hipearlúb;*** |

**Leasú 334**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) dícharbónú sna modhanna uile iompair a éascú trí éifeachtúlacht fuinnimh | (b) dícharbónú sna modhanna uile iompair a éascú trí éifeachtúlacht fuinnimh |

| | |
|---|---|
| a spreagadh, réitigh astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle, lena n-áirítear córais soláthair hidrigine agus leictreachais, a thabhairt isteach mar aon le réitigh nua eile amhail breoslaí inbhuanaithe, agus bonneagar comhfhreagrach a sholáthar. Féadfar rochtain ar eangacha agus ***na*** saoráidí eile is gá le haghaidh an tsoláthair fuinnimh a áireamh le bonneagar den sórt sin, féadfaidh sé an comhéadan feithiclí-bonneagair a chur san áireamh agus féadfaidh sé córais TFC don ***iompair*** a chuimsiú. Féadfaidh bonneagar iompair feidhmiú mar mhol fuinnimh chun freastal ar mhodhanna éagsúla ***taistil***; | a spreagadh, réitigh astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle, lena n-áirítear córais soláthair hidrigine***, bithbhreoslaí*** agus leictreachais, a thabhairt isteach mar aon le réitigh nua eile amhail breoslaí inbhuanaithe, agus bonneagar comhfhreagrach a sholáthar. Féadfar rochtain ***dhéthreoch*** ar eangacha***, aonaid gan sreang nó aonaid ionduchtacha nach bhfuil aon nascóir ag gabháil leo, píblínte*** agus saoráidí eile is gá le haghaidh an tsoláthair fuinnimh a áireamh le bonneagar den sórt sin, féadfaidh sé an comhéadan feithiclí-bonneagair a chur san áireamh agus féadfaidh sé córais TFC don ***iompar*** a chuimsiú. Féadfaidh bonneagar iompair feidhmiú mar mhol fuinnimh chun freastal ar mhodhanna éagsúla ***iompair agus chun an eangach a chobhsú, agus ag an am céanna rannchuidiú le réitigh fuinnimh inbhuanaithe a chur in úsáid***; |

**Leasú 335**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tacú le glacadh agus cur in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha nua, go háirithe bonneagar nascachta le clúdach gan bhriseadh ar fud na gconairí iompair Eorpacha a chur chun cinn chun an leibhéal agus feidhmíocht is airde bonneagair dhigitigh a áirithiú agus chun leibhéil níos airde uathoibrithe a bhaint amach; | (c) tacú le glacadh agus cur in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha nua, go háirithe bonneagar nascachta le clúdach gan bhriseadh ar fud na gConairí Iompair Eorpacha a chur chun cinn chun an leibhéal agus feidhmíocht is airde bonneagair dhigitigh a áirithiú agus chun leibhéil níos airde uathoibrithe a bhaint amach***, go háirithe san earnáil iarnróid***; |

**Leasú 336**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) feabhas a chur ar oibríocht, bainistiú, inrochtaineacht, idir-inoibritheacht, ilmhódúlacht agus éifeachtúlacht an ghréasáin, lena n-áirítear trí sheirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha a fhorbairt agus bonneagar lena n-éascaítear ilmhódúlacht ***gan uaim*** a fhorbairt, amhail ***nasc*** ardluais ***iarnróid*** agus ***traenach/traim*** chuig an gcathair ag na haerfoirt; | (e) feabhas a chur ar oibríocht, bainistiú, inrochtaineacht, idir-inoibritheacht, ilmhódúlacht agus éifeachtúlacht an ghréasáin, lena n-áirítear trí sheirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha a fhorbairt***, réitigh 'Soghluaisteacht ar éileamh' a fhorbairt, lena n-áirítear i gcríocha inar deonaíodh díolúintí ó cheanglais theicniúla TEN-T,*** agus bonneagar lena n-éascaítear ilmhódúlacht ***rianúil*** a fhorbairt, amhail ***iarnród*** ardluais***, traenacha oíche*** agus ***naisc thraenach/thram*** chuig an gcathair ag na haerfoirt; |

**Leasú 337**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) bealaí éifeachtúla a chur chun cinn chun faisnéis inrochtana chuimsitheach a chur ar fáil do na húsáideoirí agus do na soláthraithe seirbhísí iompair uile maidir le tionchair a roghanna iompair ar an gcomhshaol; | (g) bealaí éifeachtúla a chur chun cinn chun faisnéis inrochtana ***agus*** chuimsitheach a chur ar fáil do na húsáideoirí agus do na soláthraithe seirbhísí iompair uile maidir le tionchair a roghanna iompair ar an gcomhshaol***, bunaithe ar chur chuige saolré iomlán arna bhunú faoi mhodheolaíocht chomhchoiteann mar a leagtar amach in Airteagal 8 den Rialachán seo***; |

**Leasú 338**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) bearta a chur chun cinn chun costais sheachtracha a laghdú, amhail brú tráchta, dochar don tsláinte agus truailliú | (h) bearta a chur chun cinn chun costais sheachtracha a laghdú ***agus a inmheánú***, amhail brú tráchta, dochar don |

| | |
|---|---|
| de shaghas ar bith, lena n-áirítear torann**,** agus astaíochtaí; | tsláinte agus truailliú de shaghas ar bith, lena n-áirítear torann agus astaíochtaí; |

**Leasú 339**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (k) forbairt agus úsáid córais TFC ***don iompar*** agus teicneolaíochtaí nua don iompar a chur chun cinn tuilleadh laistigh de mhodhanna iompair agus eatarthu**.** | (k) forbairt agus úsáid córais TFC agus teicneolaíochtaí nua don iompar a chur chun cinn tuilleadh laistigh de mhodhanna iompair agus eatarthu***, agus béim ar leith á leagan ar iarnród;*** |

**Leasú 340**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe k a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(k a) i gcás inarb ábhartha, cur chun feidhme na bhforbairtí agus na n-úsáidí teicneolaíochta nuálacha a áirítear i mír 1 a chomhordú le tíortha comharsanachta, go háirithe i stráicí trasteorann.*** |

**Leasú 341**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéantar foráil sa bhonneagar iompair maidir le gluaiseachtaí sábháilte agus slána paisinéirí agus lasta. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéantar foráil sa bhonneagar iompair maidir le gluaiseachtaí sábháilte agus slána paisinéirí agus lasta***, lena n-áirítear trí leibhéal leormhaith cothabhála thar shaolré an bhonneagair iompair a ráthú***. |

**Leasú 342**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Agus bonneagar á phleanáil, ***cuirfidh*** na Ballstáit ***feabhas ar shlándáil*** agus ***ar*** athléimneacht an bhonneagair iompair in aghaidh an athraithe aeráide, guaiseacha nádúrtha, tubaistí de dhéanamh an duine, mar aon le suaitheadh d'aon ghnó a dhéanann difear d'fheidhmiú chóras iompair an Aontais. Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun feidhme ag na Ballstáit, cuirfidh siad an méid seo a leanas san áireamh: | 1. Agus bonneagar á phleanáil, ***áiritheoidh*** na Ballstáit ***an leibhéal slándála is airde*** agus athléimneacht an bhonneagair iompair in aghaidh an athraithe aeráide, guaiseacha nádúrtha, ***athruithe geopholaitiúla,*** tubaistí de dhéanamh an duine, mar aon le suaitheadh d'aon ghnó***, lena n-áirítear suaitheadh arna dhéanamh ag daoine nádúrtha nó gnóthais ó thríú tíortha,*** a dhéanann difear d'fheidhmiú chóras iompair an Aontais. Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun feidhme ag na Ballstáit, cuirfidh siad an méid seo a leanas san áireamh: |

**Leasú 343**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) cáilíocht bonneagair struchtúrthaigh feadh a shaolré ina iomláine, agus aird ar leith á tabhairt ar na dálaí comhshaoil a mheastar a bheidh ann amach anseo; | (c) cáilíocht bonneagair struchtúrthaigh feadh a shaolré ina iomláine, agus aird ar leith á tabhairt ar na dálaí ***aeráide agus*** comhshaoil a mheastar a bheidh ann amach anseo; |

**Leasú 344**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) ní mór don chosaint shibhialta a bheith in ann freagairt do shuaitheadh; | (d) ní mór don chosaint shibhialta a bheith in ann freagairt do shuaitheadh ***agus d'iompar earraí contúirteacha***; |

**Leasú 345**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) cibearshlándáil agus athléimneacht an bhonneagair, agus aird ar leith á tabhairt ar ***bhonneagar*** trasteorann. | (e) cibearshlándáil agus athléimneacht an bhonneagair, agus aird ar leith á tabhairt ar ***rannpháirtíocht daoine nádúrtha nó gnóthas ó thríú tíortha i mbonneagar straitéiseach agus*** trasteorann ***agus ar rannchuidiú na ndaoine nó na ngnóthas sin leis an mbonnegar sin***. |

**Leasú 346**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tionscadail leasa choitinn nach mór measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh ina leith i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE, beidh na tionscadail sin faoi réir díonadh ó thaobh na haeráide. Déanfar an díonadh ó thaobh na haeráide bunaithe ar an dea-chleachtas agus an treoraíocht is déanaí atá ar fáil chun a áirithiú go mbeidh bonneagair iompair athléimneach in aghaidh dhrochthionchair an athraithe aeráide, trí mheasúnú leochaileachta agus riosca a dhéanamh maidir leis an aeráid, agus trí chostais astaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhtháthú sa mheasúnú costais is tairbhe. Níl feidhm ag an gceanglas sin maidir le tionscadail a ndearnadh an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ina leith roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. | 2. Tionscadail leasa choitinn nach mór measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh ina leith i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE, beidh na tionscadail sin faoi réir díonadh ó thaobh na haeráide. Déanfar an díonadh ó thaobh na haeráide bunaithe ar an dea-chleachtas agus an treoraíocht is déanaí atá ar fáil chun a áirithiú go mbeidh bonneagair iompair athléimneach in aghaidh dhrochthionchair an athraithe aeráide, trí mheasúnú leochaileachta agus riosca a dhéanamh maidir leis an aeráid, ***lena n-áirítear trí bhearta oiriúnaithe ábhartha,*** agus trí chostais ***shaolré an tionscadail i leith*** astaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhtháthú sa mheasúnú costais is tairbhe. Níl feidhm ag an gceanglas sin maidir le tionscadail a ndearnadh an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ina leith roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. |

**Leasú 347**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Bunóidh na Ballstáit 'Lánaí Glasa' d'fheidhmiú leanúnach na slabhraí soláthair, chomh maith le taisteal riachtanach feadh an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, chun ganntanais earraí riachtanacha a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint agus chun feidhmíocht na mbonneagar iompair a áirithiú i gcás éigeandála, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis na Comhordaitheoirí Eorpacha.*** |

**Leasú 348**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 b. Faoin 31 Nollaig 2025, déanfaidh na Ballstáit measúnú chun gach bonneagar criticiúil iompair atá ann cheana a shainaithint ar a gcroíghréasán agus ar a ngréasán cuimsitheach, lena n-áirítear i leith gach modha, agus measúnú a dhéanamh ar a n-athléimneacht i gcoinne an athraithe aeráide, trí thástáil leochaileachta aeráide agus chomhshaoil agus trí mheasúnú riosca.<br>Faoin 31 Nollaig 2029, glacfaidh na Ballstáit na bearta oiriúnaithe uile is gá chun na bonneagair sin a thabhairt cothrom le dáta.*** |

**Leasú 349**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Rioscaí don tslándáil ***nó*** don ord poiblí | Rioscaí don tslándáil**,** don ord poiblí ***agus d'uathriail straitéiseach an Aontais*** |

**Leasú 350**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon tionscadal leasa choitinn ina gcríoch a bhfuil duine nádúrtha tríú tír rannpháirteach ann nó a bhfuil rannchuidiú de chineál ar bith ag duine tríú tír ann nó a mbaineann gnóthas de chuid tríú tír leis chun go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá aige ar an tslándáil nó ar an ord poiblí san Aontas. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid seo ar infheistíochtaí díreacha coigríche a dtugtar fógra fúibh don Choimisiún agus do Bhallstáit eile de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2019/452. | 1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon tionscadal leasa choitinn ina gcríoch a bhfuil duine nádúrtha tríú tír rannpháirteach ann nó a bhfuil rannchuidiú de chineál ar bith ag duine tríú tír ann nó a mbaineann gnóthas de chuid tríú tír leis chun go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá aige ar an tslándáil nó ar an ord poiblí san Aontas ***Aontas agus iomaíocht chóir sa soláthar poiblí a áirithiú***. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid seo ar infheistíochtaí díreacha coigríche a dtugtar fógra fúibh don Choimisiún agus do Bhallstáit eile de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2019/452. |

**Leasú 351**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 2 – fomhír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(f a) comhréireacht an tionscadail leasa choitinn atá beartaithe leis na ceanglais agus na caighdeáin faoin Rialachán seo;*** |

**Leasú 352**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ina theannta sin, ***féachfaidh*** na Ballstáit ***le haon*** fhaisnéis***, má tá fáil ar a leithéid,*** is ábhartha don mheasúnú a rinne an Coimisiún de bhun phointí (a), (b) agus (c) den dara fomhír de mhír 5 ***a chur ar fáil***. | Ina theannta sin, ***soláthróidh*** na Ballstáit ***aon*** fhaisnéis is ábhartha don mheasúnú a rinne an Coimisiún de bhun phointí (a), (b) agus (c) den dara fomhír de mhír 5. |

**Leasú 353**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. I gcás ina measann Ballstát gur dócha go ndéanfadh infheistíocht dhíreach choigríche ar a bhfuil scagadh á dhéanamh i mBallstát eile difear don tslándáil nó don ord poiblí ann, nó má tá faisnéis aige atá ábhartha don scagadh sin, féadfaidh sé barúlacha a chur ar fáil don Bhallstát atá i mbun an scagtha sin. Déanfaidh an Ballstát a chuirfidh barúlacha ar fáil iad a chur chuig an gCoimisiún ag an am céanna.*** <br> ***Tabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit eile á rá gur cuireadh barúlacha ar fáil.*** |

**Leasú 354**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe an tionscadal leasa choitinn a dhéanamh go gcuirfear an fhaisnéis bhreise a iarrann an Coimisiún ar fáil don Choimisiún ***gan moill mhíchuí***. | Áiritheoidh an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe an tionscadal leasa choitinn a dhéanamh go gcuirfear an fhaisnéis bhreise a iarrann an Coimisiún ar fáil don Choimisiún ***tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis na hiarrata***. |

**Leasú 355**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 3 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe an tionscadal leasa choitinn a dhéanamh a iarraidh ar an duine nádúrtha tríú tír nó ar ghnóthas de chuid tríú tír an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 a chur ar fáil. Cuirfidh an duine nádúrtha tríú tír nó gnóthas de chuid tríú tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh ar fáil ***gan moill mhíchuí***. | Féadfaidh an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe an tionscadal leasa choitinn a dhéanamh a iarraidh ar an duine nádúrtha tríú tír nó ar ghnóthas de chuid tríú tír an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 a chur ar fáil. Cuirfidh an duine nádúrtha tríú tír nó gnóthas de chuid tríú tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh ar fáil ***tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis na hiarrata***. ***Maidir leis an bhfaisnéis arna soláthar ag duine nádúrtha nó gnóthas an tríú tír, fíoróidh an Ballstát go bhfuil an fhaisnéis sin ceart.*** |

**Leasú 356**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina measann an Coimisiún gur dócha go ndéanfaidh rannpháirtíocht nó rannchuidiú de chineál ar bith ó dhuine nádúrtha tríú tír nó ó ghnóthas de chuid tríú tír difear do bhonneagar criticiúil ar an ngréasán tras-Eorpach iompair ar fhorais slándála nó oird phoiblí, nó má tá faisnéis ábhartha aige i ndáil leis an rannpháirtíocht nó an rannchuidiú sin, nó an tionscadal leasa choitinn lena mbaineann, ***féadfaidh sé tuairim*** a eisiúint don Bhallstát ina bhfuil sé beartaithe an tionscadal leasa choitinn a dhéanamh. | I gcás ina measann an Coimisiún gur dócha go ndéanfaidh rannpháirtíocht nó rannchuidiú de chineál ar bith ó dhuine nádúrtha tríú tír nó ó ghnóthas de chuid tríú tír difear do bhonneagar criticiúil ar an ngréasán tras-Eorpach iompair ar fhorais ***caighdeánaithe,*** slándála nó oird phoiblí, nó má tá faisnéis ábhartha aige i ndáil leis an rannpháirtíocht nó an rannchuidiú sin, nó an tionscadal leasa choitinn lena mbaineann, ***déanfaidh sé cinneadh*** a eisiúint don Bhallstát ina bhfuil sé beartaithe an tionscadal leasa choitinn a dhéanamh. |

**Leasú 357**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ciallaíonn "bonneagar criticiúil" ar an gcaoi sin sócmhainn, córas nó cuid de chóras a úsáidtear chun críoch iompair agus atá suite sna Ballstáit atá fíor-riachtanach chun feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha, sláinte, sábháilteacht, slándáil, leas eacnamaíoch nó sóisialta na ndaoine a chothabháil, agus a mbeidh tionchar suntasach ag a bhriseadh nó a scriosadh i mBallstát mar thoradh ar an mainneachtain na feidhmeanna sin a chothabháil. | Ciallaíonn "bonneagar criticiúil" ar an gcaoi sin sócmhainn, córas nó cuid de chóras a úsáidtear chun críoch iompair agus atá suite sna Ballstáit atá fíor-riachtanach chun feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha, sláinte, sábháilteacht, slándáil, ***cosaint,*** leas eacnamaíoch nó sóisialta na ndaoine a chothabháil, agus a mbeidh tionchar suntasach ag a bhriseadh nó a scriosadh i mBallstát mar thoradh ar an mainneachtain na feidhmeanna sin a chothabháil. |

**Leasú 358**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 5 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus an Coimisiún ag cinneadh cé acu is dócha go ndéanfaidh rannpháirtíocht ó dhuine nádúrtha tríú tír nó ó ghnóthas de chuid tríú tír difear do bhonneagar criticiúil ar fhorais slándála nó oird phoiblí nó nach dócha, ***féadfaidh*** sé na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith aici sin ar na nithe seo a leanas, inter alia, a chur san áireamh: | Agus an Coimisiún ag cinneadh cé acu is dócha go ndéanfaidh rannpháirtíocht ó dhuine nádúrtha tríú tír nó ó ghnóthas de chuid tríú tír difear do bhonneagar criticiúil ar fhorais ***caighdeánaithe,*** slándála nó oird phoiblí nó nach dócha, ***déanfaidh*** sé na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith aici sin ar na nithe seo a leanas, inter alia, a chur san áireamh: |

**Leasú 359**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 5 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus an Coimisiún ag cinneadh cé acu is dócha go ndéanfaidh rannpháirtíocht nó rannchuidiú coigríche difear don tslándáil nó don ord poiblí nó nach dócha, ***féadfaidh*** | Agus an Coimisiún ag cinneadh cé acu is dócha go ndéanfaidh rannpháirtíocht nó rannchuidiú coigríche difear don tslándáil nó don ord poiblí nó nach dócha, |

sé na nithe seo a leanas, go háirithe, a chur san áireamh freisin: | ***déanfaidh*** sé na nithe seo a leanas, go háirithe, a chur san áireamh freisin:

**Leasú 360**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. ***Féadfaidh*** an Coimisiún ***tuairim a chur ar fáil*** de bhun mhír 4 tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an fhaisnéis a fháil de bhun mhír 3. Is chuig an mBallstát ina bhfuil sé beartaithe an tionscadal leasa choitinn a dhéanamh a dhíreofar an ***tuairim*** ón gCoimisiún agus cuirfear chuig na Ballstáit eile ***í***. I gcás gur infheistíocht dhíreach choigríche í an rannpháirtíocht nó an rannchuidiú de chineál ar bith ó dhuine nádúrtha tríú tír nó ó ghnóthas de chuid tríú tír mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/452, ar infheistíocht í nach bhfuil scagadh á dhéanamh uirthi ag an mBallstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht dhíreach choigríche a dhéanamh nó inar cuireadh i gcrích í, eiseoidh an Coimisiún an ***tuairim*** sin, i gcás ina bhfuil údar cuí leis, de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/452. | 6. ***Déanfaidh*** an Coimisiún ***cinneadh a eisiúint*** de bhun mhír 4 tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an fhaisnéis a fháil de bhun mhír 3. Is chuig an mBallstát ina bhfuil sé beartaithe an tionscadal leasa choitinn a dhéanamh a dhíreofar an ***cinneadh*** ón gCoimisiún agus cuirfear chuig na Ballstáit eile ***é***. I gcás gur infheistíocht dhíreach choigríche í an rannpháirtíocht nó an rannchuidiú de chineál ar bith ó dhuine nádúrtha tríú tír nó ó ghnóthas de chuid tríú tír mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/452, ar infheistíocht í nach bhfuil scagadh á dhéanamh uirthi ag an mBallstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht dhíreach choigríche a dhéanamh nó inar cuireadh i gcrích í, eiseoidh an Coimisiún an ***cinneadh*** sin, i gcás ina bhfuil údar cuí leis, de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/452. |

**Leasú 361**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. An Ballstát ina bhfuil sé beartaithe go gcuirfidh duine nádúrtha tríú tír nó gnóthas de chuid tríú tír tionscadal leasa choitinn chun feidhme, nó go mbeidh duine nádúrtha tríú tír nó gnóthas de chuid tríú tír rannpháirteach sa tionscadal sin nó go ndéanfaidh sé rannchuidiú de chineál ar | 7. An Ballstát ina bhfuil sé beartaithe go gcuirfidh duine nádúrtha tríú tír nó gnóthas de chuid tríú tír tionscadal leasa choitinn chun feidhme, nó go mbeidh duine nádúrtha tríú tír nó gnóthas de chuid tríú tír rannpháirteach sa tionscadal sin nó go ndéanfaidh sé rannchuidiú de chineál ar |

| | |
|---|---|
| bith ina leith, tabharfaidh an Ballstát sin lánaird ar an ***tuairim*** ón gCoimisiún ***agus tabharfaidh sé míniú don Choimisiún mura leantar an tuairim sin, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an tuairim sin a eisiúint***. | bith ina leith, tabharfaidh an Ballstát sin lánaird ar an ***gcinneadh*** ón gCoimisiún. ***I gcás ina luaitear sa chinneadh ón gCoimisiún gur dócha go ndéanfaidh an rannpháirtíocht eachtrach nó an rannchuidiú eachtrach difear don tslándáil nó don ord poiblí, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann toirmeasc ar rannpháirtíocht eachtrach sa tionscadal nó ar rannchuidiú eachtrach leis.*** |

**Leasú 362**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 47a*** |
| | ***An tsoghluaisteacht mhíleata*** |
| | ***1. Agus bonneagar ar an ngréasán tras-Eorpach iompair á thógáil nó á uasghrádú, déanfaidh na Ballstáit measúnú ar an ngá, ar a ábhartha agus ar a indéanta atá sé dul thar na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil III, chun freastal ar mheáchan, ar mhéid nó ar scála iompair mhíleata trúpaí agus ábhair.*** |
| | ***2. Faoin ... [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún staidéar chun féidearthachtaí a shainaithint maidir le gluaiseachtaí mórscála gearrfhógra ar fud an Aontais, lena n-áirítear bealaí straitéiseacha, d'fhonn dé-úsáid bhonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a fheabhsú. Cuirfear gnéithe ar fáil sa staidéar maidir le pleanáil fhadtéarmach bonneagair chun críocha soghluaisteachta dé-úsáide. Le linn an staidéir sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit.*** |

**Leasú 363**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 48 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) déantar bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a chothabháil ar bhealach a fhágann go gcuireann sé an leibhéal céanna seirbhíse agus sábháilteachta ar fáil feadh a shaolré; | (a) déantar bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a chothabháil ar bhealach a fhágann go gcuireann sé an leibhéal céanna seirbhíse agus sábháilteachta ar fáil feadh a shaolré***, lena n-áirithítear cur chuige réamhbhreathnaitheach i leith obair chothabhála, nach mór a dhéanamh de réir na gcaighdeán is déanaí maidir le sábháilteacht úsáideoirí ar fud an ghréasáin. Bainistítear oibreacha cothabhála a mbíonn teorannú nó neamh-infhaighteacht bonneagair iarnróid mar thoradh orthu de réir na rialacha a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2017/2075 ón gCoimisiún***; |

**Leasú 364**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 48 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) cuirtear riachtanais agus costais chothabhála thar shaolré an bhonneagair san áireamh ***le linn*** chéim phleanála na tógála nó an uasghrádaithe; | (c) cuirtear riachtanais agus costais chothabhála thar shaolré an bhonneagair san áireamh ***ó staidéir indéantachta agus ó*** chéim phleanála na tógála nó an uasghrádaithe; |

**Leasú 365**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 48 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) is réamhchoinníoll é pointe (b) agus pointe (c) de mhír 1 a chomhlíonadh*** |

***chun cistiú a fháil ó SCE.***

**Leasú 366**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 48 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Bunóidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Comhordaitheoirí Eorpacha, plean faireacháin croíghréasáin maidir le cothabháil ar an leibhéal Eorpach. Ba cheart don phlean faireacháin sin, i measc nithe eile, meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i mír 1 ag na Ballstáit, staidéar a dhéanamh ar staid reatha na cothabhála ar an gcroíghréasán agus bearnaí i gceanglais cháilíochta an bhonneagair a shainaithint, go háirithe i mbonneagar criticiúil. Cuirfidh an Coimisiún moltaí ar fáil do na Ballstáit maidir le bearta spriocdhírithe chun cothabháil an ghréasáin a fheabhsú. Cuirfidh an Coimisiún tuarascálacha ar dhul chun cinn i láthair gach dhá bhliain freisin.*** |

**Leasú 367**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Le bonneagar iompair beidh soghluaisteacht ***gan uaim*** agus inrochtaineacht ann do gach úsáideoir, go háirithe ***daoine atá i staideanna leochaileacha lena n-áirítear daoine*** faoi mhíchumas nó a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ***mar aon le daoine*** atá ina gcónaí sna réigiúin is forimeallaí agus i réigiúin iargúlta, oileánda, fhorimeallacha agus shléibhtiúla eile ***chomh maith le*** | Le bonneagar iompair***, lena n-áirítear na seirbhísí atá nasctha leis,*** beidh soghluaisteacht ***rianúil*** agus inrochtaineacht ann do gach úsáideoir, go háirithe ***do dhaoine*** faoi mhíchumas nó ***daoine*** a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe***, do dhaoine scothaosta, do dhaoine*** atá ina gcónaí sna réigiúin is forimeallaí agus i réigiúin iargúlta, ***tuaithe,*** oileánda, fhorimeallacha agus shléibhtiúla |

| | |
|---|---|
| limistéir atá tearc i ndaoine. | eile ***agus i*** limistéir atá tearc i ndaoine***, chomh maith le daoine eile a bhfuil bacainní inrochtaineachta, nascachta, eacnamaíocha nó bacainní eile ar iompar acu, rud a rannchuideoidh freisin le bochtaineacht iompair a mhaolú***. |

**Leasú 368**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is ionstraim iad na Conairí Iompair Eorpacha chun cur chun feidhme comhordaithe codanna den ghréasán tras-Eorpach iompair a éascú agus tá sé i gceist leo, go háirithe, ***feabhas a chur ar*** naisc thrasteorann ***agus*** chun scrogaill ***a bhaint*** laistigh den Aontas. | 1. Is ionstraim iad na Conairí Iompair Eorpacha chun cur chun feidhme comhordaithe codanna den ghréasán tras-Eorpach iompair ***atá suite ar an gcroíghréasán agus ar an gcroíghréasán breisithe*** a éascú agus tá sé i gceist leo, go háirithe, naisc thrasteorann ***a fheabhsú*** chun scrogaill laistigh den Aontas ***a bhaint, agus chun naisc le tíortha comharsanachta a fheabhsú***. |

**Leasú 369**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) idir-inoibritheacht; | (b) idir-inoibritheacht***, leanúnachas agus inrochtaineacht an ghréasáin***; |

**Leasú 370**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) forbairt chomhordaithe ar an mbonneagar, go háirithe i ***gcodanna*** trasteorann, go sonrach d'fhonn córas lasta | (c) forbairt chomhordaithe ar an mbonneagar, go háirithe i ***stráicí*** trasteorann, go sonrach d'fhonn córas lasta |

iarnróid atá idir-inoibritheach go hiomlán mar aon le ***líonra iarnróid fad-achair ardluais do phaisinéirí ar fud an Aontais***;

iarnróid atá idir-inoibritheach go hiomlán ***agus gréasán paisinéirí iarnróid fad-achair ardluais a fhorbairt,*** mar aon le ***córas iompair uiscebhealaí intíre atá idir-inoibritheach go hiomlán***;

**Leasú 371**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) úsáid bonneagair breoslaí malartacha a chur chun cinn.*** |

**Leasú 372**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Le Conairí Iompair Eorpacha, cuirfear ar chumas na mBallstát cur chuige comhordaithe agus sioncronaithe a bhaint amach maidir le hinfheistíocht i mbonneagar. | 3. Le Conairí Iompair Eorpacha, cuirfear ar chumas na mBallstát ***agus na dtíortha comharsanachta*** cur chuige comhordaithe agus sioncronaithe a bhaint amach maidir le hinfheistíocht i mbonneagar. |

**Leasú 373**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Is iad an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) agus an Spás Muirí Eorpach na tosaíochtaí cothrománacha i dtaca le cur chun feidhme an ***líonra*** iompair ***thras-Eorpaigh***. Cinnteoidh siad sin go gcuirfear ERTMS in úsáid ar an ngréasán ar fad agus go gcomhtháthófar na naisc mhuirí sa ***líonra*** | 4. Is iad an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) agus an Spás Muirí Eorpach na tosaíochtaí cothrománacha i dtaca le cur chun feidhme an ***ghréasáin tras-Eorpaigh*** iompair. Cinnteoidh siad sin go gcuirfear ERTMS in úsáid ar an ngréasán ar fad agus go gcomhtháthófar na naisc mhuirí ***agus*** |

iompair ***tras-Eorpach***.

***uiscebhealaí intíre*** sa ***gréasán tras-Eorpach*** iompair.

**Leasú 374**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 5 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) déanfaidh siad ***an*** plean oibre a tharraingt suas i gcomhar leis na Ballstáit agus déanfaidh siad faireachán ar a chur chun feidhme i gcomhréir le ***hAirteagal 53***; | (b) déanfaidh siad plean oibre a tharraingt suas i gcomhar leis na Ballstáit ***lena mbaineann,*** agus ***i gcomhar leis na tíortha comharsanachta lena mbaineann, agus*** déanfaidh siad faireachán ar a chur chun feidhme i gcomhréir le ***hAirteagal 53***; |

**Leasú 375**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 5 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tuairisceoidh sé do na Ballstáit, don Choimisiún agus, mar is iomchuí, do na heintitis eile go léir a bhfuil baint dhíreach acu le forbairt na Conaire Iompair Eorpaí nó na tosaíochta cothrománaí faoi aon deacracht a bheadh ann agus, go háirithe tráth a mbeidh bac á chur ar fhorbairt conaire nó tosaíochta cothrománaí, d'fhonn cuidiú chun teacht ar réitigh iomchuí; | (d) tuairisceoidh sé***, in am trátha,*** do na Ballstáit, ***agus do na tíortha comharsanachta lena mbaineann,*** don Choimisiún***, don Pharlaimint*** agus, mar is iomchuí, do na heintitis eile go léir a bhfuil baint dhíreach acu le forbairt na Conaire Iompair Eorpaí nó na tosaíochta cothrománaí faoi aon deacracht a bheadh ann agus, go háirithe tráth a mbeidh bac á chur ar fhorbairt conaire nó tosaíochta cothrománaí, d'fhonn cuidiú chun teacht ar réitigh iomchuí; |

**Leasú 376**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 5 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) déanfaidh siad tuarascáil stádais ***bhliantúil*** a tharraingt suas maidir leis an dul chun cinn a bheidh déanta i gcur chun feidhme na gConairí Iompair Eorpacha agus na dtosaíochtaí cothrománacha. Díreofar ***sa tuarascáil stádais bhliantúil sin*** ar an dul chun cinn a dhéanfar ar phríomhthosaíochtaí agus ar phríomhinfheistíochtaí, tabharfar tuairisc inti ar chineál na bhfadhbanna a thiocfadh chun cinn ina gcur chun feidhme agus molfar réitigh. | (e) déanfaidh siad tuarascáil ***bhliantúil*** stádais a tharraingt suas maidir leis an dul chun cinn a bheidh déanta i gcur chun feidhme na gConairí Iompair Eorpacha agus na dtosaíochtaí cothrománacha. ***Cuirfear an tuarascáil bhliantúil stádais sin faoi bhráid na Parlaiminte, agus*** díreofar ***inti*** ar an dul chun cinn a dhéanfar ar phríomhthosaíochtaí agus ar phríomhinfheistíochtaí, tabharfar tuairisc inti ar chineál na bhfadhbanna a thiocfadh chun cinn ina gcur chun feidhme agus molfar réitigh. |

**Leasú 377**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 6 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) oibreoidh siad i ndlúthchomhar leis an rialachas lasta iarnróid chun riachtanais infheistíochta le haghaidh an lasta iarnróid ar línte lasta iarnróid na gConairí Iompair Eorpacha a shainaithint agus chun tús áite a thabhairt do na riachtanais sin; | (a) oibreoidh siad i ndlúthchomhar leis an rialachas lasta iarnróid chun riachtanais infheistíochta le haghaidh an lasta iarnróid ar línte lasta iarnróid na gConairí Iompair Eorpacha a shainaithint agus chun tús áite a thabhairt do na riachtanais sin ***d'fhonn struchtúr rialachais comhtháite aonair a fhorbairt do na Conairí Iompair Eorpacha***; |

**Leasú 378**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 6 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) teagmhálacha a éascú idir na húdaráis ainmnithe, mar a leagtar amach i dTreoir TEN-T Cliste, i gcomhthéacs na nósanna imeachta um dheonú ceadanna do thionscadail a bhaineann le dhá*** |

| | |
|---|---|
| | ***Bhallstát nó níos mó;*** |

**Leasú 379**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 6 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a b) teagmhálacha agus comhordú a éascú, i gcás inarb ábhartha, idir ionadaithe muirí agus ionadaithe uiscebhealaí intíre chun a sineirgí a mhéadú;*** |

**Leasú 380**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 7 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) riachtanais infheistíochta le haghaidh línte paisinéirí iarnróid de chuid na gConairí Iompair Eorpacha a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh; | (a) riachtanais infheistíochta le haghaidh línte paisinéirí ***agus lasta*** iarnróid de chuid na gConairí Iompair Eorpacha a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh; |

**Leasú 381**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 7 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) déanfaidh siad faireachán ar ghnéithe riaracháin, oibríochtúla agus idir-inoibritheachta na tráchta paisinéirí ar línte lasta iarnróid na gConairí Iompair Eorpacha, lena n-áirítear faireachán ar fheidhmíocht na seirbhísí do phaisinéirí iarnróid**.** | (b) déanfaidh siad faireachán ar ghnéithe riaracháin, oibríochtúla agus idir-inoibritheachta na tráchta paisinéirí ar línte lasta iarnróid na gConairí Iompair Eorpacha, lena n-áirítear faireachán ar ***inrochtaineacht agus ar*** fheidhmíocht na seirbhísí do phaisinéirí iarnróid ***agus easnaimh agus srianta a shainaithint agus béim ar leith á leagan ar an ngné thrasteorann;*** |

**Leasú 382**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 7 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) riachtanais infheistíochta le haghaidh na n-uiscebhealaí intíre a shainaithint, chomh maith le stráicí bóthair de na Conairí Iompair Eorpacha;*** |

**Leasú 383**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 7 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b b) riachtanais soghluaisteachta dé-úsáide a shainaithint;*** |

**Leasú 384**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 7 – pointe b c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b c) anailís a dhéanamh ar na riachtanais soghluaisteachta trasteorann i réigiúin trasteorann an Aontais agus na Ballstáit a spreagadh maidir leis na ranna lena mbaineann, i gcomhar leis na húdaráis ábhartha réigiúnacha agus áitiúla, chun pleananna soghluaisteachta trasteorann a bhunú go comhpháirteach ina mbeidh bearta spriocdhírithe chun naisc thrasteorann agus an t-innéacs nascachta gréasáin a mhéadú.*** |

**Leasú 385**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. De bhun ***Airteagal 14***(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/1153, iarrfaidh an Coimisiún tuairim an Chomhordaitheora Eorpaigh le linn don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chistiú ón Aontas faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) le haghaidh ***Chonairí*** Iompair Eorpaigh nó tosaíochtaí cothrománacha laistigh den sainordú atá ag an gComhordaitheoir Eorpach, chun comhsheasmhacht agus cur chun cinn gach conaire nó tosaíochta cothrománaí a áirithiú. Fíoróidh an Comhordaitheoir Eorpach an bhfuil tionscadail arna moladh ag na Ballstáit do chistiú SCE comhsheasmhach le tosaíochtaí an phlean oibre. | 8. De bhun ***Airteagal 14***(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/1153, iarrfaidh an Coimisiún tuairim an Chomhordaitheora Eorpaigh le linn don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chistiú ón Aontas faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) le haghaidh ***Conairí*** Iompair Eorpaigh nó tosaíochtaí cothrománacha laistigh den sainordú atá ag an gComhordaitheoir Eorpach, chun comhsheasmhacht agus cur chun cinn gach conaire nó tosaíochta cothrománaí a áirithiú***, agus an méadú ar innéacsanna nascachta gréasáin á chur san áireamh ag an am céanna***. Fíoróidh an Comhordaitheoir Eorpach an bhfuil tionscadail arna moladh ag na Ballstáit***, nó ag tíortha comharsanachta i gcás inarb infheidhme,*** do chistiú SCE comhsheasmhach le tosaíochtaí an phlean oibre. |

**Leasú 386**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 8 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Nuair a thíolactar iarratais ar chistiú ón Aontas faoi Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) le haghaidh Conairí Iompair Eorpacha nó tosaíochtaí cothrománacha faoi shainordú an Chomhordaitheora Eorpaigh, déanfaidh an Comhordaitheoir Eorpach ábhartha measúnú ar na hiarratais sin i bhfianaise a gcomhsheasmhachta le gach conair iompair Eorpach nó tosaíocht chothrománach agus a ndul chun cinn, agus an méadú ar innéacsanna nascachta gréasáin á chur san áireamh ag an am céanna. Cuirfidh an Comhordaitheoir Eorpach a measúnú ar aghaidh chuig an*** |

| | |
|---|---|
| | ***gCoimisiún.*** |

**Leasú 387**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Mura bhféadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach a shainordú a chur i gcrích go sásúil agus i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún, ***tráth ar bith***, deireadh a chur leis an sainordú sin agus Comhordaitheoir Eorpach nua a ainmniú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i ***mír 1***. | 9. Mura bhféadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach a shainordú a chur i gcrích go sásúil agus i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún, ***tar éis dó dul i gcomhairle leis an bParlaimint***, deireadh a chur leis an sainordú sin ***tráth ar bith*** agus Comhordaitheoir Eorpach nua a ainmniú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i ***mír 1***. |

**Leasú 388**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is é an Comhordaitheoir Eorpach a bhunóidh 'Fóram na Conaire' go foirmiúil agus a bheidh ina chathaoirleach air. Comhaontóidh na Ballstáit lena mbaineann ballraíocht Fhóram na Conaire dá gcuid féin den ***Chonaire*** Iompair Eorpach agus áiritheoidh siad go ndéanfar ionadaíocht ar an rialachas lasta iarnróid. | 2. Is é an Comhordaitheoir Eorpach a bhunóidh 'Fóram na Conaire' go foirmiúil agus a bheidh ina chathaoirleach air. Comhaontóidh na Ballstáit lena mbaineann ballraíocht Fhóram na Conaire dá gcuid féin den ***Chonair*** Iompair Eorpach agus áiritheoidh siad go ndéanfar ionadaíocht ar an rialachas lasta iarnróid***, ar na calafoirt mhuirí agus ar ionadaithe na n-uiscebhealaí intíre, agus, i gcás inarb iomchuí, ar nóid uirbeacha, ar na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla ábhartha agus ar ar na húdaráis ainmnithe mar a shainmhínítear iad i dTreoir TEN-T Cliste***. ***Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le tíortha comharsanachta maidir le ballraíocht Fhóram na Conaire dá gcodanna féin den Chonair Iompair Eorpach.*** |

**Leasú 389**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Le comhaontú ó na Ballstáit ***sin***, féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach meithleacha na gconairí a bhunú a bhféadfaidh sé bheith ina chathaoirleach orthu, agus lena ndíreofar ar an méid seo a leanas: | Le comhaontú ó na Ballstáit ***lena mbaineann***, ***agus tar éis dul i gcomhairle leis na tíortha comharsanachta lena mbaineann,*** féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach meithleacha na gconairí a bhunú a bhféadfaidh sé bheith ina chathaoirleach orthu, agus lena ndíreofar ar an méid seo a leanas: |

**Leasú 390**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 3 – fomhír 1 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(g a) comhsheasmhacht a áirithiú idir na pleananna náisiúnta agus Eorpacha;*** |

**Leasú 391**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 3 – fomhír 1 – pointe g b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(g b) soghluaisteacht mhíleata agus bonneagar dé-úsáide.*** |

**Leasú 392**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 3 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tabharfar cuireadh d'ionadaithe an rialachais lasta iarnróid freastal ar fhóram ábhartha na gConairí Iompair Eorpacha. Ar an gcaoi chéanna, tabharfar cuireadh do Chomhordaitheoirí na gConairí Iompair Eorpacha freastal ar chruinnithe feidhmiúcháin ábhartha an rialachais lasta iarnróid.*** |

**Leasú 393**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Is é an Comhordaitheoir Eorpach a bhunóidh an Fóram comhchomhairleach le haghaidh na dtosaíochtaí cothrománacha agus a bheidh ina chathaoirleach air. Féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb iomchuí, ionadaithe na n-earnálacha ábhartha, páirt a ghlacadh. Ainmneoidh na Ballstáit comhordaitheoir náisiúnta le haghaidh ERTMS chun freastal ar an bhFóram comhchomhairleach thar ceann ERTMS. Féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach meithleacha ad-hoc a chur ar bun freisin. | 4. Is é an Comhordaitheoir Eorpach a bhunóidh an Fóram comhchomhairleach le haghaidh na dtosaíochtaí cothrománacha agus a bheidh ina chathaoirleach air. Féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb iomchuí, ***na tíortha comharsanachta lena mbaineann agus*** ionadaithe na n-earnálacha ábhartha, ***lena n-áirítear na húdaráis ainmnithe mar a shainmhínítear iad i dTreoir TEN-T Cliste,*** páirt a ghlacadh ***ann***. Ainmneoidh na Ballstáit comhordaitheoir náisiúnta le haghaidh ERTMS chun freastal ar an bhFóram comhchomhairleach thar ceann ERTMS. Féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach meithleacha ad-hoc a chur ar bun freisin. |

**Leasú 394**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. ***Féadfaidh*** an Comhordaitheoir Eorpach ***dul*** i gcomhairle le húdaráis | 6. ***Rachaidh*** an Comhordaitheoir Eorpach i gcomhairle le húdaráis |

| | |
|---|---|
| réigiúnacha agus áitiúla, le bainisteoirí bonneagair, le hoibreoirí ***iompair, go háirithe leo siúd ar comhaltaí den*** rialachas lasta ***iarnróid iad***, leis an tionscal soláthair, le húsáideoirí iompair agus le hionadaithe ón tsochaí shibhialta i ndáil leis an bplean oibre agus lena chur chun feidhme. Ina theannta sin, rachaidh an Comhordaitheoir Eorpach atá freagrach as ERTMS i ndlúthchomhar le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus rachaidh Comhordaitheoir Eorpach don Spás Muirí i ndlúthchomhar leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa. | réigiúnacha agus áitiúla, ***leis na húdaráis ainmnithe mar a shainmhínítear iad i dTreoir TEN-T Cliste,*** le ***nóid uirbeacha, le*** bainisteoirí bonneagair, ***lena n-áirítear eintitis ainmnithe calafoirt,*** le hoibreoirí ***iarnróid, muirí agus uiscebhealaí intíre, le*** rialachas lasta, leis an tionscal soláthair, le húsáideoirí iompair***, le saineolaithe inrochtaineachta*** agus le hionadaithe ón tsochaí shibhialta i ndáil leis an bplean oibre agus lena chur chun feidhme. Ina theannta sin, rachaidh an Comhordaitheoir Eorpach atá freagrach as ERTMS i ndlúthchomhar le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus rachaidh Comhordaitheoir Eorpach don Spás Muirí i ndlúthchomhar leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa. |

**Leasú 395**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 6 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Chun rialachas ERTMS a bheidh láidir agus láraithe amach anseo a chur ar bun ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear cistiú rialaithe, pleanáil na bPleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme (NIP), acmhainní a chur ar fáil, glacadh sa mhargadh, imirce agus aistriú, déanfaidh Comhordaitheoir Eorpach ERTMS, lena n-áirítear bainisteoirí náisiúnta bonneagair agus ionadaithe na ngnóthas iarnróid, rialachas den sórt sin a éascú agus a chur chun cinn agus cur chun feidhme tráthúil agus comhchuibhithe an rialachais sin a áirithiú;*** |

**Leasú 396**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6 a. Féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach comhoibriú le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis na Conairí Iompair Eorpacha a shíneann chuig tíortha comharsanachta atá ina mball de na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin.*** |

**Leasú 397**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh gach Comhordaitheoir Eorpach um na Conairí Iompair Eorpacha agus an dá thosaíocht chothrománacha plean oibre a tharraingt suas, ar a dhéanaí 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus gach ***4 bliana*** ina dhiaidh sin, plean oibre lena dtugtar anailís mhionsonraithe ar staid chur chun feidhme na conaire nó na tosaíochta cothrománaí faoina chaibidil agus maidir le ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh mar aon leis na tosaíochtaí i dtaca le forbairt an Rialacháin amach anseo. | 1. Déanfaidh gach Comhordaitheoir Eorpach um na Conairí Iompair Eorpacha agus an dá thosaíocht chothrománacha plean oibre a tharraingt suas, ar a dhéanaí 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus gach ***2 bhliain*** ina dhiaidh sin, plean oibre lena dtugtar anailís mhionsonraithe ar staid chur chun feidhme na conaire nó na tosaíochta cothrománaí faoina chaibidil agus maidir le ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh mar aon leis na tosaíochtaí i dtaca le forbairt an Rialacháin amach anseo. |

**Leasú 398**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar an plean oibre a ullmhú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann agus i gcomhairle le Fóram na Conaire agus leis an rialachas lasta iarnróid, nó le fóram comhchomhairleach na dtosaíochtaí cothrománacha. Déanfaidh | Déanfar an plean oibre a ullmhú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann agus i gcomhairle le Fóram na Conaire agus leis an rialachas lasta iarnróid, nó le fóram comhchomhairleach na dtosaíochtaí cothrománacha. Déanfaidh |

na Ballstáit lena mbaineann plean oibre na gConairí Iompair Eorpacha a fhormheas. Cuirfidh an Coimisiún an plean oibre faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle mar fhaisnéis.

***an Comhordaitheoir Eorpach, i gcás inarb iomchuí,*** na ***tíortha comharsanachta lena mbaineann agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha a rannpháirtiú in ullmhú an phlean oibre. Déanfaidh na*** Ballstáit lena mbaineann plean oibre na gConairí Iompair Eorpacha a fhormheas. ***Rachfar i gcomhairle leis na tíortha comharsanachta lena mbaineann maidir le plean oibre na gConairí Iompair Eorpacha.*** Cuirfidh an Coimisiún an plean oibre faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle mar fhaisnéis.

**Leasú 399**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) na ***naisc*** in easnamh agus na ***scrogaill*** a chuireann bac ar fhorbairt na conaire a shainaithint; | (c) ***sainaithint*** na ***nasc atá*** in easnamh agus na ***scrogall*** a chuireann bac ar fhorbairt na conaire a shainaithint***, agus aird ar leith á tabhairt ar na stráicí trasteorann***; |

**Leasú 400**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 3 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) anailís ar staid reatha na stráicí trasteorann d'fhonn dúshláin a shainaithint agus bearta nithiúla a mholadh chun na dátaí a leagtar amach sa Rialachán seo agus comhleanúnachas chlársceidealú airgeadais na mBallstát lena mbaineann a chomhlíonadh chun an cuspóir sin a bhaint amach.*** |

**Leasú 401**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 3 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) tuairisc ar na réitigh fhéideartha chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais infheistíochtaí agus ar na scrogaill, go háirithe le haghaidh línte paisinéirí agus ***lastais*** na conaire; | (e) tuairisc ar na réitigh fhéideartha chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais infheistíochtaí agus ar na scrogaill, go háirithe le haghaidh línte paisinéirí agus ***lasta*** na conaire***, chun na spriocdhátaí a chomhlíonadh***; |

**Leasú 402**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 3 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) plean ina bhfuil spriocanna ***láithreacha*** chun bacainní fisiceacha, teicniúla, digiteacha, oibríochta agus riaracháin idir modhanna iompair agus laistigh díobh a bhaint agus chun iompar ilmhódach éifeachtúil ***agus seirbhísí ilmhódacha éifeachtúla*** a fheabhsú, agus aird ar leith á tabhairt ar ***chodanna*** trasteorann agus ar naisc náisiúnta in easnamh**.** | (f) plean ina bhfuil spriocanna ***idirmheánacha*** chun bacainní fisiceacha, teicniúla, digiteacha, oibríochta agus riaracháin idir modhanna iompair agus laistigh díobh a bhaint agus chun iompar ilmhódach éifeachtúil ***inrochtana*** a fheabhsú,agus aird ar leith á tabhairt ar ***iarnród agus a stráicí*** trasteorann agus ar naisc náisiúnta in easnamh***;*** |

**Leasú 403**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 3 – pointe f – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Chun anailís a dhéanamh ar na bacainní riaracháin agus chun an plean a ullmhú, cuirfidh an Comhordaitheoir Eorpach san áireamh moltaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, obair na n-údarás ainmnithe mar a leagtar amach i dTreoir TEN-T Cliste, chomh maith le moltaí aon údarás ábhartha.*** |

**Leasú 404**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tacóidh an Comhordaitheoir Eorpach leis na Ballstáit agus an plean oibre á chur chun feidhme acu, go háirithe maidir leis na nithe a leanas: | 4. Tacóidh an Comhordaitheoir Eorpach leis na Ballstáit agus***, i gcás inarb iomchuí, le tíortha comharsanachta agus*** an plean oibre á chur chun feidhme acu, go háirithe maidir leis na nithe a leanas: |

**Leasú 405**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tosaíochtaí a shocrú sa phleanáil náisiúnta, trí shainaithint na bhfadhbanna cur chun feidhme agus na scrogall, lena n-áirítear saincheisteanna oibríochtúla, ar gach ***conaire*** nó le haghaidh gach tosaíocht chothrománach; | (a) tosaíochtaí a shocrú sa phleanáil náisiúnta, trí shainaithint na bhfadhbanna cur chun feidhme agus na scrogall, lena n-áirítear saincheisteanna oibríochtúla ***agus riaracháin***, ar gach ***conair*** nó le haghaidh gach tosaíocht chothrománach; |

**Leasú 406**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 4 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) faireachán a dhéanamh ar threochtaí dul chun cinn tionscadal, agus moilleanna suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ann a chur in iúl don Choimisiún go luath;*** |

**Leasú 407**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunaithe ar an gcéad phlean oibre de chuid na gComhordaitheoirí Eorpacha, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme le haghaidh gach plean oibre de chuid na gConairí Iompair Eorpacha agus an dá thosaíocht chothrománacha. ***Leagfaidh an gníomh*** cur chun feidhme sin ***amach*** na tosaíochtaí maidir le pleanáil bonneagair agus infheistíochta agus maidir le ***cistiú***. | 1. Bunaithe ar an gcéad phlean oibre de chuid na gComhordaitheoirí Eorpacha, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme le haghaidh gach plean oibre de chuid na gConairí Iompair Eorpacha agus an dá thosaíocht chothrománacha. ***Leagfar amach sa ghníomh*** cur chun feidhme sin na tosaíochtaí maidir le pleanáil bonneagair agus infheistíochta agus maidir le ***huainiú i gcomhréir le hAirteagal 6(1)***. |

**Leasú 408**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Bunaithe ar phlean oibre bliantúil na gComhordaitheoirí Eorpacha, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na bParlaimintí náisiúnta ina sonrófar na bearta a rinne sé chun cur i gcrích an ghréasáin a ráthú mar a leagtar amach sa Rialachán seo.***<br><br>***Is éard a bheidh sa tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme tuairisciú de réir tíre do gach Conair Iompair agus:***<br><br>***(a) áireofar inti réamhaisnéis ina sonrófar na tionscadail agus na caighdeáin theicniúla agus oibríochtúla le haghaidh gach Conaire Iompair a bhfuil an baol ann nach gcomhlíonfaidh siad na spriocdhátaí a leagtar amach sa Rialachán seo;***<br><br>***(aa) áireofar inti anailís ar na hinfheistíochtaí is gá sna pleananna cothabhála fadtéarmacha, mar a leagtar amach in Airteagal 48, le haghaidh gach Conaire Iompair, chomh maith le haon easnamh sainaitheanta i gcothabháil nó*** |

***na hacmhainní maoiniúcháin is gá;***

***(b) áireofar inti míniú ar an bhfáth nár chuir an Coimisiún tús le nósanna imeachta um shárú a bhaineann le tionscadail a shainaithnítear i bpointe (a);***

***(c) tabharfar faisnéis inti maidir le nósanna imeachta um shárú atá ar siúl faoi láthair;***

***(d) tabharfar faisnéis inti maidir le maoluithe ar chaighdeáin oibríochtúla agus theicniúla;***

***(e) áireofar inti measúnú ar thionchar na maoluithe arna ndeonú ar chaighdeáin theicniúla agus oibríochtúla agus ar spriocdhátaí mar a shainmhínítear iad sa Rialachán seo ar thíortha comharsanachta.***

**Leasú 409**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 54a*** |
| | ***Comhaontuithe ardleibhéil le tíortha comharsanachta*** |
| | ***1. Bunaithe ar an gcéad phlean oibre de chuid na gComhordaitheoirí Eorpacha, féadfar comhaontuithe ardleibhéil a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus na tíortha comharsanachta lena mbaineann le haghaidh gach plean oibre de chuid na gConairí Iompair Eorpacha agus le haghaidh an dá thosaíocht chothrománacha i gcás inarb ábhartha.*** |
| | ***2. Leagfar amach sna comhaontuithe ardleibhéil dá dtagraítear san Airteagal seo na tosaíochtaí maidir le bonneagar agus infheistíocht a phleanáil agus maidir le cistiú. Áireofar iontu freisin forálacha do na tíortha comharsanachta maidir le tuarascálacha rialta a thíolacadh ar an*** |

***dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme tionscadal, ina léireofar go háirithe na gealltanais airgeadais arna ndéanamh sa phlean buiséid náisiúnta.***

**Leasú 410**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 55 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh na Ballstáit an dul chun cinn a dhéanfar maidir le tionscadail leasa choitinn a chur chun feidhme in iúl don Choimisiún ar bhonn rialta, cuimsitheach***,*** trédhearcach agus tabharfaidh siad eolas dó freisin faoi na hinfheistíochtaí a dhéanfar chun na críche sin. Áireofar ar an bhfaisnéis sin tarchur bliantúil na sonraí tríd an gcóras idirghníomhach faisnéise geografaí agus teicniúla don ghréasán tras-Eorpach iompair (TENtec). Áireofar air sonraí teicniúla agus airgeadais maidir le tionscadail leasa choitinn ar an ngréasán tras-Eorpach iompair mar aon le sonraí maidir le comhlánú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. | 1. Cuirfidh na Ballstáit an dul chun cinn a dhéanfar maidir le tionscadail leasa choitinn a chur chun feidhme in iúl don Choimisiún ar bhonn rialta, cuimsitheach ***agus*** trédhearcach agus tabharfaidh siad eolas dó freisin faoi na hinfheistíochtaí a dhéanfar chun na críche sin***, lena n-áirítear le haghaidh tionscadail trasteorann***. Áireofar ar an bhfaisnéis sin tarchur bliantúil na sonraí tríd an gcóras idirghníomhach faisnéise geografaí agus teicniúla don ghréasán tras-Eorpach iompair (TENtec). Áireofar air sonraí teicniúla agus airgeadais maidir le tionscadail leasa choitinn ar an ngréasán tras-Eorpach iompair mar aon le sonraí maidir le comhlánú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. |

**Leasú 411**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 55 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Tabharfaidh an Coimisiún isteach innéacs nascachta gréasáin arb é is aidhm dó aicmiú a dhéanamh ar an leibhéal comhtháthaithe a bhaintear amach trí úsáid a bhaint as seirbhísí ar gach gréasán iompair agus a n-acmhainneacht a léiriú. Beidh an t-innéacs nascachta gréasáin sin*** |

***comhdhéanta d'innéacsanna nascachta do na príomhmhodhanna iompair. Sainaithneofar sna hinnéacsanna nascachta sin comhsheasmhacht, cáilíocht agus éagsúlacht na tairisceana chomh maith leis na roghanna idirmhódúla.***

***Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar an t-innéacs nascachta gréasáin a nuashonrú go rialta de réir chur chun feidhme na dtionscadal ar TEN-T.***

***Féadfar an t-innéacs a úsáid mar tháscaire chun cistí an Aontais a threorú i gcás ina bhfuil easpa nascachta ann.***

**Leasú 412**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 55 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 b. Maidir leis na Conairí Iompair Eorpacha, déanfaidh an Coimisiún staidéar ar an margadh iompair, agus tabharfaidh sé cothrom le dáta go tréimhsiúil é, ar staidéar é a bhainfidh leis na hathruithe a fheictear agus leis na hathruithe a bhfuiltear ag súil leo ar an trácht ar an gconair agus cumhdófar na cineálacha éagsúla tráchta, maidir le hiompar lasta agus le hiompar paisinéirí araon agus maidir le bearta chun intuarthacht an chur chun feidhme a mhéadú agus chun comhlíonadh na spriocdhátaí ábhartha a éascú. Agus an staidéar sin á dhéanamh agus á thabhairt cothrom le dáta aige, déanfaidh an Coimisiún comhordaitheoir na Conaire Iompair Eorpaí ábhartha agus bord bainistíochta na conaire lasta iarnróid ábhartha a tharraingt isteach.*** |

**Leasú 413**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoi réir an dara mír d'Airteagal 172 CFAE, ***tabharfar*** de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 60 chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a leasú, go sonrach chun athruithe a d'fhéadfadh teacht as na tairseacha cainníochtúla arna leagan síos in Airteagail 20, 24 agus 32 a chur san áireamh. Agus na hIarscríbhinní sin á n-oiriúnú, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas: | Faoi réir an dara mír d'Airteagal 172 CFAE, ***tugtar*** de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 60 chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a leasú, go sonrach chun athruithe a d'fhéadfadh teacht as na tairseacha cainníochtúla arna leagan síos in Airteagail 20, 24 agus 32 a chur san áireamh. Agus na hIarscríbhinní sin á n-oiriúnú, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas: |

**Leasú 414**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) calafoirt intíre, calafoirt mhuirí agus aerfoirt a áireamh sa ghréasán cuimsitheach, má thaispeántar gur mó an meánmhéid tráchta sa ***dá bhliain dheireanacha*** ná an tairseach ábhartha; | (a) ***déanfaidh sé*** calafoirt intíre, calafoirt mhuirí agus aerfoirt a áireamh sa ghréasán cuimsitheach, má thaispeántar gur mó an meánmhéid tráchta sa ***trí bliana deireanacha*** ná an tairseach ábhartha; |

**Leasú 415**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) calafoirt mhuirí agus aerfoirt a eisiamh ón ngréasán cuimsitheach, má thaispeántar gur lú an meánmhéid tráchta le sé bliana anuas ná 85 % den tairseach ábhartha; | (b) ***déanfaidh sé*** calafoirt mhuirí agus aerfoirt a eisiamh ón ngréasán cuimsitheach, má thaispeántar gur lú an meánmhéid tráchta le sé bliana anuas ná 85 % den tairseach ábhartha***, cé is moite de chalafoirt a sholáthraíonn an t-aon phointe rochtana amháin ar réigiún NUTS 3 sa ghréasán cuimsitheach, nó mura léiríonn an Ballstát faoi seach, agus*** |

***fianaise leordhóthanach aige, go bhfuil breisluach ard Eorpach agus ábharthacht gheostraitéiseach ag baint leis an nód sin don mhargadh inmheánach Eorpach agus do chosaint an Aontais***;

**Leasú 416**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) féadfaidh sé calafoirt mhuirí a áireamh sa ghréasán cuimsitheach nó sa chroíghréasán, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, i gcás ina léirítear go bhfuil breisluach Eorpach breise faighte ag an gcalafort muirí mar gheall ar an tábhacht gheostraitéiseach atá aige don Aontas agus ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglais Airteagal 25;*** |

**Leasú 417**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) nóid uirbeacha a áireamh sa ghréasán tras-Eorpach iompair, má thaispeántar gur mó an líon ***cónaitheoirí ná 100,000***; | (c) ***déanfaidh sé*** nóid uirbeacha a áireamh sa ghréasán tras-Eorpach iompair, má thaispeántar gur mó an líon ***áitritheoirí sa limistéar uirbeach feidhmiúil ná 100 000 agus le formheas ón mBallstát lena mbaineann***; |

**Leasú 418**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) féadfaidh sé nóid uirbeacha a*** |

| | |
|---|---|
| | ***áireamh ar an liosta d'Iarscríbhinn II, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, má tá an nód uirbeach lonnaithe taobh le Conair Iompair Eorpach agus ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglais Airteagal 40;*** |

**Leasú 419**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c b) féadfaidh sé nóid uirbeacha a eisiamh ón liosta d'Iarscríbhinn II, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann agus le formheas an nóid uirbigh lena mbaineann, má léirítear gur lú ná 100 000 an líon áitritheoirí sa limistéar uirbeach feidhmiúil;*** |

**Leasú 420**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) críochfoirt lasta ilmhódacha arna sainaithint ag an mBallstát ***lena mbaineann*** de réir ***Airteagal 35***(4) a áireamh sa ghréasán tras-Eorpach iompair; | (d) ***déanfaidh sé*** críochfoirt lasta ilmhódacha arna sainaithint ag an mBallstát de réir ***Airteagal 35***(4) a áireamh sa ghréasán tras-Eorpach iompair; |

**Leasú 421**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – fomhír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) na léarscáileanna le haghaidh bonneagair bhóithre, iarnróid agus uiscebhealaí intíre a choigeartú ar chaoi a bheadh teoranta go daingean chun an dul | (e) ***déanfaidh sé*** na léarscáileanna le haghaidh bonneagair bhóithre, iarnróid agus uiscebhealaí intíre a choigeartú ar chaoi a bheadh teoranta go daingean chun |

| | |
|---|---|
| chun cinn maidir le comhlánú an ghréasáin a léiriú. Agus na léarscáileanna sin á gcoigeartú, ní cheadóidh an Coimisiún aon choigeartú ar ailíniú bealaí thar an méid a cheadaítear leis an nós imeachta ábhartha um údarú tionscadail. | an dul chun cinn maidir le comhlánú an ghréasáin a léiriú. Agus na léarscáileanna sin á gcoigeartú, ní cheadóidh an Coimisiún aon choigeartú ar ailíniú bealaí thar an méid a cheadaítear leis an nós imeachta ábhartha um údarú tionscadail. |

**Leasú 422**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh na ***coigeartuithe*** dá dtagraítear i bpointí (a) go (c) den chéad fhomhír bunaithe ar na staitisticí is déanaí atá ar fáil, arna bhfoilsiú ag Eurostat nó, mura mbeidh na staitisticí sin ar fáil, ag oifigí staidrimh na mBallstát. Beidh ***a coigeartuithe*** dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír bunaithe ar an bplean gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 35(4). Beidh na ***coigeartuithe*** dá dtagraítear i bpointe (e) den chéad fhomhír bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirfidh an Ballstát lena mbaineann ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 55(1). | Beidh na ***hoiriúnuithe*** dá dtagraítear i bpointí (a) go (c) den chéad fhomhír bunaithe ar na staitisticí is déanaí atá ar fáil, arna bhfoilsiú ag Eurostat nó, mura mbeidh na staitisticí sin ar fáil, ag oifigí staidrimh ***náisiúnta*** na mBallstát***, ach gan na blianta a raibh tionchar ag tosca timthriallacha orthu a chur san áireamh, ar tosca iad ba chúis le meath suntasach ar shreafaí tráchta***. Beidh ***na hoiriúnuithe*** dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír bunaithe ar an bplean gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 35(4). Beidh na ***hoiriúnuithe*** dá dtagraítear i bpointe (e) den chéad fhomhír bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirfidh an Ballstát lena mbaineann ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 55(1). |

**Leasú 423**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 57 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Comhlíonfar nósanna imeachta náisiúnta i dtaca leis an gcomhairliúchán le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus lena rannphairtíocht agus i dtaca leis an tsochaí shibhialta a bhaineann le tionscadal leasa choitinn, i gcás inarb iomchuí, nuair atá na | Comhlíonfar nósanna imeachta náisiúnta i dtaca leis an gcomhairliúchán le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus lena rannphairtíocht agus i dtaca leis an tsochaí shibhialta a bhaineann le tionscadal leasa choitinn, i gcás inarb iomchuí, nuair atá na |

| | |
|---|---|
| tionscadail sna céimeanna tógála agus pleanála. Déanfaidh an Coimisiún malartú dea-chleachtas a chur chun cinn i ndáil leis sin, a mhéid a bhaineann leis an gcomhairliúchán le daoine i staideanna leochaileacha agus lena rannpháirtíocht, go sonrach. | tionscadail sna céimeanna tógála agus pleanála***, agus cloífear ag an am céanna leis na spriocdhátaí do na comhairliúcháin sin mar a leagtar amach iad i dTreoir TEN-T cliste***. Déanfaidh an Coimisiún malartú dea-chleachtas a chur chun cinn i ndáil leis sin, a mhéid a bhaineann leis an gcomhairliúchán le daoine i staideanna leochaileacha agus lena rannpháirtíocht, go sonrach. |

**Leasú 424**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 58 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áireofar ar na pleananna náisiúnta infheistíochta gach tionscadal leasa choitinn agus na hinfheistíochtaí gaolmhara is gá chun an gréasán a chomhlánú go tráthúil. | 2. Áireofar ar na pleananna náisiúnta infheistíochta gach tionscadal leasa choitinn agus na hinfheistíochtaí gaolmhara is gá chun an gréasán a chomhlánú go tráthúil***, lena n-áirítear le haghaidh tionscadail trasteorann***. |

**Leasú 425**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 58 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na dréachtphleananna náisiúnta agus na cláir, nó aon mhodhnú orthu sin, d'fhonn an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, ar a laghad bliain sula nglactar iad. Féadfaidh an Coimisiún ***tuairim*** a eisiúint tráth nach déanaí ná ***6 mhí*** tar éis don Bhallstát fógra a thabhairt faoi chomhleanúnachas na ndréachtphleananna náisiúnta agus na gclár leis na tosaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán seo agus leis na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna oibre don chonair chomhfhreagrach/do na conairí | 3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na dréachtphleananna náisiúnta agus na cláir, nó aon mhodhnú orthu sin, d'fhonn an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, ar a laghad bliain sula nglactar iad. Féadfaidh an Coimisiún ***cinneadh*** a eisiúint tráth nach déanaí ná ***6 mhí*** tar éis don Bhallstát fógra a thabhairt faoi chomhleanúnachas na ndréachtphleananna náisiúnta agus na gclár leis na tosaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán seo agus leis na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna oibre don chonair chomhfhreagrach/do na conairí |

| | |
|---|---|
| comhfhreagracha agus na tosaíochtaí cothrománacha agus sna gníomhartha cur chun feidhme a glacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 54***(1). Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, tráth nach déanaí ná ***2 mhí*** tar éis fógra a thabhairt faoin ***tuairim***, faoi na bearta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí a ***leagtar amach sa tuairim***. | comhfhreagracha agus na tosaíochtaí cothrománacha agus sna gníomhartha cur chun feidhme a glacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 54***(1). Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, tráth nach déanaí ná ***2 mhí*** tar éis fógra a thabhairt faoin ***gcinneadh***, faoi na bearta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí ***agus déanfaidh siad na bearta ceartaitheacha uile sula nglacfar an plean náisiúnta go críochnaitheach. Maidir le tionscadail laistigh de phleananna náisiúnta nach bhfuil ailínithe le beartas iompair an Aontais, ní dhéanfar iad*** a ***mheas mar thosaíocht a mhéid a bhaineann le cistí an Aontais a fháil***. |

**Leasú 426**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 61 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin ***31 Nollaig 2033***, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit mar is iomchuí agus le cúnamh ó na Comhordaitheoirí Eorpacha, measúnú ar chur chun feidhme an chroíghreásáin ina ndéanfar meastóireacht ar a chomhlíontacht le ceanglais an Rialacháin seo. | Faoin ***31 Nollaig 2028***, déanfaidh an Coimisiún, ***tar éis dó dul*** i gcomhairle leis na Ballstáit mar is iomchuí agus le cúnamh ó na Comhordaitheoirí Eorpacha, measúnú ar chur chun feidhme an chroíghreásáin***,*** ina ndéanfar meastóireacht ***go háirithe*** ar a chomhlíontacht le ceanglais an Rialacháin seo. |

**Leasú 427**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 61 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfear san áireamh ***leis*** an ***measúnú an*** tuarascáil bhliantúil stádais agus na pleananna oibre arna dtarraingt suas ag na Comhordaitheoirí Eorpacha de bhun Airteagal 51(5), pointe (e) agus Airteagal 53(1) faoi seach. | Cuirfear san áireamh ***sa mheasúnú na pleananna náisiúnta iompair agus infheistíochta,*** an tuarascáil bhliantúil stádais agus na pleananna oibre arna dtarraingt suas ag na Comhordaitheoirí Eorpacha de bhun Airteagal 51(5), pointe |

(e) agus Airteagal 53(1) faoi seach.

**Leasú 428**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 61 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin 31 Nollaig ***2033***, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit mar is iomchuí agus cúnamh á fháil aige ó na Comhordaitheoirí Eorpacha, athbhreithniú ar chur chun feidhme an chroíghreásáin bhreisithe agus an ghréasáin chuimsithigh ina ndéanfar meastóireacht ar an méid seo a leanas: | Faoin 31 Nollaig ***2028***, déanfaidh an Coimisiún, ***tar éis dó dul*** i gcomhairle leis na Ballstáit mar is iomchuí agus cúnamh á fháil aige ó na Comhordaitheoirí Eorpacha, athbhreithniú ar chur chun feidhme an chroíghreásáin bhreisithe agus an ghréasáin chuimsithigh ina ndéanfar meastóireacht ar an méid seo a leanas: |

**Leasú 429**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 61 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) comhlíontacht leis an Rialachán seo; | (a) comhlíontacht leis an Rialachán seo***, lena n-áirítear a mhéid a chomhlíontar na spriocanna a socraíodh do 2030, chomh maith leis na bearta is gá chun comhlíonadh na spriocanna ina dhiaidh sin a áirithiú, amhail spriocanna do 2040 agus 2050.***; |

**Leasú 430**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 61 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) dul chun cinn i gcur chun feidhme an Rialacháin seo; | (b) dul chun cinn i gcur chun feidhme an Rialacháin seo***, lena n-áirítear aon mhoill shuntasach ar thionscadail nithiúla nó ar chodanna den ghréasán***; |

**Leasú 431**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ***moill shuntasach*** i dtosú nó i dtabhairt chun críche na hoibre ar an gcroíghréasán, ar an gcroíghréasán breisithe agus ar an ngréasán cuimsitheach le hais an sprioc-ama thosaigh a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir le ***hAirteagal 54*** nó a shainítear sna pleananna náisiúnta iompair ***nó*** infheistíochta nó doiciméadacht tionscadail ábhartha eile, ***féadfaidh*** an Coimisiún ***a iarraidh*** ar an mBallstát nó na Ballstáit lena mbaineann na cúiseanna atá leis an moill a thabhairt. Tabharfaidh an Ballstát nó na Ballstáit cúiseanna den sórt sin laistigh de 3 mhí ón iarraidh. Ar bhonn an fhreagra a thugtar, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBallstát nó na Ballstáit lena mbaineann chun an fhadhb ba chúis leis an moill a réiteach. | 1. I gcás ***moille*** i dtosú nó i dtabhairt chun críche na hoibre ar an gcroíghréasán, ar an gcroíghréasán breisithe agus ar an ngréasán cuimsitheach le hais an sprioc-ama thosaigh a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir le ***hAirteagal 54*** nó a shainítear sna pleananna náisiúnta iompair ***agus*** infheistíochta nó doiciméadacht tionscadail ábhartha eile, ***chomh maith le moilleanna ar thionscadail mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir TEN-T Cliste, iarrfaidh*** an Coimisiún ar an mBallstát nó na Ballstáit lena mbaineann na cúiseanna atá leis an moill a thabhairt. Tabharfaidh an Ballstát nó na Ballstáit cúiseanna den sórt sin laistigh de 3 mhí ón iarraidh. Ar bhonn an fhreagra a thugtar, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBallstát nó na Ballstáit lena mbaineann chun an fhadhb ba chúis leis an moill a réiteach. |

**Leasú 432**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina mbaineann an chuid mhoillithe le Conair Iompair Eorpach, beidh an Comhordaitheoir Eorpach páirteach d'fhonn an fhadhb a réiteach. | 2. I gcás ina mbaineann an chuid mhoillithe le Conair Iompair Eorpach, beidh an Comhordaitheoir Eorpach páirteach d'fhonn an fhadhb a réiteach ***agus an ceanglas a leagtar amach i mír 1 á chomhlíonadh aige ag an am céanna***. |

**Leasú 433**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tar éis don Choimisiún na cúiseanna a thugann an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann de bhun na chéad fho-mhíre a mheas, ***féadfaidh*** sé cinneadh dírithe chuig an mBallstát nó na Ballstáit lena mbaineann a ghlacadh, má léirítear gur féidir an mhoill ***shuntasach*** i dtosú nó i dtabhairt i gcrích na hoibre ar an gcroíghréasán, ar an gcroíghréasán breisithe nó ar an ngréasán cuimsitheach a leagan ar an mBallstát nó ar na Ballstáit gan údar cuí oibiachtúil. Tabharfaidh an Coimisiún ***6 mhí*** don Bhallstát nó do na Ballstáit lena mbaineann chun an mhoill ***shuntasach*** a dhíothú. | Tar éis don Choimisiún na cúiseanna a thugann an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann de bhun na chéad fho-mhíre a mheas, ***déanfaidh*** sé cinneadh dírithe chuig an mBallstát nó na Ballstáit lena mbaineann a ghlacadh, má léirítear gur féidir an mhoill i dtosú nó i dtabhairt i gcrích na hoibre ar an gcroíghréasán, ar an gcroíghréasán breisithe nó ar an ngréasán cuimsitheach a leagan ar an mBallstát nó ar na Ballstáit gan údar cuí oibiachtúil. Tabharfaidh an Coimisiún ***6 mhí*** don Bhallstát nó do na Ballstáit lena mbaineann chun an mhoill a dhíothú. |

**Leasú 434**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***I gcás ina mbaineann an chuid mhoillithe le tionscadal a fuair maoiniú ón Aontas faoi bhainistíocht dhíreach, féadfar laghdú ar mhéid an deontais agus/nó leasú nó foirceannadh an chomhaontaithe deontais a thionscnamh i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 435**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. I gcás moill shuntasach i dtosú nó i dtabhairt chun críche na hoibre ar an gcroíghréasán, ar an gcroíghréasán*** |

| | |
|---|---|
| | ***breisithe agus ar an ngréasán cuimsitheach le hais an sprioc-ama thosaigh a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 54 nó a shainítear sna pleananna náisiúnta iompair agus infheistíochta nó doiciméadacht tionscadail ábhartha eile, chomh maith le moilleanna ar thionscadail mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir TEN-T Cliste, déanfaidh an Coimisiún tús a chur le nós imeachta um shárú láithreach.*** |

**Leasú 436**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 b. I gcás ina mbaineann an chuid mhoillithe nó an chuid a bhfuil moill shuntasach uirthi le tionscadal arna dtacú le cistí an Aontais faoi bhainistíocht dhíreach, féadfar laghdú ar mhéid an deontais agus/nó leasú nó foirceannadh an chomhaontaithe deontais a thionscnamh i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.*** |

**Leasú 437**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 63 –fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na forálacha a bhaineann le hiarnróid, agus go háirithe ***ag aon*** cheanglas chun aerfoirt agus calafoirt a nascadh le hiarnróid, chomh maith leis na forálacha a bhaineann le páirceáil shlán shábháilte agus críochfoirt lasta ilmhódacha, ní bheidh feidhm ag na forálacha sin maidir leis an gCipir, le Málta ***agus*** leis na limistéir is forimeallaí chomh fada nach mbunófar aon | Na forálacha a bhaineann le hiarnróid, agus go háirithe ***le haon*** cheanglas chun aerfoirt agus calafoirt a nascadh le hiarnróid, chomh maith leis na forálacha a bhaineann le páirceáil shlán shábháilte agus críochfoirt lasta ilmhódacha, ní bheidh feidhm ag na forálacha sin maidir leis an gCipir, le Málta***,*** leis na ***hoileáin ná leis na*** limistéir is forimeallaí chomh fada nach |

chóras iarnróid ar a gcríoch. | mbunófar aon chóras iarnróid ar a gcríoch.

**Leasú 438**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 63 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní bheidh feidhm ag Airteagal 16a maidir le hÉirinn.*** |
| | ***(Féach togra leasaithe CE – pointe 9)*** |

**Leasú 439**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 65 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 913/2010
Airteagal 9 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Déanfaidh an bord bainistíochta staidéar ar an margadh iompair, agus tabharfaidh sé cothrom le dáta go tréimhsiúil é, ar staidéar é a bhainfidh leis na hathruithe a fheictear agus leis na hathruithe a bhfuiltear ag súil leo ar an trácht ar an gconair lasta agus cumhdófar na cineálacha éagsúla tráchta, maidir le hiompar lasta agus le hiompar paisinéirí araon. Leis an staidéar sin, déanfar athbhreithniú freisin, i gcás inar gá sin, ar na costais shocheacnamaíocha agus ar na tairbhí socheacnamaíocha a éiríonn as forbairt na conaire lasta.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 440**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 65 – mír 1 – pointe 8**
Rialachán (AE) Uimh. 913/2010
Airteagal 11 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tabharfar aghaidh go háirithe sa chomhar agus sa chomhairliúchán ar na nithe seo a leanas: | 3. Tabharfar aghaidh go háirithe sa chomhar agus sa chomhairliúchán ***idir na páirtithe uile*** ar na nithe seo a leanas: |

**Leasú 441**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 65 – mír 1 – pointe 8**
Rialachán (AE) Uimh. 913/2010
Airteagal 11 – mír 3 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) an gá atá le hinfheistíochtaí spriocdhírithe chun scrogaill ***tráchta*** áitiúla a bhaint, amhail lúba a nascadh, feabhsaithe ar nóid agus ar bhonneagar an mhíle dheireanaigh nó trealamh teicniúil lena gcuirtear feabhas ar an bhfeidhmíocht oibríochtúil.’ | (c) an gá atá le hinfheistíochtaí spriocdhírithe chun ***bonneagar a uasghrádú de réir cheanglais TEN-T agus*** scrogaill áitiúla a bhaint, amhail lúba a nascadh, feabhsaithe ar nóid agus ar bhonneagar an mhíle dheireanaigh nó trealamh teicniúil lena gcuirtear feabhas ar an bhfeidhmíocht oibríochtúil.’ |

**Leasú 442**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 65 – mír 1 – pointe 10**
Rialachán (AE) Uimh. 913/2010
Airteagal 22 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gach ***4 bliana*** ón tráth a mbunófar conaire lasta, déanfaidh an bord feidhmiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8(1) torthaí an phlean cur chun feidhme don chonair sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Déanfaidh an Coimisiún anailís ar na torthaí sin agus tabharfaidh sé fógra faoina anailís don Choiste dá dtagraítear in Airteagal 21.’ | 1. Gach ***2 bhliain*** ón tráth a mbunófar conaire lasta, déanfaidh an bord feidhmiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8(1) torthaí an phlean cur chun feidhme don chonair sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Déanfaidh an Coimisiún anailís ar na torthaí sin agus tabharfaidh sé fógra faoina anailís don Choiste dá dtagraítear in Airteagal 21.’ |

**Leasú 443**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 2/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- Galati mar Chríochfort Iarnróid agus Bóthair (RRT)*** |

**Leasú 444**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 2/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- Buzau - Galati*** |

**Leasú 445**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 3/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- Craiova - Caracal - Alexandria - București*** |

**Leasú 446**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 3/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an ngréasán cuimsitheach:*** |

***- Craiova - Pitești***

**Leasú 447**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 9/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an ngréasán cuimsitheach:*** |
| | ***- an líne paisinéirí iarnróid Colmar - Freiburg*** |

**Leasú 448**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 9/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an ngréasán cuimsitheach:*** |
| | ***- an líne paisinéirí iarnróid Haguenau - Roeschwoog - Rastatt*** |

**Leasú 449**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 11/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an ngréasán cuimsitheach:*** |
| | ***- an líne paisinéirí iarnróid Zwolle (NL) - Münster (DE)*** |

**Leasú 450**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 11/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an ngréasán cuimsitheach:*** |
| | ***- Iarnród ó Emmen (NL) go Rheine (DE)*** |

**Leasú 451**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 11/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán breisithe:*** |
| | ***- an líne paisinéirí iarnróid Amsterdam (NL) - Groningen (NL) - Bremen (DE)*** |

**Leasú 452**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 11/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán breisithe:*** |
| | ***- Cuir isteach an nasc iarnróid 'Lelylijn' ó Amstardam go Groningen (NL)*** |

**Leasú 453**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 12/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an ngréasán cuimsitheach:*** |
| | ***- an líne lasta iarnróid Berlin - Küstrin-Kietz - Kostrzyn (gnáthlíne / tógáil nua)*** |

**Leasú 454**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 12/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an ngréasán cuimsitheach:*** |
| | ***- Karlsruhe (DE) Wörth - Lauterbourg (FR)- Strasbourg (FR)*** |

**Leasú 455**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 12/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- an líne lasta iarnróid Nürnberg - Amberg - Furth im Wald (gnáthlíne / tógáil nua)*** |

**Leasú 456**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 12/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- an líne lasta iarnróid Lübeck - Travemünde Skandinavienkai (gnáthlíne / tógáil nua)*** |

**Leasú 457**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn 1 – cuid 12/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- an líne lasta iarnróid Neumünster - Bad Oldesloe (gnáthlíne / tógáil nua)*** |

**Leasú 458**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 12/23 agus cuid 13/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an ngréasán cuimsitheach:*** |
| | ***- an líne paisinéirí iarnróid Colmar - Freiburg (gnáthlíne / tógáil nua)*** |

**Leasú 459**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 12/23 agus cuid 13/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an ngréasán cuimsitheach:*** |
| | ***- an líne paisinéirí iarnróid Rastatt - Hagenau (gnáthlíne / tógáil nua)*** |

**Leasú 460**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 13/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán breisithe:*** |
| | ***- Berlin - Kostrzyn (gnáthlíne / tógáil nua)*** |

**Leasú 461**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 13/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán breisithe:*** |
| | ***- an líne paisinéirí iarnróid Amsterdam (NL) - Groningen (NL) - Bremen (DE)*** |

**Leasú 462**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 13/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- an líne paisinéirí iarnróid Nürnberg - Amberg - Furth im Wald (gnáthlíne / tógáil nua)*** |

**Leasú 463**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 16/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- Zaragoza - Tardienta (líne lasta iarnróid)*** |

**Leasú 464**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 16/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- Zaragoza - Lleida - Tarragona (líne lasta / gnáthlíne)*** |

**Leasú 465**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 16/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- Santiago - Vigo - Ourense (líne lasta iarnróid / ≥ 200 km/u / tógáil nua)*** |

**Leasú 466**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 16/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- El Ferrol - A Coruña (líne lasta iarnróid / ≥ 200 km/u)*** |
| | ***- El Ferrol - Lugo - Monforte (líne lasta iarnróid / ≥ 200 km/u)*** |

**Leasú 467**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 16/23 agus cuid 17/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán breisithe:*** |

***- Astorga - Zamora - Salamanca - Plasencia (líne paisinéirí agus lasta iarnróid / tógáil nua)***

**Leasú 468**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 16/23 agus cuid 17/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- Alicante - San Isidro (líne lasta agus paisinéirí / ≥ 200 km/u)*** |

**Leasú 469**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 16/23 agus cuid 17/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:***<br>***- Calafort Bahía de Cádiz*** |

**Leasú 470**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 16/23 agus cuid 17/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an ngréasán cuimsitheach:***<br>***- Granada - Motril (líne paisinéirí agus lasta iarnróid / gnáthlíne / tógáil nua)*** |

**Leasú 471**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn 1 – cuid 16/23 agus cuid 17/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an líne lasta agus paisinéirí iarnróid ardluais seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***Pamplona (ES) - Ezkio/Itxaso (ES)*** |

**Leasú 472**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 16/23 agus cuid 17/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán breisithe:*** |
| | ***- Pau - Huesca (líne lasta agus paisinéirí)*** |

**Leasú 473**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 16/23 agus cuid 17/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an líne lasta agus paisinéirí iarnróid ardluais seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***Bilbao (ES) - Santander (ES)*** |

**Leasú 474**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 17/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- Santiago - Ourense (líne paisinéirí iarnróid / ≥ 200 km/u)*** |

**Leasú 475**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 17/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- Utrera - Granada - Almería (líne paisinéirí agus lasta iarnróid / ≥ 200 km/u)*** |

**Leasú 476**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 17/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:***<br>***- Medina del Campo - Salamanca - Fuentes de Oñoro (líne paisinéirí iarnróid / ≥ 200 km/u)***<br>***- Madrid - Adanero - Tordesillas - Benavente - Ponferrada - Lugo - A Coruña (Bóthar)***<br>***- Astorga - León - Carrión de los Condes - Burgos (Bóthar)***<br>***- Calafort Bahía de Cádiz*** |
| | ***- Vigo - Porto (líne paisinéirí iarnróid / ≥ 200 km/u)*** |

**Leasú 477**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 17/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán breisithe:***<br>***- Sevilla - Huelva - Faro (líne paisinéirí*** |

***iarnróid / ≥ 200 km/u / tógáil nua)***

- ***Córdoba - Jaén - Granada (gnáthlíne)***
- ***Madrid - Alcázar de San Juan - Jaén (gnáthlíne)***
- ***Bilbao - Santander (líne paisinéirí agus lasta iarnróid / ≥ 200 km/u / tógáil nua)***

**Leasú 478**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 18/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- Bussoleno - Avigliana ( ≥ 200 km/u)*** |
| | ***- Orbassano - Torino S.Paolo ( ≥ 200 km/u)*** |

**Leasú 479**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 18/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- Bologna – Ancona ( ≥ 200 km/u)*** |

**Leasú 480**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 18/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán breisithe:*** |
| | ***- Ancona – Foggia ( ≥ 200 km/u)*** |

**Leasú 481**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 18/23 agus cuid 19/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán breisithe:*** |
| | ***- an líne lasta agus paisinéirí iarnróid Zagreb (HR) - Maribor (SI) - Graz (AT) (gnáthlíne / tógáil nua)*** |

**Leasú 482**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 18/23 agus cuid 19/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an ngréasán cuimsitheach:*** |
| | ***- an líne lasta agus paisinéirí iarnróid Pula - Buzet (HR) - Divača (SI) - Trieste (IT) Lupoglav - Buzet - teorainn stáit (SI) - Prešnica (SI)*** |

**Leasú 483**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 18/23 agus cuid 19/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- an líne lasta iarnróid agus líne paisinéirí iarnróid Battipaglia - Praia a mare*** |

**Leasú 484**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 18/23 agus cuid 19/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- Seachbhóithre le haghaidh na línte lasta iarnróid Bolzano agus Rovereto (gnáthlíne).*** |

**Leasú 485**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 18/23 agus cuid 19/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an ngréasán cuimsitheach:*** |
| | ***- an líne lasta iarnróid agus líne paisinéirí iarnróid Caltanissetta - Marsala/Agrigento/Licata/Gela/Pozzallo (gnáthlíne)*** |

**Leasú 486**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 19/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- Bussoleno - Avigliana ( ≥ 200 km/u)*** |
| | ***- Orbassano - Torino S.Paolo ( ≥ 200 km/u)*** |

**Leasú 487**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 19/23**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- Bologna – Ancona ( ≥ 200 km/u)*** |

**Leasú 488**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 19/23**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán breisithe:*** |
| | ***- Ancona – Foggia ( ≥ 200 km/u)*** |

**Leasú 489**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 19/23**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Cuir isteach na codanna seo a leanas mar línte paisinéirí iarnróid ardluais (≥ 250 km/u):*** |
| | ***- Milano – Treviglio (croíghréasán)*** |
| | ***- Treviglio – Verona (croíghréasán)*** |

**Leasú 490**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 19/23**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán breisithe:*** |
| | ***- an líne paisinéirí iarnróid Bari - Brindisi - Lecce (gnáthlíne)*** |

***- an líne paisinéirí iarnróid Bologna - Foggia (líne ardluais)***

***- an líne paisinéirí iarnróid Pisa - Roma (gnáthlíne)***

***- an mótarbhealach Rosignano Marittimo - Civitavecchia.***

**Leasú 491**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 19/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an ngréasán cuimsitheach:*** |
| | ***an nasc bóthair Rijeka - Divača (SI) - Trieste (IT) an nasc bóthair Kanfanar - Umag - teorainn stáit - (SI)*** |

**Leasú 492**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 21/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- Craiova - Caracal - Alexandria - Bucureşti*** |
| | ***Cuir Galati leis mar Chríochfort Iarnróid agus Bóthair*** |

**Leasú 493**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 1 – cuid 21/23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an ngréasán cuimsitheach:*** |

| | |
|---|---|
| | ***- Craiova - Pitesti*** |

**Leasú 494**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid AT**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainm Nóid: Klagenfurt | Ainm Nóid: Klagenfurt |
| Críochfoirt iarnróid: ***gréasán cuimsitheach (Villach-Fürnitz***) | Críochfoirt iarnróid: ***croíghréasán (Villach - Fürnitz***) |

**Leasú 495**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid DE**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ainm*** Nóid***: Föhr Amrum*** | ***Scriostar an*** nóid***.*** |

**Leasú 496**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid DE**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ainm*** Nóid***: List auf Sylt*** | ***Scriostar an*** nóid***.*** |

**Leasú 497**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid DE**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ainm*** Nóid***: Wyk auf Föhr*** | ***Scriostar an*** nóid***.*** |

**Leasú 498**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid DE**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainm Nóid: Kiel | Ainm Nóid: Kiel |
| Calafort muirí: ***Gréasán cuimsitheach*** | Calafort muirí: ***Croíghréasán*** |

**Leasú 499**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid ES**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainm Nóid: Castellón | Ainm Nóid: Castellón |
| Calafort muirí: ***Gréasán cuimsitheach*** | Calafort muirí: ***Croíghréasán*** |

**Leasú 500**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid ES**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ainm Nóid: Vilagarcía de Arousa*** |
| | ***Calafort muirí: Gréasán cuimsitheach*** |

**Leasú 501**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid ES**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainm Nóid: Cádiz | Ainm Nóid: Cádiz |
| Calafort muirí: ***Gréasán cuimsitheach*** (Bahía de Cádiz) | Calafort muirí: ***Croíghréasán*** (Bahía de Cádiz) |

**Leasú 502**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid ES**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainm Nóid: Ferrol | Ainm Nóid: Ferrol |
| Calafort muirí: ***Gréasán cuimsitheach*** | Calafort muirí: ***Croíghréasán*** |

**Leasú 503**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid ES**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainm Nóid: Pontevedra (Calafort Marín-Ría) | Ainm Nóid: Pontevedra (Calafort Marín-Ría) |
| Calafort muirí: ***Gréasán cuimsitheach*** | Calafort muirí: ***Croíghréasán*** |
| | ***Críochfoirt iarnróid: Básica (San Roque)*** |

**Leasú 504**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid ES**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainm Nóid: Santander | Ainm Nóid: Santander |
| Calafort muirí: ***Gréasán cuimsitheach*** | Calafort muirí: ***Croíghréasán*** |

**Leasú 505**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid ES**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainm Nóid: Vigo | Ainm Nóid: Vigo |
| Calafort muirí: ***Gréasán cuimsitheach*** | Calafort muirí: ***Croíghréasán*** |

**Leasú 506**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid FI**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ainm Nóid: Kaskinen*** |
| | ***Calafort muirí: Gréasán cuimsitheach*** |

**Leasú 507**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid FI**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainm Nóid: Oulu / Uleåborg | Ainm Nóid: Oulu / Uleåborg |
| Calafort muirí: ***Gréasán cuimsitheach*** (Oulu) | Calafort muirí: ***Croíghréasán*** (Oulu) |

**Leasú 508**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid FI**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainm Nóid: Kokkola | Ainm Nóid: Kokkola |
| Calafort muirí: ***Gréasán cuimsitheach*** | Calafort muirí: ***Croíghréasán*** |

**Leasú 509**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid FI (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ainm Nóid: Pietarsaari*** |
| | ***Calafort muirí: Gréasán cuimsitheach*** |

**Leasú 510**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid HR**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainm Nóid: Ploče | Ainm Nóid: Ploče |
| Calafort muirí: ***Gréasán cuimsitheach*** | Calafort muirí: ***Croíghréasán*** |

**Leasú 511**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid IT**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ainm Nóid: Lecce*** |
| | ***Nód uirbeach: X*** |

**Leasú 512**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid IT**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainm Nóid: Salerno | Ainm Nóid: Salerno |
| | ***Aerfort: Gréasán cuimsitheach*** |

**Leasú 513**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid IT**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainm Nóid: Modena | Ainm Nóid: Modena |
| | ***Críochfoirt iarnróid: Croíghréasán (Críochfort Ilmhódach Marzaglia)*** |

**Leasú 514**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid PL**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainm Nóid: Bydgoszcz | Ainm Nóid: Bydgoszcz |
| Críochfoirt iarnróid: ***gréasán cuimsitheach*** (Bydgoszcz, Bydgoszcz - Południe) | Críochfoirt iarnróid: ***croíghréasán*** (Bydgoszcz, Bydgoszcz - Południe) |

**Leasú 515**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 2 – tábla – cuid RO**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainm Nóid: Constanţa | Ainm Nóid: Constanţa |
| Calafort muirí: croíghréasán | Calafort muirí: croíghréasán ***(Constanța/Midia)*** |

**Leasú 516**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 1a/14 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | <br><br>The map is based on the maps included in the Commission proposal revising the TEN-T Regulation of 14 December 2021 and the amended proposa |

**Leasú 517**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 1b/14 (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| |   |

**Leasú 518**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 1/14**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas le léarscáil na gConairí Iompair Eorpacha:*** |
| | ***Síneadh a chur le Conair na mBalcán Thiar ó Durres (ALB) trasna Mhuir Aidriad go Bari (IT) agus nasc, trí Tirrana (ALB), le Scóipé (MK) agus le Sóifia (BG).*** |

**Leasú 519**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 1/14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas le Conair na mBalcán Thiar:*** <br> ***- Sofia - Skopje - Durres - Igoumenitsa (cuid iomlán)*** |

**Leasú 520**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 2/14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas le Conair an Atlantaigh:*** <br> ***- Madrid - Adanero - Tordesillas - Benavente - Ponferrada - Lugo - A Coruña (Bóthar)*** <br> ***- Astorga - León - Carrión de los Condes - Burgos (Bóthar)*** <br> ***- A Coruña - Gijón - Santander - Bilbao (Bóthar)*** <br> ***- Santiago - Vigo (líne lasta iarnróid)*** <br> ***- Calafort Bahía de Cádiz*** <br> ***- Sevilla - Huelva - Faro (líne paisinéirí iarnróid)*** |

**Leasú 521**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 2/14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas le Conair an Atlantaigh:*** <br> ***- Santander - Bilbao (líne lasta agus paisinéirí iarnróid)*** |

**Leasú 522**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn 3 – cuid 5/14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas le Conair na Mara Thuaidh - Mhuir Bhailt:*** |
| | ***– an líne paisinéirí iarnróid Zwolle (NL) - Münster (DE)*** |

**Leasú 523**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 6/14 agus cuid 7/14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas le Conair Chríoch Lochlann - na Meánmhara:*** |
| | ***- an mótarbhealach, an líne paisinéirí iarnróid, an líne lasta iarnróid Villa San Giovanni - Messina (droichead - nasc seasta).*** |

**Leasú 524**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 7/14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas le Conair Chríoch Lochlann - na Meánmhara:*** |
| | ***- an t-iarnród Stockholm - Oslo (líne paisinéirí iarnróid)*** |

**Leasú 525**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 7/14 agus cuid 8/14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas le Conair Mhuir Bhailt - Mhuir Aidriad:*** |

| | |
|---|---|
| | ***- an mótarbhealach Rijeka - Zagreb*** |
| | ***- calafort Rijeka ("croíghréasán")*** |
| | ***- an líne lasta/paisinéirí iarnróid Rijeka - Zagreb*** |

**Leasú 526**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 9/14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas le Conair na Réine - na Danóibe:*** |
| | ***- an líne lasta agus paisinéirí iarnróid Nürnberg - Sulzbach - Rosenberg - Amberg - Schwandorf*** |
| | ***Áireofar an líne iarnróid thuas sa chroíghréasán mar a shonraítear in Iarscríbhinn 1*** |

**Leasú 527**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 9/14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas le Conair na Réine - na Danóibe:*** |
| | ***- Craiova - Alexandria Bucureşti*** |

**Leasú 528**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 9/14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Scrios an méid seo a leanas ó Chonair na Réine - na Danóibe:*** |
| | ***- Craiova - Pitesti*** |

**Leasú 529**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 9/14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas le Conair na Réine - na Danóibe:*** |
| | ***- Ruse - Razgrad - Shumen - Provadia - Devnya - Varna (uiscebhealaí intíre)*** |
| | ***Áireofar na línte thuas sa chroíghréasán agus/nó sa ghréasán cuimsitheach mar a shonraítear san Iarscríbhinn*** |

**Leasú 530**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 10/14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas le Conair na Meánmhara:*** |
| | ***- an mótarbhealach Rijeka - Split*** |
| | ***- an líne lasta/paisinéirí iarnróid Rijeka - Split*** |
| | ***- calafort Split ("croíghréasán")*** |
| | ***- aerfort Split ("croíghréasán")*** |

**Leasú 531**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 10/14 agus cuid 11/14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas le Conair na Meánmhara:*** |
| | ***- Bealach Chonair na Meánmhara a choinneáil, lena n-áirítear ar fud na*** |

*hUngáire*

**Leasú 532**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 12/14**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas le Conair na mBalcán Thiar:*** |
| | ***- Calafort Ploče*** |
| | ***Áireofar an calafort thuas sa chroíghréasán mar a shonraítear in Iarscríbhinn 1.*** |

**Leasú 533**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 13/14**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas le Conair Mhuir Bhailt - na Mara Duibhe / na Mara Aeigéiche:*** |
| | ***- Craiova - Alexandria - Bucureşti*** |

**Leasú 534**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 13/14**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Scrios an méid seo a leanas ó Chonair Mhuir Bhailt - na Mara Duibhe / na Mara Aeigéiche:*** |
| | ***- Craiova - Pitesti*** |

**Leasú 535**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 3 – cuid 12/14 agus cuid 13/14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas le Conair na mBalcán Thiar:*** |
| | ***- Sofia - Skopje - Durres - Igoumenitsa (bóthair, líne lasta iarnróid agus líne paisinéirí iarnróid, don chuid iomlán)*** |
| | ***- Calafort Durres*** |

**Leasú 536**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 4 – cuid 2/12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- an líne paisinéirí iarnróid Stockholm - Oslo (> 200 km/u / tógáil nua)*** |

**Leasú 537**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 4 – cuid 8/12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- Ungheni - Balti*** |
| | ***- Balti - Ocnita - Mohyliv / Podylski-Zhmerynka*** |

**Leasú 538**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 4 – cuid 8/12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Scrios an méid seo a leanas ón ngréasán cuimsitheach:*** |
| | ***- Balti - Soroca (teorainn MD/UA)*** |
| | ***- Soroca (teorainn MD/UA) - Hardkivka*** |

**Leasú 539**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 4 – cuid 8/12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an ngréasán cuimsitheach:*** |
| | ***- Chișinău - Cainari*** |
| | ***- Basarabeasca - Berezyne -Bilhorod - Odesa*** |
| | ***- Basarabeasca - Etulia - Reni - Giurgiulesti*** |

**Leasú 540**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 4 – cuid 8/12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an gcroíghréasán:*** |
| | ***- Palanca - Odesa*** |

**Leasú 541**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn 4 – cuid 8/12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuir an méid seo a leanas leis an*** |

***ngréasán cuimsitheach:***

***- Anenii Noi - Odesa***

***- Riscani - Soroca***

***- Soroca - Vinnytsia - Zhitomir***

**Leasú 542**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Spriocanna agus cuspóirí: Beidh sé mar sprioc lárnach ag Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (***PSUI***) feabhas a chur ar inrochtaineacht an limistéir uirbigh fheidhmiúil agus soghluaisteacht ***íseal-astaíochtaí*** ardcháilíochta, ***sábháilte*** agus inbhuanaithe a sholáthar don limistéar uirbeach feidhmiúil, tríd an limistéar uirbeach feidhmiúil agus laistigh de. Go háirithe, tacófar leis le soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha agus le cur chun feidhme córais iompair uirbigh lena rannchuidítear le feidhmíocht fhoriomlán níos fearr an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, go háirithe trí bhonneagar a fhorbairt le haghaidh cúrsaíocht rianúil feithiclí ***atá saor ó*** astaíochtaí chomh maith le moil ilmhódacha paisinéirí chun naisc an chéad mhíle agus naisc an mhíle dheireanaigh agus naisc ilmhódacha lasta a fhreastalaíonn ar nóid uirbeacha a éascú. | 1. Spriocanna agus cuspóirí: Beidh sé mar sprioc lárnach ag Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (***SUMP***) feabhas a chur ar inrochtaineacht an limistéir uirbigh fheidhmiúil ***do gach úsáideoir,*** agus ***aird ar leith á tabhairt ar dhaoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a*** soghluaisteacht ***laghdaithe, agus soghluaisteacht*** ardcháilíochta, ***shábháilte, inrochtana, inacmhainne*** agus inbhuanaithe a sholáthar don limistéar uirbeach feidhmiúil, tríd an limistéar uirbeach feidhmiúil agus laistigh de. Go háirithe, tacófar leis le soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha agus ***astaíochtaí ísle, lena n- áirítear modh gníomhach agus iompar poiblí, agus*** le cur chun feidhme córais iompair uirbigh lena rannchuidítear le feidhmíocht fhoriomlán níos fearr an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, go háirithe trí bhonneagar a fhorbairt le haghaidh cúrsaíocht rianúil feithiclí astaíochtaí ***nialasacha agus astaíochtaí ísle*** chomh maith le moil ilmhódacha paisinéirí chun naisc an chéad mhíle agus naisc an mhíle dheireanaigh agus naisc ilmhódacha lasta a fhreastalaíonn ar nóid uirbeacha a éascú. |

**Leasú 543**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Fís fhadtéarmach agus plean cur chun feidhme gearrthéarmach: Beidh straitéis fhadtéarmach maidir le bonneagar iompair agus seirbhísí ilmhódacha a fhorbairt amach anseo san áireamh ***i PSUI***, nó beidh ***PSUI*** nasctha le straitéis den sórt sin atá ann cheana féin. Áireofar ann freisin plean seachadta maidir le cur chun feidhme gearrthéarmach na straitéise. Beidh sé leabaithe i gcur chuige comhtháite d'fhorbairt inbhuanaithe an limistéir uirbigh agus beidh sé nasctha le húsáid talún agus pleanáil spásúlachta ábhartha. | 2. Fís fhadtéarmach agus plean cur chun feidhme gearrthéarmach: Beidh straitéis fhadtéarmach***, lena n-áirítear i dtéarmaí airgeadais,*** maidir le bonneagar iompair agus seirbhísí ilmhódacha a fhorbairt amach anseo san áireamh ***in SUMP***, nó beidh ***SUMP*** nasctha le straitéis den sórt sin atá ann cheana féin. Áireofar ann freisin plean seachadta maidir le cur chun feidhme gearrthéarmach na straitéise. Beidh sé leabaithe i gcur chuige comhtháite d'fhorbairt inbhuanaithe ***agus inrochtana*** an limistéir uirbigh agus beidh sé nasctha le húsáid talún agus pleanáil spásúlachta ábhartha. |

**Leasú 544**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Comhtháthú na modhanna éagsúla iompair: Le ***PSUI***, cuirfear iompar ilmhódach chun cinn trí na modhanna agus na bearta éagsúla a chomhtháthú arb é is aidhm dóibh soghluaisteacht ***gan uaim*** agus inbhuanaithe a éascú. Áireofar ann gníomhaíochtaí chun cion módach na bhfoirmeacha iompair is inbhuanaithe amhail iompar poiblí, soghluaisteacht ghníomhach, agus, de réir mar is iomchuí, iompar ***ar*** uiscebhealaí intíre agus ***ar muir a mhéadú***. Áireofar leis freisin gníomhaíochtaí chun soghluaisteacht ***atá saor ó*** astaíochtaí a chur chun cinn, go háirithe maidir leis an bhflít uirbeach a ghlasú, brú tráchta a laghdú agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú go háirithe i gcás úsáideoirí soghonta bóithre. | 3. Comhtháthú na modhanna éagsúla iompair: Le ***SUMP***, cuirfear iompar ilmhódach ***inrochtana*** chun cinn trí na modhanna agus na bearta éagsúla a chomhtháthú arb é is aidhm dóibh soghluaisteacht ***rianúil*** agus inbhuanaithe a éascú. Áireofar ann gníomhaíochtaí chun cion módach na bhfoirmeacha iompair is inbhuanaithe ***a mhéadú*** amhail iompar poiblí, soghluaisteacht ghníomhach, ***soghluaisteacht chomhroinnte,*** agus, de réir mar is iomchuí, iompar uiscebhealaí intíre agus ***muirí***. Áireofar leis freisin gníomhaíochtaí chun soghluaisteacht astaíochtaí ***nialasacha agus astaíochtaí ísle*** a chur chun cinn, go háirithe maidir leis an bhflít uirbeach a ghlasú, brú tráchta a laghdú***, feabhas a chur ar inrochtaineacht do gach úsáideoir*** agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú go háirithe i gcás úsáideoirí soghonta bóithre***, i gcomhréir le caighdeáin an Aontais*** |

| | |
|---|---|
| | ***maidir le sábháilteacht ar bhóithre, lena n-áirítear do mhodhanna gníomhacha***. |

**Leasú 545**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Feidhmiú éifeachtach TEN-T: Ba cheart a chur san áireamh mar is cuí le ***PSUI*** an tionchar a bheadh ag bearta uirbeacha éagsúla ar na ***sreabha*** tráchta, idir phaisinéirí agus lasta, ar an ngréasán tras-Eorpach iompair agus é mar aidhm leis sin idirthuras, seach-chonair nó idirnascadh ***gan uaim*** a áirithiú trí nóid uirbeacha agus timpeall orthu, lena n-áirítear maidir le feithiclí ***atá saor ó*** astaíochtaí. Áireofar leis sin go háirithe gníomhaíochtaí chun brú tráchta a mhaolú, sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus scrogaill a dhéanann difear do shreabha tráchta ar TEN-T a bhaint. | 4. Feidhmiú éifeachtach TEN-T: Ba cheart a chur san áireamh mar is cuí le ***SUMP*** an tionchar a bheadh ag bearta uirbeacha éagsúla ar na ***sreafaí*** tráchta, idir phaisinéirí agus lasta, ar an ngréasán tras-Eorpach iompair agus é mar aidhm leis sin idirthuras, seach-chonair nó idirnascadh ***rianúil*** a áirithiú trí nóid uirbeacha agus timpeall orthu, lena n-áirítear maidir le feithiclí astaíochtaí ***nialasacha agus astaíochtaí ísle***. Áireofar leis sin go háirithe gníomhaíochtaí chun brú tráchta a mhaolú, sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus scrogaill a dhéanann difear do shreabha tráchta ar TEN-T a bhaint. |

**Leasú 546**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Cur chuige rannpháirteach: Beidh forbairt agus cur chun feidhme ***PSUI*** bunaithe ar chur chuige comhtháite ina mbeidh ardleibhéal comhair, comhordaithe agus comhairliúcháin idir na leibhéil éagsúla rialtais agus na húdaráis ábhartha. Beidh saoránaigh ***agus ionadaithe*** na sochaí sibhialta agus gníomhaithe eacnamaíocha rannpháirteach freisin. | 5. Cur chuige rannpháirteach: Beidh forbairt agus cur chun feidhme ***SUMP*** bunaithe ar chur chuige comhtháite ina mbeidh ardleibhéal comhair, comhordaithe agus comhairliúcháin idir na leibhéil éagsúla rialtais agus na húdaráis ábhartha***, go háirithe údaráis iompair uirbigh***. Beidh saoránaigh***, saineolaithe inrochtaineachta, chomh maith le hionadaithe*** na sochaí sibhialta agus gníomhaithe eacnamaíocha rannpháirteach ***go gníomhach*** freisin. ***Bunófar comhar idir údaráis uirbeacha agus réigiúnacha, i*** |

***gcás inarb ábhartha, chun inrochtaineacht agus nascacht a mhéadú idir limistéir uirbeacha agus thuaithe.***

**Leasú 547**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Táscairí faireacháin agus feidhmíochta: Áireofar le ***PSUI*** cuspóirí, spriocanna agus táscairí a bheidh mar bhonn taca ag feidhmíocht reatha agus amach anseo an chórais iompair uirbigh, ar a laghad, maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, brú tráchta, tionóiscí agus gortuithe, cion módach agus rochtain ar sheirbhísí soghluaisteachta, agus ***maidir*** le sonraí maidir le truailliú aeir agus truailliú torainn i gcathracha. Déanfar faireachán ar chur chun feidhme ***PSUI*** trí úsáid a bhaint as táscairí feidhmíochta. Déanfaidh na Ballstáit agus na húdaráis ábhartha sásraí a chur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh ***PSUI*** i gcomhréir le forálacha na hIarscríbhinne seo agus ar ardchaighdeán. | 6. Táscairí faireacháin agus feidhmíochta: Áireofar le ***SUMP*** cuspóirí, spriocanna agus táscairí a bheidh mar bhonn taca ag feidhmíocht reatha agus amach anseo an chórais iompair uirbigh, ar a laghad, maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, ***bainistiú feabhsaithe ar shreafaí tráchta,*** brú tráchta, tionóiscí agus gortuithe, cion módach agus rochtain ar sheirbhísí soghluaisteachta ***do gach úsáideoir***, agus ***chomh maith*** le sonraí maidir le truailliú aeir agus truailliú torainn i gcathracha. Déanfar faireachán ar chur chun feidhme ***SUMP*** trí úsáid a bhaint as táscairí feidhmíochta. Déanfaidh na Ballstáit agus na húdaráis ábhartha sásraí a chur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh ***SUMP*** i gcomhréir le forálacha na hIarscríbhinne seo agus ar ardchaighdeán. ***Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar le pointe teagmhála náisiúnta SUMP, faireachán rialta ar chur chun feidhme cuí SUMPanna, cothóidh sé malartú dea-chleachtas agus féadfaidh sé moltaí a eisiúint i gcás nach gcomhlíontar na híoscheanglais agus na híoschaighdeáin.*** |

**Leasú 548**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe 2 – pointe j**
Rialachán (AE) 2021/1153
Iarscríbhinn – cuid III – pointe 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (j) scriostar an cúigiú ró is tríocha leis an teideal '"Conair Chríoch Lochlann – na Meánmhara" den chroíghréasán' agus an séú ró is tríocha ina bhfuil a ailíniú**.** | (j) scriostar an cúigiú ró is tríocha leis an teideal '"Conair Chríoch Lochlann – na Meánmhara" den chroíghréasán' agus an séú ró is tríocha ina bhfuil a ailíniú***; tar éis an seachtú ró is tríocha ina bhfuil na naisc trasteorann ar an gconair sin, cuir isteach ró nua lena gcuirtear isteach "Nasc in easnamh" "Villa San Giovanni - Messina (nasc seasta)" le haghaidh "Bóthar/Iarnród";*** |

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

CÚLRA AGUS INSPREAGADH AN RIALACHÁIN

Tá bonneagar iompair éifeachtúil, inbhuanaithe, ilmhódach agus nua-aimseartha de dhíth ar an Aontas do gach modh a nascann a shaoránaigh agus a ghnólachtaí le chéile chun tacú lena mhargadh inmheánach agus lena thrádáil, chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú, agus rannchuidiú á dhéanamh aige lena chuspóir dícharbónaithe ag an am céanna. Is iad na gréasáin thras-Eorpacha iompair (TEN-T) an príomhcholún de bheartas bonneagair iompair an Aontais agus tá siad deartha i dtrí shraith straitéiseacha de réir a chéile a bheidh le cur i gcrích go tráthúil: an croíghréasán faoi 2030, an croíghréasán breisithe faoi 2040 agus na gréasáin chuimsitheacha faoi 2050. Meastar go nginfear EUR 4 500 billiún breise nó 1.8 % de OTI an Aontais leis an gcroíghréasán amháin a thabhairt chun críche agus go mbeidh 13 mhilliún bliain fostaíochta ann mar thoradh air go dtí 2030.

D'aineoinn na dtairbhí sin, áfach, tá roinnt deacrachtaí ag baint le himscaradh TEN-T ar gá aghaidh a thabhairt orthu san athbhreithniú seo:

- scrogaill acmhainne, naisc atá in easnamh fós agus nascacht gréasáin neamhleor a chuireann bac ar ilmhódúlacht;
- caighdeáin bhonneagair TEN-T neamhleora agus neamhiomlána le haghaidh gach modha;
- easpa ailínithe le cuspóir dícharbónaithe an Aontais, in éineacht le hathrú córa iompair agus athléimneacht an bhonneagair atá ag dul i méid;
- bacainní oibríochtúla agus riaracháin, lena n-áirítear tréimhsí feithimh fada trasteorann;
- ionstraimí rialachais neamhleora agus forfheidhmiú neamhleora an Rialacháin;
- moilleanna a chuireann cur i gcrích tráthúil an chroíghréasáin i mbaol, rud is cúis le sócmhainní tréigthe do na Ballstáit sin ar éirigh leo a gcuid a thógáil agus tairbhí iomlána an ghréasáin a chosc;

MOLTAÍ ARNA NDÉANAMH SA TUARASCÁIL

Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh do na rapóirtéirí an t-athbhreithniú sin, arb é is aidhm dó iompar a dhéanamh níos inbhuanaithe, níos inacmhainne agus níos éifeachtúla, chun ilmhódúlacht, athrú córa iompair, idir-inoibritheacht agus digitiú a chothú agus a athléimneacht agus a ionstraimí rialachais choitinn a fheabhsú ag an am céanna. De bhrí go measann na rapóirtéirí gur cheart na hiarrachtaí a dhíriú ar na spriocanna sin, creideann siad gur gá roinnt forálacha a neartú más mian leis an Aontas a chuspóirí a chomhlíonadh in am:

- Uaillmhian mhéadaithe maidir le caighdeáin agus ceanglais, le díolúintí teoranta

Neartaíodh na caighdeáin agus na ceanglais maidir le gach modh, ar caighdeáin agus ceanglais iad a d'fhéadfadh na Ballstáit a bhaint amach go réalaíoch, chun cuspóirí iompair an Aontais a bhaint amach, mar a leagtar amach sa pháipéar bán maidir le hiompar agus sa straitéis maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste. Ar an taobh eile, tá díolúintí teoranta do chásanna sonracha, rud a d'fhéadfadh mí-leithdháileadh acmhainní tearca a bheith mar thoradh orthu, chun imscaradh comhleanúnach tráthúil an bhonneagair a ráthú. Ina leith sin, creideann na rapóirtéirí gur cheart go luachmhéadódh infheistíochtaí iompair ní hamháin ó thaobh costas de,

ach mar chatalaíoch eacnamaíoch lena gcumasaítear fás fadtéarmach agus lena rannchuidítear le spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach ag an am céanna.

- Nóid uirbeacha

Tá ról tábhachtach ag nóid uirbeacha ar TEN-T mar cheann scríbe tosaigh nó deiridh le haghaidh sreafaí paisinéirí agus lasta. Tugadh forálacha isteach chun a áirithiú nach gcuirfidh scrogaill acmhainne agus nascacht neamhleor laistigh de nóid uirbeacha isteach ar ilmhódúlacht feadh TEN-T, agus na dúshláin éagsúla a bhaineann le gach nód uirbeach agus prionsabal na coimhdeachta á gcur san áireamh go hiomlán ag an am céanna.

- Bonneagar cliste agus nuálach

Ní críoch ann féin é an digitiú. Fágann sé go bhfuil an t-iompar agus go háirithe an ilmhódúlacht níos inrochtana, níos éifeachtúla agus níos inacmhainne do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Thairis sin, cuireann sé go mór le sábháilteacht agus inbhuanaitheacht ár gcórais iompair a fheabhsú agus, ag an am céanna, cuireann sé ar chumas na n-údarás freagrach rialacha comhchoiteanna Eorpacha a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr.

- Athléimneacht, soghluaisteacht mhíleata agus uathriail straitéiseach

Ba cheart go mbeadh TEN-T slán i bhfad na haimsire. I bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil nua nó na ndálaí aeráide agus comhshaoil, cuireadh forálacha san áireamh chun slándáil agus athléimneacht fhadtéarmach an bhonneagair iompair a mhéadú. Tugadh isteach freisin breithnithe maidir leis an uathriail straitéiseach a léiríonn roinnt bonneagar criticiúil iompair.

- Comhar le tríú tíortha

Tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus an seasamh a ghlac an Bhealarúis sa choinbhleacht sin, tugadh an comhar le tríú tíortha cothrom le dáta chun an tírdhreach geopholaitiúil nua sin a chur san áireamh, trí naisc leis an Rúis agus leis an mBealarúis a laghdú agus trí chomhpháirtíocht leis an Úcráin agus leis an Moldóiv a fheabhsú.

- Cothabháil

Tá cothabháil ríthábhachtach chun bonneagar ardcháilíochta, nua-aimseartha, cliste agus athléimneach a áirithiú. Mar sin féin, is rómhinic nach ndéantar cothabháil a sholáthar ná a chur san áireamh i gceart ag an gcéim is luaithe de phleanáil tionscadail agus le linn a shaolré. Cuireadh forálacha maidir le cothabháil san áireamh chun aghaidh a thabhairt tuilleadh ar an tsaincheist sin.

- Tosaíochtaí Eorpacha atreisithe

Ceann de na príomhbhagairtí a bhaineann le spriocdháta chur i gcrích an chroíghréasáin faoi 2030 ná an mí-ailíniú idir pleananna iompair náisiúnta agus infheistíochtaí leis na tosaíochtaí Eorpacha. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, neartaíonn na rapóirtéirí an comhleanúnachas idir iad sin, chomh maith leis an gcoinníollacht idir cistiú Eorpach le tosaíochtaí Eorpacha ó thaobh imscaradh bonneagair iompair de.

- Rialachas

Ní mór uirlisí rialachais a threisiú chun imscaradh comhleanúnach agus cur i gcrích tráthúil TEN-T a áirithiú. Chun é sin a dhéanamh, neartaíodh ionstraimí tuairiscithe agus faireacháin, lena n-áirítear ról na gComhordaitheoirí Eorpacha agus a bpleananna oibre, chomh maith le forálacha chun moill shuntasach a chosc maidir le tosú nó tabhairt chun críche na hoibre ar na

gréasáin.

Tá na rapóirtéirí suite de go gcuirfidh na forálacha sin go mór le gréasáin TEN-T a thabhairt chun críche go héifeachtach agus go tráthúil, chun gréasán iompair ilmhódach éifeachtúil, inbhuanaithe, rianúil, ardcháilíochta agus slán i bhfad na haimsire a thógáil ar fud an Aontais Eorpaigh agus a thíortha comharsanachta.

14.7.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA

chuig an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1315/2013
(COM(2021)0812 – C9-0472/2021 – 2021/0420(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Salvatore De Meo

## RÉASÚNÚ GEARR

Tá gréasán tras-Eorpach iompair atá éifeachtúil agus dea-fhorbartha ríthábhachtach d'fheidhmiú rianúil agus do neartú an mhargaidh aonair. Go deimhin, is tríd an líonra sin a áirithíonn an tAontas saorghluaiseacht daoine agus earraí laistigh dá chríoch.

Chuige sin, is gá go sáróidh an gréasán tras-Eorpach iompair na teorainneacha atá aige cheana trí infheistíochtaí spriocdhírithe atá in ann rannchuidiú le feabhsú an ghréasáin i dtéarmaí inrochtaineachta, cuimsitheachta agus i dtéarmaí inbhuanaitheachta. Go háirithe, is gá bonneagair agus seirbhísí a dhéanamh níos inrochtana d'úsáideoirí, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, chun go bhfeidhmeoidh an líonra mar is cuí, trí dheireadh a chur leis na scrogaill atá fós ann a ghineann plódú agus trí naisc thapa agus leanúnacha a áirithiú.

Ina theannta sin, chun na cuspóirí a leagtar síos leis an Rialachán seo a bhaint amach, is gá rochtain shaor ar na gréasáin a ráthú i ngach Ballstát, agus go gcuirfear go leor cistí ar bun chun tógáil agus cothabháil bonneagar a chumasú agus chun cur ar chumas gnólachtaí san earnáil iompair pleananna infheistíochta fadtéarmacha a dhéanamh.

Tá sé fíorthábhachtach freisin a áirithiú go mbeidh rochtain ag fiontair bheaga agus mheánmhéide ar chonairí iompair na hEorpa, ar fiontair iad a bhíonn suite go minic in ionaid táirgthe fhorimeallacha nó i limistéir níos iargúlta. Ina leith sin, beidh sé ríthábhachtach sineirgí a chruthú idir na cistí struchtúracha a leithdháilfear chun an gréasán tras-Eorpach iompair a thógáil agus infheistíochtaí bonneagair náisiúnta a dhéanfar trí chistí eile, lena n-áirítear na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.

I measc na dtosaíochtaí, beidh rannpháirtíocht earnáil ghnó na hEorpa trí naisc idirmhódacha ríthábhachtach, chomh maith le rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach trí idirphlé struchtúrtha leis na comhordaitheoirí Eorpacha.

Ar deireadh, i bhfianaise na n-imeachtaí drámatúla a tharla le déanaí san Úcráin, measann an Rapóirtéir go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaí an gréasán tras-Eorpach iompair a oiriúnú chun go mbeidh an tAontas in ann a chuspóirí a neartú freisin i dtaca le slándáil mhíleata agus bia. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, infheistíochtaí sonracha a dhíriú i dtreo deighleoga straitéiseacha bonneagair agus lárionaid straitéiseacha táirgthe agraibhia a áireamh laistigh de ghréasán éifeachtúil.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ar an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Le cur i gcrích an ghréasáin tras-Eorpaigh iompair cuirtear na dálaí is gá ar bun, ó thaobh an bhunúis bonneagair de, lenar féidir cur le hinbhuanaitheacht, inacmhainneacht agus cuimsitheacht na modhanna iompair uile, roghanna malartacha inbhuanaithe a chur ar fáil go forleathan i gcóras iompair ilmhódach, agus na dreasachtaí cearta a sholáthar chun an t-aistriú a bhrú chun cinn, go suntasach trí aistriú cóir a áirithiú, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i Moladh (AE) [...] ón gComhairle an [...] maidir le haistriú cóir ionsar an aeráidneodracht a áirithiú. | (4) Le cur i gcrích an ghréasáin tras-Eorpaigh iompair cuirtear na dálaí is gá ar bun, ó thaobh an bhunúis bonneagair de, lenar féidir cur le hinbhuanaitheacht, ***inrochtaineacht,*** inacmhainneacht agus cuimsitheacht na modhanna iompair uile, roghanna malartacha inbhuanaithe a chur ar fáil go forleathan i gcóras iompair ilmhódach, agus na dreasachtaí cearta a sholáthar chun an t-aistriú a bhrú chun cinn, go suntasach trí aistriú cóir a áirithiú, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i Moladh (AE) [...] ón gComhairle an [...] maidir le haistriú cóir ionsar an aeráidneodracht a áirithiú. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Pleanáil, forbairt agus oibriú an ghréasáin tras-Eorpaigh iompair, ba cheart foirmeacha inbhuanaithe iompair a bheith indéanta dá mbua, ba cheart foráil a dhéanamh leo maidir le réitigh iompair ilmhódacha agus idir-inoibrithe fheabhsaithe agus maidir le comhtháthú ilmhódach feabhsaithe sa slabhra lóistíochta iomlán, rudaí a rannchuideodh le feidhmiú rianúil an mhargaidh aonair trí na hartairí is gá a chruthú le haghaidh sreabha rianúla iompair paisinéirí agus lasta ar fud an Aontais. Maille leis sin, ba cheart é a bheith d’aidhm ag an ngréasán an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a threisiú tríd an inrochtaineacht agus an nascacht a áirithiú le haghaidh | (5) Pleanáil, forbairt agus oibriú an ghréasáin tras-Eorpaigh iompair, ba cheart foirmeacha inbhuanaithe iompair a bheith indéanta dá mbua, ba cheart foráil a dhéanamh leo maidir le réitigh iompair ilmhódacha agus idir-inoibrithe fheabhsaithe agus maidir le comhtháthú ilmhódach feabhsaithe sa slabhra ***táirgeachta iomlán agus sa slabhra*** lóistíochta iomlán, rudaí a rannchuideodh le feidhmiú rianúil an mhargaidh aonair trí na hartairí is gá a chruthú le haghaidh sreabha rianúla iompair paisinéirí agus lasta ar fud an Aontais. Maille leis sin, ba cheart é a bheith d’aidhm ag an ngréasán an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a threisiú tríd an inrochtaineacht |

| | |
|---|---|
| réigiúin uile an Aontais, lena n-áirítear nascacht níos fearr le haghaidh na réigiún is forimeallaí agus réigiúin eile atá iargúlta, imeallacha, nó sléibhtiúil nó ar réigiúin tuaithe nó oileáin iad, chomh maith le limistéir is tearc daonra. Ba cheart, freisin, soghluaisteacht shábháilte inbhuanaithe gan uaim na n-earraí agus na ndaoine, dá éagsúla iad, a bheith indéanta de bhua fhorbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, agus ba cheart di rannchuidiú le tuilleadh fáis eacnamaíoch agus tuilleadh iomaíochta i gcomhthéacs domhanda, trí idirnaisc agus idir-inoibritheacht idir na gréasáin iompair náisiúnta a bhunú ar bhealach inbhuanaithe a bheidh tíosach ar acmhainní. | agus an nascacht a áirithiú le haghaidh réigiúin uile an Aontais, lena n-áirítear nascacht níos fearr le haghaidh na réigiún is forimeallaí agus réigiúin eile atá iargúlta, imeallacha, nó sléibhtiúil nó ar réigiúin tuaithe nó oileáin iad, chomh maith le limistéir is tearc daonra. Ba cheart, freisin, soghluaisteacht shábháilte inbhuanaithe gan uaim na n-earraí agus na ndaoine, dá éagsúla iad, a bheith indéanta de bhua fhorbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, ***lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas nó a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe,*** agus ba cheart di rannchuidiú le tuilleadh ***cearta do phaisinéirí agus trédhearcacht pá, chomh maith le*** fáis eacnamaíoch agus tuilleadh iomaíochta i gcomhthéacs domhanda, trí idirnaisc agus idir-inoibritheacht idir na gréasáin iompair náisiúnta a bhunú ar bhealach inbhuanaithe a bheidh tíosach ar acmhainní ***agus chun sochair don phaisinéir***. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Le bonneagair mhodha ghníomhaigh seachnaítear cur isteach díréireach agus dícheangal díréireach ar chonairí gearra achair, brú tráchta ar an ngréasán bóithre agus iarnróid a mhaolú agus deireadh a chur leis na bacainní atá ann cheana. Cuireann bonneagair mhodha ghníomhacha freisin le spriocanna aeráide an Aontais, le sláinte phoiblí a fheabhsú agus le tairbhí eacnamaíocha a chur ar fáil. Le bonneagar nua á phleanáil agus oibreacha de bhonneagair níos sine den ghréasán tras-Eorpach iompair á gcothabháil agus á n-uasghrádú, ba cheart, dá bhrí sin, bonneagair modha ghníomhaigh a chur san áireamh, lena n-*** |

| | |
|---|---|
| | ***áirítear bonneagair siúil agus rothaíochta.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Chun bonneagar iompair d'ardcháilíocht agus éifeachtúil a chur i gcrích sna modhanna uile, ba cheart slándáil agus sábháilteacht na bpaisinéirí agus na ngluaiseachtaí lasta, an difear d'athrú aeráide agus tionchar an athraithe aeráide agus na nguaiseacha nádúrtha agus na dtubaistí de dhéantús an duine a d'fhéadfadh a bheith ann ar bhonneagar agus ar an inrochtaineacht do na húsáideoirí iompair uile, go háirithe i réigiúin atá faoi thionchar faoi leith ó iarmhairtí diúltacha an athraithe aeráide, ba cheart an méid sin ar fad a chur san áireamh i bhforbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. | (10) Chun bonneagar iompair d'ardcháilíocht agus éifeachtúil a chur i gcrích sna modhanna uile, ba cheart slándáil agus sábháilteacht na bpaisinéirí agus na ngluaiseachtaí lasta, an difear d'athrú aeráide agus tionchar an athraithe aeráide agus na nguaiseacha nádúrtha agus na dtubaistí de dhéantús an duine a d'fhéadfadh a bheith ann ar bhonneagar agus ar an inrochtaineacht do na húsáideoirí iompair uile, go háirithe i réigiúin atá faoi thionchar faoi leith ó iarmhairtí diúltacha an athraithe aeráide, ba cheart an méid sin ar fad a chur san áireamh i bhforbairt***, i gcothabháil agus in uasgrádú*** an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) Ba cheart do na Ballstáit straitéisí a fhorbairt, i gcomhairle le húdaráis áitiúla agus gnólachtaí, maidir le riachtanais bhonneagair, lóistíochtúla agus iompair na lárionad táirgeachta beag, chun comhleanúnachas agus sineirgí a áirithiú idir bonneagair an ghréasáin iompair thras-Eorpaigh agus limistéir inmheánacha le lárionaid táirgthe bheaga nach gcumhdaítear leis*** |

| | |
|---|---|
| | ***an ngréasán tras-Eorpach iompair.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10b) Agus an gréasán tras-Eorpach iompair á fhorbairt, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar a áirithiú go ráthaítear rochtain ar an margadh do FBManna.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10c) Mar shínitheoirí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD), tá oibleagáid dhlíthiúil ar an Aontas agus ar na Ballstáit uile a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas, ar bhonn comhionann le daoine eile, ar iompar agus ar an timpeallacht thógtha. Chuir an Coimisiún an t-athbhreithniú ar Threoirlínte TEN-T san áireamh ina liosta gníomhaíochtaí den Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030. Ar deireadh, lena Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, tá gealltanas tugtha ag an Aontas "soghluaisteacht a dhéanamh cothrom agus cóir do chách", lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar inrochtaineacht do phaisinéirí faoi mhíchumas. Ba cheart, dá bhrí sin, cearta daoine faoi mhíchumas a chomhtháthú go hiomlán san athbhreithniú ar Threoirlínte TEN-T.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart leasanna údarás réigiúnach agus áitiúil, ***chomh maith le*** leasanna an phobail lena mbaineann tionscadal leasa choitinn, a chur san áireamh go hiomchuí nuair atá na tionscadail sna fonsaí tógála agus pleanála. | (16) Ba cheart leasanna údarás réigiúnach agus áitiúil, leasanna an phobail lena mbaineann tionscadal leasa choitinn, ***chomh maith le leasanna gnóthaí agus FBManna,*** a chur san áireamh go hiomchuí nuair atá na tionscadail sna fonsaí tógála agus pleanála. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ba cheart sainiú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bheith bunaithe ar mhodheolaíocht chomhchoiteann thrédhearcach agus ba cheart gurbh é an leibhéal is airde den phleanáil bonneagair san Aontas. Ba cheart é a bheith ilmhódach, sin le rá, ba cheart dó na modhanna iompair uile agus a naisc a chuimsiú, chomh maith le córais ábhartha bainistíochta faisnéise tráchta agus iompair. | (17) Ba cheart sainiú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bheith bunaithe ar mhodheolaíocht chomhchoiteann thrédhearcach agus ba cheart gurbh é an leibhéal is airde den phleanáil bonneagair san Aontas. Ba cheart é a bheith ilmhódach, sin le rá, ba cheart dó na modhanna iompair uile agus a naisc a chuimsiú, chomh maith le córais ábhartha bainistíochta faisnéise tráchta agus iompair***, agus ba cheart go gcuirfeadh sé ardleibhéal inrochtaineachta ar líonraí ar fáil do gach úsáideoir iompair***. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ba cheart an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt de réir a chéile i dtrí chéim arb aidhm fhoriomlán dóibh gréasán | (18) Ba cheart an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt de réir a chéile i dtrí chéim arb aidhm fhoriomlán dóibh gréasán |

| | |
|---|---|
| uile-Eorpach ilmhódach idir-inoibrithe ar ardchaighdeáin cháilíochta a chur i gcrích, agus cuspóirí foriomlána an Aontais maidir leis an aeráidneodracht agus an gcomhshaol á n-urramú: croíghréasán a bheith críochnaithe faoi 2030, croíghréasán breisithe faoi 2040, agus an gréasán cuimsitheach faoi 2050. | uile-Eorpach ilmhódach idir-inoibrithe ar ardchaighdeáin cháilíochta a chur i gcrích, agus ***feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh á áirithiú agus*** cuspóirí foriomlána an Aontais maidir leis an aeráidneodracht agus an gcomhshaol á n-urramú: croíghréasán a bheith críochnaithe faoi 2030, croíghréasán breisithe faoi 2040, agus an gréasán cuimsitheach faoi 2050. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Ba cheart an gréasán cuimsitheach a bheith feistithe le bonneagar breoslaí ionadúla a bheidh ***leormhaith*** chun a áirithiú go dtugann sé tacaíocht éifeachtach don aistriú go soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, i gcomhréir leis na clocha míle a leagtar síos sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste. | (21) Ba cheart an gréasán cuimsitheach a bheith feistithe le bonneagar breoslaí ionadúla a bheidh ***inrochtana d'úsáideoirí*** chun a áirithiú go dtugann sé tacaíocht éifeachtach don aistriú go soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, i gcomhréir leis na clocha míle a leagtar síos sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste ***agus riachtanais tomhaltóirí agus gnólachtaí, go háirithe FBManna, á gcur san áireamh***. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ba cheart an croíghréasán, ar sprioc-am dó 2030, agus an croíghréasán breisithe, ar sprioc-am dó 2040, a bheith ina bhfondúireacht ag an ngréasán iompair inbhuanaithe ilmhódach, ós é atá i gceist iontu na nóid agus na naisc is tábhachtaí agus is straitéisí sa ghréasán tras-Eorpach iompair ó thaobh riachtanais tráchta de. Ba cheart dóibh forbairt an ghréasáin chuimsithigh iomláin a spreagadh agus é a | (24) Ba cheart an croíghréasán, ar sprioc-am dó 2030, agus an croíghréasán breisithe, ar sprioc-am dó 2040, a bheith ina bhfondúireacht ag an ngréasán iompair inbhuanaithe ilmhódach, ós é atá i gceist iontu na nóid agus na naisc is tábhachtaí agus is straitéisí sa ghréasán tras-Eorpach iompair ó thaobh riachtanais tráchta de. Ba cheart dóibh forbairt an ghréasáin chuimsithigh iomláin a spreagadh agus é a |

| | |
|---|---|
| chur ar a chumas ***don*** Aontais a chuid gníomhaíochtaí a dhíriú ar na comhpháirteanna den ghréasán tras-Eorpach iompair is airde breisluach Eorpach, go háirithe na stráicí trasteorann, na naisc in easnamh, pointí nasctha ilmhódacha, agus scrogaill mhóra. | chur ar a chumas ***an*** Aontais a chuid gníomhaíochtaí a dhíriú ar na comhpháirteanna den ghréasán tras-Eorpach iompair is airde breisluach Eorpach, go háirithe na stráicí trasteorann, na naisc in easnamh, pointí nasctha ilmhódacha, ***críochfoirt lasta*** agus scrogaill mhóra. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24a) D'fhéadfadh úsáid trasteorann an Chórais Mhodúil Eorpaigh rannchuidiú le héifeachtúlacht agus tionchar comhshaoil an iompair lasta de bhóthar a fheabhsú agus lena áirithiú go mbainfear amach cuspóir inbhuanaitheachta agus astaíochtaí an Aontais.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Ba cheart gan díolúintí ó na ceanglais bonneagair is infheidhme maidir leis an gcroíghréasán, an gcroíghréasán breisithe agus an ngréasán cuimsitheach a bheith ar fáil ach amháin i gcásanna ina dtugtar údar cuí agus faoi réir coinníollacha áirithe. Ba cheart a áireamh ar na cásanna sin cásanna nach féidir údar cuí a thabhairt i leith infheistíochta, nó ina bhfuil srianta geografacha sonracha nó srianta fisiceacha móra, mar shampla sna réigiúin is forimeallaí agus i réigiúin eile atá iargúlta, imeallach, nó sléibhtiúil nó ar réigiúin oileáin iad nó i limistéir is tearc daonra, nó i gcás gréasáin atá scartha go | (26) Ba cheart gan díolúintí ó na ceanglais bonneagair is infheidhme maidir leis an gcroíghréasán, an gcroíghréasán breisithe agus an ngréasán cuimsitheach a bheith ar fáil ach amháin i gcásanna ina dtugtar údar cuí agus faoi réir coinníollacha áirithe. Ba cheart a áireamh ar na cásanna sin cásanna nach féidir údar cuí a thabhairt i leith infheistíochta, nó ina bhfuil srianta geografacha sonracha nó srianta fisiceacha móra, mar shampla sna réigiúin is forimeallaí agus i réigiúin eile atá iargúlta, imeallach, nó sléibhtiúil nó ar réigiúin oileáin iad nó i limistéir is tearc daonra, nó i gcás gréasáin atá scartha go |

| | |
|---|---|
| hiomlán nó go páirteach. | hiomlán nó go páirteach. ***I gcás limistéir inar tearc an daonra, níor cheart díolúintí a bheith infheidhme ach amháin maidir le bonneagair atá suite i limistéir tionscnaimh nó i limistéir chinn scríbe, agus ní maidir le bonneagair ar pointí idirthurais ríthábhachtacha iad.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26a) Níor cheart do na díolúintí sin cur isteach ar aon bhealach ar na cearta inrochtaineachta atá ag gach úsáideoir iompair ar na líonraí i limistéir fhorimeallacha, agus níor cheart dóibh an bonn a bhaint ó sheirbhísí atá ríthábhachtach don ghnó, lena n-áirítear FBManna, i limistéir uirbeacha agus thionsclaíocha a bhfuil mórthábhacht eacnamaíoch ag baint leo.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Chun an gréasán tras-Eorpach iompair a bhunú ar bhealach comhordaithe tráthúil, lena bhféadfaí na héifeachtaí gréasáin a uasmhéadú, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann a áirithiú go nglactar na bearta is iomchuí le go gcríochnófar na tionscadail leasa choitinn a bhaineann leis an gcroíghréasán, an gcroíghréasán breisithe agus an ngréasán cuimsitheach faoi na sprioc-amanna a leagtar amach faoi seach, eadhon 2030, 2040 agus 2050. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit comhleanúnachas na | (32) Chun an gréasán tras-Eorpach iompair a bhunú ar bhealach comhordaithe tráthúil, lena bhféadfaí na héifeachtaí gréasáin a uasmhéadú, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann a áirithiú go nglactar na bearta is iomchuí le go gcríochnófar na tionscadail leasa choitinn a bhaineann leis an gcroíghréasán, an gcroíghréasán breisithe agus an ngréasán cuimsitheach faoi na sprioc-amanna a leagtar amach faoi seach, eadhon 2030, 2040 agus 2050. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit comhleanúnachas na |

| | |
|---|---|
| bpleananna iompair agus infheistíochta náisiúnta leis na tosaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán seo agus i bpleananna oibre na gComhordaitheoirí Eorpacha a áirithiú. | bpleananna iompair agus infheistíochta náisiúnta leis na tosaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán seo agus i bpleananna oibre na gComhordaitheoirí Eorpacha a áirithiú. ***Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go gcomhlánaítear le spriocanna na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, chomh maith le pleananna eile infheistíochta náisiúnta, cuspóirí an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Tá breisluach Eorpach ag baint le tionscadail leasa choitinn chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt atá i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, ***nó cuireann*** siad le gréasán Eorpach ardcháilíochta idir-inoibrithe ilmhódach, ***rud a mhéadaíonn an*** inbhuanaitheacht, ***an comhtháthú, an*** éifeachtúlacht ***nó*** na sochair d'úsáideoirí. Is airde fós an breisluach Eorpach más toradh air, i dteannta an luacha a d'fhéadfadh an Ballstát féin atá i gceist a bhaint as, feabhsuithe móra ar na naisc iompair nó na ***sreabha*** iompair idir Bhallstáit nó idir Ballstát agus tríú tír. Ba cheart go mbeadh tionscadail trasteorann ***den sórt*** sin ina n-ábhar d'idirghabháil ag an Aontas ar bhonn tosaíochta chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. | (34) Tá breisluach Eorpach ag baint le tionscadail leasa choitinn chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt atá i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, ***ós rud é go gcuireann*** siad le gréasán Eorpach ardcháilíochta idir-inoibrithe ilmhódach, ***go neartaíonn siad feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, go méadaíonn siad a*** inbhuanaitheacht, ***a inrochtaineacht, a chomhtháthú agus a*** éifeachtúlacht***, chomh maith leis*** na sochair d'úsáideoirí. Is airde fós an breisluach Eorpach más toradh air, i dteannta an luacha a d'fhéadfadh an Ballstát féin atá i gceist a bhaint as, feabhsuithe móra ar na naisc iompair nó na ***sreafaí*** iompair idir Bhallstáit nó idir Ballstát agus tríú tír. Ba cheart go mbeadh ***na*** tionscadail trasteorann sin ina n-ábhar d'idirghabháil ag an Aontas ar bhonn tosaíochta chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Ba cheart do na Ballstáit agus do thionscnóirí eile tionscadal a áirithiú go gcuirfear measúnuithe ar thionscadail leasa choitinn i gcrích go héifeachtúil agus moilleadóireacht nach gá á seachaint. | (35) Ba cheart do na Ballstáit agus do thionscnóirí eile tionscadal a áirithiú go gcuirfear measúnuithe ar thionscadail leasa choitinn i gcrích go héifeachtúil agus moilleadóireacht nach gá á seachaint. ***Ba cheart riachtanais inrochtaineachta na n-úsáideoirí go léir a chur san áireamh sna measúnuithe sin freisin. Thairis sin, ba cheart táscairí a chur san áireamh freisin maidir leis na tairbhí a mheastar a bheidh ann do ghnólachtaí de gach méid, FBManna san áireamh, agus do phaisinéirí, agus tionscadail leasa choitinn á measúnú.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ba cheart tionscadail leasa choitinn a lorgaítear cistiú ón Aontas ina leith a bheith faoi réir measúnú costais is tairbhe socheacnamaíoch bunaithe ar mhodheolaíocht aitheanta, agus na sochair agus na costais ábhartha don tsochaí, don gheilleagar, don aeráid agus don chomhshaol á gcur san áireamh chomh maith leis an gcur chuige saolré. Ba cheart measúnú na gcostas agus na tairbhí a bhaineann leis an aeráid agus an gcomhshaol a bheith bunaithe ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéantar de bhun Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***. | (36) Ba cheart tionscadail leasa choitinn a lorgaítear cistiú ón Aontas ina leith a bheith faoi réir measúnú costais is tairbhe socheacnamaíoch bunaithe ar mhodheolaíocht aitheanta, agus na sochair agus na costais ábhartha don tsochaí, don gheilleagar, don aeráid agus don chomhshaol á gcur san áireamh chomh maith leis an gcur chuige saolré ***agus an leibhéal inrochtaineachta a bheadh ar fáil do gach úsáideoir iompair ó chéimeanna tosaigh na dtionscadal***. Ba cheart measúnú na gcostas agus na tairbhí a bhaineann leis an aeráid agus an gcomhshaol a bheith bunaithe ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéantar de bhun Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[21]. |
| [21] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle na 13 Nollaig | [21] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle na 13 Nollaig |

2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe i ndáil leis an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).

2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe i ndáil leis an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Is gá comhar le tríú tíortha, lena n-áirítear tíortha comharsanacha, chun nascacht agus idir-inoibritheacht a áirithiú idir gréasáin bhonneagair an Aontais agus na dtíortha sin. I bhfianaise an mhéid sin, agus i gcás inarb iomchuí, ba cheart don Aontas tionscadail leasa choitinn a chur chun cinn leis na tíortha sin, agus é á mheasúnú agus á áirithiú aige go gcomhlíontar cuspóirí agus ceanglais an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair chun idir-inoibritheacht ghréasán an Aontais a áirithiú. | (38) Is gá comhar le tríú tíortha, lena n-áirítear tíortha comharsanacha, chun nascacht agus idir-inoibritheacht a áirithiú idir gréasáin bhonneagair an Aontais agus na dtíortha sin***, sa bhreis ar inrochtaineacht leanúnach agus ard-chaighdeán feadh na ngréasán sna tíortha sin***. I bhfianaise an mhéid sin, agus i gcás inarb iomchuí, ba cheart don Aontas tionscadail leasa choitinn a chur chun cinn leis na tíortha sin, agus é á mheasúnú agus á áirithiú aige go gcomhlíontar cuspóirí agus ceanglais an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair chun idir-inoibritheacht ghréasán an Aontais a áirithiú. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) Chun claochlú na hearnála iompair go córas fíor-ilmhódach seirbhísí soghluaisteachta inbhuanaithe agus cliste a chur i gcrích, ba cheart don Aontas gréasán iompair ardcháilíochta a thógáil ina gcomhlíonann na seirbhísí iarnróid an t-íosluas líne. Tá acmhainneacht mhór ag iompar iomaíoch na bpaisinéirí d'iarnród ó thaobh dhícharbónú an iompair de. ***Is gá gréasán*** iarnróid ardluais ***comhleanúnach idir-inoibrithe*** Eorpach a fhorbairt lena | (39) Chun claochlú na hearnála iompair go córas fíor-ilmhódach seirbhísí soghluaisteachta inbhuanaithe agus cliste a chur i gcrích, ba cheart don Aontas gréasán iompair ardcháilíochta a thógáil ina gcomhlíonann na seirbhísí iarnróid an t-íosluas líne. Tá acmhainneacht mhór ag iompar iomaíoch na bpaisinéirí d'iarnród ó thaobh dhícharbónú an iompair de. ***Agus na spriocanna uaillmhianacha a leagtar síos leis an Straitéis um Shoghluaisteacht*** |

nascfar ***príomhchathracha*** agus ***mórchathracha na hEorpa***. Má chomhlánaítear na línte ardluais atá ann cheana le línte paisinéirí ar íosluas líne 160 km/u, ba cheart go ngnóthófaí éifeachtaí gréasáin, gréasán níos comhleanúnaí, agus méadú ar líon na bpaisinéirí a bhíonn ag taisteal d’iarnród. Éascófar freisin, de bhua gréasán ardfheidhmíochta a bheith curtha i gcrích, forbairt agus cur chun úsáide múnlaí leithdháilte acmhainne nua nó éagsúla, mar shampla amchláir seirbhísí de réir eatraimh atá indéanta de bhua thionscnamh Timetable Redesign (TTR) [Athdhearadh na nAmchlár].

***Inbhuanaithe agus Chliste á gcur san áireamh i dtéarmaí líonra ardluais, ba cheart go ndíreofaí leis an Rialachán seo, inter alia, ar nascacht*** iarnróid ardluais ***a áirithiú idir príomhchathracha agus príomhchathracha an Aontais Eorpaigh trí ghréasán iarnróid ardluais*** Eorpach a fhorbairt ***a bheidh comhleanúnach agus idir-inoibritheach*** lena nascfar ***a phríomhchathracha*** agus ***a mhórchathracha***. Má chomhlánaítear na línte ardluais atá ann cheana le línte paisinéirí ar íosluas líne 160 km/u, ba cheart go ngnóthófaí éifeachtaí gréasáin, gréasán níos comhleanúnaí, agus méadú ar líon na bpaisinéirí a bhíonn ag taisteal d’iarnród. Éascófar freisin, de bhua gréasán ardfheidhmíochta a bheith curtha i gcrích, forbairt agus cur chun úsáide múnlaí leithdháilte acmhainne nua nó éagsúla, mar shampla amchláir seirbhísí de réir eatraimh atá indéanta de bhua thionscnamh Timetable Redesign (TTR) [Athdhearadh na nAmchlár].

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(39a) Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart inrochtaineacht seirbhísí iarnróid a mhéadú do phaisinéirí, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Ba cheart go mbeadh taithí gan uaim ag paisinéirí ar a gcuid seirbhísí iarnróid a chuardach, a roghnú agus a cheannach. Dá bhrí sin, ba cheart tacú le réitigh earnáil-bhunaithe arb é is aidhm dóibh ardán coiteann Eorpach a chruthú le haghaidh ticéid a astú ar bhealach ilmhódach. Leis an ardán sin, ba cheart faisnéis shoiléir iomlán a chur ar fáil do phaisinéirí*** |

| | |
|---|---|
| | ***maidir lena dtaisteal, mar aon le ticéad aonair le haghaidh a dturas trasteorann a bheidh bailí ar fud na mBallstát uile.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Ba cheart gréasán lasta iarnróid ar fud na hEorpa a bheidh níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos iontaofa a bhunú chun rannchuidiú le hiomaíochas an iompair traschórais. Ba cheart an bonneagar le haghaidh iompar iarnróid traschórais agus bonneagar na gcríochfort a uasghrádú chun a áirithiú gur d’iarnród, d’uiscebhealaí intíre agus de loingseoireacht ghearrthurais is mó a dhéantar an t-iompar ilmhódach agus go bhfuil aon chéim tosaigh agus/nó dheiridh den turas a dhéantar de bhóthar a ghaire is féidir. | (40) ***Tá ról cinntitheach ag réitigh iompair chomhcheangailte chun dálaí fabhracha a chruthú a mbíonn tairbhí eacnamaíocha do ghnólachtaí agus d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide mar thoradh orthu.*** Ba cheart***, dá bhrí sin, iad a mheas mar chuid lárnach de thionscadail leasa choitinn an Aontais i réimse an iompair agus an bhonneagair. Ba cheart*** gréasán lasta iarnróid ar fud na hEorpa a bheidh níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos iontaofa a bhunú chun rannchuidiú le hiomaíochas an iompair traschórais. ***Sa chomhthéacs sin,*** ba cheart ***aird ar leith a thabhairt ar earraí meatacha, lena n-áirítear bia, agus*** an ***gréasán lasta iarnróid á neartú chun rannchuidiú le cuspóirí slándála bia an Aontais a bhaint amach. Ba cheart an*** bonneagar le haghaidh iompar iarnróid traschórais agus bonneagar na gcríochfort a uasghrádú chun a áirithiú gur d’iarnród, d’uiscebhealaí intíre agus de loingseoireacht ghearrthurais is mó a dhéantar an t-iompar ilmhódach agus go bhfuil aon chéim tosaigh agus/nó dheiridh den turas a dhéantar de bhóthar a ghaire is féidir. ***Chun a áirithiú go gcuirfear réitigh iompair chomhcheangailte i bhfeidhm go héifeachtach, ba cheart na sochair eacnamaíocha atá nasctha leis na críochfoirt idirmhódacha a chainníochtú, i gcás inar féidir, ag na húdaráis phoiblí, i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, chun measúnú a dhéanamh ar luach straitéiseach na gcríochfort agus chun*** |

***infheistíochtaí leormhaithe a phleanáil.***

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Ba cheart ERTMS a imscaradh go leanúnach ní hamháin ar an gcroíghréasán, ar an gcroíghréasán breisithe agus ar an ngréasán cuimsitheach, lena n-áirítear sna nóid uirbeacha, ach ar bhealaí rochtana go dtí críochfoirt ilmhódacha freisin. Dá bhua seo féadfar oibríochtaí a dhéanamh le ERTMS amháin agus cuideofar le cás gnó na ngnóthas iarnróid. | (42) Ba cheart ERTMS a imscaradh go leanúnach ní hamháin ar an gcroíghréasán, ar an gcroíghréasán breisithe agus ar an ngréasán cuimsitheach, lena n-áirítear sna nóid uirbeacha, ach ar bhealaí rochtana go dtí críochfoirt ilmhódacha freisin. Dá bhua seo féadfar oibríochtaí a dhéanamh le ERTMS amháin agus cuideofar le cás gnó na ngnóthas iarnróid. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(44a) I bhfianaise a thábhachtaí atá imscaradh ERTMS chun a áirithiú go mbeidh rochtain chothrom agus mhéadaithe ag gach gnó iompair lasta d'iarnród ar na bealaí tráchta, tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh na Ballstáit agus Institiúidí an Aontais iarrachtaí móra airgeadais chun a áirithiú go gcuirfear córas raidió-bhunaithe ERTMS in úsáid níos tapúla ar fud an ghréasáin iompair iarnróid ina iomláine, mar aon le hiarfheistiú gach cineál rothstoic.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) Ba cheart don ghréasán tras-Eorpach iompair ilmhódúlacht éifeachtúil a áirithiú chun go bhféadfar roghanna módacha níos fearr agus níos inbhuanaithe a dhéanamh le haghaidh paisinéirí agus lasta agus chun go bhféadfar méideanna móra a chomhdhlúthú i gcás aistrithe fad-achair. Ba cheart ról barrthábhachtach a bheith ag na críochfoirt ilmhódacha chun an cuspóir sin a bhaint amach. | (49) Ba cheart don ghréasán tras-Eorpach iompair ilmhódúlacht éifeachtúil a áirithiú chun go bhféadfar roghanna módacha níos fearr agus níos inbhuanaithe a dhéanamh le haghaidh paisinéirí agus lasta agus chun go bhféadfar méideanna móra a chomhdhlúthú i gcás aistrithe fad-achair. Ba cheart ról barrthábhachtach a bheith ag na críochfoirt ilmhódacha chun an cuspóir sin a bhaint amach. ***Thairis sin, ba cheart a n-ábharthacht eacnamaíoch d'oibríochtaí gnólachtaí, lena n-áirítear FBManna, agus tarlóirí i ndáil leis na stráicí gaolmhara bóthair agus iarnróid, seachas nóid uirbeacha agus limistéir a bhfuil tábhacht mhór eacnamaíoch leo i limistéir lárnacha agus thionsclaíocha, a mheasúnú mar is cuí chun níos mó infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a chothú i gcríochfoirt ilmhódacha agus in oibríochtaí iompair chomhcheangailte. Le dearadh agus tógáil bonneagar iompair, chomhlíonfadh na ceanglais ábhartha a leagtar síos i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 49 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(49a) Agus a straitéis infheistíochta maidir le críochfoirt ilmhódacha agus comhoibríochtaí á sainiú, ba cheart do na húdaráis agus do na geallsealbhóirí lena mbaineann aird chuí a thabhairt ar chostais na n-oibríochtaí sa chríochfort a iompraíonn na hiompróirí agus úinéirí na gcríochfort, agus é mar aidhm léi ceanglais na gcríochfort sin a mheasúnú i dtéarmaí nuálaíochta, uasghráduithe teicneolaíochta agus acmhainneachta,*** |

***chomh maith leis an tionchar gaolmhar a mheastar a bheidh ag infheistíochtaí nuálaíochta agus maoiniú poiblí ar oibríochtaí na n-oibreoirí iompair lena mbaineann.***

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 50**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (50) Tá ról tábhachtach ag na nóid uirbeacha sa ghréasán tras-Eorpach iompair mar phointe túis nó ceann scríbe deiridh ('an míle deireanach') le haghaidh paisinéirí agus lasta atá ag bogadh ar an ngréasán tras-Eorpach iompair, agus is pointí aistrithe iad laistigh de mhodhanna iompair éagsúla agus idir na modhanna sin. Ba cheart a áirithiú nach dtiocfaidh scrogaill acmhainne ná nascacht ghréasáin easnamhach laistigh de ***na*** nóid uirbeacha salach a thuilleadh ar an ***ilmhódúlacht ar an ngréasán tras-Eorpach iompair***. | (50) Tá ról tábhachtach ag na nóid uirbeacha sa ghréasán tras-Eorpach iompair mar phointe túis nó ceann scríbe deiridh ('an míle deireanach') le haghaidh paisinéirí agus lasta atá ag bogadh ar an ngréasán tras-Eorpach iompair, agus is pointí aistrithe iad laistigh de mhodhanna iompair éagsúla agus idir na modhanna sin. Ba cheart a áirithiú nach dtiocfaidh scrogaill acmhainne***, go háirithe le haghaidh breoslaí malartacha agus bonneagair athluchtaithe,*** ná nascacht ghréasáin easnamhach laistigh de nóid uirbeacha salach a thuilleadh ar ***ilmhódúlacht agus ar réitigh iompair chomhcheangailte feadh*** an ***ghréasáin thras-Eorpaigh iompair ar fad***. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) Ba cheart do na nóid uirbeacha, mar chreat aonair éifeachtach chun dul i ngleic le dúshláin na soghluaisteachta uirbí, Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (PSUI) a fhorbairt, ar plean fadtéarmach lánchuimsitheach soghluaisteachta lasta agus paisinéirí é le haghaidh an limistéir uirbigh fheidhmiúil ***iomláin***. Ba cheart | (51) Ba cheart do na nóid uirbeacha, mar chreat aonair éifeachtach chun dul i ngleic le dúshláin na soghluaisteachta uirbí, Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (PSUI) a fhorbairt, ar plean fadtéarmach lánchuimsitheach soghluaisteachta lasta agus paisinéirí é le haghaidh an limistéir uirbigh fheidhmiúil ***iomláin***[22]. Ba cheart |

| | |
|---|---|
| cuspóirí, spriocanna agus táscairí a bheith ann atá mar bhonn taca ag feidhmíocht an chórais iompair uirbigh faoi láthair agus amach anseo, ar a laghad maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, plódú, timpistí agus gortuithe, cion módach agus rochtain ar sheirbhísí soghluaisteachta, chomh maith le sonraí maidir le haerthruailliú agus truailliú torainn. | cuspóirí, spriocanna agus táscairí a bheith ann atá mar bhonn taca ag feidhmíocht an chórais iompair uirbigh faoi láthair agus amach anseo, ar a laghad maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, plódú, timpistí agus gortuithe, cion módach agus rochtain ar sheirbhísí soghluaisteachta, chomh maith le sonraí maidir le haerthruailliú agus truailliú torainn. ***Ba cheart PSUInna agus na sonraí a fhoilsiú, i gcomhréir le cur chuige rannpháirteach, chun go bhféadfaidh an tsochaí shibhialta, saoránaigh agus gníomhaithe eacnamaíocha grinnscrúdú cuí a dhéanamh.*** |
| ___________________ | ___________________ |
| [22] Moladh coincheap an PSUI den chéad uair i bpacáiste an Aontais um an tsoghluaiseacht uirbeach, 2013 (COM(2013)913 final, Iarscríbhinn I) | [22] Moladh coincheap an PSUI den chéad uair i bpacáiste an Aontais um an tsoghluaiseacht uirbeach, 2013 (COM(2013)913 final, Iarscríbhinn I) |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 51 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(51a) Ba cheart go n-áireofaí in ionstraimí PSUI freisin táscairí straitéiseacha lena ndéantar measúnú ar ábharthacht eacnamaíoch críochfort ilmhódach agus réiteach iompair chomhcheangailte maidir le leasanna oibreoirí iompair, tarlóirí, gnólachtaí agus FBManna agus é mar aidhm leo infheistíochtaí inbhuanaithe agus pleanáil straitéiseach a chothú i limistéir uirbeacha agus imeallacha a bhfuil ardtábhacht eacnamaíoch ag baint leo do na pobail áitiúla.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (52) Ba cheart do na Ballstáit clár náisiúnta tacaíochta PSUI a bhunú a mbeidh sé d'aidhm aige úsáid PSUInna a chur chun cinn agus an comhordú idir réigiúin, cathracha agus bailte a fheabhsú. Ba cheart dó tacú le réigiúin agus le limistéir uirbeacha chun PSUInna ardcháilíochta a fhorbairt agus an faireachán agus an mheastóireacht ar chur chun feidhme PSUInna a threisiú trí bhearta reachtacha, treoraíocht, fothú acmhainní, cúnamh, agus, b'fhéidir, tacaíocht airgeadais. | (52) Ba cheart do na Ballstáit clár náisiúnta tacaíochta PSUI a bhunú a mbeidh sé d'aidhm aige úsáid PSUInna a chur chun cinn agus an comhordú idir réigiúin, cathracha agus bailte***, agus i measc eagraíochtaí gnó, líonraí FBManna agus cuideachtaí iompair,*** a fheabhsú. Ba cheart dó tacú le réigiúin agus le limistéir uirbeacha chun PSUInna ardcháilíochta a fhorbairt agus an faireachán agus an mheastóireacht ar chur chun feidhme PSUInna a threisiú trí bhearta reachtacha, treoraíocht, fothú acmhainní, cúnamh, agus, b'fhéidir, tacaíocht airgeadais. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 54**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (54) Cuidíonn na seirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha le feabhsú chomhtháthú na modhanna iompair éagsúla trí roinnt tairiscintí iompar a chomhcheangal in aon tairiscint amháin. Ba cheart, trína thuilleadh forbartha orthu, rannchuidiú chun gnáis a bhogadh i dtreo na modhanna is inbhuanaithe, eadhon an ***iompar*** poiblí agus modhanna gníomhacha amhail an siúl agus an rothaíocht. | (54) Cuidíonn na seirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha le feabhsú chomhtháthú na modhanna iompair éagsúla trí roinnt tairiscintí iompar a chomhcheangal in aon tairiscint amháin. Ba cheart, trína thuilleadh forbartha orthu, rannchuidiú chun gnáis a bhogadh i dtreo na modhanna is inbhuanaithe ***agus réitigh nascachta***, eadhon an ***t-iompar*** poiblí agus modhanna gníomhacha amhail an siúl agus an rothaíocht. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 55**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (55) Tá gá le córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) le haghaidh iompair chun bunús a thabhairt chun oibríochtaí tráchta agus iompair agus an tsábháilteacht tráchta a bharrfheabhsú agus chun seirbhísí gaolmhara a fheabhsú. Ba cheart sreabha faisnéise sa ghréasán iompair agus soghluaisteachta a éascú, lena n-áirítear iad a éascú trí imscaradh Spás an Aontais do Shonraí Soghluaisteachta. Ba cheart fáil a bheith ar fhaisnéis do phaisinéirí, lena n-áirítear faisnéis maidir le córais ***ticéadaithe agus*** áirithinte. | (55) Tá gá le córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) le haghaidh iompair chun bunús a thabhairt chun oibríochtaí tráchta agus iompair agus an tsábháilteacht tráchta a bharrfheabhsú agus chun seirbhísí gaolmhara a fheabhsú***, lena n-áirítear rochtain ar líonraí do shaoránaigh agus gnólachtaí***. Ba cheart sreabha faisnéise sa ghréasán iompair agus soghluaisteachta a éascú, lena n-áirítear iad a éascú trí imscaradh Spás an Aontais do Shonraí Soghluaisteachta. Ba cheart fáil a bheith ar fhaisnéis do phaisinéirí, lena n-áirítear faisnéis maidir le ***ticéadú, naisc ilmhódacha, agus*** córais áirithinte. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 57**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (57) Is gá pleanáil leormhaith le haghaidh an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Ciallaíonn sé sin, freisin, ceanglais shonracha a chur chun feidhme ar fud an ghréasáin ó thaobh bonneagair, córais TFC, trealaimh agus seirbhísí de, lena n-áirítear na ceanglais maidir le cur in úsáid an bhonneagair breoslaí ionadúla mar a shainítear i Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla][23]. Is gá, dá bhrí sin, cur chun úsáide iomchuí agus comhbheartaithe na riachtanas sin a áirithiú ar fud na hEorpa le haghaidh gach modha iompair agus le haghaidh a n-idirnasc ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus lastall de sin, chun na tairbhí a bhaineann le héifeacht an ghréasáin a fháil agus chun go bhféadfar oibríochtaí iompair éifeachtúla tras-Eorpacha fad-achair a dhéanamh. Chun cur | (57) Is gá pleanáil leormhaith le haghaidh an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Ciallaíonn sé sin, freisin, ceanglais shonracha a chur chun feidhme ar fud an ghréasáin ó thaobh bonneagair, córais TFC, trealaimh agus seirbhísí de, lena n-áirítear na ceanglais maidir le cur in úsáid an bhonneagair breoslaí ionadúla mar a shainítear i Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla][23]. Is gá, dá bhrí sin, cur chun úsáide iomchuí agus comhbheartaithe na riachtanas sin a áirithiú ar fud na hEorpa le haghaidh gach modha iompair agus le haghaidh a n-idirnasc ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus lastall de sin, chun na tairbhí a bhaineann le héifeacht an ghréasáin a fháil agus chun go bhféadfar oibríochtaí iompair éifeachtúla tras-Eorpacha fad-achair a dhéanamh. Chun cur |

| | |
|---|---|
| chun úsáide na mbreoslaí ionadúla a áirithiú ar fud ghréasán bóithre iomlán an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair i gcomhréir leis na spriocanna a leagtar síos le Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla], ba cheart tagairtí do 'chroíghréasán' i Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla] a fhorléiriú mar thagairtí do 'chroíghréasán' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo. Ba cheart tagairtí do 'ghréasán cuimsitheach' i Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla] a fhorléiriú mar thagairtí do 'chroíghréasán breisithe' agus do 'ghréasán cuimsitheach' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo. | chun úsáide na mbreoslaí ionadúla ***atá inrochtana go poiblí agus bonneagar athluchtaithe*** a áirithiú ar fud ghréasán bóithre iomlán an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair i gcomhréir leis na spriocanna a leagtar síos le Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla], ba cheart tagairtí do 'chroíghréasán' i Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla] a fhorléiriú mar thagairtí do 'chroíghréasán' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo. Ba cheart tagairtí do 'ghréasán cuimsitheach' i Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla] a fhorléiriú mar thagairtí do 'chroíghréasán breisithe' agus do 'ghréasán cuimsitheach' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo. |
| [23] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L [...]). | [23] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L [...]). |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 58**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (58) Ba cheart don ghréasán tras-Eorpach iompar an bunús a sholáthar le húsáid mhórscála na dteicneolaíochtaí nua agus na nuálaíochta, amhail an bonneagar 5G, rud a d'fhéadfadh cuidiú le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fhoriomlán na hearnála iompair Eorpaí agus ar an acmhainn chun freastal ar shreafaí paisinéirí slána trí mheáin éifeachtúla, chun cur le tarraingt na bpaisinéirí ar mhodhanna iompair ***poiblí*** nó glasa, agus chun a lorg carbóin a laghdú. | (58) Ba cheart don ghréasán tras-Eorpach iompar an bunús a sholáthar le húsáid mhórscála na dteicneolaíochtaí nua agus na nuálaíochta, amhail an bonneagar 5G, rud a d'fhéadfadh cuidiú le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fhoriomlán na hearnála iompair Eorpaí agus ar an acmhainn chun freastal ar shreafaí paisinéirí slána trí mheáin éifeachtúla, chun ***iad a dhéanamh níos inrochtana agus chun*** cur le tarraingt na bpaisinéirí ar mhodhanna iompair ***phoiblí*** nó glasa, agus |

| | |
|---|---|
| Rannchuideoidh an méid sin le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus, an tráth céanna, rannchuideoidh sé leis an gcuspóir slándáil fuinnimh an Aontais a mhéadú. D'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart go gcuirfí feabhas ar infhaighteacht na mbreoslaí ionadúla ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. | chun a lorg carbóin a laghdú. Rannchuideoidh an méid sin le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus, an tráth céanna, rannchuideoidh sé leis an gcuspóir slándáil fuinnimh an Aontais a mhéadú. D'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart go gcuirfí feabhas ar infhaighteacht na mbreoslaí ionadúla ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 62**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (62) Ba cheart do na Ballstáit, agus bonneagar á phleanáil acu, ag breathnú dóibh ar an taithí maidir le bainistíocht na ngéarchéimeanna le linn phaindéim COVID-19[25] agus chun suaite tráchta agus teagmhais a sheachaint amach anseo, slándáil agus athléimneacht an bhonneagair iompair in aghaidh an athraithe aeráide, na nguaiseacha nádúrtha, na dtubaistí de dhéantús an duine, agus suaite eile a chuirfeadh isteach ar fheidhmiú chóras iompair an Aontais a chur san áireamh. Chun ***na críche*** sin, ba cheart línte atreoraithe tábhachtacha a bheith sna Conairí Iompair Eorpacha freisin, línte is féidir a úsáid i gcás plódú nó fadhbanna eile ar na príomhbhealaí. Ina theannta sin, mar gheall ar nádúr ilmhódach na gConairí, is féidir le modh amháin ionad modha eile a dhéanamh i gcás éigeandálaí. | (62) Ba cheart do na Ballstáit, agus bonneagar á phleanáil acu, ag breathnú dóibh ar an taithí maidir le bainistíocht na ngéarchéimeanna le linn phaindéim COVID-19[25] agus chun suaite tráchta agus teagmhais a sheachaint amach anseo, slándáil agus athléimneacht an bhonneagair iompair in aghaidh an athraithe aeráide, na nguaiseacha nádúrtha, na dtubaistí de dhéantús an duine, agus suaite eile a chuirfeadh isteach ar fheidhmiú ***agus ar inrochtaineacht*** chóras iompair an Aontais a chur san áireamh. ***Chuige sin, ba cheart sásra buan agus uathoibríoch a bhunú*** chun ***"Conairí Glasa" a ghníomhachtú feadh theorainneacha inmheánacha an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair. Sa bhreis air*** sin, ba cheart línte atreoraithe tábhachtacha a bheith sna Conairí Iompair Eorpacha freisin, línte is féidir a úsáid i gcás plódú nó fadhbanna eile ar na príomhbhealaí. Ina theannta sin, mar gheall ar nádúr ilmhódach na gConairí, is féidir le modh amháin ionad modha eile a dhéanamh i gcás éigeandálaí. |
| [25] Communication on the implementation of the Green Lanes under the Guidelines for border management measures to protect | [25] Communication on the implementation of the Green Lanes under the Guidelines for border management measures to protect |

| | |
|---|---|
| health and ensure the availability of goods and essential services [Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme na ***gConairtí*** Glasa faoi na Treoirlínte maidir le bearta bainistithe teorainneacha chun an tsláinte a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh fáil ar earraí agus seirbhísí riachtanacha]; C(2020)1897 final (IO C 96 I, 24.3.2020, lch. 1) agus Communication of 28 October 2020 from the Commission to the European Parliament, the European Council and the Council on 'upgrading the transport Green Lanes to keep the economy going during the COVID-19 pandemic resurgence' [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2020 maidir le 'huasghrádú na ***Lánaí*** Glasa iompair chun an geilleagar a choinneáil ag imeacht le linn athbheochan phaindéim COVID-19']; COM(2020) 685 final. | health and ensure the availability of goods and essential services [Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme na ***gConairí*** Glasa faoi na Treoirlínte maidir le bearta bainistithe teorainneacha chun an tsláinte a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh fáil ar earraí agus seirbhísí riachtanacha]; C(2020)1897 final (IO C 96 I, 24.3.2020, lch. 1) agus Communication of 28 October 2020 from the Commission to the European Parliament, the European Council and the Council on 'upgrading the transport Green Lanes to keep the economy going during the COVID-19 pandemic resurgence' [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2020 maidir le 'huasghrádú na ***gConairí*** Glasa iompair chun an geilleagar a choinneáil ag imeacht le linn athbheochan phaindéim COVID-19']; COM(2020) 685 final. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 63**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (63) Rannpháirtíocht na ngnóthas, lena n-áirítear gnóthais atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nádúrtha tríú tír nó gnóthais tríú tír, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe i dtríú tír, is féidir leis sin cur le luas chur i gcrích an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Mar sin féin, faoi chúinsí sonracha, gnóthais atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nádúrtha tríú tír nó gnóthais tríú tír a bheith rannpháirteach i dtionscadail leasa choitinn nó a bheith ag rannchuidiú leo, d'fhéadfadh sé an tslándáil agus an t-ord poiblí san Aontas a chur i mbaol. Gan dochar don sásra comhair de bhun Rialachán (AE) 2019/452[26] agus sa bhreis ar an sásra sin, is gá breis feasachta ar an rannpháirtíocht nó | (63) Rannpháirtíocht na ***n-eagraíochtaí infheistíochta, na mbanc, na ngnólachtaí agus na*** ngnóthas, lena n-áirítear gnóthais atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nádúrtha tríú tír nó gnóthais tríú tír, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe i dtríú tír, is féidir leis sin cur le luas chur i gcrích an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Mar sin féin, faoi chúinsí sonracha, gnóthais atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nádúrtha tríú tír nó gnóthais tríú tír a bheith rannpháirteach i dtionscadail leasa choitinn nó a bheith ag rannchuidiú leo, d'fhéadfadh sé an tslándáil agus an t-ord poiblí san Aontas a chur i mbaol. Gan dochar don sásra comhair de bhun Rialachán (AE) 2019/452[26] agus sa bhreis ar an sásra sin, is |

ar an rannchuidiú sin ionas go bhféadfaidh na húdaráis poiblí idirghabháil má fheictear gur dócha go ndéanfaidh sé difear don tslándáil nó don ord poiblí san Aontas agus mura dtagann an rannpháirtíocht nó an rannchuidiú faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2019/452.

[26] Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha eachtracha isteach san Aontas a scagadh (IO L 79I , 21.3.2019, lch. 1).

gá breis feasachta ar an rannpháirtíocht nó ar an rannchuidiú sin ionas go bhféadfaidh na húdaráis poiblí idirghabháil má fheictear gur dócha go ndéanfaidh sé difear don tslándáil nó don ord poiblí san Aontas agus mura dtagann an rannpháirtíocht nó an rannchuidiú faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2019/452.

[26] Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha eachtracha isteach san Aontas a scagadh (IO L 79I , 21.3.2019, lch. 1).

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 64**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (64) Cé ***go bhfuil an phríomhfhreagracht chothabhála ar*** na Ballstáit agus go mbeidh ***fós, tá sé tábhachtach*** go ndéanfar ***cothabháil chuí ar an ngréasán*** tras-Eorpach iompair, agus ***é tógtha, chun ardcháilíocht seirbhísí a áirithiú***. Ba cheart cur chuige saolré a leanúint agus tionscadail bhonneagair á bpleanáil agus á soláthar. | (64) Cé ***gurb iad*** na Ballstáit ***atá mar phríomhfhreagracht*** agus go mbeidh ***sí mar phríomhfhreagracht i gcónaí, ba cheart don Choimisiún straitéis bheacht a shainiú i gcomhar leo chun a áirithiú, trí ghealltanais nithiúla,*** go ndéanfar ***an gréasán*** tras-Eorpach iompair ***– a luaithe a thógfar é – a chothabháil mar is ceart agus go ráthódh sé caighdeán ard seirbhísí***, ***caighdeán sábháilteachta*** agus ***slándála, chomh maith le hinrochtaineacht, thar na blianta***. Ba cheart cur chuige saolré a leanúint agus tionscadail bhonneagair á bpleanáil agus á soláthar. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 67 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(67a) Tá ról ríthábhachtach ag Comhordaitheoirí Eorpacha maidir lena áirithiú go ndéanfar an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil trí idirphlé struchtúrtha a bhunú leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus leis na geallsealbhóirí uile lena mbaineann.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 67 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(67b) I gcomhthéacs an idirphlé struchtúrtha sin, agus in éagmais roghanna lóistíochta agus módacha inmharthana, ba cheart don Choimisiún Eorpach bearta a ghlacadh chun na Ballstáit a dhíspreagadh ó dhul i mbun srianta trasteorann aontaobhacha feadh an líonra agus go háirithe ag na nóid lárnacha, chun bac a chur ar idirthuras trasteorann daoine, seirbhísí nó earraí.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 71**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (71) Agus Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata ó mhí an Mhárta 2018[27] á chur san áireamh, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá an gréasán tras-Eorpach iompair a oiriúnú chun ***úsáid*** mhíleata ***an bhonneagair a chur san áireamh***. Ar bhonn na hanailíse ar bhearnaí idir an gréasán tras-Eorpach iompair agus | (71) Agus Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata ó mhí an Mhárta 2018[27] á chur san áireamh, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá an gréasán tras-Eorpach iompair a oiriúnú chun ***codanna den bhonneagar straitéiseach a fheabhsú chun tacú lena n-úsáid*** mhíleata ***agus dé-úsáide***. Ar bhonn na hanailíse ar |

| | |
|---|---|
| na ceanglais mhíleata[28] ba cheart bóithre agus iarnróid bhreise a chur leis an ngréasán tras-Eorpach iompair chun na sineirgí idir na gréasáin iompair shibhialta agus mhíleata a fheabhsú. | bhearnaí idir an gréasán tras-Eorpach iompair agus na ceanglais mhíleata[28] ba cheart bóithre agus iarnróid bhreise a chur leis an ngréasán tras-Eorpach iompair chun na sineirgí idir na gréasáin iompair shibhialta agus mhíleata a fheabhsú. |
| __________________ | __________________ |
| [27] Joint Communication to the European Parliament and the Council on the Action Plan on Military Mobility [Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata] (JOIN(2018)05 final). | [27] Joint Communication to the European Parliament and the Council on the Action Plan on Military Mobility [Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata] (JOIN(2018)05 final). |
| [28] Joint Staff Working Document on the updated Gap Analysis between the military requirements and the trans-European transport network requirements [Doiciméad Inmheánach Oibre Comhpháirteach i ndáil leis an anailís nuashonraithe ar bhearnaí idir riachtanais mhíleata agus ceanglais an ghréasáin tras-Eorpaigh iompair], 17 Iúil 2020, (SWD(2020) 144 final). | [28] Joint Staff Working Document on the updated Gap Analysis between the military requirements and the trans-European transport network requirements [Doiciméad Inmheánach Oibre Comhpháirteach i ndáil leis an anailís nuashonraithe ar bhearnaí idir riachtanais mhíleata agus ceanglais an ghréasáin tras-Eorpaigh iompair], 17 Iúil 2020, (SWD(2020) 144 final). |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 71 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(71a) Ós rud é go bhfuil feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh ríthábhachtach chun slándáil bia agus sábháilteacht bia a áirithiú laistigh den Aontas agus i bhfianaise na Teachtaireachta ón gCoimisiún i Márta 2022 maidir le slándáil bia a chosaint agus athléimneacht córas bia a threisiú[1a], ba cheart don Choimisiún an gréasán tras-Eorpach iompair a uasdátú, nuair is gá, chun láithreáin mhóra táirgthe agraibhia a áireamh, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais iompair táirgí*** |

***áirithe úra agus meatacha;***

***__________________***

***Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, maidir leis an tslándáil bia a choimirciú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú, COM/2022/133 final.***

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 71 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(71b) D'fhéadfadh easpa Conair Iompair Eorpach theas a nascann taobhanna thoir agus thiar na Meánmhara an bonn a bhaint ó chuspóirí an Rialacháin seo agus ba cheart, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt air i gcomhthéacs an athbhreithnithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 71 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(71c) Leis na ceanglais bhreisithe agus fheabhsaithe maidir le bonneagar le haghaidh iompair a leagtar amach sa Rialachán seo, tá gá le hinfheistíochtaí comhréireacha leordhóthanacha agus, dá bhrí sin, le gnólachtaí iompair pleananna cuí infheistíochta a dhéanamh faoi 2050. D'fhéadfadh tréimhse ghearr an chreata airgeadais ilbhliantúil reatha (2021-2027), lena n-áirítear an deireadh atá beartaithe don tSaoráid um Chónascadh*** |

***na hEorpa in 2027, bac a chur ar phleanáil infheistíochtaí, go háirithe don earnáil iarnróid. Dá bhrí sin, ba cheart glúine eile de chláir na Saoráide um Chónascadh na hEorpa a bheartú chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin.***

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 72**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (72) Chun an chomhsheasmhacht idir na treoirlínte agus clárphleanáil na n-ionstraimí ábhartha airgeadais atá ar fáil ar leibhéal an Aontais a uasmhéadú, ba cheart do chistiú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair an Rialachán seo a chomhlíonadh agus ba cheart é a bheith bunaithe, go háirithe, ar Rialachán (AE) Uimh. 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29]. Sa bhreis air sin, ba cheart, ***maidir le cistiú*** an ghréasáin, ***tosú*** freisin ***ó*** na hionstraimí ***cistithe*** agus ***maoinithe*** a sholáthraítear faoi reachtaíocht Aontais ***eile***, lena n-áirítear InvestEU, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Beartas Comhtháthaithe, Fís Eorpach, agus ionstraimí maoinithe eile arna mbunú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. Ionas gur féidir tionscadail leasa choitinn a mhaoiniú, ba cheart tagairtí i Rialachán (AE) 2021/1153 do 'ardáin ilmhódacha lóistíochta', 'mótarbhealaí na farraige' agus 'feidhmchláir theileamaitice' a fhorléiriú, faoi seach, mar thagairtí do 'chríochfoirt lasta ilmhódacha', 'Spás Muirí Eorpach' agus 'córais TFC le haghaidh iompair' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo. Chun na críche céanna, ba cheart tagairtí do 'chroíghréasán' i Rialachán (AE) 2021/1153 a fhorléiriú mar thagairtí a fholaíonn 'croíghréasán breisithe' mar a shainmhínítear sa | (72) Chun an chomhsheasmhacht idir na treoirlínte agus clárphleanáil na n-ionstraimí ábhartha airgeadais atá ar fáil ar leibhéal an Aontais a uasmhéadú, ba cheart do chistiú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair an Rialachán seo a chomhlíonadh agus ba cheart é a bheith bunaithe, go háirithe, ar Rialachán (AE) Uimh. 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29]. Sa bhreis air sin, ba cheart, ***agus na costais shuntasacha a bhainfidh le críochnú*** an ghréasáin ***iompair-Eorpaigh á gcur san áireamh***, ***go dtógfaí*** freisin ***ar*** na hionstraimí ***comhchistithe*** agus ***cómhaoinithe*** a sholáthraítear faoi reachtaíocht ***eile*** Aontais, lena n-áirítear InvestEU, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Beartas Comhtháthaithe, ***Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa,*** Fís Eorpach, agus ionstraimí maoinithe eile arna mbunú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. Ionas gur féidir tionscadail leasa choitinn a mhaoiniú, ba cheart tagairtí i Rialachán (AE) 2021/1153 do 'ardáin ilmhódacha lóistíochta', 'mótarbhealaí na farraige' agus 'feidhmchláir theileamaitice' a fhorléiriú, faoi seach, mar thagairtí do 'chríochfoirt lasta ilmhódacha', 'Spás Muirí Eorpach' agus 'córais TFC le haghaidh iompair' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo. Chun na críche céanna, ba cheart tagairtí do 'chroíghréasán' i |

Rialachán seo.

Rialachán (AE) 2021/1153 a fhorléiriú mar thagairtí a fholaíonn 'croíghréasán breisithe' mar a shainmhínítear sa Rialachán seo.

---

[29] Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38).

[29] Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38).

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 73**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (73) Chun cuspóirí an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bhaint amach, go háirithe maidir le dícharbónú agus digiteáil an chórais iompair san Aontas, is gá creat rialála láidir. Ba cheart do na Ballstáit athchóirithe uaillmhianacha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an iompair inbhuanaithe mar a sainaithníodh iad sa Seimeastar Eorpach. Tacaíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le hathchóirithe agus infheistíochta araon chun go mbeidh an t-iompar níos inbhuanaithe, chun astaíochtaí a laghdú, agus chun an tsábháilteacht agus an éifeachtúlacht a fheabhsú. Tá bearta ábhartha chun na críche sin i bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta faofa. | (73) Chun cuspóirí an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bhaint amach, go háirithe maidir le dícharbónú agus digiteáil an chórais iompair san Aontas, is gá creat rialála láidir. Ba cheart do na Ballstáit athchóirithe uaillmhianacha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an iompair inbhuanaithe mar a sainaithníodh iad sa Seimeastar Eorpach. Tacaíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le hathchóirithe agus infheistíochta araon chun go mbeidh an t-iompar níos inbhuanaithe, chun astaíochtaí a laghdú, agus chun an tsábháilteacht agus an éifeachtúlacht a fheabhsú. Tá bearta ábhartha chun na críche sin i bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta faofa. ***I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart don Choimisiún ailíniú leormhaith a áirithiú idir an gréasán tras-Eorpach iompair agus tionscadail náisiúnta infheistíochta, chun comhtháthú agus ailíniú iomlán infheistíochtaí arna ndéanamh le cistí AE agus le cistí náisiúnta, amhail pleananna téarnaimh agus athléimneachta*** |

| | |
|---|---|
| | ***náisiúnta, a ráthú.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe o**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (o) ciallaíonn 'plean soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe' (PSUI) doiciméad le haghaidh pleanáil soghluaisteachta straitéisí, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar shoghluaisteacht laistigh den limistéar uirbeach feidhmiúil agus inrochtaineacht air (lena n-áirítear criosanna comaitéireachta) laistigh den limistéar uirbeach feidhmiúil (lena n-áirítear criosanna comaitéireachta) do dhaoine, do ghnólachtaí agus d'earraí; | (o) ciallaíonn 'plean soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe' (PSUI) doiciméad le haghaidh pleanáil soghluaisteachta straitéisí, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar shoghluaisteacht laistigh den limistéar uirbeach feidhmiúil agus inrochtaineacht air (lena n-áirítear criosanna comaitéireachta ***agus lárionaid thionsclaíocha imeallacha***) laistigh den limistéar uirbeach feidhmiúil (lena n-áirítear criosanna comaitéireachta ***agus lárionaid thionsclaíocha imeallacha***) do dhaoine, do ghnólachtaí agus d'earraí; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe p a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(pa) ciallaíonn 'costais na n-oibríochtaí sa chríochfort' na costais a iompraíonn na hoibreoirí iompair ag an gcríochfort a tabhaíodh chun na hoibríochtaí sin a chur i gcrích;*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe z**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (z) ciallaíonn 'calafort muirí' limistéar talún agus uisce atá comhdhéanta de | (z) ciallaíonn 'calafort muirí' limistéar talún agus uisce atá comhdhéanta de |

| | |
|---|---|
| bhonneagar agus de threalamh den chineál sin a cheadaíonn, go príomha, glacadh le soithí uisce-iompartha, iad a luchtú agus a dhíluchtú, earraí a stóráil, na hearraí sin a ghlacadh agus a sheachadadh agus paisinéirí, criú agus daoine eile a bhordáil agus a dhíbhordáil agus aon bhonneagar eile atá riachtanach d'oibreoirí iompair laistigh de limistéar an chalafoirt; | bhonneagar agus de threalamh den chineál sin a cheadaíonn, go príomha, glacadh le soithí uisce-iompartha, iad a luchtú agus a dhíluchtú, earraí a stóráil, na hearraí sin a ghlacadh agus a sheachadadh ***nó a thraiseoladh tuilleadh,*** agus paisinéirí, criú agus daoine eile a bhordáil agus a dhíbhordáil agus aon bhonneagar eile atá riachtanach d'oibreoirí iompair laistigh de limistéar an chalafoirt; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leis an ngréasán tras-Eorpach iompair, neartófar comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach an Aontais agus cuirfear le ***cruthú*** limistéir Eorpaigh iompair aonair a bheidh inbhuanaithe, éifeachtúil agus athléimneach, agus a mhéadóidh na sochair dá úsáideoirí agus a thacóidh le fás uileghabhálach. Léireoidh sé breisluach Eorpach trí chur leis na cuspóirí a leagtar síos sna ceithre chatagóir seo a leanas: | 2. Leis an ngréasán tras-Eorpach iompair, neartófar comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach an Aontais agus cuirfear le ***neartú an mhargaidh inmheánaigh trí chruthú*** limistéir Eorpaigh iompair aonair a bheidh inbhuanaithe, éifeachtúil ***digitithe*** agus athléimneach, agus a mhéadóidh na sochair dá úsáideoirí ***uile, lena n-áirítear inrochtaineacht mhéadaithe,*** agus a thacóidh le fás uileghabhálach. Léireoidh sé breisluach Eorpach trí chur leis na cuspóirí a leagtar síos sna ceithre chatagóir seo a leanas: |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe a – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) úsáid níos fearr modhanna iompair níos inbhuanaithe a chumasú, lena n-áirítear trí ghréasán paisinéirí iarnróid fad-achair a fhorbairt a thuilleadh ar ardluas agus gréasán lasta iarnróid idir-inoibritheach go hiomlán, gréasán iontaofa | (ii) úsáid níos fearr modhanna iompair níos inbhuanaithe a chumasú, lena n-áirítear trí ghréasán paisinéirí iarnróid fad-achair a fhorbairt a thuilleadh ar ardluas agus gréasán lasta iarnróid idir-inoibritheach go hiomlán, gréasán iontaofa |

| | |
|---|---|
| loingseoireachta intíre agus gearrthurais muiriompair ar fud an Aontais; | loingseoireachta intíre agus gearrthurais muiriompair ar fud an Aontais***, ach gan bheith teoranta dóibh***; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) inrochtaineacht agus nascacht gach réigiúin den Aontas, lena n-áirítear réigiúin atá forimeallach agus réigiúin eile atá iargúlta, oileánach, cúlánta agus sléibhtiúil, chomh maith le limistéir inar tearc an daonra; | (i) ***feabhas a chur ar*** inrochtaineacht agus nascacht gach réigiúin den Aontas, lena n-áirítear réigiúin atá forimeallach agus réigiúin eile atá iargúlta, oileánach, cúlánta agus sléibhtiúil, chomh maith le limistéir inar tearc an daonra; |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe b – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) rochtain níos fearr ar an mbonneagar iompair do FBManna;*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe c – pointe vii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(viia) naisc mhéadaithe agus réitigh iompair inbhuanaithe, ar ardchaighdeán le haghaidh gnólachtaí agus FBManna in ionaid táirgthe iargúlta agus fhorimeallacha.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) na sochair dá úsáideoirí a mhéadú trí: | (d) na sochair dá úsáideoirí ***uile*** a mhéadú trí: |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d – pointe ii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iia) eispéireas taistil gan bhac a áirithiú d'úsáideoirí, lena n-áirítear cearta paisinéirí agus trédhearcacht praghsanna a chosaint go forleathan;*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d – pointe ii b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iib) deiseanna agus tairbhí eacnamaíocha níos mó a chruthú do ghnólachtaí agus do FBManna, lena n-áirítear feabhas a chur ar an rochtain atá acu ar iompar lasta d'ardcháilíocht, idirmhódúil, tapa agus inbhuanaithe chun naisc a chumasú idir ionaid táirgthe imeallacha agus iargúlta ina bhfuil limistéir ina bhfuil daonra dlúth agus ina bhfuil ardluach tráchtála;*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d – pointe v a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(va) a áirithiú gur féidir na bonneagair straitéiseacha a úsáid chun críoch sibhialta agus míleata;*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Áiritheoidh na Ballstáit agus gach eintiteas poiblí agus príobháideach a bhfuil baint acu le forbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair saor-rochtain gan idirdhealú chomh maith le hiomaíocht chóir. Bainfear é sin amach i gcomhréir le cinntí an Aontais maidir le beartas trédhearcachta.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) comhtháthú agus idirnascadh ***bonneagair*** a bharrfheabhsú; | (b) comhtháthú ***bonneagair*** agus idirnascadh ***idir nóid uirbeacha, cathracha móra agus limistéir fhorimeallacha*** a bharrfheabhsú; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe breoslaí ionadúla a | (c) bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe breoslaí ionadúla ***atá inrochtana go héasca d'úsáideoirí*** a |

imscaradh;

imscaradh;

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le gréasáin eile a chur san áireamh, go háirithe na gréasáin thras-Eorpacha fuinnimh nó teileachumarsáide; | (f) sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le gréasáin eile a chur san áireamh, ***lena n-áirítear gréasáin modhanna ghníomhacha, agus*** go háirithe na gréasáin thras-Eorpacha fuinnimh nó teileachumarsáide; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is é a bheidh sa ghréasán cuimsitheach na bonneagair iompair ar fad atá ann cheana agus atá beartaithe atá mar chuid den ghréasán tras-Eorpach iompair mar aon leis na bearta a chuireann chun cinn úsáid bhonneagair ***den sórt*** sin a bheidh éifeachtúil agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí. | 2. Is é a bheidh sa ghréasán cuimsitheach na bonneagair iompair ar fad atá ann cheana agus atá beartaithe atá mar chuid den ghréasán tras-Eorpach iompair mar aon leis na bearta a chuireann chun cinn úsáid ***an*** bhonneagair sin ***dá bhforáiltear in Airteagal 5(1)*** a bheidh éifeachtúil agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar na Ballstáit, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, eintiteas amháin a bhunú chun tionscadail bhonneagair trasteorann leasa choitinn a thógáil agus a bhainistiú. Beidh | 5. Féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar na Ballstáit, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, eintiteas amháin a bhunú chun tionscadail bhonneagair trasteorann leasa choitinn a thógáil agus a bhainistiú ***agus na*** |

stádas breathnóra ag an gComhordaitheoir Eorpach ábhartha ar an mbord bainistíochta nó maoirseachta nó ar an dá eintiteas aonair sin.

***bearta sonracha ábhartha a ghlacadh***. ***Má bhunaítear an t-eintiteas aonair sin, ba cheart dó dlí ábhartha an Aontais agus an dlí náisiúnta maidir le hinrochtaineacht a chomhlíonadh.*** Beidh stádas breathnóra ag an gComhordaitheoir Eorpach ábhartha ar an mbord bainistíochta nó maoirseachta**,** nó ar an dá ***cheann, den*** eintiteas aonair sin. ***De bhua an stádais sin, féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach ábhartha bearta a mholadh do na Ballstáit leasmhara agus don Choimisiún Eorpach arb é is aidhm dóibh an comhar a neartú nó a mholadh go nglacfaidh siad roinnt cinntí sonracha lena mbunófar seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne.***

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) comhtháthú barrmhaith na modhanna iompair agus idir-inoibritheacht idir modhanna iompair a áirithiú; | (c) comhtháthú barrmhaith na modhanna iompair agus idir-inoibritheacht idir modhanna iompair ***i gceantair uirbeacha agus limistéir dhlúthdhaonra, i limistéir leasa eacnamaíoch agus i limistéir fhorimeallacha, chósta agus iargúlta*** a áirithiú; |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) cumas gach cineál úsáideora iompair, lena n-áirítear daoine atá faoi mhíchumas nó a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus daoine eile i staideanna leochaileachta, rochtain a fháil ar an*** |

***ngréasán;***

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) rochtain éasca dhigiteáilte ar sheirbhísí iompair lasta agus loingseoireachta a áirithiú, seachas úsáid críochfort idirmhódúil agus saoráidí do tharlóirí agus do gach gnólacht agus FBM chun úsáid seirbhísí ilmhódacha lasta inbhuanaithe ag seoladóirí a chur chun cinn;*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) sineirgí a lorg i ngach modh iompair, lena n-áirítear modhanna gníomhacha, agus bacainní ar shoghluaisteacht ghníomhach a bhaint agus an bonneagar á uasghrádú;*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gréasán paisinéirí iarnróid ardfheidhmíochta a fhorbairt, idir-inoibritheach go hiomlán agus ar ardluas, ag nascadh nóid uirbeacha ar fud an Aontais; | (b) gréasán paisinéirí iarnróid ardfheidhmíochta a fhorbairt, idir-inoibritheach go hiomlán agus ar ardluas, ag nascadh nóid uirbeacha ***chomh maith le príomhchathracha agus cathracha móra*** ar fud an Aontais; |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe a – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) línte iarnróid, lena n-áirítear: | (a) línte iarnróid, ***ardluais agus gnáthlínte araon,*** lena n-áirítear: |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) go gceadaítear leis líon leordhóthanach pointí trasnaithe sábháilte do mhodhanna gníomhacha chun cur isteach díréireach ar shoghluaisteacht ghníomhach a sheachaint, gan cur isteach ar cháilíocht na seirbhíse, go háirithe i gcás traenacha ardluais;*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh an Coimisiún díolúintí eile a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i leith na gceanglas dá dtagraítear i mír 2. Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar anailís ***costais*** is tairbhe ***shocheacnamaíoch*** agus ar ***mheasúnú ar*** an tionchar ar idir-inoibritheacht. Comhlíonfaidh díolúine ceanglais Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa | (b) arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe, ***agus sa chásanna sin amháin,*** féadfaidh an Coimisiún díolúintí eile a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i leith na gceanglas dá dtagraítear i mír 2. Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar anailís ***shocheacnamaíoch chostais*** is tairbhe ***ina gcuirfear san áireamh an gá le seirbhísí atá ríthábhachtach do ghnólachtaí*** agus ***do FBManna i limistéir*** |

agus ón gComhairle[58], déanfar í a chomhordú agus a chomhaontú leis an mBallstát comharsanachta nó leis na Ballstáit chomharsanachta i gcás inarb infheidhme.

[58] Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44).

***uirbeacha agus tionsclaíocha a bhfuil ardtábhacht eacnamaíoch ag baint leo a chaomhnú mar aon le measúnú*** ar an tionchar ar idir-inoibritheacht ***agus ar inrochtaineacht***. Comhlíonfaidh díolúine ceanglais Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58], déanfar í a chomhordú agus a chomhaontú leis an mBallstát comharsanachta nó leis na Ballstáit chomharsanachta i gcás inarb infheidhme.

[58] Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44).

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2 – pointe c – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus líne paisinéirí den chroíghréasán breisithe, nó stráicí de, á tógáil nó á huasghrádú, déanfaidh na Ballstáit staidéar chun anailís a dhéanamh ar indéantacht agus ábharthacht eacnamaíoch luasanna níos airde, agus déanfaidh siad an líne a thógáil nó a uasghrádú go luas níos airde i gcás ina léireofar a indéanta agus a ábhartha atá sí ó thaobh eacnamaíochta de. | Agus líne paisinéirí den chroíghréasán breisithe, nó stráicí de, á tógáil nó á huasghrádú, déanfaidh na Ballstáit***, i gcás inarb infheidhme,*** staidéar chun anailís a dhéanamh ar indéantacht agus ábharthacht eacnamaíoch luasanna níos airde, agus déanfaidh siad an líne a thógáil nó a uasghrádú go luas níos airde i gcás ina léireofar a indéanta agus a ábhartha atá sí ó thaobh eacnamaíochta de. ***Cuirfear san áireamh sa staidéar freisin an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar phaisinéirí le linn na céime tógála nó uasghrádaithe.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 5 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh an Coimisiún díolúintí eile a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i leith na gceanglas dá dtagraítear i mír 2 go mír 4. Beidh aon díolúine bunaithe ar anailís ***costais*** is tairbhe ***shocheacnamaíoch*** agus ar ***mheasúnú ar*** an tionchar ar ***an*** idir-inoibritheacht. Comhlíonfaidh díolúine ceanglais Threoir (AE) 2016/797, agus déanfar í a chomhordú agus a chomhaontú leis an mBallstát comharsanachta nó leis na Ballstáit chomharsanachta más infheidhme. | (b) arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe, ***agus sna cásanna sin amháin,*** féadfaidh an Coimisiún díolúintí eile a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i leith na gceanglas dá dtagraítear i mír 2 go mír 4. Beidh aon díolúine bunaithe ar anailís ***shocheacnamaíoch chostais*** is tairbhe ***ina gcuirfear san áireamh an gá le seirbhísí atá ríthábhachtach do ghnólachtaí*** agus ***do FBManna i limistéir uirbeacha agus thionsclaíocha a bhfuil ardtábhacht eacnamaíoch ag baint leo a chaomhnú mar aon le measúnú*** ar an tionchar ar idir-inoibritheacht ***agus ar inrochtaineacht***. Comhlíonfaidh díolúine ceanglais Threoir (AE) 2016/797, agus déanfar í a chomhordú agus a chomhaontú leis an mBallstát comharsanachta nó leis na Ballstáit chomharsanachta más infheidhme. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Tá ERTMS feistithe; | (a) Tá ERTMS feistithe***, agus san am céanna imscaradh ERTMS atá sioncronaithe agus comhchuibhithe á áirithiú, taobh riain agus ar bord traenacha***; |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) éifeacht an torainn agus an chreathaidh ó iompar iarnróid a mhaolú, go | (a) ***i gcás inarb ábhartha,*** éifeacht an torainn agus an chreathaidh ó iompar |

háirithe trí bhearta don rothstoc agus don bhonneagar, lena n-áirítear bacainní cosanta torainn;

iarnróid a mhaolú, go háirithe trí bhearta don rothstoc agus don bhonneagar, lena n-áirítear bacainní cosanta torainn;

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) agus bonneagar iarnróid á thógáil nó á uasghrádú, leanúnachas agus inrochtaineacht chonairí na gcoisithe agus na gcosán rothaíochta a áirithiú ***d'fhonn*** na modhanna gníomhacha iompair a chur chun cinn; | (f) agus bonneagar iarnróid á thógáil nó á uasghrádú, leanúnachas agus inrochtaineacht chonairí na gcoisithe agus na gcosán rothaíochta a áirithiú ***chomh maith, agus sineirgí leis*** na ***conairí sin a lorg chun na*** modhanna gníomhacha iompair a chur chun cinn; |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) teicneolaíochtaí breoslaí ionadúla nuálacha a fhorbairt d'iarnróid, amhail hidrigin do stráicí atá díolmhaithe ón gceanglas leictriúcháin. | (g) ***i gcás inarb infheidhme,*** teicneolaíochtaí breoslaí ionadúla nuálacha a fhorbairt d'iarnróid, amhail hidrigin do stráicí atá díolmhaithe ón gceanglas leictriúcháin. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le modhanna eile iompair, lena n-áirítear modhanna gníomhacha, chun bonneagair eile a chomhtháthú taobh riain, nó laistigh de dhroichid agus de*** |

***tholláin.***

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Ceadóidh na Ballstáit, i gcás inar féidir agus i gcás ina bhfuil sé comhréireach, líon leordhóthanach pointí trasnaithe sábháilte do mhodhanna gníomhacha chun suaitheadh díréireach ar shoghluaisteacht ghníomhach a sheachaint.*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le modhanna eile iompair, lena n-áirítear modhanna gníomhacha, chun bonneagair eile a chomhtháthú taobh uiscebhealaí intíre nó laistigh de dhroichid.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3 – pointe k a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(k a) bonneagar dé-úsáide a úsáidtear chun críoch sibhialta agus míleata.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) feabhas a chur ar athléimneacht na slabhraí lóistíochta agus na trádála idirnáisiúnta muirí, lena n-áirítear i ndáil le hoiriúnú don athrú aeráide; | (e) feabhas a chur ar athléimneacht na slabhraí lóistíochta agus na trádála idirnáisiúnta muirí ***agus shlándáil an tsoláthair fuinnimh***, lena n-áirítear i ndáil le hoiriúnú don athrú aeráide; |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe a – pointe x a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(xa) bonneagar do mhodhanna gníomhacha amhail rianta coisithe agus rothair, droichid nó tolláin, lena n-áirítear bealaí malartacha do mhodhanna gníomhacha.*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) go mbeidh limistéir scíthe ar fáil ag achar nach mó ná 60 km óna chéile, lena gcuirtear ***spás*** páirceála ***leordhóthanach***, trealamh sábháilteachta agus slándála ***ar fáil***, agus saoráidí iomchuí, lena n-áirítear saoráidí sláintíochta, a fhreastalóidh ar riachtanais lucht saothair éagsúil; | (b) go mbeidh limistéir scíthe ar fáil ag achar nach mó ná 60 km óna chéile, lena gcuirtear ***ar fáil spásanna*** páirceála ***leordhóthanacha***, trealamh ***ábhartha*** sábháilteachta agus slándála, agus saoráidí iomchuí, lena n-áirítear saoráidí sláintíochta, a fhreastalóidh ar riachtanais lucht saothair éagsúil; |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) go mbeidh limistéir pháirceála atá sábháilte agus slán ar fáil ag achar 100 km ar a mhéad ***ó*** chéile, ***ina gcuirfear spás*** páirceála ***leordhóthanach*** ar fáil le aghaidh feithiclí tráchtála agus a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2020/1054[69]; | (c) go mbeidh limistéir pháirceála atá sábháilte agus slán ar fáil ag achar 100 km ar a mhéad ***óna*** chéile, ***nó i gcásanna cuí-réasúnaithe agus ar bhonn dlús méide tráchta, éileamh an mhargaidh nó tosca ábhartha eile, go bhféadfaidh na Ballstáit díolúine a iarraidh ón gCoimisiún chun achar níos mó a cheadú idir limistéir pháirceála shábháilte agus shlána. Leis na limistéir pháirceála sin, beidh spásanna*** páirceála ***leordhóthanacha*** ar fáil le aghaidh feithiclí tráchtála agus a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2020/1054[69]; |
| [69] Rialachán (AE) 2020/1054 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann suíomh le tacagraif (IO L 249, 31.7.2020, lch. 1) | [69] Rialachán (AE) 2020/1054 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann suíomh le tacagraif (IO L 249, 31.7.2020, lch. 1) |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) go gceadófar líon leordhóthanach pointí trasnaithe sábháilte do mhodhanna gníomhacha chun suaitheadh díréireach ar shoghluaisteacht ghníomhach a sheachaint;*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) agus bonneagar bóithre á thógáil nó á uasghrádú, leanúnachas agus inrochtaineacht ***chonairí na gcoisithe agus na gcosán rothaíochta a áirithiú d'fhonn na*** modhanna gníomhacha iompair a chur chun cinn. | (d) agus bonneagar bóithre á thógáil nó á uasghrádú, ***a áirithiú nach gcuireann an bonneagar bóithre bac ar*** leanúnachas agus inrochtaineacht ***nasc coisithe agus rothaíochta agus sineirgí a lorg leis na naisc sin chun*** modhanna gníomhacha iompair a chur chun cinn. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le modhanna eile iompair, lena n-áirítear modhanna gníomhacha, chun bonneagair eile a chomhtháthú taobh le bóithre nó laistigh de dhroichid agus de tholláin.*** |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Faoin 31 Nollaig 2025, déanfaidh an Coimisiún staidéar féidearthachta ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as feithiclí de chuid an Chórais Mhodúlaigh Eorpaigh ar an mbonneagar bóithre do chroíghréasán TEN-T.*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) idirnaisc ilmhódacha idir aerfoirt agus bonneagar modhanna eile iompair a fheabhsú, agus idir aerfoirt agus nóid uirbeacha i gcás inarb iomchuí; | (d) idirnaisc ilmhódacha idir aerfoirt agus bonneagar modhanna eile iompair a fheabhsú, agus idir aerfoirt agus nóid uirbeacha i gcás inarb iomchuí***, lena n-áirítear trí réitigh um shoghluaisteacht aeir uirbeach***; |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) go nglacfar plean soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (PSUI) i gcomhréir le hIarscríbhinn V lena n-áirítear, go sonrach, bearta chun na modhanna éagsúla iompair a chomhtháthú, chun an tsoghluaisteacht éifeachtúil astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn lena n-áirítear lóistíocht uirbeach inbhuanaithe, chun aerthruailliú agus truailliú torainn a laghdú, agus ar plean é a chuireann sreabha iompair fad-achair tras-Eorpacha san áireamh; | (i) go nglacfar ***agus go bhfoilseofar*** plean soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (PSUI) i gcomhréir le hIarscríbhinn V lena n-áirítear, go sonrach, bearta chun na modhanna éagsúla iompair a chomhtháthú, chun an tsoghluaisteacht éifeachtúil astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn lena n-áirítear lóistíocht uirbeach inbhuanaithe, chun aerthruailliú agus truailliú torainn a laghdú, agus ar plean é a chuireann sreabha iompair fad-achair tras-Eorpacha san áireamh; |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe b – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) go mbaileofar sonraí maidir le soghluaisteacht uirbeach in aghaidh an nóid uirbigh a chlúdaíonn ar a laghad astaíochtaí gás ceaptha teasa, plódú, timpistí agus gortuithe, cion módach agus rochtain ar sheirbhísí soghluaisteachta, chomh maith le sonraí maidir le | (ii) go mbaileofar sonraí maidir le soghluaisteacht uirbeach in aghaidh an nóid uirbigh a chlúdaíonn ar a laghad astaíochtaí gás ceaptha teasa, plódú, timpistí agus gortuithe, cion módach agus rochtain ar sheirbhísí soghluaisteachta, chomh maith le sonraí maidir le |

| | |
|---|---|
| haerthruailliú agus truailliú torainn, agus go gcuirfear na sonraí sin faoi bhráid an Choimisiúin. Ina dhiaidh sin cuirfear na sonraí sin isteach gach bliain; | haerthruailliú agus truailliú torainn, agus go gcuirfear na sonraí sin faoi bhráid an Choimisiúin ***agus go bhfoilseofar iad de réir Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint an hEorpa agus ón gComhairle***[1a]. Ina dhiaidh sin cuirfear na sonraí sin isteach gach bliain ***agus foilseofar iad***; |
| | ___________________ |
| | [1a] ***Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172? 26.6.2019, lch. 56-83).*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) faoin 31 Nollaig 2040: críochfort lasta ilmhódach amháin ar a laghad a fhorbairt ionas go mbeidh acmhainneacht leordhóthanach trasloingsithe ann laistigh den nód uirbeach nó gar dó. | (d) faoin 31 Nollaig 2040: críochfort lasta ilmhódach amháin ar a laghad a fhorbairt ionas go mbeidh acmhainneacht leordhóthanach trasloingsithe ann laistigh den nód uirbeach nó gar dó***, agus an fhéidearthacht ann go bhfreastalóidh críochfort amháin ar níos mó ná nód uirbeach amháin, más leor an toilleadh***. |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) comhlíonadh na bpleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (PSUInna) a glacadh.*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil IV – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| SOLÁTHAIRTÍ LE hAGHAIDH IOMPAR CLISTE ATHLÉIMNEACH | SOLÁTHAIRTÍ LE hAGHAIDH IOMPAR CLISTE***, INROCHTANA AGUS*** ATHLÉIMNEACH |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) sábháilteacht agus inbhuanaitheacht gluaiseacht daoine agus iompar earraí a fheabhsú; | (d) sábháilteacht agus inbhuanaitheacht gluaiseacht daoine***, seirbhísí*** agus iompar earraí a fheabhsú; |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) teicneolaíocht slándála agus caighdeáin sainaitheantais chomhoiriúnacha a thabhairt isteach ar na gréasáin; | (i) teicneolaíocht ***dé-úsáide, teicneolaíocht*** slándála agus caighdeáin sainaitheantais chomhoiriúnacha a thabhairt isteach ar na gréasáin; |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go ndéantar foráil sa bhonneagar iompair maidir le gluaiseachtaí sábháilte agus slána paisinéirí | Áiritheoidh na Ballstáit go ndéantar foráil sa bhonneagar iompair maidir le gluaiseachtaí sábháilte agus slána paisinéirí |

| | |
|---|---|
| agus lasta. | agus lasta ***feadh shaolré an bhonneagair***. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar chosaint oibrithe le linn chéim tógála na mbonneagar.*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Áiritheoidh na Ballstáit feidhmiú leanúnach na slabhraí soláthair, chomh maith le taisteal riachtanach feadh TEN-T, agus seachnóidh siad ganntanais a d'fhéadfadh a bheith ann, i gcás inar gá trí "Conairí Glasa" a ghníomhachtú i ndlúthchomhar leis na Comhordaitheoirí Eorpacha.*** |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an fhaisnéis arna fógairt de bhun mhír 1 ar fáil ar a laghad ***bliain*** roimh an gcinneadh críochnaitheach maidir le cur chun feidhme an tionscadail leasa choitinn. Beidh an méid seo a leanas san áireamh san fhaisnéis sin, go háirithe: | Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an fhaisnéis arna fógairt de bhun mhír 1 ar fáil ar a laghad ***sé mhí*** roimh an gcinneadh críochnaitheach maidir le cur chun feidhme an tionscadail leasa choitinn. Beidh an méid seo a leanas san áireamh san fhaisnéis sin, go háirithe: |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 48 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) aon obair chothabhála a mbeidh teorannú nó neamh-infhaighteacht bonneagair iarnróid mar thoradh uirthi, déantar í a bhainistiú i gcomhréir le Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/2075[1a] ón gCoimisiún.*** |
| | ***[1a] Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/2075 ón gCoimisiún an 4 Meán Fómhair 2017 a chuirtear in ionad Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid (IO L 295, 14.11.2017, lch. 69-73).*** |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Le bonneagar iompair beidh soghluaisteacht gan uaim agus inrochtaineacht ann do gach úsáideoir, go háirithe daoine atá i staideanna leochaileacha lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas nó a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe mar aon le daoine atá ina gcónaí sna réigiúin is forimeallaí agus i réigiúin iargúlta, oileánda, fhorimeallacha agus shléibhtiúla eile chomh maith le limistéir atá tearc i ndaoine. | ***1.*** Le bonneagar iompair beidh soghluaisteacht gan uaim agus inrochtaineacht ann do gach úsáideoir, go háirithe daoine atá i staideanna leochaileacha lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas nó a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe mar aon le daoine atá ina gcónaí sna réigiúin is forimeallaí agus i réigiúin iargúlta, oileánda, fhorimeallacha agus shléibhtiúla eile chomh maith le limistéir atá tearc i ndaoine. |
| | ***2. Déanfaidh na Ballstáit measúnuithe ex ante a chur i gcrích ar a inrochtana atá bonneagar agus na seirbhísí a bhaineann leis.*** |

***3. Comhlíonfaidh dearadh, tógáil, cothabháil agus uasghrádú an bhonneagair iompair Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], a luaithe is infheidhme, agus ceanglais inrochtaineachta a leagtar síos i ndlí ábhartha eile de chuid an Aontais.***

______________

***[1a] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ceanglais infhaighteachta do tháirgí agus do sheirbhísí) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70–115).***

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) díriú ar fheabhas a chur ar inrochtaineacht chonairí iompair na hEorpa do gach úsáideoir;*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Is é an Comhordaitheoir Eorpach a bhunóidh an Fóram comhchomhairleach le haghaidh na dtosaíochtaí cothrománacha agus a bheidh ina chathaoirleach air. Féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann ***agus, i gcás inarb iomchuí,*** ionadaithe na n-earnálacha ábhartha, páirt a ghlacadh. Ainmneoidh na Ballstáit comhordaitheoir náisiúnta le haghaidh ERTMS chun freastal ar an bhFóram comhchomhairleach thar | 4. Is é an Comhordaitheoir Eorpach a bhunóidh an Fóram comhchomhairleach le haghaidh na dtosaíochtaí cothrománacha agus a bheidh ina chathaoirleach air. Féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann ***i dteannta*** ionadaithe na n-earnálacha ábhartha, páirt a ghlacadh. Ainmneoidh na Ballstáit comhordaitheoir náisiúnta le haghaidh ERTMS chun freastal ar an bhFóram comhchomhairleach thar ceann |

| | |
|---|---|
| ceann ERTMS. Féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach meithleacha ad hoc a chur ar bun freisin. | ERTMS. Féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach meithleacha ad hoc a chur ar bun freisin. |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach dul i gcomhairle le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le bainisteoirí bonneagair, le hoibreoirí iompair, go háirithe leo siúd ar comhaltaí den rialachas lasta iarnróid iad, leis an tionscal soláthair, le húsáideoirí iompair agus le hionadaithe ón tsochaí shibhialta i ndáil leis an bplean oibre agus lena chur chun feidhme. Ina theannta sin, rachaidh an Comhordaitheoir Eorpach atá freagrach as ERTMS i ndlúthchomhar le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus rachaidh Comhordaitheoir Eorpach don Spás Muirí i ndlúthchomhar leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa. | 6. Féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach dul i gcomhairle le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le bainisteoirí bonneagair, le hoibreoirí iompair, go háirithe leo siúd ar comhaltaí den rialachas lasta iarnróid iad, leis an tionscal soláthair, le húsáideoirí iompair***, le saineolaithe inrochtaineachta*** agus le hionadaithe ón tsochaí shibhialta i ndáil leis an bplean oibre agus lena chur chun feidhme. Ina theannta sin, rachaidh an Comhordaitheoir Eorpach atá freagrach as ERTMS i ndlúthchomhar le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus rachaidh Comhordaitheoir Eorpach don Spás Muirí i ndlúthchomhar leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa. |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 3 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) anailís ar a mhéid atá an bonneagar lena gceadaítear soghluaisteacht rianúil agus inrochtana do gach úsáideoir, a mhéid atá sé slán i bhfad na haimsire, agus, i gcás inarb iomchuí, an togra maidir le bearta chun hinrochtaineacht agus idir-inoibritheacht an líonra agus na seirbhísí nasctha a dhéanamh slán i bhfad na haimsire;*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. I gcás díospóidí idir na Ballstáit, ina bhféadfar gníomhaíochtaí aontaobhacha ar an leibhéal náisiúnta a áireamh a mbeidh bac nó srian ar shaorghluaiseacht daoine, seirbhísí nó earraí mar thoradh orthu, iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit lena mbaineann gníomhachtú agus bainistiú bealaí malartacha iarnróid nó bóithre a chur chun cinn agus gníomhóidh sé mar idirghabhálaí chun na críche sin.*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 55 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh na Ballstáit an dul chun cinn a dhéanfar maidir le tionscadail leasa choitinn a chur chun feidhme in iúl don Choimisiún ar bhonn rialta, cuimsitheach, trédhearcach agus tabharfaidh siad eolas dó freisin faoi na hinfheistíochtaí a dhéanfar chun na críche sin. Áireofar ar an bhfaisnéis sin tarchur bliantúil na sonraí tríd an gcóras idirghníomhach faisnéise geografaí agus teicniúla don ghréasán tras-Eorpach iompair (TENtec). Áireofar ***air*** sonraí teicniúla agus airgeadais maidir le tionscadail leasa choitinn ***ar*** an ngréasán tras-Eorpach iompair ***mar aon*** le sonraí maidir ***le comhlánú an ghréasáin thras-Eorpaigh*** iompair. | 1. Cuirfidh na Ballstáit an dul chun cinn a dhéanfar maidir le tionscadail leasa choitinn a chur chun feidhme in iúl don Choimisiún ar bhonn rialta, cuimsitheach, trédhearcach agus tabharfaidh siad eolas dó freisin faoi na hinfheistíochtaí a dhéanfar chun na críche sin. Áireofar ar an bhfaisnéis sin tarchur bliantúil na sonraí tríd an gcóras idirghníomhach faisnéise geografaí agus teicniúla don ghréasán tras-Eorpach iompair (TENtec). Áireofar ***ann*** sonraí teicniúla agus airgeadais maidir le tionscadail leasa choitinn ***a bhaineann leis*** an ngréasán tras-Eorpach iompair***, sonraí a bhaineann*** le ***hinrochtaineacht bhonneagar TEN-T agus seirbhísí paisinéirí, i gcás inarb infheidhme, chomh maith le*** sonraí maidir ***leis an ngréasán tras-Eorpach*** iompair ***a*** |

| | |
|---|---|
| | ***chomhlánú agus a chothabháil***. |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 55 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit cáilíocht, iomláine agus comhsheasmhacht na sonraí i gcóras faisnéise TENtec. Féadfar sonraí a mhalartú go huathoibríoch idir TENtec agus na córais náisiúnta agus na foinsí sonraí. | 3. Áiritheoidh na Ballstáit cáilíocht, iomláine***, inrochtaineacht*** agus comhsheasmhacht na sonraí i gcóras faisnéise TENtec. Féadfar sonraí a mhalartú go huathoibríoch idir TENtec agus na córais náisiúnta agus na foinsí sonraí. |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoi réir an dara mír d′Airteagal 172 CFAE, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 60 chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a leasú, go sonrach chun athruithe a d'fhéadfadh teacht as na tairseacha cainníochtúla arna leagan síos in Airteagail 20, 24 agus 32 a chur san áireamh. Agus na hIarscríbhinní sin á n-oiriúnú, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas: | Faoi réir an dara mír d’Airteagal 172 CFAE, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 60 chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a leasú, go sonrach chun athruithe a d'fhéadfadh teacht as na tairseacha cainníochtúla arna leagan síos in Airteagail 20, 24 agus 32 ***nó athruithe ó thaobh na slándála de*** a chur san áireamh. Agus na hIarscríbhinní sin á n-oiriúnú, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas: |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – fomhír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) bonneagar nua agus nóid uirbeacha nua a áireamh sa ghréasán tras-Eorpach iompair má mheastar iad a bheith an-tábhachtach chun soghluaisteacht mhíleata agus slándáil bia a áirithiú laistigh den Aontas;*** |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 57 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Comhlíonfar nósanna imeachta náisiúnta i dtaca leis an gcomhairliúchán le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus lena rannpháirtíocht agus i dtaca leis an tsochaí shibhialta a bhaineann le tionscadal leasa choitinn, i gcás inarb iomchuí, nuair atá na tionscadail sna céimeanna tógála agus pleanála. Déanfaidh an Coimisiún ***malartú*** dea-chleachtas a chur chun cinn i ndáil leis sin, a mhéid a bhaineann leis an gcomhairliúchán le daoine i staideanna leochaileacha agus lena rannpháirtíocht, go sonrach. | Comhlíonfar nósanna imeachta náisiúnta i dtaca leis an gcomhairliúchán le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla***, le comhpháirtithe tionsclaíocha, lena n-áirítear FBManna, leis an tsochaí shibhialta, le ionadaithe úsáideoirí*** agus ***le saineolaithe inrochtaineachta agus maidir*** lena rannpháirtíocht agus i dtaca leis an tsochaí shibhialta a bhaineann le tionscadal leasa choitinn, i gcás inarb iomchuí, nuair atá na tionscadail sna céimeanna tógála agus pleanála. Déanfaidh an Coimisiún ***an próiseas sin a éascú trí mhalartú*** dea-chleachtas a chur chun cinn i ndáil leis sin, a mhéid a bhaineann leis an gcomhairliúchán le daoine i staideanna leochaileacha agus lena rannpháirtíocht, go sonrach. |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 58 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na dréachtphleananna náisiúnta agus na cláir, nó aon mhodhnú | 3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na dréachtphleananna náisiúnta agus na cláir, nó aon mhodhnú |

| | |
|---|---|
| orthu sin, d’fhonn an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, ar a laghad ***bliain*** sula nglactar iad. Féadfaidh an Coimisiún tuairim a eisiúint tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis don Bhallstát fógra a thabhairt faoi chomhleanúnachas na ndréachtphleananna náisiúnta agus na gclár leis na tosaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán seo agus leis na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna oibre don chonair chomhfhreagrach/do na conairí comhfhreagracha agus na tosaíochtaí cothrománacha agus sna gníomhartha cur chun feidhme a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 54(1). Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis fógra a thabhairt faoin tuairim, faoi na bearta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí a leagtar amach sa tuairim. | orthu sin, d’fhonn an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, ar a laghad ***sé mhí*** sula nglactar iad. Féadfaidh an Coimisiún tuairim a eisiúint tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis don Bhallstát fógra a thabhairt faoi chomhleanúnachas na ndréachtphleananna náisiúnta agus na gclár leis na tosaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán seo agus leis na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna oibre don chonair chomhfhreagrach/do na conairí comhfhreagracha agus na tosaíochtaí cothrománacha agus sna gníomhartha cur chun feidhme a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 54(1). Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis fógra a thabhairt faoin tuairim, faoi na bearta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí a leagtar amach sa tuairim. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 61 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Agus an t-athbhreithniú á chur i gcrích ag an gCoimisiún, déanfaidh sé meastóireacht freisin, i gcomhairle leis na Ballstáit, ar chruthú Chonair Iompair Eorpaigh Theas nua a nascann an taobh thoir agus an taobh thiar d’fharraige na Meánmhara.*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Spriocanna agus cuspóirí***:*** Beidh sé mar sprioc lárnach ag Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe | 1. Spriocanna agus cuspóirí Beidh sé mar sprioc lárnach ag Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe |

| | |
|---|---|
| (PSUI) feabhas a chur ar inrochtaineacht an limistéir uirbigh fheidhmiúil agus soghluaisteacht íseal-astaíochtaí ardcháilíochta, sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar don limistéar uirbeach feidhmiúil, tríd an limistéar uirbeach feidhmiúil agus laistigh de. Tacóidh sé go háirithe le soghluaisteacht atá saor ó astaíochtaí agus le cur chun feidhme córais iompair uirbigh a rannchuidíonn le feidhmíocht fhoriomlán níos fearr an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, go háirithe trí bhonneagar a fhorbairt le haghaidh cúrsaíocht rianúil feithiclí atá saor ó astaíochtaí chomh maith le moil ilmhódacha paisinéirí chun naisc an chéad mhíle agus naisc an mhíle deiridh agus naisc ilmhódacha lasta a fhreastalaíonn ar nóid uirbeacha a éascú. | (PSUI) feabhas a chur ar inrochtaineacht an limistéir uirbigh fheidhmiúil agus soghluaisteacht íseal-astaíochtaí ardcháilíochta, sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar don limistéar uirbeach feidhmiúil, tríd an limistéar uirbeach feidhmiúil agus laistigh de ***le haghaidh paisinéirí agus lasta***. Tacóidh sé go háirithe le soghluaisteacht atá saor ó astaíochtaí agus le cur chun feidhme córais iompair uirbigh a rannchuidíonn le feidhmíocht fhoriomlán níos fearr an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, go háirithe trí bhonneagar a fhorbairt le haghaidh cúrsaíocht rianúil feithiclí atá saor ó astaíochtaí chomh maith le moil ilmhódacha paisinéirí chun naisc an chéad mhíle agus naisc an mhíle deiridh agus naisc ilmhódacha lasta a fhreastalaíonn ar nóid uirbeacha a éascú. ***Le PSUI cuirfear turais chomaitéara chuig an limistéar uirbeach agus uaidh san áireamh freisin.*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Comhtháthú na modhanna éagsúla iompair: Cuirfear iompar ilmhódach chun cinn le PSUI trí na modhanna agus na bearta éagsúla a chomhtháthú arb é is aidhm dóibh soghluaisteacht rianúil agus inbhuanaithe a éascú. Áireofar ann gníomhaíochtaí chun cion módach na bhfoirmeacha iompair is inbhuanaithe amhail iompar poiblí, soghluaisteacht ghníomhach, agus, de réir mar is iomchuí, iompar ar uiscebhealaí intíre agus ar muir a mhéadú. Áireofar leis freisin gníomhaíochtaí chun soghluaisteacht atá saor ó astaíochtaí a chur chun cinn, go háirithe maidir leis an bhflít uirbeach a ghlasú, brú tráchta a laghdú agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú go | 3. Comhtháthú na modhanna éagsúla iompair: Cuirfear iompar ilmhódach chun cinn le PSUI trí na modhanna agus na bearta éagsúla a chomhtháthú arb é is aidhm dóibh soghluaisteacht rianúil agus inbhuanaithe a éascú. Áireofar ann gníomhaíochtaí chun cion módach na bhfoirmeacha iompair is inbhuanaithe amhail iompar poiblí, soghluaisteacht ghníomhach, agus, de réir mar is iomchuí, ***aeriompar,*** iompar ar uiscebhealaí intíre agus ar muir a mhéadú. Áireofar leis freisin gníomhaíochtaí chun soghluaisteacht atá saor ó astaíochtaí a chur chun cinn, go háirithe maidir leis an bhflít uirbeach a ghlasú, brú tráchta a laghdú agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú go |

háirithe i gcás úsáideoirí soghonta bóithre.

háirithe i gcás úsáideoirí soghonta bóithre.

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Táscairí faireacháin agus feidhmíochta: Áireofar in PSUI cuspóirí, spriocanna agus táscairí a bheith ann atá mar bhonn taca ag feidhmíocht an chórais iompair uirbigh faoi láthair agus amach anseo, ar a laghad maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, plódú, timpistí agus gortuithe, cion módach agus rochtain ar sheirbhísí soghluaisteachta, chomh maith le sonraí maidir le haerthruailliú agus truailliú torainn. Déanfar faireachán ar chur chun feidhme SFI trí úsáid a bhaint as táscairí feidhmíochta. Déanfaidh na Ballstáit agus na húdaráis ábhartha sásraí a chur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh PSUI i gcomhréir le forálacha na hIarscríbhinne seo agus le forálacha d’ardchaighdeán. | 6. Táscairí faireacháin agus feidhmíochta: Áireofar in PSUI cuspóirí, spriocanna agus táscairí a bheith ann atá mar bhonn taca ag feidhmíocht an chórais iompair uirbigh faoi láthair agus amach anseo, ar a laghad maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, plódú, timpistí agus gortuithe, cion módach agus rochtain ar sheirbhísí soghluaisteachta, chomh maith le sonraí maidir le haerthruailliú agus truailliú torainn. Déanfar faireachán ar chur chun feidhme SFI trí úsáid a bhaint as táscairí feidhmíochta. Déanfaidh na Ballstáit agus na húdaráis ábhartha sásraí a chur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh PSUI i gcomhréir le forálacha na hIarscríbhinne seo agus le forálacha d’ardchaighdeán. ***Áireofar in ionstraimí PSUI freisin táscairí straitéiseacha lena ndéantar measúnú ar ábharthacht eacnamaíoch críochfort ilmhódach agus réiteach iompair chomhcheangailte maidir le leasanna oibreoirí iompair, tarlóirí, gnólachtaí agus FBManna agus é mar aidhm leo coinníollacha fabhracha a chruthú le haghaidh infheistíochtaí inbhuanaithe agus pleanáil straitéiseach a chothú i limistéir uirbeacha agus imeallacha a bhfuil ardtábhacht eacnamaíoch ag baint leo do na pobail áitiúla.*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1315/2013 |
| **Tagairtí** | COM(2021)0812 – C9-0472/2021 – 2021/0420(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | TRAN<br>7.3.2022 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>7.3.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Salvatore De Meo<br>14.2.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 21.4.2022 15.6.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 12.7.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 42<br>–: 0<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alex Agius Saliba, Andrus Ansip, Pablo Arias Echeverría, Alessandra Basso, Brando Benifei, Adam Bielan, Biljana Borzan, Markus Buchheit, Andrea Caroppo, Anna Cavazzini, Dita Charanzová, Deirdre Clune, David Cormand, Sandro Gozi, Maria Grapini, Svenja Hahn, Krzysztof Hetman, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Marcel Kolaja, Kateřina Konečná, Andrey Kovatchev, Maria-Manuel Leitão-Marques, Morten Løkkegaard, Antonius Manders, Leszek Miller, Anne-Sophie Pelletier, René Repasi, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Tom Vandenkendelaere, Marion Walsmann |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marco Campomenosi, Salvatore De Meo, Malte Gallée, Ivars Ijabs, Katrin Langensiepen, Antonio Maria Rinaldi, Dominik Tarczyński, Edina Tóth, Kosma Złotowski |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 42 | + |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan, Eugen Jurzyca, Dominik Tarczyński, Kosma Złotowski |
| ID | Alessandra Basso, Markus Buchheit, Marco Campomenosi, Virginie Joron, Antonio Maria Rinaldi |
| NI | Edina Tóth |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Andrea Caroppo, Deirdre Clune, Salvatore De Meo, Krzysztof Hetman, Andrey Kovatchev, Antonius Manders, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Tom Vandenkendelaere, Marion Walsmann |
| RENEW | Andrus Ansip, Dita Charanzová, Sandro Gozi, Svenja Hahn, Ivars Ijabs, Morten Løkkegaard, Róża Thun und Hohenstein |
| S&D | Alex Agius Saliba, Brando Benifei, Biljana Borzan, Maria Grapini, Maria-Manuel Leitão-Marques, Leszek Miller, René Repasi, Christel Schaldemose |
| VERTS/ALE | Anna Cavazzini, David Cormand, Malte Gallée, Marcel Kolaja, Katrin Langensiepen |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 2 | 0 |
|---|---|
| THE LEFT | Kateřina Konečná, Anne-Sophie Pelletier |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfábhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

5.12.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT RÉIGIÚNACH

chuig an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1315/2013
(COM(2021)0812 – C9-0472/2021 – 2021/0420(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Alessandro Panza

## RÉASÚNÚ GEARR

Meastar gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán reatha TEN-T 2013 chun an téacs a chur i gcomhréir le cuspóirí nua an Aontais, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide. Is ionann an t-athbhreithniú sin agus deis don Choimisiún Eorpach rialachas TEN-T a neartú. Dá bhrí sin, is é príomhchuspóir an Rialacháin seo nascacht iontaofa, leanúnach agus inbhuanaithe a áirithiú ar fud an Aontais trí naisc atá in easnamh a chruthú agus trí dheireadh a chur leis na scrogaill atá fós ann agus lena gcruthaítear brú tráchta fós.

Is príomhdhúshlán é an bonneagar iompair, lena n-áiritheofar nascacht agus inrochtaineacht, do réigiúin agus do chathracha.

Is é is aidhm dá gcuid gníomhaíochtaí cuspóirí a bhaint amach a bhaineann le comhtháthú críochach, éifeachtúlacht agus seirbhísí a fheabhsú d’úsáideoirí. Is trí chomhordú ar an leibhéal Eorpach, agus tríd an gcomhordú sin amháin, a fhéadfar gluaiseacht leanúnach agus éifeachtach laistigh den Aontas a áirithiú, mar shampla trí na naisc atá fós in easnamh idir roinnt réigiún teorann a chur ar bun. Dá mbeadh na réigiúin teorann idirnasctha ar bhealach níos fearr, bheadh sé níos éasca lánpháirtiú na hEorpa a bhaint amach agus bheadh an deis ag na saoránaigh tairbhiú de shoghluaisteacht trasteorann atá éifeachtach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol.

Chomh maith leis sin, d’fhéadfadh na réigiúin atá thíos le caillteanas OTI mar thoradh ar bhacainní trasteorann tairbhiú de ghréasán TEN-T, rud a éascaíonn inrochtaineacht i measc tíortha comharsanachta agus a mbíonn malartú eacnamaíoch níos fearr mar thoradh air.

Leagtar béim sa togra ón gCoimisiún ar an ngá atá le hinrochtaineacht agus nascacht níos fearr a áirithiú do réigiúin uile an Aontais, agus sainiúlachtaí na gcríoch éagsúil á gcur san áireamh ag an am céanna.

Go deimhin, cruthaíonn na gnéithe geografacha speisialta constaicí ar leith ó thaobh

inrochtaineachta agus bonneagar iompair de, rud a fhágann go bhfuil an tsoghluaisteacht ar cheann de na dúshláin is mó d'fhorbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil na réigiún tuaithe, iargúlta, sléibhtiúil, oileánach agus forimeallach. Is minic a dhéanann na críocha sin gearán faoi easpa bonneagar áitiúil nó réigiúnach, nó faoi cháilíocht mhíshásúil an bhonneagair áitiúil agus réigiúnaigh. Caoineann siad freisin gur minic nach leor an t-iompar poiblí agus nach n-oireann sé do riachtanais shonracha an phobail áitiúil.

Chun comhtháthú críochach a bhaint amach, ní mór don ghréasán ina iomláine nasc inmharthana agus éifeachtach a bhunú le gréasáin iompair thánaisteacha.

Chuige sin, is gá go sáródh an gréasán tras-Eorpach iompair na teorainneacha atá aige cheana trí infheistíochtaí spriocdhírithe atá in ann an gréasán a fheabhsú ó thaobh inrochtaineachta, cuimsitheachta agus inbhuanaitheachta de. Go háirithe, is gá bonneagair agus seirbhísí a dhéanamh níos inrochtana d'úsáideoirí, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, chun go bhfeidhmeoidh an líonra mar is cuí.

Is é an aidhm atá ann feabhas a chur ar éifeachtúlacht, úsáid agus idir-inoibritheacht na modhanna iompair agus a mbonneagar gaolmhar ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal idir-réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil.

Ar deireadh, ós rud é go rannchuidíonn údaráis réigiúnacha agus áitiúla le bonneagar iompair a phleanáil agus a mhaoiniú ina gcríocha, is gá ról níos mó a thabhairt dóibh i gcóras rialachais TEN-T. Ba cheart, go háirithe, páirt ghníomhach a thabhairt dóibh i bhfóraim na conaire, nach bhfuil ach ról breathnóra acu ann faoi láthair.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhorbairt Réigiúnach ar an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Leagan an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste[15] clocha míle amach chun conair an chórais iompair Eorpaigh a léiriú ionsar ghnóthú na gcuspóirí a bhaineann le soghluaisteacht inbhuanaithe, ***cliste*** agus athléimneach. Beartaítear léi gur cheart go dtiocfadh méadú 50 % ar ***scar*** margaidh an tráchta lasta iarnróid faoi 2030 agus go méadódh sé faoi dhó air faoi 2050; go | (3) Leagan an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste[15] clocha míle amach chun conair an chórais iompair Eorpaigh a léiriú ionsar ghnóthú na gcuspóirí a bhaineann le soghluaisteacht inbhuanaithe, ***chliste*** agus athléimneach. Beartaítear léi gur cheart go dtiocfadh méadú 50 % ar ***sciar*** margaidh an tráchta lasta iarnróid faoi 2030 agus go méadódh sé faoi dhó air faoi 2050; go |

| | |
|---|---|
| dtiocfadh méadú 25 % ar ***scar*** margaidh an ***iompar*** ar uiscebhealaí intíre agus ar an loingseoireacht ghearrthurais faoi 2030 agus méadú 50 % faoi 2050; go méadódh an trácht ar iarnróid ardluais faoi dhó faoi 2030 agus faoi thrí faoi 2050; ***go mbeadh*** ar a laghad 30 milliún ***carranna*** astaíochtaí nialasacha agus 80 000 ***trucailí*** astaíochtaí nialasacha ***á n-oibriú*** ar bhóithre an Aontais faoi 2030, agus gur ***feithiclí astaíochtaí nialasacha*** na carranna, ***veain***, busanna agus na feithiclí tromshaothair ***nua*** uile, nach mór, faoi 2050; go mbeadh an taisteal slua sceidealta faoi bhun 500 km neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2030 laistigh den Aontas; go mbeadh ar a laghad 100 cathair aeráidneodrach san Eoraip faoi 2030. | dtiocfadh méadú 25 % ar ***sciar*** margaidh an ***iompair*** ar uiscebhealaí intíre agus ar an loingseoireacht ghearrthurais faoi 2030 agus ***go dtiocfadh*** méadú 50 % ***air*** faoi 2050; go méadódh an trácht ar iarnróid ardluais faoi dhó faoi 2030 agus faoi thrí faoi 2050; ***gur cheart*** ar a laghad 30 milliún ***carr*** astaíochtaí nialasacha agus 80 000 ***trucail*** astaíochtaí nialasacha ***a bheith i bhfeidhm*** ar bhóithre an Aontais faoi 2030, agus gur ***cheart*** na carranna, ***na veaineanna***, ***na*** busanna agus na feithiclí ***nua*** tromshaothair uile, nach mór, ***a bheith á gcumhachtú ag breoslaí in-athnuaite, breoslaí malartacha agus ardbhreoslaí*** faoi 2050; go mbeadh an taisteal slua sceidealta faoi bhun 500 km neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2030 laistigh den Aontas; go mbeadh ar a laghad 100 cathair aeráidneodrach san Eoraip faoi 2030. |
| [15] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste– iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí] ***COM/2020/789*** final. | [15] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste– iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí]***, COM(2020)789*** final. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Le cur i gcrích an ghréasáin ***tras-Eorpaigh*** iompair cuirtear na dálaí is gá ar bun, ó thaobh an bhunúis bonneagair de, lenar féidir cur le ***hinbhuanaitheacht***, inacmhainneacht agus cuimsitheacht na modhanna iompair uile, roghanna | (4) Le cur i gcrích an ghréasáin ***thras-Eorpaigh*** iompair cuirtear na dálaí is gá ar bun, ó thaobh an bhunúis bonneagair de, lenar féidir cur le ***comhtháthú***, ***inbhuanaitheacht,*** inacmhainneacht agus cuimsitheacht na modhanna iompair uile ***i*** |

malartacha inbhuanaithe a chur ar fáil go forleathan i gcóras iompair ilmhódach, agus na dreasachtaí cearta a sholáthar chun an t-aistriú a bhrú chun cinn, go suntasach trí aistriú cóir a áirithiú, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i Moladh (AE) [...] ón gComhairle an [...] maidir le haistriú cóir ionsar an aeráidneodracht a áirithiú.

***ngach réigiún an Aontais***, roghanna malartacha inbhuanaithe a chur ar fáil go forleathan i gcóras iompair ilmhódach, agus na dreasachtaí cearta a sholáthar chun an t-aistriú a bhrú chun cinn, go suntasach trí aistriú cóir a áirithiú, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i Moladh (AE) [...] ón gComhairle an [...] maidir le haistriú cóir ionsar an aeráidneodracht a áirithiú.

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Pleanáil, forbairt agus oibriú an ghréasáin tras-Eorpaigh iompair, ba cheart foirmeacha inbhuanaithe iompair a bheith indéanta dá mbua, ba cheart foráil a dhéanamh leo maidir le réitigh iompair ilmhódacha agus idir-inoibrithe fheabhsaithe agus maidir le comhtháthú ilmhódach feabhsaithe sa slabhra lóistíochta iomlán, rudaí a rannchuideodh le feidhmiú rianúil an mhargaidh aonair trí na hartairí is gá a chruthú le haghaidh sreabha rianúla iompair paisinéirí agus lasta ar fud an Aontais. Maille leis sin, ba cheart é a bheith d’aidhm ag an ngréasán an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a threisiú tríd an inrochtaineacht agus an nascacht a áirithiú le haghaidh réigiúin uile an Aontais, lena n-áirítear nascacht níos fearr le haghaidh na réigiún is forimeallaí agus réigiúin eile atá iargúlta, ***imeallacha,*** nó sléibhtiúil nó ar réigiúin tuaithe nó oileáin iad, chomh maith le limistéir is tearc daonra. Ba cheart, freisin, soghluaisteacht shábháilte inbhuanaithe gan uaim na ***n-earraí*** agus na ***ndaoine***, dá éagsúla iad, a bheith indéanta de bhua fhorbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, agus ba cheart di rannchuidiú le tuilleadh ***fáis*** eacnamaíoch agus tuilleadh | (5) Pleanáil, forbairt agus oibriú an ghréasáin tras-Eorpaigh iompair, ba cheart foirmeacha inbhuanaithe iompair a bheith indéanta dá mbua, ba cheart foráil a dhéanamh leo maidir le réitigh iompair ilmhódacha agus idir-inoibrithe fheabhsaithe agus maidir le comhtháthú ilmhódach feabhsaithe sa slabhra lóistíochta iomlán, rudaí a rannchuideodh le feidhmiú rianúil an mhargaidh aonair trí na hartairí is gá a chruthú le haghaidh sreabha rianúla iompair paisinéirí agus lasta ar fud an Aontais. Maille leis sin, ba cheart é a bheith d’aidhm ag an ngréasán an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a threisiú tríd an inrochtaineacht agus an nascacht a áirithiú le haghaidh réigiúin uile an Aontais, lena n-áirítear nascacht níos fearr le haghaidh na réigiún is forimeallaí agus réigiúin eile atá iargúlta, ***imeallach*** nó sléibhtiúil***,*** nó ar réigiúin tuaithe nó oileáin iad, chomh maith le limistéir is tearc daonra ***agus tíortha idirthurais***. Ba cheart, freisin, soghluaisteacht shábháilte inbhuanaithe gan uaim na ***ndaoine*** agus na ***n-earraí***, dá éagsúla iad, ***agus fad*** a ***bhaineann lena struchtúr, a*** bheith indéanta de bhua fhorbairt an ghréasáin thras-Eorpaigh |

iomaíochta i gcomhthéacs domhanda, trí idirnaisc agus idir-inoibritheacht idir na gréasáin iompair náisiúnta a bhunú ar bhealach inbhuanaithe a bheidh tíosach ar acmhainní.

iompair, agus ba cheart di rannchuidiú le tuilleadh ***fás*** eacnamaíoch agus tuilleadh iomaíochta i gcomhthéacs domhanda, trí idirnaisc agus idir-inoibritheacht idir na gréasáin iompair náisiúnta a bhunú ar bhealach inbhuanaithe a bheidh tíosach ar acmhainní.

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) I ngeall ar an bhfás ar mhéid an tráchta tá méadú tagtha ar an ***bplódú*** san iompar idirnáisiúnta. Chun soghluaisteacht idirnáisiúnta na bpaisinéirí agus na n-earraí a áirithiú, ba cheart acmhainn an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus úsáid na hacmhainne sin a bharrfheabhsú agus, nuair is gá, iad a fhairsingiú trí scrogaill bhonneagair a bhaint agus bearnaí a líonadh áit a mbíonn naisc bhonneagair in easnamh laistigh de na Ballstáit agus eatarthu, agus, i gcás inarb iomchuí, le tíortha comharsanacha, agus an chaibidlíocht leantach leis na tíortha arb iarrthóirí iad agus na tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí á cur san áireamh. | (6) I ngeall ar an bhfás ar mhéid an tráchta tá méadú tagtha ar an ***mbrú tráchta agus ar thionóiscí*** san iompar idirnáisiúnta. Chun soghluaisteacht idirnáisiúnta na bpaisinéirí agus na n-earraí a áirithiú, ba cheart acmhainn an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus úsáid na hacmhainne sin a bharrfheabhsú agus, nuair is gá, iad a fhairsingiú trí scrogaill bhonneagair a bhaint agus bearnaí a líonadh áit a mbíonn naisc bhonneagair in easnamh laistigh de na Ballstáit agus eatarthu, agus, i gcás inarb iomchuí, le tíortha comharsanacha ***agus leis na tíortha a bhfuil comhaontuithe comhair agus comhpháirtíochta leis an Aontas tugtha i gcrích acu***, agus an chaibidlíocht leantach leis na tíortha arb iarrthóirí iad agus na tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí á cur san áireamh. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Bonneagar atá ann cheana atá sa ghréasán tras-Eorpach iompair den chuid is mó. Chun cuspóirí an bheartais nua maidir | (7) Bonneagar atá ann cheana atá sa ghréasán tras-Eorpach iompair den chuid is mó. Chun cuspóirí an bheartais nua maidir |

| | |
|---|---|
| leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a bhaint amach go hiomlán, ***ba cheart*** ceanglais aonfhoirmeacha maidir leis an mbonneagar a leagan síos. | leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a bhaint amach go hiomlán, ***ní mór*** ceanglais aonfhoirmeacha ***agus caighdeáin shoiléire*** maidir leis an mbonneagar a leagan síos. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun feidhme, ba cheart aird chuí a thabhairt ar chúinsí sonracha an tionscadail ar leith lena mbaineann. Ba cheart, ***nuair is*** féidir, sineirgí le beartais eile a shaothrú, mar shampla sineirgí le gnéithe den turasóireacht trí bhonneagar rothar do raonta rothaíochta, lena n-áirítear na bealaí EuroVelo, a chuimsiú laistigh de struchtúir innealtóireachta sibhialta amhail droichid nó tolláin, nó sineirgí le gnéithe slándála trí theicneolaíochta nua a chuimsiú***, amhail braiteoirí sna droichid***. | (9) Agus tionscadail leasa choitinn á gcur chun feidhme, ba cheart aird chuí a thabhairt ar chúinsí sonracha an tionscadail ar leith lena mbaineann. Ba cheart, ***i gcás inar*** féidir, sineirgí le beartais eile a shaothrú ***agus a chur chun feidhme***, mar shampla sineirgí le gnéithe den turasóireacht trí bhonneagar rothar do raonta rothaíochta, lena n-áirítear na bealaí EuroVelo, a chuimsiú laistigh de struchtúir innealtóireachta sibhialta amhail droichid nó tolláin, nó sineirgí le gnéithe slándála trí theicneolaíochta nua***, inbhuanaithe, ábhartha agus cost-éifeachtach*** a chuimsiú. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Agus tionscadail leasa choitinn á bpleanáil, á soláthar agus á gcur chun feidhme acu, ba cheart do na Ballstáit agus do thionscnóirí eile tionscadal aird chuí a thabhairt ar Threoir (AE) 2021/1187 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16]. | (11) Agus tionscadail leasa choitinn á bpleanáil, á soláthar agus á gcur chun feidhme acu, ba cheart do na Ballstáit agus do thionscnóirí eile tionscadal aird chuí a thabhairt ar Threoir (AE) 2021/1187 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16]***, sa bhreis ar Threoir 014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar poiblí***. |

| | |
|---|---|
| [16] Treoir (AE) 2021/1187 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích (TEN) (***IO L 258***, 20.7.2021, lch. 1). | [16] Treoir (AE) 2021/1187 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích (TEN) (***IO L 258***, 20.7.2021, lch. 1). |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Agus pleanáil bonneagair á déanamh acu, ba cheart do na Ballstáit agus do thionscnóirí eile tionscadal aird chuí a thabhairt ar na measúnuithe riosca agus ar na bearta oiriúnaithe arb aidhm dóibh an athléimneacht a fheabhsú, mar shampla in aghaidh an athraithe aeráide, na nguaiseacha nádúrtha agus na dtubaistí de dhéantús an duine. Trí dhreasachtaí breise a sholáthar chun foirmeacha iompair inbhuanaithe a fhorbairt, agus de bhua caighdeáin ardleibhéil a bheith á gcur chun feidhme le haghaidh bonneagar iompair ghlais, ***tacóidh cur i gcrích an ghréasáin thras-Eorpaigh*** iompair ***leis an bprionsabal*** 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. | (12) Agus pleanáil bonneagair á déanamh acu, ba cheart do na Ballstáit***, i gcomhar leis na húdaráis réigiúnacha*** agus ***áitiúla, agus*** do thionscnóirí eile tionscadal***,*** aird chuí a thabhairt ar na measúnuithe riosca agus ar na bearta oiriúnaithe***, agus freisin ar na torthaí ar fad ar na measúnuithe costais agus tairbhe a dhéanann siad,*** arb ***é is*** aidhm dóibh an athléimneacht a fheabhsú, mar shampla in aghaidh an athraithe aeráide, na nguaiseacha nádúrtha agus na dtubaistí de dhéantús an duine. Trí dhreasachtaí breise a sholáthar chun foirmeacha iompair inbhuanaithe a fhorbairt, agus de bhua caighdeáin ardleibhéil a bheith á gcur chun feidhme le haghaidh bonneagar iompair ghlais, ***tacófar mar ábhar tosaíochta, ach an gréasán tras-Eorpach*** iompair ***a réadú, le neartú an chomhtháthaithe eacnamaíoch agus shóisialta, agus déanfar an prionsabal*** 'gan dochar suntasach a dhéanamh' ***a chur i bhfeidhm agus é á réadú***. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) I bhfianaise shíorathrú riachtanais bhonneagair an Aontais agus na spriocanna dícharbónaithe, Chonclúidí na Comhairle Eorpaí ó mhí Iúil 2020 ina leagtar amach gur cheart do chaiteachas an Aontais a bheith i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras, agus an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh', de réir bhrí Airteagal 17 den Rialachán Tacsanomaíochta[17], ba cheart measúnú a dhéanamh ar thionscadail leasa choitinn chun a áirithiú go bhfuil an beartas TEN-T comhleanúnach le cuspóirí bheartais iompair, chomhshaoil agus aeráide an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit agus do thionscnóirí eile tionscadal measúnuithe comhshaoil a dhéanamh ar phleananna agus ar thionscadail agus ba cheart measúnú 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a bheith san áireamh iontu ar bhonn na treoraíochta is déanaí a bheidh ar fáil agus an dea-chleachtais. I gcásanna ina ndéanfaí dochar suntasach do chuspóir comhshaoil nó aeráide de thairbhe tionscadal leasa choitinn a chur chun feidhme, ba cheart roghanna malartacha ***réasúnta*** a bhreathnú. | (13) I bhfianaise shíorathrú riachtanais bhonneagair an Aontais agus na spriocanna dícharbónaithe, Chonclúidí na Comhairle Eorpaí ó mhí Iúil 2020 ina leagtar amach gur cheart do chaiteachas an Aontais a bheith i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras, agus an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh', de réir bhrí Airteagal 17 den Rialachán Tacsanomaíochta[17], ba cheart measúnú a dhéanamh ar thionscadail leasa choitinn chun a áirithiú go bhfuil an beartas TEN-T comhleanúnach le cuspóirí bheartais iompair, chomhshaoil agus aeráide an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit***, i gcomhar leis na húdaráis réigiúnacha*** agus ***áitiúla, agus*** do thionscnóirí eile tionscadal measúnuithe comhshaoil a dhéanamh ar phleananna agus ar thionscadail agus ba cheart measúnú 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a bheith san áireamh iontu ar bhonn na treoraíochta is déanaí a bheidh ar fáil agus an dea-chleachtais. I gcásanna ina ndéanfaí dochar suntasach do chuspóir comhshaoil nó aeráide de thairbhe tionscadal leasa choitinn a chur chun feidhme, ba cheart roghanna malartacha ***réasúnacha*** a bhreathnú. |
| [17] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú agus lena leasaítear Rialachán (AE)**.** 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13). | [17] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13). |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart tionscadail bhonneagair faoi Rialachán TEN-T a bheith athléimneach in aghaidh na dtionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ann ón athrú aeráide, trí mheasúnú leochaileachta agus riosca aeráide, lena n-áirítear trí bhearta oiriúnaithe ábhartha. ***Na*** tionscadail ***nach mór*** measúnú ***ar an tionchar ar an gcomhshaol*** a dhéanamh ***i dtaca leo, ba cheart iad a bheith faoi réir díonadh ó thaobh na haeráide de agus ba cheart costais na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus tionchair thairbheacha na mbeart*** maolaithe aeráide a chomhtháthú sa mheasúnú costais ***is*** tairbhe. ***Ba cheart an díonadh ó thaobh na haeráide de a dhéanamh ar bhonn an dea-chleachtais agus na treoraíochta is déanaí a bheidh ar fáil18. Rannchuidíonn*** sé sin le rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide agus measúnuithe leochaileachta agus oiriúnaithe maidir leis an athrú aeráide a chomhtháthú i gcinntí infheistíochta agus pleanála faoi bhuiséad an Aontais. | (14) Ba cheart tionscadail bhonneagair faoi Rialachán TEN-T a bheith athléimneach in aghaidh na dtionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ann ón athrú aeráide, trí mheasúnú leochaileachta agus riosca aeráide, lena n-áirítear trí bhearta oiriúnaithe ábhartha. ***Maidir le*** tionscadail ***ar gá*** measúnú ***tionchair comhshaoil*** a dhéanamh ***ina leith, ní mór na héifeachtaí dearfacha a bhíonn ag bearta*** maolaithe aeráide a chomhtháthú sa mheasúnú costais ***agus*** tairbhe. ***Tá*** sé sin ***ina rannchuidiú*** le rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide agus measúnuithe leochaileachta agus oiriúnaithe maidir leis an athrú aeráide a chomhtháthú i gcinntí infheistíochta agus pleanála faoi bhuiséad an Aontais. |
| ***18 Fógra ón gCoimisiún — Treoir theicniúil maidir le díonadh aeráide an bhonneagair sa tréimhse 2021-2027 (IO C 373, 16.9.2021, lch. 1).*** | |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Ba cheart do na Ballstáit agus do thionscnóirí eile tionscadal measúnuithe comhshaoil a dhéanamh ar phleananna agus ar thionscadail de réir na reachtaíochta ábhartha chun tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaoil, amhail | (15) Ba cheart do na Ballstáit***, i gcomhar leis na húdaráis réigiúnacha*** agus ***áitiúla, agus*** do thionscnóirí eile tionscadal measúnuithe comhshaoil a dhéanamh ar phleananna agus ar thionscadail de réir na reachtaíochta |

| | |
|---|---|
| bloghadh tírdhreacha, séalú ithreach, agus truailliú aeir agus uisce, maille le torann, a sheachaint, nó, i gcás nach féidir iad a sheachaint, iad a mhaolú nó a chúiteamh, agus chun an bhithéagsúlacht a chosaint go héifeachtach. | ábhartha chun tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaoil, amhail bloghadh tírdhreacha, séalú ithreach, agus truailliú aeir agus uisce, maille le torann, a sheachaint, nó, i gcás nach féidir iad a sheachaint, iad a mhaolú nó a chúiteamh, agus chun an bhithéagsúlacht a chosaint go héifeachtach. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart leasanna údarás réigiúnach agus áitiúil, chomh maith le leasanna an phobail lena mbaineann tionscadal leasa choitinn, a chur san áireamh go hiomchuí ***nuair atá na tionscadail sna fonsaí*** tógála agus pleanála. | (16) Ba cheart leasanna údarás réigiúnach agus áitiúil, chomh maith le leasanna an phobail lena mbaineann tionscadal leasa choitinn, a chur san áireamh go hiomchuí ***ag céimeanna pleanála*** tógála agus pleanála ***tionscadal, agus ba cheart fianaise thrédhearcach agus chomhsheasmhach a bheith ann***. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ba cheart sainiú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bheith bunaithe ar mhodheolaíocht chomhchoiteann thrédhearcach agus ba cheart gurbh é an leibhéal is airde den phleanáil bonneagair san Aontas. Ba cheart é a bheith ilmhódach, sin le rá, ba cheart dó na modhanna iompair uile agus a naisc a chuimsiú, chomh maith le córais ábhartha bainistíochta faisnéise tráchta agus iompair. | (17) Ba cheart sainiú an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bheith bunaithe ar mhodheolaíocht chomhchoiteann thrédhearcach agus ba cheart gurbh é an leibhéal is airde den phleanáil bonneagair san Aontas ***é***. Ba cheart é a bheith ilmhódach, ***is é*** sin le rá, ba cheart dó na modhanna iompair uile agus a naisc a chuimsiú, chomh maith le córais ábhartha bainistíochta faisnéise tráchta agus iompair***, agus ba cheart a áireamh ann freisin modhanna nascachta áitiúla a bhaineann le topagrafaíocht an limistéir, amhail iompar cábla-bhealaigh agus*** |

***iompar de loch***.

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) I dteannta sprioc-amanna 2030 agus 2050 a tugadh isteach cheana faoi Rialachán (AE) 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19], ba cheart sprioc-am idirmheánach 2040 maidir le comhlíontacht an Rialacháin seo ó thaobh an ghréasáin de a chur isteach i dtaca leis an gcroíghréasán breisithe ar cuid de na Conairí Iompair Eorpacha é. Ba cheart feidhm a bheith ag an sprioc-am idirmheánach céanna maidir le caighdeáin nua ar an gcroíghréasán a tugadh isteach sa bhreis ar na ceanglais i Rialachán (AE) 1315/2013 ionas go bhféadfar na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh in am trátha. | (19) I dteannta sprioc-amanna 2030 agus 2050 a tugadh isteach cheana faoi Rialachán (AE) 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19], ba cheart sprioc-am idirmheánach 2040 maidir le comhlíontacht an Rialacháin seo ó thaobh an ghréasáin de a chur isteach i dtaca leis an gcroíghréasán breisithe ar cuid de na Conairí Iompair Eorpacha é. Ba cheart feidhm a bheith ag an sprioc-am idirmheánach céanna maidir le caighdeáin nua ar an gcroíghréasán a tugadh isteach sa bhreis ar na ceanglais i Rialachán (AE) 1315/2013 ionas go bhféadfar na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh in am trátha. ***Ba cheart dreasachtaí a shocrú chun a áirithiú go dtabharfar spriocanna 2030, 2040 agus 2050 chun críche.*** |
| [19] Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1). | [19] Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1). |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Ba cheart an gréasán cuimsitheach a bheith feistithe le bonneagar breoslaí | (21) Ba cheart an gréasán cuimsitheach a bheith feistithe ***go leordhóthanach*** le |

***ionadúla a bheidh leormhaith*** chun a áirithiú go dtugann sé tacaíocht éifeachtach don aistriú go soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, i gcomhréir leis na clocha míle a leagtar síos sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste.

bonneagar breoslaí ***malartacha, breoslaí in-athnuaite agus ardbhreoslaí*** chun a áirithiú go dtugann sé tacaíocht éifeachtach don aistriú go soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, i gcomhréir leis na clocha míle a leagtar síos sa straitéis um an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste***, ar bonneagar é ina n-ionchorpraítear na teicneolaíochtaí atá ar fáil de réir na riachtanas áitiúl agus réigiúnach, amhail iompar d'iarnród bunaithe ar hidrigin ar bhealaí gearr-raoin agus meán-raoin, agus sa Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. San am céanna, ba cheart líonraí páirceála sábháilte slána lena gcuirtear seirbhísí cuimsitheacha ar fáil a leathnú agus ba cheart tacaíocht airgeadais a fháil ó chistí an Aontais.***

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Sainaithníodh an croíghréasán ar bhonn modheolaíocht pleanála oibiachtúil. Leis an modheolaíocht sin sainaithníodh na nóid uirbeacha, na calafoirt, na haerfoirt agus na pointí trasnaithe teorann is tábhachtaí. Tá na nóid sin le nascadh le naisc ilmhódacha ***i ngach cás inar féidir***, fad atá siad inmharthana ó thaobh an gheilleagair agus indéanta faoi 2030. Leis an modheolaíocht sin tá idirnascacht na mBallstát uile agus comhtháthú na bpríomhoileán sa chroíghréasán áirithithe. | (23) Sainaithníodh an croíghréasán ar bhonn modheolaíocht pleanála oibiachtúil. Leis an modheolaíocht sin sainaithníodh na nóid uirbeacha, na calafoirt, na haerfoirt agus na pointí trasnaithe teorann is tábhachtaí. Tá na nóid sin le nascadh le naisc ilmhódacha, fad atá siad inmharthana ó thaobh an gheilleagair ***de*** agus indéanta faoi 2030. Leis an modheolaíocht sin tá idirnascacht na mBallstát uile agus comhtháthú na bpríomhoileán sa chroíghréasán áirithithe. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ba cheart an croíghréasán, ***ar*** sprioc-am dó ***2030***, agus an croíghréasán breisithe, ***ar*** sprioc-am dó ***2040***, a bheith ina ***bhfondúireacht ag*** an ngréasán iompair inbhuanaithe ilmhódach, ós é atá i gceist ***iontu*** na nóid agus na naisc is tábhachtaí agus is straitéisí sa ghréasán tras-Eorpach iompair ó thaobh riachtanais tráchta de. Ba cheart dóibh forbairt an ghréasáin chuimsithigh iomláin a spreagadh agus é a chur ar a chumas don ***Aontais*** a chuid gníomhaíochtaí a dhíriú ar na comhpháirteanna den ghréasán tras-Eorpach iompair is airde breisluach Eorpach, go háirithe na stráicí trasteorann, na naisc in easnamh, pointí nasctha ilmhódacha, agus scrogaill mhóra. | (24) Ba cheart an croíghréasán, ***arb é 2030 is*** sprioc-am dó, agus an croíghréasán breisithe, ***arb é 2040 is*** sprioc-am dó, a bheith ina ***bhunús leis*** an ngréasán iompair inbhuanaithe ilmhódach, ós é atá i gceist ***leo*** na nóid agus na naisc is tábhachtaí agus is straitéisí sa ghréasán tras-Eorpach iompair ó thaobh riachtanais tráchta de. Ba cheart dóibh forbairt an ghréasáin chuimsithigh iomláin a spreagadh agus é a chur ar a chumas don ***Aontas*** a chuid gníomhaíochtaí a dhíriú ar na comhpháirteanna den ghréasán tras-Eorpach iompair is airde breisluach Eorpach, go háirithe na stráicí trasteorann, na naisc ***atá*** in easnamh, pointí nasctha ilmhódacha, agus scrogaill mhóra. ***Chuige sin, ba cheart struchtúir bhainistíochta chomhtháite, amhail grúpálacha um chomhar críochach Eorpach, a spreagadh chun dlús a chur le codanna trasteorann TEN-T a thabhairt chun críche.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) Ba cheart lánaird a thabhairt sa ghréasán TEN-T ar éagsúlacht na ndúshlán atá le sárú ag réigiúin an Aontais, ar a n-áirítear srianta geografacha nó srianta fisiceacha móra, mar shampla sna réigiúin is forimeallaí agus i réigiúin eile atá iargúlta, oileánda, imeallach nó sléibhtiúil, nó i limistéir inar tearc an daonra, nó i gcás gréasáin atá scartha nó atá go páirteach. Ba cheart gach réigiún a áireamh sa chroíghréasán ina iomláine, sa chroíghréasán breisithe*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus sa ghréasán cuimsitheach chun comhtháthú críochach an Aontais a áirithiú.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) ***Ba*** cheart ***gan*** díolúintí ó na ceanglais bonneagair is infheidhme maidir leis an gcroíghréasán, an gcroíghréasán breisithe ***agus*** an ngréasán cuimsitheach ***a bheith ar fáil*** ach amháin i gcásanna ina ***dtugtar*** údar cuí agus faoi réir coinníollacha áirithe. Ba cheart a áireamh ar na cásanna sin cásanna nach féidir údar cuí a thabhairt i leith infheistíochta, nó ina bhfuil srianta geografacha sonracha nó srianta fisiceacha móra, mar shampla sna réigiúin is forimeallaí agus i réigiúin eile atá iargúlta, imeallach***,*** nó sléibhtiúil nó ***ar réigiúin oileáin iad nó*** i limistéir ***is*** tearc daonra, nó i gcás gréasáin atá scartha ***go hiomlán*** nó go páirteach. | (26) ***Níor*** cheart ***go bhféadfaí*** díolúintí ***a thabhairt*** ó na ceanglais bonneagair is infheidhme maidir leis an gcroíghréasán, ***leis*** an gcroíghréasán breisithe ***ná leis*** an ngréasán cuimsitheach ach amháin i gcásanna ina ***bhfuil*** údar cuí ***leo*** agus faoi réir coinníollacha áirithe. ***Leis na díolúintí sin, níor cheart, áfach, an bonn a bhaint ó cheart na n-úsáideoirí uile rochtain a fháil ar an ngréasán iompair, go háirithe i limistéir fhorimeallacha agus i limistéir inar tearc an daonra, agus ar an gcaoi sin soláthar bonneagair fhíor-riachtanaigh a áirithiú ag príomhphointí idirthurais.*** Ba cheart a áireamh ar na cásanna sin cásanna nach féidir údar cuí a thabhairt i leith infheistíochta, nó ina bhfuil srianta geografacha sonracha nó srianta fisiceacha móra, mar shampla sna réigiúin is forimeallaí agus i réigiúin eile atá iargúlta, ***oileánda,*** imeallach nó sléibhtiúil***,*** nó i limistéir ***inar*** tearc ***an*** daonra, nó i gcás gréasáin atá scartha nó ***atá scartha*** go páirteach. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Ba cheart an gréasán bonneagar taobh talún, arna ***mbunú*** tríd an gcroíghréasán, an gcroíghréasán breisithe | (27) Ba cheart an gréasán bonneagar taobh talún, arna ***bhunú*** tríd an gcroíghréasán, ***tríd*** an gcroíghréasán |

agus an ngréasán cuimsitheach, a bheith comhtháite leis an ***toise muirí*** den ghréasán tras-Eorpach iompair. Chun na críche sin, ba cheart Spás Muirí Eorpach fíor-inbhuanaithe ***cliste athléimneach*** gan uaim a chruthú. Ba cheart ***dó*** comhpháirteanna ***bonneagair muirí*** uile an ***ghréasáin thras-Eorpaigh*** iompair a ***chuimsiú***.

breisithe agus ***tríd*** an ngréasán cuimsitheach, a bheith comhtháite leis an ***ngné mhuirí*** den ghréasán tras-Eorpach iompair. Chun na críche sin, ba cheart Spás Muirí Eorpach fíor-inbhuanaithe***, fíor-chliste, fíor-athléimneach agus*** gan uaim a chruthú. Ba cheart ***go gcuimseofaí leis*** comhpháirteanna uile an ***bhonneagair mhuirí den ghréasán tras-Eorpach*** iompair***, lena n-áirítear limistéir iomchuí cúlchríche calafoirt agus naisc iarnróid míle deiridh*** a ***fhorbairt***.

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(27a) Le straitéisí macrairéigiúnacha soláthraítear ardán le haghaidh idirghníomhaíocht trasearnála, réigiúnach agus trasteorann níos doimhne agus níos leithne idir Ballstáit an Aontais agus tíortha comharsanachta, lena n-áirítear maidir le hidirnaisc iompair agus cumhdach digiteach.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35a) Ba cheart do na Ballstáit uile tosaíocht a thabhairt do thionscadail leasa choitinn maidir le TEN-T i dtéarmaí tacaíocht airgeadais, nósanna imeachta simplithe maidir le héadáil phoiblí, ceadanna tógála, an t-achar ama d'achomhairc, téarmaí gearra d'íocaíochtaí, nósanna imeachta soiléire um rialú agus um fhaireachán.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ba cheart tionscadail leasa choitinn a lorgaítear cistiú ón Aontas ina leith a bheith faoi réir measúnú costais ***is*** tairbhe socheacnamaíoch bunaithe ar mhodheolaíocht aitheanta, agus na sochair agus na costais ábhartha don tsochaí, don gheilleagar, don aeráid agus don chomhshaol á gcur san áireamh ***chomh maith leis an gcur chuige saolré***. Ba cheart measúnú na gcostas agus na tairbhí a bhaineann leis an aeráid agus an gcomhshaol a bheith bunaithe ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéantar de bhun Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21]. | (36) Ba cheart tionscadail leasa choitinn a lorgaítear cistiú ón Aontas ina leith a bheith faoi réir measúnú costais ***agus*** tairbhe socheacnamaíoch bunaithe ar mhodheolaíocht aitheanta, agus na sochair agus na costais ábhartha don tsochaí, don gheilleagar, don aeráid agus don chomhshaol***, cothromaíocht chríochach agus freisin an cur chuige saolré*** á gcur san áireamh. Ba cheart measúnú na gcostas agus na tairbhí a bhaineann leis an aeráid agus an gcomhshaol a bheith bunaithe ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéantar de bhun Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21]. |
| [21] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***na*** 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe i ndáil leis an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1). | [21] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***an*** 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe i ndáil leis an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1). |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Is gá comhar le tríú tíortha, lena n-áirítear tíortha comharsanacha, chun nascacht agus idir-inoibritheacht a áirithiú idir gréasáin bhonneagair an Aontais agus na ***dtíortha*** sin. I bhfianaise an mhéid sin, agus i gcás inarb iomchuí, ba cheart don Aontas tionscadail leasa choitinn a chur chun cinn leis na tíortha sin, agus é á mheasúnú agus á áirithiú aige go | (38) Is gá comhar le tríú tíortha, lena n-áirítear tíortha comharsanacha, chun nascacht agus idir-inoibritheacht a áirithiú idir gréasáin bhonneagair an Aontais agus na ***tíortha*** sin. I bhfianaise an mhéid sin, agus i gcás inarb iomchuí, ba cheart don Aontas tionscadail leasa choitinn a chur chun cinn leis na tíortha sin, agus é á mheasúnú agus á áirithiú aige go |

gcomhlíontar cuspóirí agus ceanglais an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair chun idir-inoibritheacht ghréasán an Aontais a áirithiú.

gcomhlíontar cuspóirí agus ceanglais an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair chun idir-inoibritheacht ghréasán an Aontais a áirithiú***, agus úsáid an ghréasáin ar mhaithe le himirce neamhdhleathach á seachaint ar an gcaoi sin***.

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(38a) Ba cheart síneadh a chur leis na Conairí Iompair Eorpacha i bPoblacht na Moldóive agus san Úcráin i gcomhthéacs geopholaitiúil cobhsaí agus slán, agus tacaíocht airgeadais leormhaith á háirithiú san am céanna.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Ba cheart ERTMS a imscaradh go leanúnach ní hamháin ar an gcroíghréasán, ar an gcroíghréasán breisithe agus ar an ngréasán cuimsitheach, lena n-áirítear sna nóid uirbeacha, ach ar bhealaí rochtana go dtí críochfoirt ilmhódacha ***freisin***. Dá bhua ***seo*** féadfar oibríochtaí a dhéanamh le ERTMS amháin agus cuideofar le cás gnó na ngnóthas iarnróid. | (42) Ba cheart ERTMS a imscaradh go leanúnach ***agus go sioncronaithe,*** ní hamháin ar an gcroíghréasán, ar an gcroíghréasán breisithe agus ar an ngréasán cuimsitheach, lena n-áirítear sna nóid uirbeacha, ach ***freisin*** ar bhealaí rochtana go dtí críochfoirt ilmhódacha. Dá bhua ***sin*** féadfar oibríochtaí a dhéanamh le ERTMS***, agus le ERTMS*** amháin***,*** agus cuideofar le cás gnó na ngnóthas iarnróid. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) Is féidir leis an loingseoireacht ghearrthurais rannchuidiú substaintiúil a dhéanamh le dícharbónú an iompair trína thuilleadh lasta agus paisinéirí a iompar. Ba cheart an Spás Muirí Eorpach a chur chun cinn trí bhealaí loingseoireachta gearrthurais a chruthú nó a uasghrádú agus trí chalafoirt mhuirí agus a naisc chúlchríocha a fhorbairt ionas go soláthrófar comhtháthú éifeachtúil agus inbhuanaithe le modhanna eile iompair. | (47) Is féidir leis an loingseoireacht ghearrthurais rannchuidiú substaintiúil a dhéanamh le dícharbónú an iompair trína thuilleadh lasta agus paisinéirí a iompar. Ba cheart an Spás Muirí Eorpach a chur chun cinn trí bhealaí loingseoireachta gearrthurais a chruthú nó a uasghrádú agus trí chalafoirt mhuirí agus a naisc chúlchríocha a fhorbairt ionas go soláthrófar comhtháthú éifeachtúil agus inbhuanaithe le modhanna eile iompair***, agus saoráidí, díolúintí agus dreasachtaí á n-áirithiú chun an easpa iompar malartach a fhritháireamh*. ***Sa chomhthéacs sin, ba cheart tús áite a thabhairt do thionscadail amhail conair iompair na Réine-Main-na Danóibe a nascann an Mhuir Dhubh leis an Muir Thuaidh, ar an ábhar gur iomaí tairbhí soch-chultúrtha do na réigiúin sin seachas na réigiúin eacnamaíocha a bheadh ag roinnt le naisc idirmhódúla thalún agus chalafoirt ar fud an chainéil loingseoireachta.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Is de bhóthar a iompraítear trí cheathrú den iompar lasta intíre iomlán san Aontas (ar bhonn na ***dtona-ciliméadair*** a chuirtear i gcrích) agus thart faoi 90 % den iompar paisinéirí intíre iomlán (ar bhonn ***méid*** iomlán na gciliméadar paisinéara). I bhfianaise thábhacht an iompair de bhóthar agus an ghealltanais an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú i gcomhréir leis an gcloch mhíle sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, is gá an bonneagar bóthair a | (48) Is de bhóthar a iompraítear trí cheathrú den iompar lasta intíre iomlán san Aontas (ar bhonn na ***dtona-ciliméadar*** a chuirtear i gcrích) agus thart faoi 90 % den iompar paisinéirí intíre iomlán (ar bhonn ***mhéid*** iomlán na gciliméadar paisinéara). I bhfianaise thábhacht an iompair de bhóthar agus an ghealltanais an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú i gcomhréir leis an gcloch mhíle sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, is gá an bonneagar bóthair a |

fheabhsú ó thaobh na sábháilteachta de.

***chothabháil agus a*** fheabhsú ó thaobh na sábháilteachta de ***do na húsáideoirí uile***.

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 50 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(50a) Agus nóid uirbeacha á gcinneadh, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thacaíocht do limistéir uirbeacha fheidhmiúla mar gheall ar a dtábhacht maidir le comhar a spreagadh idir údaráis áitiúla agus comhpháirtithe thar theorainneacha riaracháin, agus freisin ar neartú na nasc uirbeach-tuaithe a neartú ina theannta sin, agus ba cheart, thairis sin, aird ar leith a thabhairt ar dhlús tráchta chun feabhas a chur ar an nascacht idir nóid uirbeacha agus na limistéir thuaithe/fho-uirbeacha máguaird agus chun cur chuige críochach níos cothroime a áirithiú.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 50 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(50b) Ba cheart do na nóid uirbeacha páirt a thabhairt do chathracha na hEorpa i rialachas TEN-T chun scrogaill tráchta a laghdú ar leibhéal na cathrach; ag tacú le gach iarracht cathracha uirbeacha a dhéanamh inrochtana. Ba cheart do na Ballstáit gníomhaíocht ghasta uaillmhianach a dhéanamh chun cathracha a dhéanamh níos cuimsithí, agus na nóid luachmhara uile á gcur san áireamh, agus, ar an gcaoi sin, dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo chuspóirí 2030 agus 2050 chun an*** |

***croíghréasán agus an gréasán cuimsitheach a thabhairt chun críche.***

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (52) Ba cheart do na Ballstáit clár náisiúnta tacaíochta PSUI a bhunú a mbeidh sé d'aidhm ***aige*** úsáid PSUInna a chur chun cinn agus an comhordú idir réigiúin, cathracha agus bailte a fheabhsú. Ba cheart dó tacú le réigiúin agus le limistéir uirbeacha chun PSUInna ardcháilíochta a fhorbairt agus an faireachán agus an mheastóireacht ar chur chun feidhme PSUInna a threisiú trí bhearta reachtacha, treoraíocht, fothú acmhainní, cúnamh, agus, b'fhéidir, tacaíocht airgeadais. | (52) Ba cheart do na Ballstáit clár náisiúnta tacaíochta PSUI a bhunú a mbeidh sé d'aidhm ***leis*** úsáid PSUInna a chur chun cinn agus an comhordú idir réigiúin, cathracha agus bailte a fheabhsú. Ba cheart dó tacú le réigiúin***, le cathracha*** agus le limistéir ***fheidhmiúla*** uirbeacha chun PSUInna ardcháilíochta a fhorbairt agus an faireachán agus an mheastóireacht ar chur chun feidhme PSUInna a threisiú trí bhearta reachtacha, treoraíocht, fothú acmhainní, cúnamh, agus, b'fhéidir, tacaíocht airgeadais. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 53**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (53) Tá sé d'aidhm ag an Misean maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste, a bunaíodh faoin gclár réime Fís Eorpach, 100 cathair aeráidneodrach a bheith san Aontas faoi 2030. Beidh na cathracha a ghlacann páirt sa Mhisean ina mhoil tástála agus nuálaíochta le leanúint ag cathracha eile faoi 2050. | (53) Tá sé d'aidhm ag an Misean maidir le Cathracha Aeráidneodracha agus Cliste, a bunaíodh faoin gclár réime Fís Eorpach, 100 cathair aeráidneodrach a bheith san Aontas faoi 2030. Beidh na cathracha a ghlacann páirt sa Mhisean ina mhoil tástála agus nuálaíochta le leanúint ag cathracha eile faoi 2050. ***Agus glacadh chomh maith sin leo ar fud an Aontais, ba cheart misean nua maidir le cathracha atá aeráidneodrach agus cliste a sheoladh, faoin gclár céanna, le cathracha nua agus buiséad níos flaithiúla.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 54**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (54) Cuidíonn na seirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha le feabhsú chomhtháthú na modhanna iompair éagsúla trí roinnt tairiscintí iompar a chomhcheangal in aon tairiscint amháin. Ba cheart, ***trína thuilleadh forbartha orthu***, rannchuidiú chun gnáis a bhogadh i dtreo na modhanna is inbhuanaithe, eadhon an ***iompar*** poiblí agus modhanna gníomhacha amhail an siúl agus an rothaíocht***.*** | (54) Cuidíonn na seirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha le feabhsú chomhtháthú na modhanna iompair éagsúla trí roinnt tairiscintí iompar a chomhcheangal in aon tairiscint amháin. Ba cheart ***tuilleadh forbairt orthu a áirithiú***, ***i limistéir iargúlta freisin***, ***agus ba cheart go mbeadh an fhorbairt sin ina*** rannchuidiú***, i gcás inar féidir,*** chun gnáis a bhogadh i dtreo na modhanna is inbhuanaithe, eadhon an ***t-iompar*** poiblí agus modhanna gníomhacha amhail an siúl agus an rothaíocht***;*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 58**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (58) Ba cheart don ghréasán tras-Eorpach iompar an bunús a sholáthar le húsáid mhórscála na dteicneolaíochtaí nua agus na nuálaíochta, amhail ***an*** bonneagar 5G, rud ***a d'fhéadfadh*** cuidiú le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fhoriomlán na hearnála iompair Eorpaí agus ar an acmhainn chun freastal ar shreabha paisinéirí slána trí mheáin éifeachtúla, chun cur le tarraingt na bpaisinéirí ar mhodhanna iompair poiblí nó glasa, agus chun a lorg carbóin a laghdú. Rannchuideoidh an méid sin le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus, an tráth céanna, rannchuideoidh sé leis an gcuspóir slándáil fuinnimh an Aontais a mhéadú. D'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart go gcuirfí feabhas ar infhaighteacht na mbreoslaí ***ionadúla*** ar | (58) Ba cheart don ghréasán tras-Eorpach iompar an bunús a sholáthar le húsáid mhórscála na dteicneolaíochtaí nua agus na nuálaíochta, amhail bonneagar ***digiteach, bonneagar*** 5G ***agus idirlíon na rudaí nithiúla***, rud ***atá in ann*** cuidiú le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fhoriomlán na hearnála iompair Eorpaí agus ar an acmhainn chun freastal ar shreabha paisinéirí slána trí mheáin éifeachtúla, chun cur le tarraingt na bpaisinéirí ar mhodhanna iompair poiblí nó glasa, agus chun a lorg carbóin a laghdú. Rannchuideoidh an méid sin le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus, an tráth céanna, rannchuideoidh sé leis an gcuspóir slándáil fuinnimh an Aontais a mhéadú. D***'***fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart go gcuirfí feabhas ar |

fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. | infhaighteacht na mbreoslaí ***malartacha*** ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair.

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 59**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (59) Ba cheart líon leordhóthanach pointí athluchtaithe gasta le haghaidh feithiclí earraí éadroma agus troma atá inrochtana ag an bpobal a imscaradh ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Ba cheart, leis an aidhm sin, lán-nascacht trasteorann a áirithiú agus a ***chur ar a gcumas do na*** feithiclí leictreacha ***bheith*** i gcúrsaíocht ar fud an Aontais. Tá sé le háirithiú ***ag*** spriocanna ar bhonn achair le haghaidh an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, mar a shainítear i Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ***ionadúla]***, go mbeidh clúdach íosta leordhóthanach ***de phointí*** athluchtaithe leictreacha ar fud ***phríomhghréasáin*** bóithre an Aontais. | (59) Ba cheart líon leordhóthanach pointí athluchtaithe gasta le haghaidh feithiclí earraí éadroma agus troma atá inrochtana ag an bpobal a imscaradh ar fud an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Ba cheart, leis an aidhm sin, lán-nascacht trasteorann a áirithiú agus a ***fhágáil gur féidir*** feithiclí leictreacha ***a chur*** i gcúrsaíocht ar fud an Aontais. Tá sé le háirithiú ***le*** spriocanna ar bhonn achair le haghaidh an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, mar a shainítear i Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ***malartacha]***, go mbeidh clúdach íosta leordhóthanach ***pointí*** athluchtaithe leictreacha ar fud ***ghréasáin*** bóithre an Aontais***, lena n-áirítear limistéir a bhfuil dúshláin gheografacha agus déimeagrafacha le sárú acu agus na réigiúin is forimeallaí***. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 59 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(59a) Ba cheart tacú le líonraí soláthair cumhachta atá láidir agus cliste chun stáisiúin luchtaithe thapa ar chonairí TEN-T a chumasú.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 62**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (62) Ba cheart do na Ballstáit, agus bonneagar á phleanáil acu, ag ***breathnú dóibh ar an*** taithí maidir le ***bainistíocht na ngéarchéimeanna*** le linn phaindéim COVID-19[25] agus chun ***suaite*** tráchta agus teagmhais a sheachaint amach anseo, slándáil agus athléimneacht an bhonneagair iompair in aghaidh an athraithe aeráide, na nguaiseacha nádúrtha, na dtubaistí de dhéantús an duine, agus ***suaite*** eile a chuirfeadh isteach ar fheidhmiú chóras iompair an Aontais a chur san áireamh. Chun na críche sin, ba cheart línte atreoraithe tábhachtacha a bheith sna Conairí Iompair Eorpacha freisin, línte is féidir a úsáid i gcás plódú nó fadhbanna eile ar na príomhbhealaí. Ina theannta sin, mar gheall ar ***nádúr*** ilmhódach na gConairí, is féidir le modh amháin ionad ***modha*** eile ***a dhéanamh*** i gcás éigeandálaí. | (62) Ba cheart do na Ballstáit, agus bonneagar á phleanáil acu, ***agus*** ag ***féachaint don*** taithí maidir le ***bainistiú géarchéime*** le linn phaindéim COVID-19[25] agus chun ***suaitheadh*** tráchta agus teagmhais a sheachaint amach anseo, slándáil agus athléimneacht an bhonneagair iompair in aghaidh an athraithe aeráide, na nguaiseacha nádúrtha, na dtubaistí de dhéantús an duine, agus ***suaitheadh*** eile a chuirfeadh isteach ar fheidhmiú chóras iompair an Aontais a chur san áireamh. ***Ba cheart don Choimisiún sásra gníomhachtaithe 'lána ghlais' buan agus uathoibríoch a bhunú feadh theorainneacha inmheánacha an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, agus é á iarraidh ar na Ballstáit agus ar na réigiúin lena mbaineann pointí idirthurais tosaíochta nach bhfuil faoi réir aon srianta a shainaithint go seasta.*** Chun na críche sin, ba cheart línte atreoraithe tábhachtacha a bheith sna Conairí Iompair Eorpacha freisin, ***ar*** línte ***iad*** is féidir a úsáid i gcás plódú nó fadhbanna eile ar na príomhbhealaí. Ina theannta sin, mar gheall ar ***chineál*** ilmhódach na gConairí, is féidir le modh amháin ***a chur in*** ionad ***modh*** eile i gcás éigeandálaí. |
| [25] ***Communication*** on the implementation of the Green Lanes under the Guidelines for border management measures to protect health and ensure the availability of goods and essential services ***[Teachtaireacht maidir*** le cur chun feidhme na Lánaí Glasa faoi na Treoirlínte maidir le bearta bainistithe teorainneacha chun an tsláinte a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh fáil ar earraí agus seirbhísí riachtanacha]***;*** C(2020)1897 final (***IO C 96*** I, 24.3.2020, | [25] ***Teachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Márta 2020 dar teideal*** on the implementation of the Green Lanes under the Guidelines for border management measures to protect health and ensure the availability of goods and essential services ***[maidir*** le cur chun feidhme na Lánaí Glasa faoi na Treoirlínte maidir le bearta bainistithe teorainneacha chun an tsláinte a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh fáil ar earraí agus seirbhísí riachtanacha] |

| | |
|---|---|
| ***lch***. 1) agus ***Communication of 28 October 2020 from the Commission to the European Parliament, the European Council and the Council on*** *'*upgrading the transport Green Lanes to keep the economy going during the COVID-19 pandemic resurgence*'* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2020 maidir le 'huasghrádú na Lánaí Glasa iompair chun an geilleagar a choinneáil ag imeacht le linn athbheochan phaindéim COVID-19']; COM(2020) 685 final. | ***(***C(2020)1897 final (***OJ C 96*** I, 24.3.2020, ***p***.1)***)*** agus ***Teachtaireacht ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal*** Upgrading the transport Green Lanes to keep the economy going during the COVID-19 pandemic resurgence [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2020 maidir le 'huasghrádú na Lánaí Glasa iompair chun an geilleagar a choinneáil ag imeacht le linn athbheochan phaindéim COVID-19']; COM(2020) 685 final. |

*Réasúnú*

*Is é prionsabal lárnach na lánaí glasa feidhmiú leanúnach na slabhraí soláthair sa mhargadh aonair a áirithiú agus ganntanais do limistéir gheografacha agus do chuideachtaí a sheachaint.*

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 63**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (63) Rannpháirtíocht na ngnóthas, lena n-áirítear gnóthais atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nádúrtha tríú tír nó gnóthais tríú tír, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe i dtríú tír, is féidir leis sin cur le luas chur i gcrích an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Mar sin féin, faoi chúinsí sonracha, gnóthais atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nádúrtha tríú tír nó gnóthais ***tríú*** tír a bheith rannpháirteach i dtionscadail leasa choitinn nó a bheith ag rannchuidiú leo, d'fhéadfadh ***sé*** an tslándáil agus an t-ord poiblí san Aontas a chur i mbaol. Gan dochar don sásra comhair de bhun Rialachán (AE) 2019/452[26] agus sa bhreis ar an sásra sin, is gá breis feasachta ar an rannpháirtíocht nó ar an rannchuidiú sin ionas go bhféadfaidh na húdaráis poiblí idirghabháil má fheictear | (63) Rannpháirtíocht na ngnóthas, lena n-áirítear gnóthais atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nádúrtha tríú tír nó gnóthais tríú tír, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe i dtríú tír, is féidir leis sin cur le luas chur i gcrích an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Mar sin féin, faoi chúinsí sonracha, ***maidir le*** gnóthais atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nádúrtha tríú tír nó ***le*** gnóthais ***ó thríú*** tír a bheith rannpháirteach i dtionscadail leasa choitinn nó a bheith ag rannchuidiú leo, ***nó maidir le rannpháirtíocht phoiblí nó stáit tríú tír iontu,*** d'fhéadfadh an ***méid sin an*** tslándáil agus an t-ord poiblí san Aontas a chur i mbaol. Gan dochar don sásra comhair de bhun Rialachán (AE) 2019/452[26] agus sa bhreis ar an sásra sin, is gá breis feasachta ar an rannpháirtíocht nó |

gur dócha go ndéanfaidh sé difear don tslándáil nó don ord poiblí san Aontas agus mura dtagann an rannpháirtíocht nó an rannchuidiú faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2019/452.

[26] Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha eachtracha isteach san Aontas a scagadh ***(IO L 79I*** , 21.3.2019, lch. 1***)***.

ar an rannchuidiú sin ionas go bhféadfaidh na húdaráis poiblí idirghabháil má fheictear gur dócha go ndéanfaidh sé difear don tslándáil nó don ord poiblí san Aontas agus mura dtagann an rannpháirtíocht nó an rannchuidiú faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2019/452.

[26] Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha eachtracha isteach san Aontas a scagadh***; IO L 79I***, 21.3.2019, lch. 1.

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 66**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (66) Ba cheart do Chonairí Iompair Eorpacha cuidiú le bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a fhorbairt sa tslí ***is*** go dtabharfar aghaidh ar scrogaill, go gcuirfear le naisc trasteorann agus go ***bhfeabhsófar*** an éifeachtúlacht agus an inbhuanaitheacht. Ba cheart dóibh ***cuidiú*** leis an gcomhtháthú trí chomhar críochach ***níos fearr***. Ba cheart aghaidh a thabhairt leo, freisin, ar chuspóirí beartais iompair níos leithne agus an idir-inoibritheacht, an comhtháthú módach agus oibríochtaí ilmhódacha a éascú. Ba cheart an cur chuige conaire a bheith trédhearcach agus soiléir agus níor cheart costais riaracháin ***breise nó*** ualaí riaracháin breise a bheith ann de thairbhe bhainistíocht na gconairí sin. | (66) Ba cheart do Chonairí Iompair Eorpacha cuidiú le bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a fhorbairt sa tslí go dtabharfar aghaidh ar scrogaill, go gcuirfear le naisc trasteorann agus go ***n-áiritheofar*** an éifeachtúlacht agus an inbhuanaitheacht. Ba cheart dóibh ***rannchuidiú*** leis an gcomhtháthú trí ***fheabhas a chur ar*** chomhar críochach ***trí chur chuige ón mbun aníos lena gcuirtear riachtanais na bpobal áitiúil agus na n-údarás áitiúil agus réigiúnach san áireamh***. Ba cheart aghaidh a thabhairt leo, freisin, ar chuspóirí beartais iompair níos leithne agus an idir-inoibritheacht, an comhtháthú módach agus oibríochtaí ilmhódacha a éascú***, agus an cur chuige geoghrafach á urramú san am céanna***. Ba cheart an cur chuige conaire a bheith trédhearcach agus soiléir agus níor cheart costais riaracháin ***bhreise ná*** ualaí riaracháin breise a bheith ann de thairbhe bhainistíocht na gconairí sin. ***Mar sin féin, tá sé tábhachtach béim a leagan ar a*** |

***thábhachtaí atá sé acmhainní breise airgeadais a dhaingniú ón gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, toisc nach leor iad siúd a leithdháiltear faoin Sásra um Chónascadh na hEorpa chun an croíghréasán agus an gréasán cuimsitheach a thabhairt chun críche. Tá gá leis sin freisin i bhfianaise an ualaigh airgeadais atá ann cheana féin ar údaráis stáit, áitiúla agus réigiúnacha chun an gréasán a chothabháil agus a fhorbairt.***

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 67 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(67a) Chun críche an chur chuige chomhordaithe sin agus in éagmais roghanna lóistíochta agus módúla inmharthana, ba cheart don Choimisiún na Ballstáit a dhíspreagadh bacainní trasteorann aontaobhacha de chineál ar bith a chruthú feadh an líonra, go háirithe ag moil lárnacha, ionas nach gcuirfear bac ar idirthurais teorann.*** |

*Réasúnú*

*I bhfianaise ról straitéiseach an iompair lastais agus an iompair paisinéirí agus na lóistíochta mar spreagadh nach bhfuil a chomhshamhail le fáil chun tacú le soláthairtí intíre agus le saorghluaiseacht earraí ar fud an Aontais, tá sé ríthábhachtach srianta aontaobhacha tráchta a dhíspreagadh agus sásraí rialachais TEN-T a neartú chun sláine an mhargaidh inmheánaigh a chosaint, chun bacainní ar idirthuras teorann ag na moil lárnacha a sheachaint agus chun gníomhachtú agus bainistiú comhordaithe na mbealaí malartacha iarnróid nó bóthair a áirithiú.*

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 73**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (73) Chun cuspóirí an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bhaint amach, go háirithe maidir le dícharbónú agus digitiú an chórais iompair san Aontas, ***is*** gá creat rialála láidir. Ba cheart do na Ballstáit athchóirithe uaillmhianacha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an iompair inbhuanaithe mar a sainaithníodh iad sa Seimeastar Eorpach. Tacaíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le hathchóirithe agus infheistíochta araon chun go mbeidh an t-iompar níos inbhuanaithe, chun astaíochtaí a laghdú, agus chun an tsábháilteacht agus an éifeachtúlacht a fheabhsú. Tá bearta ábhartha chun na críche sin i bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta faofa. | (73) Chun cuspóirí an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a bhaint amach, go háirithe maidir le dícharbónú agus digitiú an chórais iompair san Aontas, ***tá*** gá ***le*** creat rialála láidir. Ba cheart do na Ballstáit athchóirithe uaillmhianacha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an iompair inbhuanaithe mar a sainaithníodh iad sa Seimeastar Eorpach. Tacaíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le hathchóirithe agus infheistíochta araon chun go mbeidh an t-iompar níos inbhuanaithe, chun astaíochtaí a laghdú, agus chun an tsábháilteacht agus an éifeachtúlacht a fheabhsú. Tá ***gá le hionstraimí tacaíochta airgeadais agus neamhairgeadais, amhail buiséad tiomnaithe faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa chun tacú leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha na ceanglais nua is infheidhme maidir le nóid uirbeacha a chomhlíonadh. Tá*** bearta ábhartha chun na críche sin i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta faofa. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) ciallaíonn 'nód uirbeach' limistéar uirbeach ina bhfuil eilimintí bhonneagar iompair an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, amhail calafoirt lena n-áirítear críochfoirt, aerfoirt, stáisiúin iarnróid, críochfoirt busanna, ardáin agus saoráidí lóistíochta agus críochfoirt lasta atá suite sa limistéar uirbeach agus máguaird, nasctha le ***heiliminti*** eile den bhonneagar sin agus leis an mbonneagar don trácht réigiúnach agus áitiúil; | (f) ciallaíonn 'nód uirbeach' limistéar uirbeach ina bhfuil eilimintí bhonneagar iompair an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, amhail calafoirt lena n-áirítear críochfoirt, aerfoirt, stáisiúin iarnróid, críochfoirt busanna, ardáin agus saoráidí lóistíochta agus críochfoirt lasta atá suite sa limistéar uirbeach agus máguaird, ***lena n-áirítear a limistéir uirbeacha fheidhmiúla,*** nasctha le ***gnéithe*** eile den bhonneagar sin agus leis an mbonneagar don trácht réigiúnach agus áitiúil; |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) ciallaíonn 'gréasán iargúlta' gréasán iarnróid Ballstáit, nó cuid de, a bhfuil a leithead rianta bunoscionn ***le*** leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach (1435 mm), nach ***bhféadfaí*** infheistíocht mhór áirithe i mbonneagar a chosaint ina leith i ***dtéarmaí costais-sochair eacnamaíoch de bhua sonraíochtaí an ghréasáin sin arbh ann dóibh de bharr é a bheith scoite go geografach nó lonnaithe in áit fhorimeallach***; | (g) ciallaíonn 'gréasán iargúlta' gréasán iarnróid Ballstáit, nó cuid de, a bhfuil a leithead rianta bunoscionn ***leis an*** leithead rianta ainmniúil caighdeánach Eorpach (1435 mm), nach ***féidir*** infheistíocht mhór áirithe i mbonneagar a chosaint ina leith ***mura rud é go bhfuil siad dírithe ar chóineasú a dhéanamh*** i ***dtreo an chaighdeáin Eorpaigh***; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leis an ngréasán tras-Eorpach iompair, neartófar comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach an Aontais agus cuirfear le cruthú limistéir Eorpaigh iompair aonair a bheidh inbhuanaithe, éifeachtúil agus athléimneach, agus a mhéadóidh na sochair dá úsáideoirí agus a thacóidh le fás uileghabhálach. Léireoidh sé breisluach Eorpach trí chur leis na cuspóirí a leagtar síos sna ceithre chatagóir seo a leanas: | 2. Leis an ngréasán tras-Eorpach iompair, neartófar comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach an Aontais agus cuirfear le cruthú limistéir Eorpaigh iompair aonair a bheidh inbhuanaithe, éifeachtúil agus athléimneach, agus a mhéadóidh na sochair dá úsáideoirí agus a thacóidh le fás uileghabhálach***, agus lena lamhálfar do nascacht mhéadaithe ar an leibhéal trasteorann agus ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach***. Léireoidh sé breisluach Eorpach trí chur leis na cuspóirí a leagtar síos sna ceithre chatagóir seo a leanas: |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe a – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) úsáid níos fearr modhanna iompair níos inbhuanaithe a chumasú, lena n-áirítear trí ghréasán paisinéirí iarnróid fad-achair a fhorbairt ***a thuilleadh*** ar ardluas agus gréasán lasta iarnróid idir-inoibritheach go hiomlán, gréasán iontaofa loingseoireachta intíre agus gearrthurais muiriompair ar fud an Aontais; | (ii) úsáid níos fearr modhanna iompair níos inbhuanaithe a chumasú, lena n-áirítear trí ghréasán paisinéirí iarnróid fad-achair a fhorbairt ***tuilleadh*** ar ardluas agus gréasán lasta iarnróid idir-inoibritheach go hiomlán, gréasán iontaofa loingseoireachta intíre***, locha*** agus gearrthurais muiriompair ar fud an Aontais; |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| i) inrochtaineacht agus nascacht gach réigiúin den Aontas, lena n-áirítear réigiúin atá forimeallach agus réigiúin eile atá iargúlta, ***oileánach, cúlánta*** agus sléibhtiúil, chomh maith le limistéir inar tearc an daonra; | i) Inrochtaineacht ***fheabhsaithe*** agus nascacht gach réigiúin den Aontas, lena n-áirítear réigiúin atá forimeallach agus réigiúin eile atá iargúlta, ***oileánda, forimeallach*** agus sléibhtiúil, chomh maith le limistéir inar tearc an daonra; |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe b – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) na bearnaí atá i gcáilíocht bhonneagair idir na Ballstáit a laghdú; | (ii) na bearnaí atá i gcáilíocht bhonneagair idir na Ballstáit a laghdú***, go háirithe idir limistéir uirbeacha, limistéir thionsclaíocha, na réigiúin is forimeallaí, réigiúin teorann an Aontais, agus réigiúin eile atá iargúlta, réigiúin tuaithe, réigiúin shléibhtiúla agus réigiúin oileánda, chomh maith le limistéir inar tearc an daonra***; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe b – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) comhordú éifeachtúil agus idirnasc idir bonneagar iompair le haghaidh tráchta fadraoin ar thaobh amháin, agus le haghaidh tráchta réigiúnaigh agus áitiúil agus seirbhís iompair i nóid uirbeacha ar an taobh eile, i gcás ***tráchta*** paisinéirí agus lasta araon; | (iii) comhordú éifeachtúil agus idirnasc idir bonneagar iompair le haghaidh tráchta fadraoin ar thaobh amháin, agus le haghaidh tráchta réigiúnaigh agus áitiúil agus seirbhís iompair i nóid uirbeacha***, limistéir intíre, limistéir chósta agus limistéir shléibhtiúla*** ar an taobh eile, i gcás ***trácht*** paisinéirí agus lasta araon; |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe b – pointe iv a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iva) nascacht fheabhsaithe idir na Ballstáit agus le tríú tíortha comharsanachta, go háirithe le tíortha idirthurais, trí na codanna trasteorann is gá le haghaidh fheidhmiúlacht iomlán chonairí fadraoin an chroíghréasáin a fheabhsú agus a thabhairt chun críche;*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe c – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) idir-inoibritheacht na ngréasán iompair náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil; | (iii) idir-inoibritheacht ***agus ilmhódúlacht*** na ngréasán iompair náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil; |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) chaighdeáin atá slán, sábháilte agus ar ardcháilíocht a áirithiú d′iompar paisinéirí agus lasta araon, lena n-áirítear cáilíocht seirbhísí do na húsáideoirí; | (ii) chaighdeáin atá slán, sábháilte agus ar ardcháilíocht a áirithiú d’iompar paisinéirí agus lasta araon, lena n-áirítear cáilíocht seirbhísí do na húsáideoirí***, mar aon le cáilíocht agus cothabháil an ghréasáin, go háirithe ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil***; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d – pointe vi a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(via) bonneagar leormhaithe a áirithiú le haghaidh rochtain ar chodanna trasteorann;*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe d – pointe vi b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(vib) nascacht iompair lasta níos fearr a áirithiú idir suíomhanna táirgthe iargúlta agus limistéir inar dlúth an daonra chun lóistíocht éifeachtúil agus laghdú ar amanna iompair agus dáileacháin a spreagadh;*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) comhtháthú agus idirnascadh bonneagair a bharrfheabhsú; | (b) comhtháthú agus idirnascadh bonneagair a bharrfheabhsú***, ar leibhéal an Aontais agus le tríú tíortha, agus le haghaidh naisc trasteorann agus idirthurais***; |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) saoráidí páirceála sábháilte agus daingnithe agus seirbhísí cuimsitheacha do thiománaithe agus do thaistealaithe a imscaradh;*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is é a bheidh sa ghréasán cuimsitheach na bonneagair iompair ar fad atá ann cheana agus atá beartaithe atá mar chuid den ghréasán tras-Eorpach iompair mar aon leis na bearta a chuireann chun cinn úsáid bhonneagair den sórt sin a bheidh éifeachtúil agus inbhuanaithe ***ó thaobh an chomhshaoil*** agus ***na sochaí***. | 2. Is é a bheidh sa ghréasán cuimsitheach na bonneagair iompair ar fad atá ann cheana agus atá beartaithe atá mar chuid den ghréasán tras-Eorpach iompair mar aon leis na bearta a chuireann chun cinn úsáid bhonneagair den sórt sin a bheidh éifeachtúil agus inbhuanaithe ***i dtéarmaí comhtháthú eacnamaíoch, sochaíoch, críochach*** agus ***comhshaoil***. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Is é a bheidh sa chroíghréasán | 3. Is é a bheidh sa chroíghréasán |

| | |
|---|---|
| breisithe na codanna sin den ghréasán tras-Eorpach iompair a fhorbrófar mar ábhar tosaíochta chun na cuspóirí a bhaint amach d'fhonn an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt. | breisithe na codanna sin den ghréasán tras-Eorpach iompair a fhorbrófar mar ábhar tosaíochta chun na cuspóirí a bhaint amach d'fhonn an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt. ***Déanfaidh na Ballstáit na croíghréasáin agus na líonraí breisithe a idirnascadh leis na líonraí soghluaisteachta náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuimsíonn tionscadal leasa choitinn a thimthriall iomlán, lena n-áirítear staidéir indéantachta agus nósanna imeachta ceada, tógáil, oibriú agus meastóireacht. | 3. Cuimsíonn tionscadal leasa choitinn a thimthriall iomlán, lena n-áirítear staidéir indéantachta agus nósanna imeachta ceada, tógáil, oibriú***, cothabháil, faireachas*** agus meastóireacht. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar na Ballstáit, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, eintiteas amháin a bhunú chun tionscadail bhonneagair trasteorann leasa choitinn a thógáil agus a ***bhainistiú***. Beidh stádas breathnóra ag an gComhordaitheoir Eorpach ábhartha ar an mbord bainistíochta nó maoirseachta nó ar an dá eintiteas aonair sin. | 5. Féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar na Ballstáit, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, eintiteas amháin a bhunú chun tionscadail bhonneagair trasteorann leasa choitinn a thógáil***, a bhainistiú*** agus a ***chothabháil***. Beidh stádas breathnóra ag an gComhordaitheoir Eorpach ábhartha ar an mbord bainistíochta nó maoirseachta nó ar an dá eintiteas aonair sin. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) bonneagar rochtana ar na codanna trasteorann go léir a thabhairt chun críche, lena n-áirítear oibreacha coimhdeacha agus tacaíocht don nascacht le tríú tíortha;*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) iompar ar uiscebhealaí intíre a éascú le tríú tíortha**.** | (f) iompar ar uiscebhealaí intíre a éascú le tríú tíortha ***agus go háirithe, iompar loch-chórais i limistéir teorann i gcás inarb infheidhme;*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) a áirithiú go gcuirfear prionsabal an leanúnachais chríochaigh i bhfeidhm go héifeachtach ar na réigiúin oileánda agus go ndúnfar an bhearna nascachta trí infhaighteacht mhéadaithe seirbhísí agus nasc agus trí bhearta iomchuí ar mhaithe le cónaitheoirí agus turasóirí araon;*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) comhtháthú barrmhaith na modhanna iompair agus idir-inoibritheacht | (c) comhtháthú barrmhaith na modhanna iompair agus idir-inoibritheacht |

| | |
|---|---|
| idir modhanna iompair a áirithiú; | idir modhanna iompair a áirithiú***, go háirithe idir limistéir uirbeacha agus limistéir ina bhfuil daonra dlúth, limistéir leasa eacnamaíoch agus limistéir fhorimeallacha, chósta, oileánda agus shléibhtiúla***; |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) bearnaí a líonadh sna naisc atá in easnamh ***agus*** deireadh a chur le scrogaill, go háirithe i stráicí trasteorann; | (d) bearnaí a líonadh sna naisc atá in easnamh***,*** deireadh a chur le scrogaill ***agus na bonneagair rochtana a chur i gcrích***, go háirithe i stráicí trasteorann; |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) bonneagar atá ann cheana a choinneáil oibríochtúil agus a cháilíocht a fheabhsú nó a chothabháil ó thaobh shábháilteacht, shlándáil***,*** éifeachtúlacht an chórais iompair agus oibríochtaí iompair, athléimneacht aeráide agus tubaistí, feidhmíocht chomhshaoil***,*** agus leanúnachas sreabha tráchta; | (g) bonneagar atá ann cheana a choinneáil oibríochtúil agus a cháilíocht a fheabhsú nó a chothabháil ó thaobh shábháilteacht, shlándáil ***agus*** éifeachtúlacht an chórais iompair agus oibríochtaí iompair, ***páirceáil shábháilte agus dhaingnithe,*** athléimneacht aeráide agus tubaistí, feidhmíocht chomhshaoil agus leanúnachas sreabha tráchta; |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) rannchuidiú le laghdú astaíochtaí nialasacha iompair agus le slándáil | (a) rannchuidiú le laghdú astaíochtaí nialasacha iompair agus le slándáil |

| | |
|---|---|
| mhéadaithe fuinnimh trí úsáid feithiclí agus soithí astaíochtaí nialasacha agus úsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a chur chun cinn, trí bhonneagar breoslaí ***ionadúla*** comhfhreagracha a imscaradh; | mhéadaithe fuinnimh trí úsáid feithiclí agus soithí astaíochtaí nialasacha agus úsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a chur chun cinn, trí bhonneagar breoslaí ***malartacha, breoslaí in-athnuaite agus ardbhreoslaí*** comhfhreagracha a imscaradh; |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) tairbhí a áirithiú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, trí nascacht éifeachtach le táirgeacht agus forbairt a sholáthar dóibh, chomh maith le cruthú post, go háirithe i réigiúin a bhfuil deacrachtaí níos mó acu rochtain a fháil ar nascacht agus atá faoi mhíbhuntáiste ar leith, dá bhrí sin, ó thaobh rochtain ar an margadh inmheánach agus ó thaobh iomaíochais de;*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) éifeachtaí diúltacha iompar idirthurais iarnróid agus iompar idirthurais de bhóthar ar limistéir uirbeacha a mhaolú; | (b) éifeachtaí diúltacha iompar idirthurais iarnróid agus iompar idirthurais de bhóthar ar ***chathracha agus*** limistéir ***fheidhmiúla*** uirbeacha a mhaolú; |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a fheabhsú, lena gcuirtear chun cinn, go háirithe, nascacht leis na réigiúin inar tearc an daonra, na réigiúin iargúlta, na réigiúin tuaithe, na réigiúin oileánda, na réigiúin shléibhtiúla agus na réigiúin is forimeallaí;*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) gréasán bóithre sábháilte agus slán a fhorbairt, ina mbeidh bonneagair breoslaí ***ionadúla*** leordhóthanacha; | (d) gréasán bóithre sábháilte agus slán a fhorbairt, ina mbeidh ***páirceáil shábháilte agus dhaingnithe agus*** bonneagair breoslaí ***malartacha*** leordhóthanacha; |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) bonneagair TFC, go háirithe ríomhthicéadú, agus soghluaisteacht a chomhtháthú mar sheirbhís ar na modhanna iompair uile lena n-úsáidtear an croíghréasán, an gréasán breisithe agus an gréasán cuimsitheach, agus a naisc le gréasáin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla;*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) go ***soláthrófar*** leithead rianta ainmniúil ***le haghaidh*** línte iarnróid nua ***ar fad 1435 mm ach amháin i gcásanna inar leathnú ar ghréasán atá sa líne nua ag a bhfuil a leithead rianta éagsúil ó leithead rianta na bpríomhlínte iarnróid san Aontas Eorpach agus ar líne í atá scoite ó na príomhlínte iarnróid sin***; | (b) go ***ndéanfar foráil do*** leithead rianta ainmniúil ***1 435 mm do*** línte iarnróid nua; |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh an Coimisiún díolúintí eile a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i leith na gceanglas dá dtagraítear i mír 2. Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar anailís costais ***is*** tairbhe shocheacnamaíoch agus ar mheasúnú ar an tionchar ar idir-inoibritheacht. Comhlíonfaidh díolúine ceanglais Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58], déanfar í a chomhordú agus a chomhaontú leis an mBallstát comharsanachta nó leis na Ballstáit chomharsanachta i gcás inarb infheidhme. | (b) arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh an Coimisiún díolúintí eile a dheonú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i leith na gceanglas dá dtagraítear i mír 2. Beidh aon iarraidh ar dhíolúine bunaithe ar anailís costais ***agus*** tairbhe shocheacnamaíoch agus ar mheasúnú ar an tionchar ar idir-inoibritheacht ***agus ar úsáid na dteicneolaíochtaí nuálacha amhail an hidrigin***. Comhlíonfaidh díolúine ceanglais Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58], déanfar í a chomhordú agus a chomhaontú leis an mBallstát comharsanachta nó leis na Ballstáit chomharsanachta i gcás inarb infheidhme. |
| ____________________ | ____________________ |
| [58] Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44). | [58] Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44). |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3 – pointe a – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus na leibhéil uisce thagartha á sonrú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh na ceanglais a leagtar amach i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta agus i gcomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích idir na Ballstáit. | Agus na leibhéil uisce thagartha á sonrú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh na ceanglais a leagtar amach i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta agus i gcomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích idir na Ballstáit ***agus na geallsealbhóirí ábhartha lena mbaineann***. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) iompar inbhuanaithe, sábháilte agus slán ar uiscebhealaí intíre a chur chun cinn, lena n-áirítear laistigh de nóid uirbeacha; | (c) iompar ***ilmhódach atá*** inbhuanaithe, sábháilte agus slán ar uiscebhealaí intíre a chur chun cinn, lena n-áirítear laistigh de nóid uirbeacha; |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) bearta a chur chun cinn agus a fhorbairt chun feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil bhonneagar iompair agus iompair na n-uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear soithí a ***bhfuil astaíochtaí nialasacha*** agus ***astaíochtaí ísle ag baint leo*** agus bearta chun an tionchar ar dhobharlaigh agus ar an mbithéagsúlacht atá ag brath ar uisce a mhaolú, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha. | (e) bearta a chur chun cinn agus a fhorbairt chun feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil bhonneagar iompair agus iompair na n-uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear soithí a ***úsáideann breoslaí malartacha, breoslaí in-athnuaite*** agus ***ardbhreoslaí,*** agus bearta chun an tionchar ar dhobharlaigh agus ar an mbithéagsúlacht atá ag brath ar uisce a mhaolú, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) bonneagar bunúsach calafoirt a thógáil nó a uasghrádú, amhail imchuach inmheánacha, ballaí cé, bearta feistithe, lamairní, duganna, cladáin, cúl-líonta agus míntíriú talún; | (b) bonneagar bunúsach calafoirt a thógáil***, a chothabháil*** nó a uasghrádú, amhail imchuach inmheánacha, ballaí cé, bearta feistithe, lamairní, duganna, cladáin, cúl-líonta agus míntíriú talún; |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) an acmhainn oibriúcháin a leathnú laistigh de limistéar an chalafoirt agus lasmuigh de, agus nasc láidir ann le cosaint an chomhshaoil agus le coinníollacha dlíthiúla le haghaidh tógálacha nua;*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) go ndéantar na bóithre a dhearadh, a thógáil nó a uasghrádú agus ***go ndéantar iad a chothabháil leis an leibhéal is airde cosanta comhshaoil***, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, trí dhromchlaí bóithre ísealtorainn agus uisce reatha a bhailiú, a chóireáil agus a scaoileadh; | (c) go ndéantar na bóithre a dhearadh, a thógáil nó a uasghrádú ***leis na hábhair is tíosaí ar acmhainní, is neamhdíobhálaí don chomhshaol*** agus ***is aeráid-díonaí***, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, trí dhromchlaí bóithre ísealtorainn agus uisce reatha a bhailiú, a chóireáil agus a scaoileadh; |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) teicneolaíochtaí nuálacha a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar chomhlíonadh chreat dlíthiúil an Aontais maidir le hiompar de bhóthar, lena n-áirítear uirlisí forfheidhmiúcháin cliste agus uathoibrithe ***agus*** bonneagar cumarsáide 5G; | (c) teicneolaíochtaí nuálacha a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar chomhlíonadh chreat dlíthiúil an Aontais maidir le hiompar de bhóthar, lena n-áirítear uirlisí forfheidhmiúcháin cliste agus uathoibrithe***,*** bonneagar cumarsáide 5G ***agus idirlíon na rudaí nithiúla***; |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) feabhas a chur ar an nasc idir limistéir uirbeacha agus limistéir ina bhfuil daonra dlúth agus limistéir intíre agus limistéir inar tearc an daonra, agus sábháilteacht agus cothabháil chuí na nasc á n-áirithiú san am céanna;*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le seoladóirí agus le hoibreoirí iompair agus lóistíochta a oibríonn ar a gcríoch. Cuirfidh siad torthaí an chomhairliúcháin sin san áireamh ina n-anailís. | Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le ***heintitis áitiúla agus réigiúnacha atá freagrach as nóid uirbeacha,*** seoladóirí agus le hoibreoirí iompair agus lóistíochta a oibríonn ar a gcríoch. Cuirfidh siad torthaí an chomhairliúcháin sin san áireamh ina n-anailís. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) go bhfeisteofar iad le stáisiún athluchtaithe amháin ar a laghad mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (43) de Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagar breoslaí malartacha] tiomnaithe chun freastal ar fheithiclí tromshaothair, faoin 31 Nollaig 2030; | (b) go bhfeisteofar iad le stáisiún ***athbhreoslaithe agus*** athluchtaithe amháin ar a laghad mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (43) de Rialachán (AE) [...] [maidir le himscaradh bonneagar breoslaí malartacha]***, a bheidh*** tiomnaithe chun freastal ar fheithiclí tromshaothair, faoin 31 Nollaig 2030; |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) idirnaisc idir modhanna éagsúla iompair a éascú; | (a) idirnaisc idir modhanna éagsúla iompair a éascú ***agus naisc idir ardáin ilmhódacha, moil aerfoirt agus calafoirt, limistéir chúlphoirt, agus naisc ghaolmhara an chead mhíle agus an mhíle deiridh idir na pointí rochtana agus idirthurais sin agus tríothu a thabhairt chun críche***; |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Liostaítear nóid uirbeacha an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair Iarscríbhinn II. | 2. Liostaítear nóid uirbeacha an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair Iarscríbhinn II. ***Féadfar an liosta sin a chur i gcrích i ndiaidh measúnú cuí comhshaoil, airgeadais agus riosca, agus tar éis don Bhallstát agus dá gheallsealbhóirí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ábhartha formheas a thabhairt.*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) go nglacfar plean soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (SUMP) i gcomhréir le hIarscríbhinn V lena n-áirítear, go sonrach, bearta chun na modhanna éagsúla iompair a chomhtháthú, chun an tsoghluaisteacht éifeachtúil astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn lena n-áirítear lóistíocht uirbeach inbhuanaithe, chun aerthruailliú agus truailliú torainn a laghdú, agus ar plean é ***a chuireann*** sreabha iompair fad-achair tras-Eorpacha san áireamh; | (i) go nglacfar ***agus go bhfoilseofar*** plean soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (SUMP) i gcomhréir le hIarscríbhinn V***,*** lena n-áirítear, go sonrach, bearta chun na modhanna éagsúla iompair a chomhtháthú, chun an tsoghluaisteacht éifeachtúil astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn***,*** lena n-áirítear lóistíocht uirbeach inbhuanaithe, chun aerthruailliú agus truailliú torainn a laghdú, agus ar plean é ***lena gcuirtear*** sreabha iompair fad-achair tras-Eorpacha san áireamh***, chun measúnú a dhéanamh, i dtéarmaí costas agus tairbhí, ar a inrochtana agus a inacmhainne d'úsáideoirí iad modhanna éagsúla iompair***; |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe c – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) i gcás iompair phaisinéirí: idirnascadh inbhuanaithe ***slán*** gan uaim idir iarnród, bóthar, aer, na modhanna gníomhacha iompair agus, de réir mar is iomchuí, bonneagar uiscebhealaí intíre agus muirí; | (i) i gcás iompair phaisinéirí: idirnascadh inbhuanaithe ***sábháilte*** gan uaim idir iarnród, bóthar, aer, na modhanna gníomhacha iompair***, iompar poiblí*** agus, de réir mar is iomchuí, bonneagar uiscebhealaí intíre agus muirí; |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe c – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) i gcás ***iompair*** lasta: idirnascadh inbhuanaithe ***slán*** gan uaim idir iarnróid, | (iii) i gcás ***iompar*** lasta: idirnascadh inbhuanaithe ***sábháilte*** gan uaim idir |

| | |
|---|---|
| bóithre agus, de réir mar is iomchuí, bonneagar uiscebhealaí intíre, aeir agus muirí chomh maith le naisc iomchuí le hardáin agus saoráidí lóistíochta; | iarnróid, bóithre agus, de réir mar is iomchuí, bonneagar uiscebhealaí intíre, aeir agus muirí***,*** chomh maith le naisc iomchuí le hardáin agus saoráidí lóistíochta***, mar aon le limistéir sábháilte agus dhaingnithe pháirceála***; |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) faoin 31 Nollaig 2040: críochfort lasta ilmhódach amháin ar a laghad a fhorbairt ionas go mbeidh acmhainneacht leordhóthanach ***trasloingithe*** ann laistigh den nód uirbeach nó gar dó. | (d) faoin 31 Nollaig 2040: críochfort lasta ilmhódach amháin ar a laghad a fhorbairt ionas go mbeidh acmhainneacht leordhóthanach ***trasloingsithe*** ann laistigh den nód uirbeach nó gar dó***, nó níos mó nód má tá an acmhainneacht leordhóthanach***. |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) tacaíocht d’aistriú módach i gcathracha trí shoghluaisteacht ghníomhach agus iompar poiblí a chur i gcroílár an chéad chreata eile de chuid an Aontais don tsoghluaisteacht uirbeach;*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) iompar agus soghluaisteacht éifeachtúil ísealtorainn astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn, lena n-áirítear | (c) iompar agus soghluaisteacht éifeachtúil ísealtorainn astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn, lena n-áirítear |

| | |
|---|---|
| glasú na ***bfhlítí*** uirbeacha; | glasú na ***bfhlíteanna*** uirbeacha ***poiblí agus príobháideacha***; |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) inrochtaineacht agus nascacht a mhéadú idir limistéir uirbeacha, pheirea-uirbeacha agus thuaithe, agus rochtain gan bhac ar iompar cliste, inbhuanaithe agus inacmhainne;*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 1 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) comhtháthú a chruthú idir trácht fadraoin, réigiúnach agus áitiúil trí nóid a nascadh, trí theicneolaíochtaí nuálacha nua a spreagadh agus freisin trí astaíochtaí (truaillithe agus GCT) a laghdú agus costais sheachtracha a íoslaghdú;*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tacú le dícharbónú an iompair, agus é a chur chun cinn, trí aistriú chuig feithiclí, soithigh agus aerárthaí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle agus teicneolaíochtaí iompair eile atá nuálach agus inbhuanaithe amhail ***hyperloop***; | (a) tacú le dícharbónú an iompair, agus é a chur chun cinn, trí aistriú chuig feithiclí, soithigh agus aerárthaí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle agus teicneolaíochtaí iompair eile atá nuálach agus inbhuanaithe***,*** amhail***: traenacha uathoibrithe, feithiclí uathrialaitheacha,*** |

| | |
|---|---|
| | ***ladrainn, traenacha maglev agus hipearlúb***; |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) rochtain mhéadaithe ar sheirbhísí digiteacha agus iompair a chumasú, go háirithe laistigh de limistéir ina bhfuil na deacrachtaí rochtana is mó amhail réigiúin inar tearc an daonra, limistéir iargúlta, thuaithe, oileánda, shléibhtiúla agus fhorimeallacha, agus ar an gcaoi sin rochtain níos leithne ar roghanna éagsúla taistil a éascú, lena n-áirítear cinn ilmhódacha;*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) feabhas a chur ar ***oibríocht***, bainistiú, inrochtaineacht, idir-inoibritheacht, ilmhódúlacht agus éifeachtúlacht an ghréasáin, lena n-áirítear ***trí sheirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha*** a fhorbairt agus ***bonneagar*** lena n-éascaítear ilmhódúlacht gan uaim a fhorbairt, amhail nasc ardluais iarnróid agus traenach/traim chuig an gcathair ag na haerfoirt; | (e) feabhas a chur ar ***oibriú***, bainistiú, inrochtaineacht, idir-inoibritheacht, ilmhódúlacht agus éifeachtúlacht an ghréasáin, lena n-áirítear ***tríd an tsoghluaisteacht*** a fhorbairt ***mar réiteach seirbhíse*** agus ***trí bhonneagar*** lena n-éascaítear ilmhódúlacht gan uaim a fhorbairt, amhail nasc ardluais iarnróid agus traenach/traim chuig an gcathair ag na haerfoirt; |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go ndéantar foráil sa bhonneagar iompair maidir le gluaiseachtaí sábháilte agus slána paisinéirí agus lasta. | Áiritheoidh na Ballstáit go ndéantar foráil sa bhonneagar iompair maidir le gluaiseachtaí sábháilte agus slána paisinéirí agus lasta***, trí phleananna cuí, cáilíochtúla agus tráthúla cothabhála a chur chun feidhme ó thús deireadh shaolré an bhonneagair iompair***. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) cáilíocht bonneagair ***struchtúrthaigh*** feadh a shaolré ina iomláine, agus aird ar leith á tabhairt ar na dálaí comhshaoil a mheastar a bheidh ann amach anseo; | (c) cáilíocht bonneagair ***struchtúraigh*** feadh a shaolré ina iomláine, agus aird ar leith á tabhairt ar na dálaí comhshaoil a mheastar a bheidh ann amach anseo ***agus ar an ngá atá le hinfheistíocht do chothabháil bonneagair chriticiúil agus bonneagair lena mbaineann riosca sábháilteachta níos airde, amhail droichid agus tolláin***; |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Áiritheoidh na Ballstáit leanúnachas na slabhraí soláthair lóistíochta trí ghréasán TEN-T, agus aon chur isteach agus moilliú a d'fhéadfadh a bheith ann á sheachaint ar an gcaoi sin, agus úsáid á baint as línte glasa, i gcás inar gá, agus as na seirbhísí arna dtairiscint ag na Comhordaitheoirí Eorpacha.*** |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. ***Féadfaidh*** an Comhordaitheoir Eorpach ***dul*** i gcomhairle le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le bainisteoirí bonneagair, le hoibreoirí iompair, go háirithe leo siúd ar comhaltaí den rialachas lasta iarnróid iad, leis an tionscal soláthair, le húsáideoirí iompair agus le hionadaithe ón tsochaí shibhialta i ndáil leis an bplean oibre agus lena chur chun feidhme. ***Ina theannta*** sin, rachaidh an Comhordaitheoir Eorpach atá freagrach as ERTMS i ndlúthchomhar le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus rachaidh Comhordaitheoir Eorpach don Spás Muirí i ndlúthchomhar leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa. | 6. ***Rachaidh*** an Comhordaitheoir Eorpach i gcomhairle le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le bainisteoirí bonneagair, le hoibreoirí iompair, go háirithe leo siúd ar comhaltaí den rialachas lasta iarnróid iad, leis an tionscal soláthair, le húsáideoirí iompair agus le hionadaithe ón tsochaí shibhialta i ndáil leis an bplean oibre agus lena chur chun feidhme. ***Sa bhreis air*** sin, rachaidh an Comhordaitheoir Eorpach atá freagrach as ERTMS i ndlúthchomhar le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus rachaidh ***an*** Comhordaitheoir Eorpach don Spás Muirí i ndlúthchomhar leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa. |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 4 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás díospóidí idir na Ballstáit, lena n-áirítear iad siúd maidir le bearta náisiúnta aontaobhacha lena mblocáiltear saorghluaiseacht daoine, earraí nó seirbhísí, nó lena gcuirtear srian leo, cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas faoin bhfadhb agus iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit sin teacht ar réiteach pras inoibrithe chun an tsaorghluaiseacht a athbhunú trí chonairí chroíghréasán TEN-T.*** |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 4 – fomhír 1 b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***I gcás nach réitítear na díospóidí dá dtagraítear i mír 4a laistigh de 6 mhí ón dáta a dtabharfar fógra ina leith, déanfaidh an Coimisiún bearta chun na Ballstáit a dhíspreagadh gníomhaíocht aontaobhach a dhéanamh feadh chonairí chroíghréasán TEN-T, go háirithe ar chodanna trasteorann ina mbeadh srian le hidirthuras daoine, earraí agus seirbhísí.*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 63 – mír 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Na forálacha a bhaineann le hiarnróid, agus go háirithe ag aon cheanglas chun aerfoirt agus calafoirt a nascadh le hiarnróid, chomh maith leis na forálacha a bhaineann le páirceáil shlán shábháilte agus críochfoirt lasta ilmhódacha, ní bheidh feidhm ag na forálacha sin maidir leis an gCipir***,*** le Málta ***agus leis na limistéir is forimeallaí chomh fada*** nach mbunófar aon chóras iarnróid ar a gcríoch. | Na forálacha a bhaineann le hiarnróid, agus go háirithe ag aon cheanglas chun aerfoirt agus calafoirt a nascadh le hiarnróid, chomh maith leis na forálacha a bhaineann le páirceáil shlán shábháilte agus críochfoirt lasta ilmhódacha, ní bheidh feidhm ag na forálacha sin maidir leis an gCipir ***ná*** le Málta ***fad*** nach mbunófar aon chóras iarnróid ar a gcríoch. |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 1. Spriocanna agus cuspóirí: Beidh sé mar sprioc lárnach ag Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (PSUI) feabhas a chur ar inrochtaineacht an limistéir uirbigh fheidhmiúil agus soghluaisteacht íseal-astaíochtaí ardcháilíochta, sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar don limistéar uirbeach | 1. Spriocanna agus cuspóirí: Beidh sé mar sprioc lárnach ag Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (PSUI) feabhas a chur ar inrochtaineacht an limistéir uirbigh fheidhmiúil agus soghluaisteacht íseal-astaíochtaí ardcháilíochta, sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar don limistéar uirbeach |

feidhmiúil, tríd an limistéar uirbeach feidhmiúil agus laistigh de. Go háirithe, tacófar leis le soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha agus le cur chun feidhme córais iompair uirbigh lena rannchuidítear le feidhmíocht fhoriomlán níos fearr an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, go háirithe trí bhonneagar a fhorbairt le haghaidh cúrsaíocht rianúil feithiclí atá saor ó astaíochtaí chomh maith le moil ilmhódacha paisinéirí chun naisc an chéad mhíle agus naisc an mhíle ***dheireanaigh*** agus naisc ilmhódacha lasta a fhreastalaíonn ar nóid uirbeacha a éascú.

feidhmiúil, tríd an limistéar uirbeach feidhmiúil agus laistigh de***; aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus iompar cliste, éifeachtúil agus inbhuanaithe a sholáthar***. Go háirithe, tacófar leis le soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha agus le cur chun feidhme córais iompair uirbigh lena rannchuidítear le feidhmíocht fhoriomlán níos fearr an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, go háirithe trí bhonneagar a fhorbairt le haghaidh cúrsaíocht rianúil feithiclí atá saor ó astaíochtaí***,*** chomh maith le moil ilmhódacha paisinéirí chun naisc an chéad mhíle agus naisc an mhíle ***deiridh,*** agus naisc ilmhódacha lasta a fhreastalaíonn ar nóid uirbeacha a éascú.

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Fís fhadtéarmach agus plean cur chun feidhme gearrthéarmach: Beidh straitéis fhadtéarmach maidir le bonneagar iompair agus seirbhísí ilmhódacha a fhorbairt amach anseo san áireamh ***i*** PSUI, nó beidh PSUI nasctha le straitéis den sórt sin atá ann cheana féin. Áireofar ann freisin plean seachadta maidir le cur chun feidhme gearrthéarmach na straitéise. Beidh sé leabaithe i gcur chuige comhtháite d′fhorbairt inbhuanaithe an limistéir uirbigh agus beidh sé nasctha le húsáid talún agus pleanáil spásúlachta ábhartha. | 2. Fís fhadtéarmach agus plean cur chun feidhme gearrthéarmach: Beidh straitéis fhadtéarmach maidir le bonneagar iompair agus seirbhísí ilmhódacha a fhorbairt amach anseo san áireamh ***in*** PSUI, nó beidh PSUI nasctha le straitéis den sórt sin atá ann cheana féin. Áireofar ann freisin plean seachadta maidir le cur chun feidhme gearrthéarmach na straitéise. Beidh sé leabaithe i gcur chuige comhtháite d***’***fhorbairt inbhuanaithe an limistéir uirbigh agus beidh sé nasctha le húsáid talún agus pleanáil spásúlachta ábhartha. ***Áireofar ann freisin infheistíochtaí sa nuálaíocht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le córas iompair comhtháite nua-aimseartha a thógáil lena dtabharfar aghaidh ar dhúshláin an dícharbónaithe, na héifeachtúlachta agus an fháis chuimsithigh.*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Comhtháthú na modhanna éagsúla iompair: Le PSUI, cuirfear iompar ilmhódach chun cinn trí na modhanna agus na bearta éagsúla a chomhtháthú arb é is aidhm dóibh soghluaisteacht gan uaim agus inbhuanaithe a éascú. Áireofar ann gníomhaíochtaí chun cion módach na bhfoirmeacha iompair is inbhuanaithe amhail iompar poiblí, soghluaisteacht ghníomhach, agus, de réir mar is iomchuí, iompar ar uiscebhealaí intíre agus ar muir a mhéadú. Áireofar ***leis*** freisin gníomhaíochtaí chun soghluaisteacht atá saor ó astaíochtaí a chur chun cinn, go háirithe maidir leis an bhflít uirbeach a ghlasú, brú tráchta a laghdú agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú go háirithe i gcás úsáideoirí soghonta bóithre. | 3. Comhtháthú na modhanna éagsúla iompair: Le PSUI, cuirfear iompar ilmhódach chun cinn trí na modhanna agus na bearta éagsúla a chomhtháthú arb é is aidhm dóibh soghluaisteacht gan uaim agus inbhuanaithe a éascú. Áireofar ann gníomhaíochtaí chun cion módach na bhfoirmeacha iompair is inbhuanaithe amhail iompar poiblí, soghluaisteacht ghníomhach, agus, de réir mar is iomchuí, iompar ar uiscebhealaí intíre agus ar muir a mhéadú. Áireofar ***ann*** freisin gníomhaíochtaí chun soghluaisteacht atá saor ó astaíochtaí a chur chun cinn, go háirithe maidir leis an bhflít uirbeach a ghlasú, brú tráchta a laghdú agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú**,** go háirithe i gcás úsáideoirí soghonta bóithre. ***Cuirfear béim ann ar an ngné shóisialta, inar gá dálaí oibre cothroma agus sábháilte na n-oibrithe iompair a chur san áireamh agus SUMPanna á ndréachtú, á gcur chun feidhme agus á measúnú.*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Feidhmiú éifeachtach TEN-T: Ba cheart a chur san áireamh mar is cuí le PSUI an tionchar a bheadh ag bearta uirbeacha éagsúla ar na sreabha tráchta, idir phaisinéirí agus lasta, ar an ngréasán tras-Eorpach iompair agus é mar aidhm leis sin idirthuras, seach-chonair nó idirnascadh | 4. Feidhmiú éifeachtach TEN-T: Ba cheart a chur san áireamh mar is cuí le PSUI an tionchar a bheadh ag bearta uirbeacha éagsúla ar na sreabha tráchta, idir phaisinéirí agus lasta, ar an ngréasán tras-Eorpach iompair agus é mar aidhm leis sin idirthuras, seach-chonair nó idirnascadh |

| | |
|---|---|
| gan uaim a áirithiú trí nóid uirbeacha agus timpeall orthu, lena n-áirítear maidir le feithiclí atá saor ó astaíochtaí. Áireofar leis sin go háirithe gníomhaíochtaí chun brú tráchta a mhaolú, sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus scrogaill a dhéanann difear do shreabha tráchta ar TEN-T a bhaint. | gan uaim a áirithiú trí nóid uirbeacha agus timpeall orthu, lena n-áirítear maidir le feithiclí atá saor ó astaíochtaí. ***Déanfaidh sé tacaíocht airgeadais agus theicniúil a sholáthar do chathracha a cháilíonn mar nóid uirbeacha chun cabhrú leo oibleagáidí a bheidh ann amach anseo agus a ghabhann lena stádas nua a chomhlíonadh.*** Áireofar leis sin go háirithe gníomhaíochtaí chun brú tráchta a mhaolú, sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus scrogaill a dhéanann difear do shreabha tráchta ar TEN-T a bhaint. ***Mar sin féin, cuirfear san áireamh le bearta TEN-T na héifeachtaí ar shreabha tráchta réigiúnacha agus áitiúla, do phaisinéirí agus lasta araon.*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Cur chuige rannpháirteach: Beidh forbairt agus cur chun feidhme PSUI bunaithe ar chur chuige comhtháite ina mbeidh ardleibhéal comhair, comhordaithe agus comhairliúcháin idir na leibhéil éagsúla rialtais agus na húdaráis ábhartha. Beidh saoránaigh agus ionadaithe na sochaí sibhialta agus gníomhaithe eacnamaíocha rannpháirteach freisin. | 5. Cur chuige rannpháirteach: Beidh forbairt agus cur chun feidhme PSUI bunaithe ar chur chuige comhtháite ina mbeidh ardleibhéal comhair, comhordaithe agus comhairliúcháin idir na leibhéil éagsúla rialtais agus na húdaráis ábhartha. Beidh saoránaigh agus ionadaithe na sochaí sibhialta agus gníomhaithe eacnamaíocha rannpháirteach freisin. ***Beidh sé ina thacú le hardán comhoibrithe il-leibhéil a chruthú ar an leibhéal náisiúnta chun easnaimh sa nascacht tuaithe-uirbeach lena gcumhdaítear na limistéir uirbeacha fheidhmiúla a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu agus chun measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí a thairgtear le pleananna soghluaisteachta réigiúnacha.*** |

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1315/2013 |
| **Tagairtí** | COM(2021)0812 – C9-0472/2021 – 2021/0420(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | TRAN<br>7.3.2022 |
| **Coiste ar iarradh tuairim air**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | REGI<br>7.3.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Alessandro Panza<br>26.8.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 6.10.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 30.11.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 16<br>–: 7<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Matteo Adinolfi, François Alfonsi, Stéphane Bijoux, Franc Bogovič, Vlad-Marius Botoş, Christian Doleschal, Chiara Gemma, Krzysztof Hetman, Ondřej Knotek, Alin Mituța, Dan-Ştefan Motreanu, Denis Nesci, Andrey Novakov, Alessandro Panza, Susana Solís Pérez, Irène Tolleret, Monika Vana |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Álvaro Amaro, Karolin Braunsberger-Reinhold, Daniel Buda, Elena Lizzi, Bronis Ropė, Vera Tax, Stefania Zambelli |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Vasile Blaga, Carlo Fidanza |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 16 | + |
|---|---|
| ECR | Carlo Fidanza, Denis Nesci |
| ID | Matteo Adinolfi, Elena Lizzi, Alessandro Panza, Stefania Zambelli |
| NI | Chiara Gemma |
| PPE | Álvaro Amaro, Vasile Blaga, Franc Bogovič, Karolin Braunsberger-Reinhold, Daniel Buda, Christian Doleschal, Krzysztof Hetman, Dan-Ştefan Motreanu, Andrey Novakov |

| 7 | - |
|---|---|
| RENEW | Stéphane Bijoux, Ondřej Knotek, Alin Mituța, Irène Tolleret |
| VERTS/ALE | François Alfonsi, Bronis Ropė, Monika Vana |

| 3 | 0 |
|---|---|
| RENEW | Vlad-Marius Botoş, Susana Solís Pérez |
| S&D | Vera Tax |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal** | Treoirlínte chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1315/2013 | | | |
| **Tagairtí** | COM(2021)0812 – C9-0472/2021 – 2021/0420(COD) | | | |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 15.12.2021 | | | |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | TRAN<br>7.3.2022 | | | |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>7.3.2022 | ENVI<br>7.3.2022 | ITRE<br>7.3.2022 | IMCO<br>7.3.2022 |
| | REGI<br>7.3.2022 | | | |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | BUDG<br>13.1.2022 | ENVI<br>2.2.2022 | ITRE<br>13.1.2022 | |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Barbara Thaler<br>28.4.2022 | Dominique Riquet<br>28.4.2022 | | |
| **Pléite sa choiste** | 26.10.2022 | 8.12.2022 | | |
| **Dáta an ghlactha** | 13.4.2023 | | | |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: | 44<br>0<br>1 | | |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Karolin Braunsberger-Reinhold, Marco Campomenosi, Jakop G. Dalunde, Ismail Ertug, Isabel García Muñoz, Jens Gieseke, Elsi Katainen, Elena Kountoura, Peter Lundgren, Benoît Lutgen, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Philippe Olivier, Rovana Plumb, Bergur Løkke Rasmussen, Dominique Riquet, Massimiliano Salini, Vera Tax, Barbara Thaler, István Ujhelyi, Achille Variati, Petar Vitanov, Lucia Vuolo, Roberts Zīle, Kosma Złotowski | | | |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pablo Arias Echeverría, Tom Berendsen, Beata Mazurek, Andrey Novakov, Dorien Rookmaker, Andreas Schieder, Jörgen Warborn | | | |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Pascal Arimont, Susanna Ceccardi, Ilan De Basso, Malte Gallée, Francisco Guerreiro, Alice Kuhnke, Alessandro Panza, Kira Marie Peter-Hansen, Elena Yoncheva | | | |
| **Dáta don chur síos** | 14.4.2023 | | | |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 44 | + |
|---|---|
| ECR | Beata Mazurek, Dorien Rookmaker, Roberts Zīle, Kosma Złotowski |
| ID | Marco Campomenosi, Susanna Ceccardi, Philippe Olivier, Alessandro Panza |
| PPE | Asim Ademov, Pablo Arias Echeverría, Pascal Arimont, Tom Berendsen, Karolin Braunsberger-Reinhold, Jens Gieseke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Benoît Lutgen, Andrey Novakov, Massimiliano Salini, Barbara Thaler, Lucia Vuolo, Jörgen Warborn |
| Renew | José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Elsi Katainen, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Bergur Løkke Rasmussen, Dominique Riquet |
| S&D | Ilan De Basso, Ismail Ertug, Isabel García Muñoz, Rovana Plumb, Andreas Schieder, Vera Tax, István Ujhelyi, Achille Variati, Petar Vitanov, Elena Yoncheva |
| The Left | Elena Kountoura |
| Verts/ALE | Jakop G. Dalunde, Malte Gallée, Francisco Guerreiro, Alice Kuhnke, Kira Marie Peter-Hansen |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Peter Lundgren |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh